

# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 399



An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 65

17 Deireadh Fómhair 2022

Clár

## IV Fógraí

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

### An Coimisiún Eorpach

2022/C 399/01

Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Cúirt Iníúchóirí na hEorpa – Cuntais bhliantúla chomhdhlúite an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2021 . . . . . 1

2022/C 399/02

Ráiteas Dearbhaithe na Cúirte Iníúchóirí arna sholáthar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúcháir neamhspleách . . . . . 240

GA



## IV

(Fógraí)

FÓGRAÍ Ó INSTITUTEIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó  
GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

## AN COIMISIÚN EORPACH

TEACHTAIREACHT ÓN GCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA HEORPA, CHUIG AN  
GCOMHAIRLE AGUS CHUIG CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA HEORPA

Cuntais bhliantúla chomhdhlúite an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2021

(2022/C 399/01)

## CLÁR NA nÁBHAR

|   | <i>Leathanach</i> |
|---|-------------------|
| BROLLACH . . . . .  | 2                 |
| BUAICPHOINTÍ AIRGEADAIS NA BLIANA . . . . .                                   | 3                 |
| NÓTA A GHABHANN LEIS NA CUNTAIS CHOMHDHLÚITE . . . . .                        | 31                |
| RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE AGUS NÓTAÍ MÍNIÚCHÁIN . . . . .                | 32                |
| CLÁR COMHARDAITHE . . . . .   | 33                |
| RÁITEAS MAIDIR LE FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS . . . . .                            | 34                |
| RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID . . . . .                                      | 35                |
| RÁITEAS MAIDIR LE HATHRUITHE AR GHLANSÓCMHAINNÍ . . . . .                     | 37                |
| NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS . . . . .                          | 38                |
| TUARASCÁIL AR AN gCUR CHUN FEIDHME BUISÉADACH AGUS NÓTAÍ MÍNIÚCHÁIN . . . . . | 146               |
| GLUAIS . . . . .  | 232               |
| LIOSTA GIORRÚCHÁN . . . . .   | 236               |

## BROLLACH

Thug an Eoraip dúshlán don phaindéim a bhí ag leanúint in 2021. Bhí an dlúthpháirtíocht fíor-thábhachtach chun an dúshlán a bhain le COVID-19 a choimeád faoi smacht agus chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta na paindéime a mhaolú. Bhain an buiséad Eorpach leas as gach slí a bhí ar fáil chun tacú le saoránaigh, le gnólachtaí agus le Ballstáit agus an Eoraip á hoiriúnú don todhchaí ag an am céanna: níos glaise, níos digití agus níos athléimní.

Sheol an tAontas Eorpach an **ionstraim téarnaimh** thiomanta **NextGenerationEU** chun tacaíocht a thabhairt do théarnamh na hEorpa agus chun dul i ngleic le dúshlán atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo. Bailíodh méideanna urghnácha cistiúcháin ar na margaí airgeadais ó mhí an Mheithimh 2021 agus chruthaigh buiséad an Aontais arís eile go raibh sé ina uirlis thábhachtach ag an Aontas chun dul i ngleic le staideanna géarchéime agus chun breisluach soiléir a sholáthar do shaol daoine.

Ina theannta sin lean an clár SURE (**Tacaíocht chun Rioscaí Dífhostaíochta a mhaolú i gcás Éigeandála**), ag tacú leis na Ballstáit chun daoine a choimeád ina gcuid oibre agus chun cuidiú le poist a ndearna an phaindéim difear dóibh.

Chomh maith le dul i ngleic leis an ngéarchéim le mearfhreagairtí agus coigeartuithe leanúnacha ar an staid pholaitiúil agus airgeadais, sheas an tAontas Eorpach leis an ngealltanais a thug sé agus **bhain sé amach a chuspóirí beartais**. Dá bhrí sin, tá an leas is fearr bainte aige as buiséad 2021 – an chéad cheann den chreat airgeadais ilbhliantúil atá ann faoi láthair, agus ba ionann an cur chun feidhme buiséid agus EUR 268,3 billiún i ngealltanais arna ndéanamh.

Táim ríméadach cuntais bhliantúla 2021 an Aontais Eorpaigh a chur i láthair. Soláthraítear forbhreathnú iomlán iontu de mhaoiniú an Aontais agus de chur chun feidhme bhuiséad an Aontais le bliain anuas, lena n-áirítear faisnéis maidir le dliteanais theagmhasacha, gealltanais airgeadais agus oibleagáidí eile an Aontais. Is cuid de **phacáiste comhtháite tuairiscithe airgeadais agus cuntasachta an Choimisiúin** iad cuntais bhliantúla chomhdhlúite an Aontais Eorpaigh agus cuid fhíor-riachtanach dár gcóras ardfhorbartha trédhearcachta agus cuntasachta fiosaí iad.

Johannes HAHN

*An Coimisinéir um an mBuiséad agus Acmhainní Daonna*



## BUAICPHOINTÍ AIRGEADAIS NA BLIANA

Is é is cuspóir don roinn seo Buaicphointí Airgeadais, a ullmhaíodh ar bhonn na bprionsabal atá imlínithe i dTreoirleá Cleachtais Mholta IPSASB (RPG) 2 “Plé agus Anailís ar an Ráiteas Airgeadais” cuidiú le léitheoirí tuiscint conas a léirítear gníomhaíochtaí oibriúcháin, airgeadais agus infheistíochta an Aontais sna gnéithe difriúla de ráitis airgeadais chomhdhlúite an Aontais. Ní dhearnadh iniúchóireacht ar an bhfaisnéis a chuirtear i láthair sa roinn seo

Ba cheart a thabhairt ar aird i ngeall ar shlánú na bhfigiúirí go dtí na milliúin euro, go bhféadfadh an chuma a bheith air nach bhfuil roinnt sonraí airgeadais sna táblaí thíos suimithe i gceart.

## AN CLÁR

|  | <i>Leathanach</i> |
|--|-------------------|
| 1. PRÍOMHFHIGIÚIRÍ AGUS BUAICPHOINTÍ NA BLIANA .....   | 4                 |
| 2. CREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL 2021-2027 AGUS NextGenerationEU .....                       | 6                 |
| 2.1. CAI 2021-27 & NextGenerationEU – Príomhfhigiúirí .....                                  | 6                 |
| 2.2. NextGenerationEU – forbhreathnú .....   | 7                 |
| 2.3. Staid airgeadais NGEU an 31 Nollaig 2021 .....  | 8                 |
| 3. ACHOIMRE AR CHUR CHUN FEIDHME AN BHUISÉID .....   | 13                |
| 3.1. Ioncam .....  | 13                |
| 3.2. Caiteachas .....  | 15                |
| 4. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS AGUS RÁTHAÍOCHTAÍ BUISÉADACHA .....                                 | 16                |
| 4.1. Ionstraimí airgeadais á maoiniú ag buiséad an Aontais .....                             | 16                |
| 4.2. Ráthaíochtaí buiséadacha: Sócmhainní airgeadais arna sealbhú i gcistí ráthaíochta ..... | 17                |
| 4.3. Iasachtaí agus iasachtaíochtaí gaolmhara le haghaidh clár chúnamh airgeadais .....      | 17                |
| 4.4. Dliteanaí theagmhásacha bhuiséadacha le haghaidh clár cúnamh airgeadais .....           | 21                |
| 5. ANAILÍS AR NA RÁITIS AIRGEADAIS .....   | 21                |
| 5.1. IONCAM .....  | 21                |
| 5.2. SPEANSAIS .....   | 23                |
| 5.3. SÓCMHAINNÍ .....  | 23                |
| 5.4. DLITEANAIS .....  | 26                |
| 6. CREAT POLAITIÚIL AGUS AIRGEADAIS AN AONTAIS, RIALACHAS AGUS CUNTASACHT .....              | 27                |
| 6.1. CREAT POLAITIÚIL AGUS AIRGEADAIS .....  | 27                |
| 6.2. RIALACHAS AGUS CUNTASACHT .....   | 29                |

## 1. PRÍOMHFHIGIÚIRÍ AGUS BUAICPHOINTÍ NA BLIANA

**Na ráitis airgeadais chomhdhlúite**

Is éard atá i ráitis airgeadais chomhdhlúite an Aontais níos mó ná 50 eintiteas (lena n-áirítear Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coimisiún agus gníomhaireachtaí an Aontais) agus ullmhaítear iad de réir na gcaighdeán is airde atá ar fáil, Caighdeán Idirnáisiúnta Chuntasaíochta na hEarnála Poiblí (IPSAS).



Ba bhliain eisceachtúil ar go leor bealaí a bhí sa bhliain 2021, an chéad bhliain de Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027 an Aontais. Mar is léir ón gclár comhardaithe thíos agus atá mionsonraithe níos mó san Anailís ar na Ráitis Airgeadais (roinn 5), bhí tionchar go háirithe ag seoladh rathúil NextGenerationEU in 2021 ar ráitis airgeadais chomhdhlúite an Aontais 2021 (eisíocadh EUR 71,6 billiún leis na Ballstáit) agus na gníomhaíochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe breise faoi ionstraim SURE (EUR 50 billiún):

|  | <i>EUR billiún</i> |               |
|--|--------------------|---------------|
|  | <b>2021</b>        | <b>2020</b>   |
| <b>SÓCMHAINNÍ</b>                                      |                    |               |
| Sócmhainní Airgeadais                                  | 188,6              | 113,1         |
| Réamh-mhaoiniú   | 93,4               | 62,7          |
| Earraí infhaighte                                      | 72,4               | 74,5          |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim             | 44,9               | 16,7          |
| Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh agus sócmhainní eile | 14,7               | 13,0          |
| <b>Foriomlán</b>                                       | <b>414,1</b>       | <b>280,0</b>  |
| <b>DLITEANAIS</b>                                      |                    |               |
| Sochair iarfhostaíochta                                | 122,5              | 116,0         |
| Dliteanais airgeadais                                  | 246,1              | 95,0          |
| Suimeanna iníochta                                     | 46,4               | 32,4          |
| Fabhruithe   | 78,1               | 64,6          |
| Dliteanais eile  | 3,3                | 5,4           |
| <b>Foriomlán</b>                                       | <b>496,4</b>       | <b>313,5</b>  |
| <b>GLANSÓCMHAINNÍ</b>                                  |                    |               |
| Cúlchistí  | 1,3                | 5,1           |
| Méideanna a bheidh le glao ó Bhallstáit                | (83,6)             | (38,5)        |
| <b>Foriomlán</b>                                       | <b>(82,3)</b>      | <b>(33,4)</b> |

⇒ féach Anailís ar an Ráiteas Airgeadais, roinn 5

**Seoladh Rathúil NextGenerationEU**

**Íocaíochtaí faoi NextGenerationEU – EUR 71,6 billiún roinnte idir:**



**Cláir CAI:  
EUR 7.2 billiún**

|                          | EUR billiún  |
|--------------------------|--------------|
| React EU                 | 7,007        |
| — i gcás CFRE            | 4,926        |
| — i gcás CSE             | 2,081        |
| InvestEU                 | 0,151        |
| Forbairt Tuaithe (CETFT) | 0,065        |
| Fís Eorpach              | 0,018        |
| RescEU                   | 0,002        |
| <b>Iomlán</b>            | <b>7,243</b> |


⇒ féach staid Airgeadais NGEU an 31 Nollaig 2021, roinn 2.3

## 2. CREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL 2021-2027 AGUS NextGenerationEU

### 2.1. CAI 2021-27 & NextGenerationEU – PRÍOMHFHIGIÚIRÍ

Is fiú EUR 2,018 trilliún i bpragsanna reatha (EUR 1,8 trilliún i bpragsanna 2018) buiséad fadtéarmach 2021-2027 an Aontais Eorpaigh, mar aon le hionstraim téarnaimh NextGenerationEU (NGEU). Cuideoidh an fhreagairt airgeadais a tugadh ar an ngéarchéim seo nach bhfacthas a leithéid riamh chun an dochar eacnamaíoch agus sóisialta a rinne paindéim an choróinvírís a dheisiú agus cuideoidh sé leis an aistriú i dtreo Eoraip níos glaise, níos digití agus níos inbhuanaithe.

Is é atá sa phacáiste an buiséad fadtéarmach, creat airgeadais ilbhliantúil (“CAI”) 2021-2027, dar luach EUR 1,211 trilliún i bpragsanna reatha (EUR 1,074 trilliún i bpragsanna 2018), agus an ionstraim shealadach téarnaimh, NGEU, ina bhfuil suas le EUR 806,9 billiún i bpragsanna reatha (EUR 750 billiún i bpragsanna 2018).



Nóta: Is ina bpragsanna reatha atá na méideanna go léir.

Buiséad nuachóirithe amach is amach atá ann:

- Tacóidh breis agus 50 % de mhéid foriomlán an chéad bhuiséid fhadtéarmaigh eile agus NGEU leis an Aontas Eorpach a nuachóiriú trí thaighde agus nuálaíocht, aistriú coir aeráide agus digití, ullmhacht, agus gníomhaíochtaí téarnaimh agus athléimneachta;
- Caithfear 30 % de bhuiséad an Aontais chun an t-athrú aeráide a chomhrac – an sciar is airde den bhuiséad is mó riamh san Aontas;
- Déanfar 20 % den tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) – a bhfuil 90 % de NGEU i gceist leis – a infheistiú sa chlaochlú digiteach;
- In 2026 agus 2027, rannchuideoidh 10 % den chaiteachas bliantúil faoin mbuiséad fadtéarmach chun meath na bithéagsúlachta a stopadh agus a aisiompú; agus
- Den chéad uair riamh, tá an sciar is mó den bhuiséad fadtéarmach, 32 %, ag tosaíochtaí nua atreistithe.

### Tosaíochtaí polaitiúla is bun le CAI 2021-27

Sainítear tosaíochtaí polaitiúla an Choimisiúin sna treoirlínte polaitiúla arna leagan síos ag Uachtarán an Choimisiúin. Faoin Uachtarán von der Leyen, díróinn an Coimisiún a ghlac oifig an 1 Nollaig 2019 ar na sé phríomh-uaillmhian a leanas:

## 6 PHRÍOMH-UAILLMHIAN

Comhaontú Glas don Eoraip

- Ag féachaint le bheith ar an gcéad mhór-roinn aeráidneodrach

Eoraip atá oiriúnach don aois dhigiteach

- Daoine a chumhachtú le glúin nua teicneolaíochtaí

Geilleagar a fhóireann do dhaoine

- Ag obair ar son na cothroime sóisialta agus an rathúnais

Eoraip níos láidre sa domhan mór

- An Eoraip ag féachaint le níos mó a bhaint amach trínár mbranda uathúil maidir le ceannaireacht fhreagrach dhomhanda a neartú

Ár ndóigh bheatha Eorpach a chur chun cinn

- Aontas an chomhionannais a thógáil ina bhfuil an rochtain chéanna againn go léir ar dheiseanna

Ugach nua do dhaonlathas na hEorpa

- Ár ndaonlathas a chothú, a chosaint agus a neartú

### 2.2. NextGenerationEU – FORBHREATHNÚ

Le buiséad EUR 806,9 billiún, tá NGEU deartha chun cuidiú leis an dochar eacnamaíoch agus sóisialta láithreach a rinne paindéim an choróinvíris a chur ina cheart, agus dá réir sin Eoraip a fhorbairt tar éis COVID-19 a bheidh níos glaise, níos digití, níos athléimní agus níos oiriúnaí le haghaidh na ndúshlán atá ann faoi láthair agus do chinn a thiocfaidh chun cinn amach anseo.

Soláthraítear cuid de na cistí, suas le EUR 338,0 billiún, i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíochta, nó deontais. Úsáidtear an chuid eile, suas le EUR 385,8 billiún, chun iasachtaí a sholáthar ón Aontas do Bhallstáit aonair. Ní thosóidh na Ballstáit sin ag aisíoc na n-iasachtaí sin go dtí tar éis na tréimhse CAI reatha agus sínfídh siad thar thréimhse ama fhada, agus ní rachaidh iasachtaí reatha in aibíocht go dtí 2051 mar shampla (féach roinn **2.3.3**).

Ina theannta sin, atreisítear le NGEU roinnt clár agus beartas de chuid an Aontais atá ann cheana, mar a leanas:

- An Beartas comhtháthaithe faoi Cúnamh Téarnaimh don Chomhtháthú agus do Chríocha na hEorpa (REACT-EU), chun cuidiú le haghaidh a thabhairt ar iarmhairtí eacnamaíocha COVID-19 sna chéad bhlianta den téarnamh;
- An Ciste um Aistriú Cóir, chun a ráthú go n-oibreoidh an t-aistriú chuig aeráidneodracht do chách;
- An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe, chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'fheirmeoirí;
- InvestEU, chun tacú le hiarrachtaí infheistíochta ár ngnólachtaí;
- Fís Eorpach, chun a dhéanamh cinnte go bhfuil sé d'acmhainn ag an Aontas tuilleadh den scoth i dtaighde a chistiú; agus
- RescEU, lena dtugtar coimirce go bhfuil sé d'acmhainn ag an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta chun freagairt d'éigeandálaí ar scála mór.

**An tSaoráid**  
**Téarnaimh agus Athléimneachta**  
 EUR 723.8 billiún  
 ● suas le 338.0 i ndeontais  
 ● suas le 385.8 in iasachtaí

#### CUMHACHTÚ

Teicneolaíochtaí glana agus foinsí in-athnuaite fuinnimh

#### ATHCHÓIRIÚ

Éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh

#### ATHLUCHTÚ AGUS ATH-BHREOSLÚ

Iompar inbhuanaithe agus stáisiúin luchtaithe

#### CEANGAL

Dáileadh na seirbhísí leathanbhan-da ardluais

#### NUACHÓIRIÚ

Riarachán poiblí a dhigitiú

#### MÉADÚ Ó SCÁLA

Néal sonraí agus próiseálaithe inbhuanaithe

#### ATHSCILIÚ AGUS UASOILIÚINT

Oideachas agus oiliúint chun tacú le scileanna digiteacha



**Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh ranniocaíocht le cláir eile**  
 EUR 83.1 billiún

**REACT-EU (CFRE/CSE)**  
 50,6

**AN CISTE UM AISTRÍÚ CÓIR**  
 10,9

**FORBAIRT TUAITHE (CETFT)**  
 8,1

**INVESTEU**  
 6,1

**FÍS EORPACH**  
 5,4


**RESCEU**  
 2,0

## 2.3. STAID AIRGEADAIS NGEU AN 31 NOLLAIG 2021

### 2.3.1. Forbhreathnú

Ó seoladh oibríochtaí cistiúcháin NGEU an 15 Meitheamh 2021 go dtí deireadh 2021, bhailigh an Coimisiún EUR 71,0 billiún de chistiú fadtéarmach, trí bhannaí a eisiúint in idirbhearta sindeacáite den chuid is mó. Anuas air sin, ó mhí na Nollag 2021, tá díol EUR 20 billiún de Bhillí AE gearrthéarmacha fós le híoc ag an gCoimisiún. Suas go dtí deireadh bliana 2021, bhí luach EUR 71,6 billiún de thacaíocht airgeadais ar an iomlán eisíoctha ag an gCoimisiún. Íocadh formhór den mhéid sin, EUR 64,3 billiún, le 20 Ballstát faoi RRF (EUR 46,4 billiún de sin mar thacaíocht neamh-inaisíoctha agus EUR 18,0 billiún mar iasachtaí). Íocadh EUR 7,2 billiún eile mar íocaíochtaí CAI faoi chlár reatha. Tá an leachtacht atá fágtha de EUR 19,4 billiún á sealbhú i gcuntas bainc NGEU le BCE agus i gcuntas lárnach státchiste an Choimisiúin, ag feitheamh ar eisíocaíocht leis an mbuiséad le haghaidh cláir CAI.

## NGEU – Iasachtaí le hÍoc agus Íocaíochtaí an 31 Nollaig 2021



\* Bhí EUR 1,4 billiún de chistí á sealbhú i gcontas lárnach státhchiste an Choimisiúin ag feitheamh ar eisiocaíocht leis an mbuiséad le haghaidh cláir CAI.

## 2.3.2. Iasachtaí

Chun freastal ar riachtanais cistiúcháin NGEU, eisíonn an Coimisiún urrúis ar na margaí caipitil idirnáisiúnta. Bunaithe ar straitéis cistiúcháin éagsúlaithe, comhcheanglaíonn an Coimisiún an úsáid a bhaintear as ionstraimí cistiúcháin difriúla agus as teicnící cistiúcháin le cumarsáid oscailte thrédhearcach le rannpháirtithe an mhargaidh.

Leis an gCinneadh Iasachtaíocht bliantúil in 2021<sup>(1)</sup> ceadaíodh don Choimisiún suas le huasmhéid EUR 125 billiún i gcistíú fadtéarma a eisíúint agus uasmhéid EUR 60 billiún gan íoc a bheith aige i gcistíú gearrthéarma.

**Cistíú fadtéarma – Idirbhearta sindeacáite agus bannaí an Aontais a chur ar ceant**

Ón 31 Nollaig 2021, fuair an Coimisiún EUR 66,0 billiún ar iasacht trí chúig eisíúint bannaí trí idirbhearta sindeacáite (lena n-áirítear idirbheart dé-thráinse amháin) chomh maith le EUR 5,0 billiún trí bhannaí an Aontais a chur ar ceant:

*EUR billiún*

| Idirbhearta cistiúcháin fadtéarmacha (lena n-áirítear tapálacha) | Aibíocht   | Eisithe/Ardaíthe | Iomlán aisíochta ag deireadh na bliana | Gan íoc ag deireadh na bliana |
|--|------------|------------------|--|-------------------------------|
| NGEU#1   | 04.07.2031 | 20,0             | 0,0                                    | 20,0                          |
| NGEU#2a (lena n-áirítear tapálacha)                              | 06.07.2026 | 11,5             | 0,0                                    | 11,5                          |
| NGEU#2b  | 06.07.2051 | 6,0              | 0,0                                    | 6,0                           |
| NGEU#3   | 04.07.2041 | 10,0             | 0,0                                    | 10,0                          |
| NGEU#4 (lena n-áirítear tapálacha)                               | 04.10.2028 | 11,5             | 0,0                                    | 11,5                          |
| Banna glas NGEU #1   | 04.02.2037 | 12,0             | 0,0                                    | 12,0                          |
| <b>Foriomlán</b>   |            | <b>71,0</b>      | <b>0,0</b>                             | <b>71,0</b>                   |

<sup>(1)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2021) 3991 final ón gCoimisiún.

Bailíodh EUR 20,0 billiún leis an gcéad idirbheart sindeacáite i mí an Mheithimh 2021. Bhí sé ar an eisiúint bannaí institiúidigh ba mhó riamh san Eoraip, an t-idirbheart tráinse aonair institiúidigh ba mhó riamh agus an méid is mó a bhailigh an tAontas riamh in aon idirbheart amháin.

I mí Dheireadh Fómhair 2021 d'eisigh an Coimisiún an chéad bhanna glas NGEU, ag bailiú EUR 12,0 billiún le húsáid go heisiach le haghaidh infheistíochtaí glasa agus inbhuanaithe ar fud an Aontais. Chruthaigh an eisiúint sin, arbh ionann é agus an eisiúint bannaí glasa ba mhó ar domhan riamh, sofheictheacht do na beartais ghlasa a bhí á maoiniú ag bannaí glasa agus thacaigh sé leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus leis an aistriú glas. Le heisiúint na mbannaí glasa ceanglaítear go gcuirfí tuairisciú chun feidhme ar úsáid bheacht na bhfáltais ó bhannaí glasa agus ar an tionchar a bhíonn ag infheistíochtaí a mhaoiniú tré bhannaí glasa.

### Cistiú gearrthéarmach – Billí an Aontais a chur ar ceant

Ón 31 Nollaig 2021, ba ionann an méid cistiúcháin gearrthéarmach gan íoc, a bailíodh trí bhíll an Aontais-a chur ar ceant lenar ghabh aibíocht idir 3 nó 6 mhí, agus EUR 20,0 billiún:

|                                  |                               | <i>EUR billiún</i> |
|----------------------------------|-------------------------------|--------------------|
| Billí an Aontais a chur ar ceant | Gan íoc ag deireadh na bliana |                    |
| Aibíocht 3 mhí                   |                               | 8,5                |
| Aibíocht 6 mhí                   |                               | 11,5               |
|                                  | <b>Foriomlán</b>              | <b>20,0</b>        |

Cé go mbeidh na hidirbhearta sindeacáite fós ar chrann taca an chláir eisiúna NGEU go fóill, sna céimeanna tosaigh ar a laghad, fágann an acmhainn chun airgead a bhailiú go tapa agus saor trí cheantáil go bhfeabhsaítear go suntasach cumas an Choimisiúin a riachtanais íocaíochta NGEU a sheirbhísiú ar na téarmaí is buntáistí do bhuiséad an Aontais agus/nó do na Ballstáit is tairbhíthe.

Thairis sin, bailíodh maoiniú gearrthéarmach de EUR 16 billiún trí idirbhearta airgid-margaidh, ar aisíocadh é ar fad ag deireadh na bliana.

#### 2.3.3. Eisiúnaíochtaí

Faoi dheireadh bliana 2021, bhí pleananna téarnaimh agus athléimneachta de chuid 26 Bhallstát faighte ag an gCoimisiún, agus rinneadh measúnú dearfach ar 22 phlean díobh agus d'fhorghas an Chomhairle iad ina dhiaidh sin (An Bheilg, An Chipir, An Chróit, An Danmhairg, An Eastóin, Éire, An Fhionlainn, An Fhrainc, An Ghearmáin, An Ghréig, An Iodáil, An Laitvia, An Liotuáin, Lucsamburg, Málta, An Ostair, An Phortaingéil, An Rómáin, An tSeicia, An tSlóvaic, An tSlóivéin agus An Spáinn). Chuir ceithre Bhallstát eile (An Bhulgáir, An Ungáir, An Pholainn agus an tSualainn) pleananna isteach agus bhí na measúnuithe fós á ndéanamh orthu sin ag deireadh na bliana. Bhíothas ag feitheamh le plean amháin eile a chur isteach (An Ísiltír). Ba ionann an tacaíocht airgeadais iomlán a formheasadh faoi na 22 phlean formhuinthe agus EUR 291,2 billiún de thacaíocht neamh-inaisíochta (ar chumhdaigh na comhaontuithe maoiniúcháin a síníodh ag deireadh na bliana EUR 195,4 billiún díobh) agus EUR 153,9 billiún de thacaíocht airgeadais in iasachtaí (ar chumhdaigh na comhaontuithe iasachta a síníodh faoi dheireadh na bliana EUR 153,2 billiún).

### Tacaíocht neamh-inaisíochta

D'íoc an Coimisiún EUR 46,4 billiún de thacaíocht neamh-inaisíochta amach le 20 de na 22 Bhallstát in 2021 a chuir isteach agus a d'fhorghas pleananna téarnaimh agus athléimneachta. As an méid sin, íocadh EUR 36,4 billiún mar réamh-mhaoiniú. Tar éis don Spáinn garspriocanna a chomhlíonadh, íocadh EUR 10 billiún eile amach roimh dheireadh na bliana, agus glanadh EUR 1,5 billiún den réamh-mhaoiniú tosaigh. Ní raibh EUR 0,3 billiún eile de réamh-mhaoiniú, a bhain le tacaíocht neamh-inaisíochta don Fhionlainn, eisíochta go fóill ag deireadh na bliana. I gcás na hÉireann, bhí tacaíocht neamh-inaisíochta de EUR 1,0 billiún formheasta, ach ní raibh aon chomhaontú maoiniúcháin sínithe ag deireadh na bliana.

|           |  |                              |                                  |                                | <i>EUR billiún</i> |
|-----------|--|------------------------------|----------------------------------|--------------------------------|--------------------|
| Ballstát  | Uasmhéid tacaíocht neamh-inaisíochta (¹) | Iomlán sínithe an 31.12.2021 | Gealltanais Bhuiséadacha in 2021 | Iomlán eisíochta an 31.12.2021 |                    |
| An Ostair | 3,5                                      | 2,2                          | 1,1                              |                                | 0,4                |
| An Bheilg | 5,9                                      | 3,6                          | 1,8                              |                                | 0,8                |



EUR billiún

| Ballstát            | Uasmhéid tacaíocht neamh-inaisíochta <sup>(1)</sup> | Iomlán sínithe an 31.12.2021 | Gealltanais Bhuiséadacha in 2021 | Iomlán eisíochta an 31.12.2021 |
|---------------------|---|------------------------------|----------------------------------|--------------------------------|
| An Chróit           | 6,3   | 4,6                          | 2,3                              | 0,8                            |
| An Chipir           | 1,0   | 0,8                          | 0,4                              | 0,1                            |
| An tSeicia          | 7,0   | 3,5                          | 1,8                              | 0,9                            |
| An Danmhairg        | 1,6   | 1,3                          | 0,6                              | 0,2                            |
| An Eastóin          | 1,0   | 0,8                          | 0,4                              | 0,1                            |
| An Fhionlainn       | 2,1   | — <sup>(1)</sup>             | 0,8                              | — <sup>(1)</sup>               |
| An Fhrainc          | 39,4  | 24,3                         | 12,0                             | 5,1                            |
| An Ghearmáin        | 25,6  | 16,3                         | 8,1                              | 2,3                            |
| An Ghréig           | 17,8  | 13,5                         | 6,7                              | 2,3                            |
| Éire                | 1,0   | — <sup>(2)</sup>             | 0,5                              | —                              |
| An Iodáil           | 68,9  | 47,9                         | 23,7                             | 9,0                            |
| An Laitvia          | 1,8   | 1,6                          | 0,8                              | 0,2                            |
| An Liotuáin         | 2,2   | 2,1                          | 1,0                              | 0,3                            |
| Lucsamburg          | 0,1   | 0,1                          | 0,0                              | 0,0                            |
| Málta               | 0,3   | 0,2                          | 0,1                              | 0,0                            |
| An Phortaingéil     | 13,9  | 9,8                          | 4,8                              | 1,8                            |
| An Rómáin           | 14,2  | 10,2                         | 5,1                              | 1,9                            |
| An tSlóvaic         | 6,3   | 4,6                          | 2,3                              | 0,8                            |
| An tSlóivéin        | 1,8   | 1,3                          | 0,6                              | 0,2                            |
| An Spáinn           | 69,5  | 46,6                         | 23,1                             | 19,0                           |
| <b>Formheasta</b>   | <b>291,2</b>  | <b>195,4</b>                 | <b>98,0</b>                      | <b>46,4</b>                    |
| An Bhulgáir         | 6,3   | —                            | —                                | —                              |
| An Ungáir           | 7,2   | —                            | —                                | —                              |
| An Ísiltír          | 6,0   | —                            | —                                | —                              |
| An Pholainn         | 23,9  | —                            | —                                | —                              |
| An tSualainn        | 3,3   | —                            | —                                | —                              |
| <b>Gan formheas</b> | <b>46,6</b>   | —                            | —                                | —                              |
| <b>Foriomlán</b>    | <b>338,0</b>  | <b>195,4</b>                 | <b>98,0</b>                      | <b>46,4</b>                    |

<sup>(1)</sup> Ballstáit a bhfuil pleananna formheasta acu: cistiú leithdháilte ar gach plean téarnaimh agus athléimneachta formheasta. Ballstáit nach bhfuil pleananna formheasta acu: uasmhéid den leithdháileadh i ndeontais de réir Rialachán RRF. Tá na méideanna faoi réir an nuashonraithe dá bhforáiltear in Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241, dá bhforáiltear an 30 Meitheamh 2022.

<sup>(2)</sup> an Fhionlainn: sínithe agus eisíochta in 2022 amháin (EUR 0,3 billiún).

<sup>(3)</sup> Éire: ní raibh aon phlean sínithe aici faoi dháta shíniú na gcuntas seo. Níor iarr Éire réamh-mhaoiniú don tacaíocht neamh-inaisíochta.

**Iasachtaí**

D'eisíoc an Coimisiún EUR 18,0 billiún in 2021 i bhfoirm réamh-mhaoiniúcháin le ceithre Bhallstát (An Chipir, An Ghréig, An Iodáil agus An Phortaingéil), rud a bhí i gcoibhéis le 13 % dá leithdháiltí iasachta faoi seach. Bhí EUR 1,9 billiún eile i bhfoirm réamh-mhaoiniúcháin, a bhaineann leis an tacaíocht iasachta airgeadais don Rómáin, nach raibh eisíochta go fóill ag deireadh na bliana. I gcás na Slóivéine, bhí tacaíocht iasachta airgeadais de EUR 0,7 billiún formheasta, ach ní raibh aon chomhaontú iasachta sínithe ag deireadh na bliana:

| Ballstát          | Uasmhéid tacaíocht iasachta airgeadais | EUR billiún                  |                                |                                |                              |
|-------------------|--|------------------------------|--------------------------------|--------------------------------|------------------------------|
|                   |  | Iomlán sínithe an 31.12.2021 | Iomlán eisíochta an 31.12.2021 | Iomlán eisíochta an 31.12.2021 | Iomlán gan íoc an 31.12.2021 |
| An Chipir         | 0,2                                    | 0,2                          | 0,0                            | —                              | 0,0                          |
| An Ghréig         | 12,7                                   | 12,7                         | 1,7                            | —                              | 1,7                          |
| An Iodáil         | 122,6                                  | 122,6                        | 15,9                           | —                              | 15,9                         |
| An Phortaingéil   | 2,7                                    | 2,7                          | 0,4                            | —                              | 0,4                          |
| An Rómáin         | 14,9                                   | 14,9                         | — <sup>(1)</sup>               | —                              | —                            |
| An tSlóivéin      | 0,7                                    | — <sup>(2)</sup>             | —                              | —                              | —                            |
| <b>Formheasta</b> | <b>153,9</b>                           | <b>153,2</b>                 | <b>18,0</b>                    | —                              | <b>18,0</b>                  |
| <b>Cúlchiste</b>  | <b>231,9</b>                           | —                            | —                              | —                              | —                            |
| <b>Foriomlán</b>  | <b>385,8</b>                           | <b>153,2</b>                 | <b>18,0</b>                    | —                              | <b>18,0</b>                  |

<sup>(1)</sup> an Rómáin: eisíochta in 2022 amháin (EUR 1,9 billiún).

<sup>(2)</sup> an tSlóivéin: sínithe in 2022 amháin. Níor iarr an tSlóivéin réamh-mhaoiniú le haghaidh na hiasachta.

De réir na gcomhaontuithe iasachta, déanfaidh na Ballstáit aisíocaíochtaí bliantúla 5 % de na méideanna a eisíocfar ag tosú 10 mbliana tar éis an dáta eisíocaíochta. Dá réir sin tosóidh an Phortaingéil, an Ghréig, an Iodáil agus an Chipir ag aisíoc na n-iasachtaí ó 2032, agus rachaidh na hiasachtaí in aibíocht in 2051. Is mar a leanas atá an sceideal aisíocaíochta le haghaidh na méideanna ainmniúla a bheidh le híoc ag deireadh na bliana:

| Ballstát         | Tréimhse aisíocaíochta | EUR milliún             |                     |
|------------------|------------------------|-------------------------|---------------------|
|                  |                        | Aisíocaíocht bhliantúil | Aisíocaíocht iomlán |
| An Chipir        | 2032-2051              | 1                       | 26                  |
| An Ghréig        | 2032-2051              | 83                      | 1 655               |
| An Iodáil        | 2032-2051              | 797                     | 15 938              |
| An Phortaingéil  | 2032-2051              | 18                      | 351                 |
| <b>Foriomlán</b> |                        | <b>899</b>              | <b>17 970</b>       |

**Ranníocaíocht NGEU le cláir eile faoi bhuiséad an Aontais**

Ag deireadh na bliana 2021, bhí iomlán EUR 7,2 billiún eisíochta ag an gCoimisiún mar íocaíochtaí le cláir eile faoi CAI, a bhain den chuid is mó le REACT-EU a mhaoiníonn Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE):

EUR billiún

| Clár-CAI                 | Iomlán formheasta Ranníocaíochtaí CAI | Gealltanais Bhuiséadacha in 2021 | Iomlán eisíochta an 31.12.2021 |
|--------------------------|---------------------------------------|----------------------------------|--------------------------------|
| REACT-EU                 | 50,6                                  | 39,5                             | 7,0                            |
| — arb é CFRE atá ann     | 31,5                                  | 24,0                             | 4,9                            |
| — arb é CSE atá ann      | 19,2                                  | 15,4                             | 2,1                            |
| Ciste um Aistriú Cóir    | 10,9                                  | 0,0                              | 0,0                            |
| Forbairt Tuaithe (CETFT) | 8,1                                   | 2,4                              | 0,1                            |
| InvestEU                 | 6,1                                   | 1,7                              | 0,2                            |
| Fís Eorpach              | 5,4                                   | 1,8                              | 0,0                            |
| RescEU                   | 2,1                                   | 0,1                              | 0,0                            |
| <b>Foriomlán</b>         | <b>83,1</b>                           | <b>45,5</b>                      | <b>7,2</b>                     |

#### 2.3.4. Leachtacht

Ní leanann na hiasachtaí arna soláthar faoi NGEU an prionsabal dian droim le droim a leanann ionstraimí eile um chúnamh airgeadais. In ionad sin, forbraíodh straitéis cistiúcháin éagsúlaithe agus tiomsaithe do NGEU lenar ceanglaíodh bainistíocht éifeachtúil leachtachta a chur chun feidhme. Is é is cuspóir do bhainistíocht leachtachta NGEU a áirithiú gur leordhóthanach na méideanna arna sealbhú ar chuntas bainc NGEU chun na riachtanais eisíocaíochta uile a thiocfaidh chun cinn a chomhlíonadh agus chun maolán sábháilteachta sainithe a choinneáil ar bun, agus aon iarmhéid farasbairr á sheachaint an tráth céanna. Maidir leis an mbainistíocht leachtachta, d'fhorbair an Coimisiún uirlis TF lena mbítear in ann faireachán a dhéanamh ar chuntas NGEU ar bhonn laethúil. Ag deireadh na bliana 2021 ba ionann na cistí iomlána a bhí á sealbhú i gcuntas seachbhuiséid NGEU agus EUR 18,0 billiún. Ina theannta sin, bhí luach EUR 1,4 billiún de chistí á sealbhú i gcuntas lárnach státhiste an Choimisiúin ag feitheamh ar eisíocaíocht leis an mbuiséad le haghaidh clár CAI.

### 3. ACHOIMRE AR CHUR CHUN FEIDHME AN BHUISÉID

#### 3.1. IONCAM

I mbuiséad an Aontais a glacadh ar dtús, arna shíniú ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa an 18 Nollaig 2020, ba ionann an méid iomlán leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí le haghaidh 2021 agus EUR 166 060 milliún agus bhí EUR 156 867 milliún ar an iomlán le maoiniú trí acmhainní dílse. Déantar na meastacháin maidir le hioncam agus caiteachas sa bhuiséad tosaigh a choigeartú de ghnáth le linn na bliana buiséadaí trí bhíthin buiséid leasaitheacha. Áirithítear le coigeartuithe ar acmhainní dílse OIN-bhunaithe gurb ionann go beacht an t-ioncam buiséadaithe agus an caiteachas buiséadaithe. Ach sin a dhéanamh, urramaítear an prionsabal maidir le comhardú buiséid, agus bíonn an t-ioncam buiséid agus na méideanna caiteachais (leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí) cothrom.

Le linn 2021, glacadh sé bhuiséad leasaitheacha. Á gcur sin san áireamh, ba ionann agus EUR 168 011 milliún an t-ioncam deiridh a glacadh le haghaidh 2021 agus ba ionann an méid iomlán a bhí le maoiniú trí acmhainní dílse agus EUR 156 993 milliún. Bhí ranníocaíochtaí na mBallstát fós cobhsaí in 2021. Maoiníodh an méadú ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí go príomha (EUR 1 950 milliún) leis an mbarrachas ón mbliain roimhe.

Tagann ioncam ó sé fhoinse (teidil):

#### Teideal 1: Acmhainní dílse

Bhí bailiúchán na n-acmhainní dílse traidisiúnta (EUR 158 632 milliún) 1,0% os cionn na méideanna sa bhuiséad (EUR 156 993 milliún). Bhí sé sin amhlaidh den chuid is mó mar gheall ar mhéid níos airde a bailíodh ná mar a bhí coinne leis sa 2 mhí dheiridh den bhliain.

Tá íocaíochtaí deiridh CBL, OIN agus íocaíochtaí dramhaíola ó phacáistíocht na mBallstát an-chosúil leo sin sa mheastachán buiséadach críochnaitheach. Tá na difríochtaí idir na méideanna a réamh-mheasadh agus na méideanna a íocadh iarbhrí ann i ngeall ar na difríochtaí idir na rátaí euro a úsáideadh chun críocha buiséadacha agus na rátaí a bhí i bhfeidhm tráth a ndearna na Ballstáit lasmuigh den limistéar euro a n-íocaíochtaí iarbhrí.

## Teideal 2: Barrachais, iarmhéideanna agus coigeartuithe

Ba ionann barrachas na bliana airgeadais roimhe sin agus EUR 1 769 milliún. Rinneadh an méid sin a inscríobh i mbuiséad 2021 trí bhuiséad leasaitheach agus laghdaíodh dá réir sin an ranníocaíocht acmhainní dílse ó na Ballstáit.

Maidir leis na hiarmhéideanna CBL agus OIN tá na rialacha leagtha amach in Airteagal 10b den Rialachán maidir le cur ar fáil (Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle<sup>(2)</sup>). De réir na rialacha sin ríomhtar suim iomlán na n-iarmhéideanna ionas go mbeidh an tionchar ar bhuiséad an Aontais ag nialas (“córas glanluachála”) agus nach gcuimsíofar leasú buiséadach leis an nós imeachta. Iarrann an Coimisiún dá bhrí sin go díreach ar na Ballstáit na glanmhéideanna a íoc.

## Teideal 3: Ioncam riaracháin

Cuimsítear leis an teideal seo ioncam ó chánacha agus tobhaigh ar luach saothair foirne, arb ionann é agus EUR 2 230 milliún.

## Teideal 4: Ioncam airgeadais, ús mainneachtana agus fineálacha

I dteideal 4 tagraíonn an difríocht idir méid buiséadaithe (EUR 515 milliún) agus aschur (EUR 1 633 milliún) go príomha d'fhíneálacha i réimse na hiomaíochta.


## Teideal 5: Ráthaíochtaí buiséadacha, oibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe

Méadaíodh an teideal sin go suntasach le teacht NGEU. Sanntar ioncam do chistí NGEU laistigh den teideal seo. Cumhdaíonn Teideal 5 ioncam a bhaineann le ráthaíochtaí agus ús agus aisíocaíochtaí iasachtaí a deonaíodh. Sannann sé cistí freisin (le haghaidh tacaíocht neamh-inaisíochta NGEU faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus chun clár CAI a atreisiú) ó ioncam a chuirtear i leataobh do Bhallstáit agus a fhaigheann siad faoi Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI). Féach Buaicphointí Airgeadais na Bliana, ranna 2.2 agus 2.3, chun forbhreathnú cuimsitheach a fháil ar NGEU.

## Teideal 6: Ioncam, ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí a bhaineann le beartais an Aontais

Baineann an teideal seo go príomha le hioncam ó cheartúcháin airgeadais a bhaineann le cistí struchtúracha agus talmhaíochta (Cistí SIE, CERT agus CETFT). Áirítear leis freisin rannpháirtíocht tríú tíortha i gclár thaighde, imréiteach cuntas i gcistí talmhaíochta agus ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí eile le clár/gníomhaíochtaí an Aontais. Tá ioncam sannta i gcuid shubstaintiúil den iomlán sin, rud as a ndéantar leithreasuithe breise a chur isteach ar thaobh an chaiteachais.

### Ba ionann agus EUR 239 596 milliún an t-ioncam buiséid iomlán in 2021



<sup>(2)</sup> IO L 168, 7.6.2014, lch. 39.

## 3.2. CAITEACHAS

### 3.2.1. Cur chun feidhme an bhuiséid

In 2021, an chéad bhliain de CAI nua 2021-2027, ba ionann an buiséad críochnaitheach a glacadh agus EUR 166,8 billiún de leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus EUR 168,0 billiún de leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí. Rinneadh atreisiú le NGEU ar na príomhchláir le méid breise EUR 42,1 billiún de leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus EUR 55,5 billiún de leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí arna n-inscriobh i mbuiséad an Aontais mar ioncam seachtrach sannta <sup>(3)</sup>.

Bhí tionchar suntasach ag moill maidir leis na bunúis nua dlí a ghlacadh agus ag na rialacha nua maidir le cistí struchtúracha ar chur chun feidhme buiséad 2021. Rinneadh móramh de na leithreasuithe faoi chomhair gealltanais 2021 le haghaidh cistí struchtúracha (ag a raibh glanluach EUR 49 billiún) a ath-chlársceidealú go dtí 2022-2025 de réir airteagal 7 de Rialachán CAI. I gcásanna inar ceadaíodh sin leis an Rialachán Airgeadais agus/nó bunúis nua dlí, tugadh na leithreasuithe nár cuireadh chun feidhme ar aghaidh go 2022: EUR 4,1 billiún de leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus EUR 4,2 billiún de leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí. Den chéad uair in 2021 baineadh leas as an bhféidearthacht chun leithreasuithe buiséid a glacadh ach nár úsáideadh a thabhairt ar aghaidh chuig an mbliain ina dhiaidh sin leis an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda (NDICI – An Eoraip Dhomhanda) <sup>(4)</sup>, <sup>(5)</sup>. Bíonn feidhm ag forálacha den chineál céanna agus úsáideadh iad le haghaidh Cúlchiste Coigeartaithe Brexit agus Cúlchiste um Chabhair Éigeandála (SEAR).


Ba ionann agus EUR 268,3 billiún ar an iomlán cur chun feidhme iomlán na leithreasuithe faoi chomhair gealltanais in 2021:

- EUR 113,4 billiún ón mbuiséad críochnaitheach a glacadh;
- EUR 0,6 billiún ó leithreasuithe arna dtabhairt ar aghaidh ó 2020;
- EUR 154,3 billiún ó leithreasuithe ag eascirt as ioncam sannta;
  - a raibh EUR 143,5 billiún díobh ó NGEU.

Ba ionann na híocaíochtaí iomlána a rinneadh in 2021 agus EUR 228,0 billiún:

- EUR 163,6 billiún ón mbuiséad críochnaitheach a glacadh;
- EUR 1,8 billiún ó leithreasuithe arna dtabhairt ar aghaidh ó 2020;
- EUR 62,6 billiún ó leithreasuithe ag eascirt as ioncam sannta;
  - a raibh EUR 53,6 billiún díobh ó NGEU.

### Iomlán na leithreasuithe faoi chomhair gealltanais a cuireadh chun feidhme in aghaidh cuspóirí beartais an Aontais in 2021



<sup>(3)</sup> Féach Buaicphointí Airgeadais na Bliana, ranna 2.2 agus 2.3 le haghaidh forbheathnú cuimsitheach ar NGEU.

<sup>(4)</sup> Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta (ICFCI – An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1).

<sup>(5)</sup> Tá feidhm freisin ag an bhforáil maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a thabhairt ar aghaidh go huathoibríoch maidir leis na cláir eile i gCeannteideal 6: An Ionstraim Eorpach um Chomhar Idirnáisiúnta maidir le Sábháilteacht Núicléach, Tiortha, Críocha Thar Lear, agus an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (ICR II) trí bhithin tagairtí ina mbunúis dlí faoi seach d'fhorálacha NDICI-GE.

Ba ionann cur chun feidhme 2021 le haghaidh gach cineál leithreasú (buiséad, tabhairt ar aghaidh ó bhlianta roimhe agus ioncam sannta) agus 44 % le haghaidh gealltanais agus 92 % le haghaidh íocaíochtaí. Taispeánadh le rátaí cur chun feidhme 2021 gan ioncam sannta san áireamh 68 % le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus 97 % le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí. Bhain sciar thábhachtach de na híocaíochtaí a rinneadh in 2021 le CAI 2014-2020 a thabhairt i gcrích.

Ag cur san áireamh, anuas ar an méid a tugadh ar aghaidh agus na gealltanais faoi bhainistíocht chomhpháirteach a rinneadh a ath-chlársceidealú i gcomhréir le hAirteagal 7 MFFR, bheadh beagnach 100 % sroichte ag cur chun feidhme an bhuiséid vótáilte le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí araon.

Shroich cur chun feidhme leithreasuithe NGEU 34 % le haghaidh an ghealltanais iomláin agus 97 % le haghaidh na leithreasuithe iomlána faoi chomhair íocaíochtaí a inscrobhadh i mbuiséad an Aontais. Sa mhéid a bhí tiomnaithe do NGEU bhí 87 % den mhéid a bhí údaraithe <sup>(6)</sup> i gcomhair gealltanais in 2021, rud a bhí ag EUR 164,6 billiún.

### 3.2.2. Gealltanais gan íoc

Ba ionann na gealltanais le hÍoc (dá dtagraítear go coiteann mar RAL – reste à liquider), ar méideanna iad a gealladh ach nár íocadh go fóill, agus EUR 341,6 billiún ag deireadh 2021. Tháinig méadú ar na gealltanais le hÍoc i gcomparáid le 2020 (de EUR 38,4 billiún) ach bhí an méadú sin níos lú ná mar a réamh-mheasadh ag an tús, toisc gur cuireadh formhór na ngealltanais le haghaidh clár faoi bhainistíocht chomhpháirteach (le glanluach EUR 49 billiún) a bhí beartaithe le haghaidh 2021, siar go dtí 2022 agus blianta ina dhiaidh sin, i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán CAI. Ach cur chun feidhme na bainistíochta comhpháirtí a ath-chlársceidealú, rannchuideofar le méadú breise ar RAL as seo go ceann roinnt blianta.

I measc phríomhspreagthóir an mhéadaithe ar RAL in 2021 bhí tús chur chun feidhme NGEU (an chuid neamh-inaisíochta) – ag rannchuidiú EUR 89,9 billiún (26%) le RAL iomlán ag deireadh 2021. As an ioncam a shannfar do NGEU tiocfaidh méadú ar RAL as seo go ceann roinnt blianta toisc go mbeidh na gealltanais uile tugtha isteach faoin 31 Nollaig 2023 agus urramófar iad trí bhíthin íocaíochtaí suas go dtí an 31 Nollaig 2026, i gcomhréir le hAirteagal 3 (4) agus Airteagal 3(9) de Rialachán EURI <sup>(7)</sup>.

### 3.2.3. Toradh buiséid

Tháinig méadú ar an toradh buiséid (barrachas) ó EUR 1,8 billiún in 2020 go dtí EUR 3,2 billiún in 2021, i ngeall ar an ioncam a bhí níos airde ná mar a bhí coinne leis ó dhleachtanna custaim agus ó fhíneálacha.

## 4. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS AGUS RÁTHAÍOCHTAÍ BUISÉADACHA

### 4.1. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS Á MAOINIÚ AG BUISÉAD AN AONTAIS

Is ann d'ionstraimí airgeadais á maoiniú ag buiséad an Aontais i bhfoirm ionstraimí ráthaíochta, ionstraimí cothromais agus ionstraimí iasachta. Faoi CAI 2021-2027 tá coinne leis go méadófar ar an úsáid a bhaintear as ráthaíochtaí buiséadacha i gcomparáid leis an úsáid a bhaintear as ionstraimí airgeadais atá á maoiniú nó á soláthar go hiomlán ó bhuiséad an Aontais. Go háirithe, faoi Chlár InvestEU, soláthrófar EUR 26,2 billiún de ráthaíochtaí an Aontais don ghrúpa BEI agus d'institiúidí airgeadais eile, chun tacú le cuspóirí beartais éagsúla de chuid an Aontais trí bhíthin oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta. An bun-choincheap a bhfuil an cur chuige seo bunaithe air, i gcodarsnacht leis an modh traidisiúnta chun buiséad a chur chun feidhme, modh ina dtugtar deontais agus fóirdheontais, ná i gcás gach euro a chaitear ón mbuiséad trí ionstraimí airgeadais, go bhfaigheann an tairbhí deiridh níos mó ná EUR 1 mar thacaíocht airgeadais i ngeall ar an éifeacht ghiarála.

Faoin gcineál seo cur chun feidhme buiséid, eisíoctar cistí cheana féin leis na cuntais mhuiníneacha arna mbainistiú ag na heintitis a gcuirfeair cúram orthu agus bíonn siad fós ar fáil (mar airgead tirim agus coibhéisí airgid, urrúis fiachais nó infheistíochtaí i gcistí margaf airgid nó punanna tiomsaithe sócmhainní) chun glaonna ar ráthaíochtaí a chumhdach sa todhcháil nó infheistíodh iad i gcothromas. Tá méid agus toirt na n-ionstraimí airgeadais arna maoiniú ag buiséad an Aontais faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach ag méadú le blianta beaga anuas.

<sup>(6)</sup> Baineann an méid údaraithe le haghaidh NGEU 2021 le tacaíocht 2021 i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíochta do Bhallstáit faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF), Cúnaimh Téarnaimh don Chomhtháthú agus do Chríocha na hEorpa (REACT-EU) agus an t-airgead breise a tugadh do chlár nó do chistí eile Eorpacha (Forbairt Tuaithe, Ciste InvestEU, An Ciste um Aistriú Cóir, Fís Eorpach agus RescEU). Soláthraítear na sprioc-amanna dlíthiúla le Rialachán EURI i ndáil leis na gealltanais dlíthiúla agus bunaítear an dáileadh clársceidealaithe bunaithe ar sceideal beartaithe na ngealltanais bliantúil a luadh go sonrach i mbunús dlí difriúil na gclár lena mbaineann.

<sup>(7)</sup> Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 23).

#### 4.2. RÁTHAÍOCHTAÍ BUISÉADACHA: SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS ARNA SEALBHÚ I GCISTÍ RÁTHAÍOCHTA

Faoin gcineál seo cur chun feidhme buiséid soláthraíonn an tAontas ráthaíochtaí do chontrapháirtithe dá soláthraítear an cistiú i bpáirt trí chistí ráthaíochta arna mbunú ag an gCoimisiún, rud lena gcruthaítear dliteanais theagmhasacha le haghaidh bhuiséad an Aontais, i gcás nach leordhóthanach an soláthar chun na glaonna a chumhdach. Thug an tAontas ráthaíochtaí ar iasachtaí a deonaíodh lasmuigh den Aontas (Sainordú Iasachtaithe Sheachtraigh mar a thugtar air, nó ELM, de chuid BEI) agus ar oibríochtaí fiachais agus cothromais arna gcumhdach ag ráthaíocht CEIS chuig Grúpa BEI, chomh maith le ráthaíochtaí ar oibríochtaí arna gcumhdach ag Ráthaíocht Gníomhaíochta Seachtraí CEFI agus NDICI, a tugadh do Ghrúpa BEI agus d'institiúidí airgeadais eile.

Ó 2021, tá an soláthar trí chistí ráthaíochta á shealbhú sa Chiste don Soláthar Coiteann (CPF). Bunaítear CPF leis an Rialachán Airgeadais<sup>(8)</sup> chun na forálacha arna ndéanamh (i.e. cistí arna sealbhú) a shealbhú chun na dliteanais airgeadais a eascraíonn as ionstraimí airgeadais, ráthaíochtaí buiséadacha agus iasachtaí cúnamh airgeadais a chumhdach ó CAI 2021-2027. Áirítear leis freisin roinnt sócmhainní maidir le soláthar lena gcumhdaítear dliteanais airgeadais ó CAInna roimhe sin.

Cruthaítear agus feidhmítear CPF mar phunann aonair, ag comhcheangal forálacha i láthair na huair le haghaidh ráthaíochtaí buiséadacha agus cláir dhifriúla chúnamh airgeadais de chuid an Aontais. Leithdháiltear acmhainní CPF i ndeighleoga chun na méideanna a bhaineann leis na hionstraimí ranníocaíochta CPF éagsúla a rianú (ráthaíochtaí buiséadacha agus cláir chúnamh airgeadais).

Tar éis teacht i bhfeidhm CAI 2021-2027, aistríodh glansócmhainní Chiste Ráthaíochta CEIS ón 1 Eanáir 2021 chuig CPF. Aistríodh glansócmhainní Chiste Ráthaíochta CEFI agus an Chiste Ráthaíochta do ghníomhaíochtaí seachtracha chuig CPF le linn 2021.

An 31 Nollaig 2021, sealbhaíonn an Coimisiún sócmhainní airgeadais sa CPF le haghaidh na ndeighleog seo a leanas:

- Ciste Ráthaíochta do ghníomhaíochtaí seachtracha – EUR 2,7 billiún;
- Ciste Ráthaíochta CEIS – EUR 8,5 billiún;
- Ciste Ráthaíocht CEFI – EUR 0,8 billiún; agus
- Ciste Ráthaíochta InvestEU – EUR 0,3 billiún.

Ina theannta sin, sealbhaítear EUR 92 milliún i gciste lárnach an Choimisiúin mar mhaolán leachtachta chun cumhdach a dhéanamh le haghaidh ráthaíochtaí a ghlaoitear isteach láithreach.

#### 4.3. IASACHTAÍ AGUS IASACHTAÍOCHTAÍ GAOLMHARA LE HAGHAIDH CLÁIR CHÚNAMH AIRGEADAIS

Is oibríochtaí neamh-bhuiséid iad gníomhaíochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe an Aontais le haghaidh an gclár cúnamh airgeadais. Go ginearálta agus *cé is moite de NGEU*, déantar cistí a ardaítear a thabhairt ar iasacht droim-le-droim arís don tír is tairbhí, i.e. leis an gcúpón, aibíocht agus méid céanna. D'ainneoin na modheolaíochta droim-le-droim sin, is oibleagáid dhlíthiúil de chuid an Aontais é fiach-sheirbhís na n-ionstraimí cistiúcháin, lena n-áiríteofar go ndéanfar gach íocaíocht ina n-iomláine agus go tráthúil. Chuir an Coimisiún nósanna imeachta i bhfeidhm chun aisiocaíocht iasachtaíochtaí a áirithiú fiú i gcás iasacht ar mainneachtain.

An tacaíocht airgeadais do na Ballstáit agus do thríú tíortha i bhfoirm iasachtaí déthaobhacha arna maoiniú ó na margatí caipitil le ráthaíocht bhuiséad an Aontais, soláthraíonn an Coimisiún an tacaíocht sin faoi chinntí ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. In 2021 d'fheidhmigh an Coimisiún, ag gníomhú dó thar ceann an Aontais, cúig phríomhchlár faoinar féidir leis iasachtaí a dheonú:

- Cúnamh le Comhordú na nÍocaíochtaí (BOP);
- Cúnamh leis an Sásra Cobhsaíochta Airgeadais Eorpach (EFSM);
- Cúnamh macrairgeadais (MFA);

<sup>(8)</sup> Airteagal 212 de Rialachán Airgeadais (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).



- Cúnamh SURE; agus
- NGEU – chun tuilleadh faisnéise a fháil ar NGEU féach roinn 2.

An 31 Nollaig 2021, ba iad seo méid ainmniúil na n-iasachtaí a deonaíodh do chúnamh airgeadais, gan NGEU san áireamh (féach roinn 2):

|                 | <i>EUR billiún</i> |  |  |                               |
|-----------------|--------------------|--|--|-------------------------------|
|                 | Iomlán a deonaíodh | Iomlán eisíochta ag deireadh na bliana | Iomlán aisíochta ag deireadh na bliana | Gan íoc ag deireadh na bliana |
| <b>SURE</b>     |                    |  |  |                               |
| An Bheilg       | 8,2                | 8,2                                    | —                                      | 8,2                           |
| An Bhulgáir     | 0,5                | 0,5                                    | —                                      | 0,5                           |
| An Chróit       | 1,0                | 1,0                                    | —                                      | 1,0                           |
| An Chipir       | 0,6                | 0,6                                    | —                                      | 0,6                           |
| An tSeicia      | 2,0                | 2,0                                    | —                                      | 2,0                           |
| An Eastóin      | 0,2                | 0,2                                    | —                                      | 0,2                           |
| An Ghréig       | 5,3                | 5,3                                    | —                                      | 5,3                           |
| An Ungáir       | 0,5                | 0,5                                    | —                                      | 0,5                           |
| Éire            | 2,5                | 2,5                                    | —                                      | 2,5                           |
| An Iodáil       | 27,4               | 27,4                                   | —                                      | 27,4                          |
| An Laitvia      | 0,3                | 0,3                                    | —                                      | 0,3                           |
| An Liotuáin     | 1,0                | 1,0                                    | —                                      | 1,0                           |
| Málta           | 0,4                | 0,4                                    | —                                      | 0,4                           |
| An Pholainn     | 11,2               | 8,2                                    | —                                      | 8,2                           |
| An Phortaingéil | 5,9                | 5,4                                    | —                                      | 5,4                           |
| An Rómáin       | 4,1                | 3,0                                    | —                                      | 3,0                           |
| An tSlóvaic     | 0,6                | 0,6                                    | —                                      | 0,6                           |
| An tSlóivéin    | 1,1                | 1,1                                    | —                                      | 1,1                           |
| An Spáinn       | 21,3               | 21,3                                   | —                                      | 21,3                          |
|                 | <b>94,3</b>        | <b>89,6</b>                            | —                                      | <b>89,6</b>                   |
| <b>EFSM</b>     |                    |  |  |                               |
| Éire            | 22,5               | 22,5                                   | —                                      | 22,5                          |
| An Phortaingéil | 24,3               | 24,3                                   | —                                      | 24,3                          |
|                 | <b>46,8</b>        | <b>46,8</b>                            | —                                      | <b>46,8</b>                   |
| <b>CAI</b>      |                    |  |  |                               |
| An Úcráin       | 5,0                | 5,0                                    | (0,6)                                  | 4,4                           |
| An Túinéis      | 1,4                | 1,1                                    | —                                      | 1,1                           |
| An Iordáin      | 1,1                | 0,9                                    | —                                      | 0,9                           |



*EUR billiún*

|                  | Iomlán a deonaíodh | Iomlán eisíochta ag deireadh na bliana | Iomlán aisíochta ag deireadh na bliana | Gan íoc ag deireadh na bliana |
|------------------|--------------------|--|--|-------------------------------|
| Eile             | 1,5                | 1,2                                    | (0,2)                                  | 1,0                           |
|                  | <b>9,0</b>         | <b>8,2</b>                             | <b>(0,8)</b>                           | <b>7,4</b>                    |
| <b>BOP</b>       |                    |  |  |                               |
| An Laitvia       | 2,9                | 2,9                                    | (2,7)                                  | 0,2                           |
|                  | <b>2,9</b>         | <b>2,9</b>                             | <b>(2,7)</b>                           | <b>0,2</b>                    |
| <b>Foriomlán</b> | <b>153,0</b>       | <b>147,5</b>                           | <b>(3,5)</b>                           | <b>144,0</b>                  |

Tá an sceideal aisíocaíochta le haghaidh na méideanna le híoc ag deireadh bliana mar a leanas:

*EUR billiún*

|      | SURE | EFSM | CAI | BOP | FORIOMLÁN |
|------|------|------|-----|-----|-----------|
| 2022 | —    | 2,7  | —   | —   | 2,7       |
| 2023 | —    | 3,5  | 0,1 | —   | 3,6       |
| 2024 | —    | 2,6  | 0,6 | —   | 3,2       |
| 2025 | 8,0  | 2,4  | —   | 0,2 | 10,6      |
| 2026 | 8,0  | 4,0  | 0,1 | —   | 12,1      |
| 2027 | —    | 3,0  | 0,2 | —   | 3,2       |
| 2028 | 10,0 | 2,3  | 0,2 | —   | 12,5      |
| 2029 | 8,1  | 1,4  | 0,9 | —   | 10,4      |
| 2030 | 10,0 | —    | 0,1 | —   | 10,1      |
| 2031 | —    | 7,3  | 1,2 | —   | 8,5       |
| 2032 | —    | 3,0  | 0,1 | —   | 3,1       |
| 2033 | —    | 2,1  | 0,5 | —   | 2,6       |
| 2034 | —    | —    | 0,1 | —   | 0,1       |
| 2035 | 8,5  | 2,0  | 2,0 | —   | 12,5      |
| 2036 | 9,0  | 5,7  | 1,3 | —   | 16,0      |
| 2037 | —    | —    | —   | —   | —         |
| 2038 | —    | 1,8  | —   | —   | 1,8       |
| 2039 | —    | —    | —   | —   | —         |
| 2040 | 7,0  | —    | —   | —   | 7,0       |
| 2041 | —    | —    | —   | —   | —         |
| 2042 | —    | 3,0  | —   | —   | 3,0       |
| 2043 | —    | —    | —   | —   | —         |
| 2044 | —    | —    | —   | —   | —         |
| 2045 | —    | —    | —   | —   | —         |

|                  | EUR billiún |             |            |            |              |
|------------------|-------------|-------------|------------|------------|--------------|
|                  | SURE        | EFSM        | CAI        | BOP        | FORIOMLÁN    |
| 2046             | 5,0         |             |            |            | 5,0          |
| 2047             | 6,0         |             |            |            | 6,0          |
| 2048             |             |             |            |            | —            |
| 2049             |             |             |            |            | —            |
| 2050             | 10,0        |             | —          |            | 10,0         |
| 2051             | —           |             |            |            | —            |
| <b>Foriomlán</b> | <b>89,6</b> | <b>46,8</b> | <b>7,4</b> | <b>0,2</b> | <b>144,0</b> |

### SURE

Bunaíodh SURE in 2020 chun cúnamh airgeadais a sholáthar do Bhallstáit a bhfuil suaitheadh tromchúiseach eacnamaíoch ag cur isteach orthu, nó a bhfuil sé ag bagairt go tromchúiseach orthu, i ngeall ar phaindéim COVID-19 ina gcríoch. Comhlánaíonn an ionstraim na bearta náisiúnta arna ndéanamh ag na Ballstáit dá ndearnadh difear. Ní bheidh an uasmhéid de chúnamh airgeadais níos mó ná EUR 100 billiún le haghaidh na mBallstát uile.

Ag deireadh 2021, shínigh na Ballstáit comhaontuithe saoraíde iasachta arbh ionann iad agus EUR 94,3 billiún agus as an méid sin eisíocadh EUR 89,6 billiún faoi dheireadh bliana 2021. Ba ionann an méid iasachtaí nua a eisíocadh in 2021 agus EUR 50,1 billiún. Tá éagsúlacht idir aibíocht na n-iasachtaí idir 5, 10, 15, 20 agus 30 bliain.

### EFSM

Cruthaíodh EFSM chun cúnamh airgeadais a sholáthar do gach Ballstát a bhfuil suaitheadh eacnamaíoch airgeadais tromchúiseach ag cur isteach orthu nó a bhfuil sé ag bagairt orthu i ngeall ar tharlúintí eisceachtúla nach bhfuil aon smacht acu orthu. Úsáideadh EFSM chun cúnamh airgeadais a sholáthar, ar choinníoll go gcuirfí athchóirithe chun feidhme, d'Éirinn agus don Phortaingéil idir 2011 agus 2014. Tá an clár sin imithe in éag agus ní féidir aon iasacht bhreise a tharraingt, cé go bhfuil feidhm leis fós le haghaidh cúraimí sonracha amhail fadú na n-aibíochtaí le haghaidh iasachtaí d'Éirinn agus don Phortaingéil agus iasachtaí idirlinne a sholáthar. In 2021, cuireadh síneadh le méid EUR 9,8 billiún a bhí ag dul in aibíocht le linn na bliana go dtí 2036 (EUR 3 billiún d'Éirinn agus don Phortaingéil agus EUR 1,8 billiún don Phortaingéil) agus go dtí 2031 (EUR 5 billiún don Phortaingéil).

Laghdaíodh an méid a bhí á dheonú don Phortaingéil ó EUR 26 billiún go dtí EUR 24,3 billiún toisc go raibh méid EUR 1,7 billiún imithe in éag agus níorbh fhéidir aon eisíocaíocht eile a dhéanamh. I mí na Nollag 2021, d'iarr an Phortaingéil go bhfadófaí aibíocht le haghaidh EUR 2,2 billiún d'iasacht EUR 2,7 billiún iomlán a bhí dlite i mí Aibreáin 2022. I mí Feabhra 2022, bhí EUR 2,2 billiún faighte ar iasacht ag an gCoimisiún chun an iasacht a thar-rolladh, rud ar cuireadh síneadh 4,5 bliana air.

### CAI

Is cineál cúnamh airgeadais é an clár CAI a leathnaigh an tAontas chuig tíortha comhpháirtíochta lasmuigh den Aontas Eorpach ina raibh géarchéim maidir le comhordú íocaíochtaí (lena n-áirítear EUR 4,4 billiún a bhí gan íoc leis an Úcráin). Bíonn sé i bhfoirm iasachtaí nó deontas meán/fadtéarmach, nó meascán díobh sin, agus ní bhíonn sé ar fáil ach amháin do thíortha a thairbhíonn de chlár de chuid an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta a dhéanann eisíocaíocht.

Ghlac an Coimisiún le togra in 2020 le haghaidh pacáiste EUR 3 billiún CAI do dheich gcomhpháirtí méadaithe agus comharsanachta chun cuidiú leo teorainn a chur leis an toradh eacnamaíoch ó phaindéim an choróinvírís. Ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle leis an gcinneadh an 25 Bealtaine 2020. Faoin gcinneadh sin, in 2021, d'íoc an Coimisiún 10 n-iasacht nua amach as iomlán de mhéid ainmniúil EUR 1,7 billiún le 9 dtairbhí CAI. Tá éagsúlacht ag baint le haibíocht na n-iasachtaí nua idir 10 agus 15 bliana.

### BOP

Is clár cúnamh é comhardú na n-íocaíochtaí atá deartha do thíortha lasmuigh den limistéar euro a bhfuil deacrachtaí acu maidir lena gcomhordú íocaíochtaí nó a bhfuil sé ag bagairt orthu. Maidir le cúnamh BOP, foirm iasachtaí meántéarmacha a bhíonn i gceist leis a bhíonn ag brath ar bheartais a chur chun feidhme arna gceapadh chun dul i ngleic le fadhbanna eacnamaíoch bunúsacha. Go hiondúil, tairgtear cúnamh BOP ón Aontas i gcomhar le CAI agus institiúidí nó tíortha idirnáisiúnta eile.

Laghdaíodh an méid a deonaíodh don Laitvia faoi BOP ó EUR 3,1 billiún go EUR 2,9 billiún toisc go ndeachaigh an méid EUR 0,2 billiún in éag agus ní fhéadfaí é a íoc amach a thuilleadh. Níor tharla aon oibríocht ná ní dhearnadh aon aisíocaíocht nua iasachta in 2021.

#### 4.4. DLITEANAIS THEAGMHASACHA BHUISÉADACHA LE HAGHAIDH CLÁR CÚNAIMH AIRGEADAIS

Cuimsítear le hiasachtaí de chuid an Aontais oibleagáidí díreacha agus neamhchoinníollacha an Aontais agus tá siad ráthaithe ag Ballstáit an Aontais (dliteanais theagmhasacha bhuiséadacha). Tá iasachtaíochtaí a thugtar chun iasachtaí do thíortha lasmuigh den Aontas Eorpach a chistiú cumhdaithe ag an gCiste Rátháíochta do ghníomhaíochtaí seachtracha. I gcás ina mainníonn Ballstát is tairbhí, tarraingeofar an tseirbhís fiachais ó iarmhéid státchiste an Choimisiúin atá ar fáil, más féidir. Mura mbeidh sé indéanta ag an am sin, tharraingeodh an Coimisiún na cistí is gá ó na Ballstáit. Tá oibleagáid dhlíthiúil ar Bhallstáit an Aontais, de réir reachtaíocht maidir le hacmhainní dílse an Aontais (Airteagal 14 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle), chun cistí leordhóthanacha a chur ar fáil chun oibleagáidí an Aontais a chomhlíonadh. Ní bhíonn na hinfheisteoirí neamhchosanta dá réir sin ach ar riosca creidmheasa an Aontais, ní do thairbhí na n-iasachtaí arna gcistiú. Áiríthíonn iasachtú “droim le droim” nach nglacann buiséad an Aontais aon riosca ráta úis ná aon riosca malairte eachtraí.

Mar thaca ag iasachtaí arna soláthar do na Ballstáit faoin ionstraim SURE tá córas rátháíochtaí saorálacha ó Bhallstáit arb ionann iad agus 25 % den uasmhéid de chúnamh airgeadais. Comhfhreagraíonn ranníocaíocht gach Ballstáit do mhéid foriomlán na rátháíochta dá sciar coibhneasta in ollioncam náisiúnta an Aontais Eorpaigh, bunaithe ar bhuiséad 2020 an Aontais.


Le haghaidh gach cláir tíre, cinntear le cinní Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin an méid foriomlán a dheonaítear, an líon tráthchodanna a bheidh le déanamh, agus (meán) uasmhéid aibíochta an phacáiste iasachta. Ina dhiaidh sin, aontaíonn an Coimisiún agus na Ballstáit lena mbaineann, paraiméadair na hiasachta/an chistiúcháin, aibíocht na dtráthchodanna go háirithe. Ina theannta sin, cé is moite den chéad cheann, beidh gach tráthchuid den iasacht ag brath ar choinníollacha an bheartais a chomhlíonadh, i gcomhthéacs cúnamh airgeadais chomhpháirtigh an Aontais/CAI, fachtóir eile a mbíonn tionchar aige ar uainiú na n-oibríochtaí cistiúcháin. Tugann sé sin le fios go mbíonn uainiú agus aibíochtaí eisiúintí ag brath ar an ngníomhaíocht iasachtaíthe ghaolmhar san Aontas. Ainmnítear cistiú go heisiach in euro agus gabhann an speictream aibíochta ó 3 bliana go 30 bliain.

### 5. ANAILÍS AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

#### 5.1. IONCAM

Ionchorpraítear in ioncam comhdhlúite an Aontais méideanna a bhaineann le hidirbhearta malairte agus idirbhearta neamh-mhalairte, agus is iad sin na cinn is suntasaí. Tá an treocht 5 bliana de na príomhchatagóirí ioncaim neamh-mhalairte (ina gcuimsítear acmhainní OIN, acmhainní traidisiúnta dílse, acmhainní CBL, acmhainní nua dílse bunaithe ar an dramhaíl ó phacáistíocht, Fíneálacha agus Aisghabháil speansas) mar a leanas:

### Treocht 5 bliana ioncaim ó príomhidirbhearta neamh-mhalairte <sup>(1)</sup>



<sup>(1)</sup> figiúirí 2020 agus 2021: gan ioncam a bhaineann le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach san áireamh

Toisc gur cheart don ioncam buiséid a bheith cothrom (nó níos mó) ná an caiteachas buiséid, is iad na híocaíochtaí a dhéantar gach bliain an príomhrud a thiomáineann an treocht ioncaim a thaispeántar thuas.

#### Ioncam comhdhlúite – príomhfhorbairtí in 2021

Ba ionann an t-ioncam comhdhlúite, inar cuimsíodh gach catagóir ioncaim, agus EUR 178,9 billiún in 2021, i gcomparáid le EUR 224,0 billiún an bhliain roimhe sin. An príomhchúis a bhí leis an laghdú EUR 45,1 billiún nó 20,1% ná an tionchar laghdaithe a bhí ag tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach, rud lenar méadaíodh ioncaim 2020 de EUR 47,5 billiún, ach nár rannchuidigh ach EUR 1,1 billiún le hioncaim 2021. Ag fágáil an ioncaim shonraigh sin as an áireamh, is ionann ioncam comhdhlúite 2021 agus EUR 177,8 billiún, rud is féidir a chur i gcomparáid leis an ioncam comhdhlúite coigeartaithe ón mbliain roimhe sin (EUR 176,5 billiún).

A mhéid a bhaineann leis na catagóirí ioncaim atá fágtha, i measc na bpríomhfhorbairtí bhí na hacmhainní dílse bunaithe ar an dramhaíl ó phacáistíocht a tugadh isteach, méadú ar ioncaim ó fhíneálacha agus laghdú ar ioncaim ó OIN:

- An t-ioncam ón acmhainn dhílse bunaithe ar an dramhaíl ó phacáistíocht, a tugadh isteach in 2021 nuair a tháinig an Cinneadh nua maidir le hAcmhainní Dílse 2020/2053 i bhfeidhm <sup>(9)</sup>, ba ionann é agus EUR 5,8 billiún. Tá feidhm ag glaoráta aonfhoirmeach de EUR 0,80 in aghaidh an chileagram maidir le meáchan na dramhaíola ó phacáistíocht phlaisteach arna giniúint i ngach Ballstát agus nach ndéantar a athchúrsáil. An dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach nach n-athchúrsáiltear i mbliain ar leith, ríomhtar í mar an difríocht idir an dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach a ghintear agus an dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach a athchúrsáiltear an bhliain sin i mBallstát. Tá an Bhulgáir, an Chipir, an Chróit, an Eastóin, an Ghréig, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Málta, an Pholainn, an Rómáin, an tSeicia, an tSlóivéin an tSlóvaic, an Spáinn agus an Ungáir, i dteideal laghduithe cnapshuime bliantúla sonracha a fháil ina ranníocaíochtaí acmhainní dílse ó dhramhaíl phlaisteach faoi seach;
- Tháinig méadú ar ioncam ó fhíneálacha ó EUR 0,5 billiún in 2020 go dtí EUR 2,0 billiún in 2021. Tharla an méadú de EUR 1,5 billiún i ngeall ar líon níos airde agus méideanna níos airde fíneálacha a eisíodh in 2021. Bhí siad seo a leanas i measc na bpríomhfhíneálacha a eisíodh in 2021: EUR 875 milliún a forchuireadh ar BMW agus grúpa Volkswagen (Volkswagen, Audi agus Porsche) as dul i gclaonpháirt maidir le forbairt theicniúil sa réimse glanadh ocsaídí nítrigine agus EUR 371 milliún a forchuireadh ar Nomura, UBS agus UniCredit as rannpháirtíocht grúpa trádálaithe i gcairtéal sa mhargadh príomhúil agus tánaisteach le haghaidh Bannaí Rialtais Eorpacha;


<sup>(9)</sup> Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom (IO L 424, 15.12.2020, lch. 1).

- Ioncam ó OIN (ollioncam náisiúnta), príomhghné d'ioncam oibriúcháin an Aontais, a laghdaíodh ó EUR 125,4 billiún in 2020 go dtí EUR 116,0 billiún in 2021. Tá an laghdú de EUR 9,4 billiún nó 7,5 % nasctha leis an méadú ar chatagóirí eile ioncaim (agus na hioncaim ó acmhainní dílse nua plaistigh), toisc go gcistíonn an t-ioncam ó chistí OIN an chuid sin den bhuiséad nach gcumhdaítear le foinsí eile ioncaim.

## 5.2. SPEANSAIS

Is speansais iad an phríomhchuid de speansais a aithnítear sna ráitis airgeadais chomhdhlúite faoin modh bainistíochta comhpháirtí, ina n-áirítear na cistí seo a leanas: (i) An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT), (ii) An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus ionstraimí forbartha tuaithe eile, (iii) Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) & An Ciste Comhtháthaithe (CC), agus (iv) Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE). Bhí EUR 119,9 billiún nó 54,3 % de na speansais iomlána de EUR 221,0 billiún a tabhaíodh in 2021 i gceist leis na cistí sin (2020: EUR 109,7 billiún, 65,9 % de na speansais iomlána). Cuirtear an deighilt idir speansais faoi modh bainistíochta comhpháirtí agus a n-uailithe coibhneasta i láthair thíos:

**Príomhspeansais faoin modh bainistíochta comhpháirtí don bhliain airgeadais 2021**



Tharla an méadú ar speansais faoin modh bainistíochta comhpháirtí go príomha i ngeall ar speansais mhéadaithe a bhaineann le CFRE agus an Ciste Comhtháthaithe (EUR 5,8 billiún) agus CSE (EUR 3,0 billiún). Léiríonn sé sin an cur chun feidhme méadaithe i dtreo dheireadh chlárthréimhse CAI 2014-2020 chomh maith leis an méadú sealadach ar an ráta cómhaoiniúcháin tar éis bearta CRII+ a chur chun feidhme. Tháinig méadú EUR 1,0 billiún agus EUR 0,3 billiún, faoi seach, ar speansais a bhaineann le CETFT agus le hionstraimí forbartha tuaithe eile agus CERT.


Tar éis NGEU (féach roinn 2) a sheoladh, tháinig méadú ó EUR 22,1 billiún in 2020 go dtí EUR 63,0 billiún in 2021 ar speansais faoin modh bainistíochta díri, a léiríonn cur chun feidhme buiséid ag an gCoimisiún, gníomhaireachtaí feidhmiúcháin agus cistí iontaobhais. Tharla an méadú de EUR 40,9 billiún den chuid is mó mar gheall ar an tacaíocht neamh-inaisíochta a deonaíodh faoi RRF NGEU, arbh ionann é agus EUR 42,9 billiún. Tháinig laghdú ó EUR 1,6 billiún in 2020 go dtí EUR 0,7 billiún in 2021 ar speansais bainistíochta díri a bhaineann le cláir vacsaíniúcháin COVID-19.

Léiríonn na speansais faoin modh bainistíochta indírí le cur chun feidhme buiséid ag gníomhaireachtaí an Aontais, comhlachtaí an Aontais, tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus eintitis eile. In 2021 ba ionann na speansais faoin modh bainistíochta indírí agus EUR 10,9 billiún, cosúil le figiúr na bliana roimhe sin de EUR 11,0 billiún.

## 5.3. SÓCMHAINNÍ

Ba ionann na sócmhainní iomlána amhail an 31 Nollaig 2021 agus EUR 414,1 billiún (2020: EUR 280,0 billiún) – tharla an méadú suntasach i ngeall ar iasachtú breise ó ionstraim SURE agus an iasachtú agus na réamhíocaíochtaí a íocadh faoin ionstraim nua NGEU. Ba shócmhainní airgeadais seachas airgead tirim agus coibhéisí airgid na míreanna ba shuntasáí (EUR 188,6 billiún), réamh-mhaoiniú (EUR 93,4 billiún), earraí infhaighte agus méideanna in-aisghabhála (EUR 72,4 billiún) agus airgead tirim agus coibhéisí airgid (EUR 44,9 billiún). Áirítear le sócmhainní eile, arbh ionann iad agus EUR 14,7 billiún, réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe den chuid is mó.

## Comhdhéanamh na sócmhainní an 31 Nollaig 2021



Is mar gheall ar na héifeachtaí seo a leanas a tharla an méadú suntasach ar shócmhainní iomlána de EUR 134,0 billiún nó 47,9 % ón mbliain roimhe sin:

- Tháinig méadú ar iasachtaí gan íoc ó EUR 93,3 billiún in 2020 go dtí EUR 163,6 billiún in 2021. Léiríonn an méadú de EUR 70,3 billiún nó 75,3% go príomha eisiúint tuilleadh iasachtaí ar chúnamh airgeadais faoi ionstraim SURE (EUR 50,1 billiún) agus eisiúint iasachtaí faoi RRF nua (EUR 18,0 billiún);
- Tháinig méadú ar an réamh-mhaoiniú iomlán ó EUR 62,7 billiún in 2020 go dtí EUR 93,4 billiún in 2021. Léiríonn an méadú de EUR 30,7 billiún nó 49,0% an tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha a deonaíodh faoi RRF (EUR 30,8 billiún);
- Tháinig méadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid ó EUR 16,7 billiún in 2020 go dtí EUR 44,9 billiún in 2021. Tharla an méadú de EUR 28,2 billiún den chuid is mó i ngeall ar an leachtacht a bhain le NGEU (EUR 18,0 billiún á shealbhú sa chuntas NGEU, chomh maith le EUR 1,4 billiún de chistí arna sealbhú i gcuntas lárnach stáchtiste an Choimisiúin ag feitheamh ar eisíocaíocht chuig an mbuiséad le haghaidh cláir CAI). Tharla an méadú eile mar gheall ar mhéid níos airde de leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí nár cuireadh chun feidhme in 2021, mar gheall ar fhíneálacha a bhí cinntitheach ag deireadh na bliana agus breis acmhainní dílse traidisiúnta a briseadh ach nach raibh buiséadaithe go fóill ag deireadh bliana.

## Tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach

An 31 Eanáir 2020, tharraing an Ríocht Aontaithe siar ón Aontas Eorpach. Sainítear téarmaí a himeachta i gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, ar a dtugtar an “Comhaontú um Tharraingt Siar” freisin. Mar chuid den chomhaontú sin, d’aontaigh an Ríocht Aontaithe go gcomhlíonfadh sí na hoibleagáidí airgeadais go léir a ghlac sí nuair a bhí sí ina ball den Aontas. Tháinig an comhaontú i bhfeidhm an 31 Eanáir 2020. Leanfaidh an Ríocht Aontaithe uirthi ag cur le buiséad an Aontais Eorpach agus ag tairbhiú de chlár agus caiteachas an Aontais roimh 2021 amhail is dá mbeadh sí fós ina Ballstát. Gheobhaidh an Ríocht Aontaithe airgead sainithe áirithe ar ais freisin a d’íoc sí isteach i mbuiséad an Aontais nó airgead a fuarthas i mbuiséad an Aontais mar gheall ar thréimhse ballraíochta na Ríochta Aontaithe. Tuairiscíonn an tAontas Eorpach chuig an Ríocht Aontaithe dhá uair sa bhliain ar mhéideanna atá dlite agus íocann an Ríocht Aontaithe na méideanna sin ar bhonn míosúil. Tugtar an tuairiscíú sin cothrom le dáta gach bliain bunaithe ar fhigiúirí iarbhrí.

Trí bhíthin na n-oibleagáidí faoin gComhaontú um Tharraingt Siar cruthaítear dliteanais agus earraí infhaighte don Aontas nach mór iad a ríomh agus a léiriú i gcuntais bhliantúla an Aontais agus cumhdaítear na réimsí seo a leanas go háirithe leo sin:

- Acmhainní dílse (Airteagal 136)

- Gealltanais le hÍoc (Airteagal 140)
- Fíneálacha comórtais (Airteagal 141)
- Dliteanais an Aontais (Airteagal 142)
- Dliteanais airgeadais theagmhasacha agus ionstraimí airgeadais (Airteagail 143 & 144)
- Glansócmhainní an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach (Airteagal 145)
- Infheistíocht an Aontais Eorpaigh sa Chiste Eorpach Infheistíochta (CEI) (Airteagal 146)
- Dliteanais theagmhasacha maidir le cásanna dlí (Airteagal 147).


|                                       | <i>EUR milliún</i> |               |                |               |               |
|---------------------------------------|--------------------|---------------|----------------|---------------|---------------|
|                                       | Airteagal 140      | Airteagal 142 | Eile           | 31.12.2021    | 31.12.2020    |
| <i>Dlite ón Ríocht Aontaithe</i>      | 28 620             | 14 751        | 610            | 43 982        | 49 579        |
| <i>Dlite leis an Ríocht Aontaithe</i> | —                  | —             | (2 229)        | (2 229)       | (2 122)       |
| <b>Foriomlán</b>                      | <b>28 620</b>      | <b>14 751</b> | <b>(1 618)</b> | <b>41 753</b> | <b>47 456</b> |
| <i>Neamhreatha</i>                    | 17 064             | 14 486        | (711)          | 30 839        | 40 629        |
| <i>Reatha</i>                         | 11 556             | 265           | (908)          | 10 913        | 6 827         |

### Réamh-mhaoiniú

In 2021, ba é EUR 86,2 billiún (2020: EUR 55,5 billiún) a bhí sa réamh-mhaoiniú, gan réamhíocaíochtaí eile le Ballstáit agus ranniocaíochtaí le cistí iontaobhais Békou agus na hAfraice san áireamh, agus bhain formhór an mhéid sin le gníomhaíochtaí an Choimisiúin. Baineann an méadú EUR 30,7 billiún nó 55,3% nach mór go hiomlán leis an tacaíocht neamh-inaisíochta arna deonú faoi RRF, as a d'eascair méadú ar an réamh-mhaoiniú a bhain le bainistíocht dhíreach ó EUR 14,3 billiún in 2020 go dtí EUR 43,7 billiún in 2021:

### Réamh-mhaoiniú ón gCoimisiún de réir an mhodha bainistíochta

*EUR billiún*




Bíonn tionchar suntasach ag an timthriall CAI faoi seach ar leibhéal an réamh-mhaoinithe a dheonaítear faoi chlár CAI – ag tús thréimhse CAI tá coinne leis go n-íofar réamhíocaíochtaí móra le Ballstáit faoi bheartas comhtháthaithe agus beidh na méideanna sin ar fáil do na Ballstáit go dtí go ndúnfar na cláir, mar shampla. Íoctar réamh-mhaoiniú bliantúil freisin, nach mór é a úsáid laistigh de bhliain nó é a aisíoc an bhliain ina dhiaidh sin mar chuid de dhúnadh bliantúil an timthrialla cuntas. Déanann an Coimisiún gach iarracht chun a áirithiú go gcoinnítear réamh-mhaoiniú ar leibhéal iomchuí. Ní mór cothromaíocht a bhaint amach idir cistiú leordhóthanach a áirithiú le haghaidh tionscadal agus caiteachas a aithint go tráthúil.

#### 5.4. DLITEANAIS

An 31 Nollaig 2021 bhí na dliteanais iomlána cothrom le EUR 496,4 billiún (2020: EUR 313,5 billiún) – tharla an méadú mór de thoradh na hiasachtaíochta a fuarthas in 2021 faoi na hionstraimí SURE agus NGEU. Ar na nithe ba shuntasáí bhí iasachtaíocht le haghaidh NGEU agus cúnaimh airgeadais (EUR 236,7 billiún), oibleagáidí pinsin agus dliteanais sochar iarfhostaíochta eile (EUR 122,5 billiún), muirir fhabhráithe agus ioncam iarchurtha (EUR 78,1 billiún), agus suimeanna iníochta le tríú páirtithe (EUR 46,4 billiún):

#### Comhdhéanamh na ndlíteanas an 31 Nollaig 2021




Tharla an méadú suntasach EUR 82,9 billiún nó 58,3% le linn na bliana roimhe agus de bharr na n-éifeachtaí seo a leanas go príomha:

- Tháinig méadú ar iasachtaíocht ó EUR 93,2 billiún in 2020 go dtí EUR 236,7 billiún in 2021. Baineann an méadú EUR 143,5 billiún le RRF go príomha (EUR 91,0 billiún) agus le hiasachtaíocht bhreise faoi SURE (EUR 50,1 billiún);
- Tháinig méadú ar muirir fhabhráithe agus ioncam iarchurtha ó EUR 64,6 billiún in 2020 go dtí EUR 78,1 billiún in 2021. Baineann an méadú EUR 13,5 billiún nó 20,9% leis an RRF nua go príomha (EUR 8,2 billiún) agus le cur chun feidhme CAI 2014-2020 faoi CFRE agus an Ciste Comhtháthaithe (EUR 1,9 billiún);
- Tháinig méadú ar shuimeanna iníochta ó EUR 32,4 billiún in 2020 go dtí EUR 46,4 billiún in 2021. Tharla an méadú EUR 14,0 billiún nó 43,2% mar gheall ar RRF (EUR 19,1 billiún) agus laghdú ar na méideanna is iníochta i réimse an chomhtháthaithe go príomha, i gcás ina raibh méid na n-éileamh ar chostais a fuarthas roimh dheireadh na bliana níos ísle ná mar a bhí sna bhliain roimhe sin (EUR 5,3 billiún).



## Costas iomlán na n-éileamh agus na sonrasc a fuarthas agus a aithníodh sa Chlár Comhardaithe faoin gceannteideal “Suimeanna iníoctha”

EUR billiún



### Glansócmhainní

Bhí barrachas na ndlíteanas thar shócmhainní an 31 Nollaig 2021 cothrom le EUR 82,3 billiún (2020: EUR 33,4 billiún). Tharla an méadú suntasach EUR 48.9 billiún mar gheall ar an iasachtaíocht i ndáil le tacaíocht neamh-inaisíoctha a fuarthas faoi NGEU in 2021 go príomha (as a leanann méadú ar chaiteachais bainistíochta díri EUR 42,9 billiún). Tugtar faoi deara nach gciallaíonn barrachas na ndlíteanas thar shócmhainní go bhfuil deacrachtaí airgeadais ag institiúidí agus comhlachtaí an Aontais, ciallaíonn sé go bhfaighfear cistiú i gcomhair dliteanas áirithe ó bhuiséid bhliantúla amach anseo. Aithnítear go leor speansas faoi rialacha cuntasachta maidir le fabhrú sa bhliain reatha cé go bhféadfaí iad a íoc i ndáiríre sna blianta ina dhiaidh sin agus go bhféadfaí iad a chistiú ó bhuiséid amach anseo; ní chuirfear na hioncaim lena mbaineann san áireamh ach i dtreimhsí amach anseo. Seachas an iasachtaíocht le haghaidh NGEU, atá le haisioc idir 2028 agus 2051, agus an dliteanas i leith sochair fostaithe, atá le híoc thar roinnt deacáidí, is iad na méideanna is suntasaí a chuirtear i dtábhacht na gníomhaíochtaí a bhaineann le CERT, a íoctar an chuid is mó díobh sa chéad ráithe den bhliain ina dhiaidh sin de ghnáth.

## 6. CREAT POLAITIÚIL AGUS AIRGEADAIS AN AONTAIS, RIALACHAS AGUS CUNTASACHT

Is Aontas é an tAontas Eorpach (AE) dá dtugann na Ballstáit inniúlachtaí chun cuspóirí atá i gcoiteann acu a bhaint amach. Tá an tAontas fothaithe ar luachanna an mheasa ar urramú dhínit an duine, na saoirse, an daonlathais, an chomhionannais, an smachta reachta agus an mheasa ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar le grúpaí mionlaigh iad. Is comhluachanna ag Ballstáit na luachanna sin i sochaí arb iad is sainairíonna inti an t-iolrachas, an neamhidirdhealú, an chaoifhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas idir mná agus fir.

### 6.1. CREAT POLAITIÚIL AGUS AIRGEADAIS

#### Conarthaí an Aontais Eorpaigh

Na chuspóirí a bhaint amach agus a bheartais a chur i bhfeidhm, soláthraíonn an tAontas na hacmhainní airgeadais is gá dó féin. Tá an Coimisiún freagrach as leas ginearálta an Aontais a chur chun cinn, lena n-áirítear an buiséad a chur i bhfeidhm agus clár a bhainistiú i gcomhar leis na Ballstáit agus i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fóna airgeadais <sup>(10)</sup>.

<sup>(10)</sup> Faoi phrionsabal na coimhdeachta, ní ghníomhóidh an tAontas ach ar choinníoll agus a mhéid nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an ghnímh mholta a ghnóthú go leordhóthanach, agus os a choinne sin, de bharr fairsinge agus éifeachtaí, gur ar leibhéal an Aontais is fearr is féidir iad a ghnóthú. Faoi phrionsabal na comhréireachta, ní rachaidh inneachar agus foirm gníomhaíocht an Aontais thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí na gConarthaí a bhaint amach (féach Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach).

Saothraíonn an tAontas na cuspóirí a bunaíodh leis an gConradh le roinnt uirlisí, agus tá buiséad an Aontais mar cheann de na huirlisí sin. I measc na n-uirlisí eile tá comhchreat reachtach nó comhstraitéisí beartais, mar shampla.

### **An creat airgeadais ilbhliantúil agus cláir chaiteachais**

Cuirtear na beartais lena dtacaíonn buiséad an Aontais chun feidhme i gcomhréir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) agus an reachtaíocht earnálach chomhfhreagrach lena sainítear cláir agus ionstraimí caiteachais. Aistrítear tosaíochtaí polaitiúla an Aontais ina dtéarmaí airgeadais thar thréimhse fada go leor lena bheith éifeachtach agus chun léargas fadtéarmach comhleanúnach a sholáthar do thairbhíthe chistí an Aontais agus údarais náisiúnta cómhaoinithe. Socraítear uasmhéideanna bliantúla (uasteorainneacha) le haghaidh chaiteachas an Aontais ina iomláine agus le haghaidh na bpríomhchatagóirí caiteachais (ceannteidil). Faightear an uasteorainn iomlán le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanais ó shuím na n-uasteorainneacha i gcomhair na gceannteideal go léir. Glacann an Chomhairle CAI d'aon toil na mBallstát uile, le toiliú Pharlaimint na hEorpa. Glacadh an creat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 atá i bhfeidhm faoi láthair an 17 Nollaig 2020. Comhlánaítear creat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 leis an ionstraim shealadach théarnaimh NextGenerationEU.

### **Buiséad bliantúil**

Is é an Coimisiún a réitíonn an buiséad bliantúil. Comhaontaíonn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an buiséad don bhliain dár gcionn (i lár mhí na Nollag de ghnáth), bunaithe ar an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 314 CFAE. De réir phrionsabail na cothromaíochta buiséadaí, ní mór an t-ioncam iomlán a bheith cothrom leis an caiteachas iomlán (leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí) le haghaidh bliain airgeadais áirithe.

Is iad ioncain ó acmhainní dílse na príomhfhoinsí cistiúcháin atá ag an Aontas agus déantar iad a chomhlánú le hioncain eile. Tá ceithre chineál acmhainní dílse ann: Acmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim go príomha), acmhainn dhílis bunaithe ar cáin bhreisluacha (CBL), acmhainn dhílis bunaithe ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte (a tugadh isteach in 2021) agus acmhainn dhílis bunaithe ar ollioncam náisiúnta (OIN). Bíonn níos lú ná 10 % den ioncam iomlán i gceist le hioncain eile a eascraíonn as gníomhaíochtaí an Aontais (e.g. fíneálacha comórtais) de ghnáth.

### **Modhanna bainistíochta**

Cuirtear buiséad an Aontais chun feidhme i dtírí mhodh bainistíochta a úsáidtear chun an chaoi a n-íoctar amach an t-airgead agus a mbainítear é a chinneadh:

- Bainistíocht chomhpháirteach: déanann an Coimisiún tromlach an bhuiséid (thart ar 3/4 den bhuiséad) a bhainistíú faoi chóras bainistíochta comhpháirtí, i gcomhar leis na Ballstáit, go háirithe i réimsí na gcistí struchtúracha agus na talmhaíochta.
- Bainistíocht dhíreach: bhainistíonn an Coimisiún cláir é féin freisin agus féadfaidh sé cur chun feidhme clár sonracha a tharmligean ar ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin.
- Bainistíocht indíreach: Féadfar cinní caiteachais a bhainistíú go hindíreach freisin trí chomhlachtaí eile laistigh den Aontas Eorpach nó lasmuigh de. Sainmhíneann an Rialachán Airgeadais agus/nó comhaontuithe ranníocaíochta na sásraí rialaithe agus tuairiscithe nach mór do na heintitis sin a chur i bhfeidhm agus an mhaoirseacht ar cheart don Choimisiún a dhéanamh i gcás ina gcuirtear tascanna maidir le cur chun feidhme an bhuiséid ar iontaoibh gníomhaireachtaí náisiúnta, Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta (e.g. an Banc Domhanda nó na Náisiúin Aontaithe) agus eintitis eile (e.g. gníomhaireachtaí dlíraithe an Aontais, Comhghnóthais).

### **An Rialachán Airgeadais**

An Rialachán Airgeadais (FR) <sup>(1)</sup> is infheidhme maidir leis an mbuiséad ginearálta, tá sé ina ghníomh lárnach in ailtireacht rialála chúrsaí airgeadais an Aontais. Sainmhíneann go mionsonrach ann na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad an Aontais a chur i bhfeidhm agus ról na ngníomhairí difriúla lena mbaineann chun a áirithiú go n-úsáidtear an t-airgead go stuama agus go mbaintear amach na cuspóirí arna leagan amach leis.

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.

## 6.2. RIALACHAS AGUS CUNTASACHT

### 6.2.1. *Struchtúr institiúideach*

Tá creat institiúideach ag an Aontas arb é is aidhm dó a luachanna a chur chun cinn, a chuspóirí a shaothrú, fónamh dá leasanna, do leasanna a shaoránach agus do leasanna a Bhallstát, mar aon le comhsheasmhacht, éifeachtacht agus leanúnachas a chuid beartas agus gníomhaíochtaí a áirithiú. Tá institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais san áireamh sa struchtúr eagrúcháin. Leis an Rialachán Airgeadais, in éineacht leis na rialacha cuntasáochta is infheidhme, sainítear cé acu de na heintitis is ceart a chur san áireamh i gcuntais chomhdhlúite an Aontais (féach nóta 9 de chuntais bhliantúla chomhdhlúite an Aontais chun liosta na n-eintiteas a chuimsítear i raon feidhme an chomhdhlúthaithe a fháil).

Déanann Parlaimint na hEorpa, i gcomhpháirt leis an gComhairle, feidhmeanna reachtacha agus buiséadacha a fheidhmiú. Tá an Coimisiún cuntasach, go polaitiúil, do Pharlaimint na hEorpa. Déanann an Chomhairle feidhmeanna ceaptha beartais agus comhordúcháin freisin faoi chuimsiú threoir pholaitiúil ghinearálta agus thosaíochtaí an Aontais arna leagan síos ag an gComhairle Eorpach.

Is é an Coimisiún Eorpach brainse feidhmiúcháin an Aontais Eorpaigh. Cuireann sé leas ginearálta an Aontais chun cinn agus glacann sé tionscnaimh iomchuí chuige sin. Áirithíonn sé go gcuirtear na Conarthaí i bhfeidhm agus déanann sé maoirseacht ar chur i bhfeidhm dhlí an Aontais ag na Ballstáit faoi rialú Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Comhlíonann sé feidhmeanna comhordaithe, feidhmiúcháin agus bainistíochta, feidhmíonn sé an buiséad agus bainistíonn sé cláir.

Cuireann an Coimisiún an buiséad i bhfeidhm, i gcomhar leis na Ballstáit den chuid is mó. <sup>(12)</sup> Áirithíonn siad le chéile go n-úsáidtear na leithreasuithe i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fóna airgeadais. Leagfar síos leis na rialacháin na hoibleagáidí maidir le rialú agus iniúchóireacht a bheidh ar na Ballstáit nuair a chomhroinneann siad cur chun feidhme an bhuiséid agus na freagrachtaí a bheidh mar thoradh air sin. Leagann siad síos na freagrachtaí agus na rialacha sonracha le haghaidh gach ceann d'institiúidí an Aontais freisin, a mhéid a bhaineann lena gcaiteachas féin.

### 6.2.2. *Struchtúr rialachais an Choimisiúin*

Socruithe rialachais an Choimisiúin agus an chaoi a n-áirithítear leo go bhfeidhmíonn an Coimisiún mar institiúid nua-aoiseach, chuntasach agus atá dírithe ar fheidhmíocht, tugtar tuairisc orthu sin sa Teachtaireacht <sup>(13)</sup> maidir le Rialachas sa Choimisiún Eorpach.

Comhlíonann an Coimisiún a chuid feidhmeanna faoi cheannaireacht Choláiste na gCoimisinéirí, a shocraíonn tosaíochtaí agus a ghlacann freagracht pholaitiúil uile as obair an Choimisiúin. Mar Choláiste, oibríonn an Coimisiún faoi threoraíocht pholaitiúil a Uachtaráin, a léiríonn, mar chuid dá ainmniúchán/hainmniúchán do Pharlaimint na hEorpa, na cuspóirí atá beartaithe aige/aici a bhaint amach i bhfoirm treoirilínte polaitiúla. Déanann an tUachtarán eagrú inmheánach an Choimisiúin a chinneadh chun a áirithiú go ngníomhaíonn sé go comhsheasmhach, go héifeachtúil agus mar chomhlacht coláisteach.

Déanann an Coláiste cur chun feidhme oibríochtúil an bhuiséid agus an bhainistíochta airgeadais a tharmligean do na hArd-Stiúrthóirí agus Cinn Seirbhíse atá i gceannas ar struchtúr riaracháin an Choimisiúin. Trí bhíthin an chur chuige díláraithe sin, cruthaítear cultúr riaracháin lena dtugtar spreagadh do státseirbhísigh freagracht a ghlacadh as gníomhaíochtaí ar féidir leo a rialú agus lena n-éilítear orthu dearbhú a sholáthar i ndáil leis na gníomhaíochtaí a bhfuil siad cuntasach astu.

Faoi údarás an Uachtaráin agus i ndlúthchomhar leis an gComhalta den Choimisiún atá i gceannas ar chúrsaí buiséid, acmhainní daonna agus cúrsaí riaracháin, agus le seirbhísí an Uachtaráin agus na seirbhísí lárnacha páirteach ann, cuireann an Bord Bainistíochta Corparáideach comhordú, formhaoirseacht, comhairle agus treonna straitéiseacha ar fáil.

Sainítear sraith chomhleanúnach uirlisí bainistíochta agus rialuithe láidre sna socruithe inmheánacha, lena gcumasaítear do Choláiste na gCoimisinéirí freagracht pholaitiúil a ghlacadh as obair an Choimisiúin. <sup>(14)</sup>

### 6.2.3. *Bainistíocht airgeadais an Choimisiúin*

Sa Choimisiún, sainítear go soiléir na ról agus freagrachtaí a bhíonn i gceist le bainistíocht airgeadais (e.g. sa Rialachán Airgeadais agus na Rialacha Inmheánacha <sup>(15)</sup>) agus cuirtear i bhfeidhm iad dá réir. Mar oifigigh údarúcháin trí tharmligean, tá Ard-Stiúrthóirí agus Cinn Seirbhíse an Choimisiúin freagrach as bainistíocht fhóna airgeadais i ndáil le hacmhainní an Aontais, comhlíonadh fhorálacha an Rialacháin Airgeadais, bainistíocht riosca agus creat rialaithe inmheánaigh iomchuí a bhunú.

<sup>(12)</sup> Féach Airteagal 317 CFAE.

<sup>(13)</sup> C(2020) 4240 final an 24 Meitheamh 2020.

<sup>(14)</sup> Mar thoradh air sin, úsáidtear an téarma “an Coimisiún Eorpach” chun an institiúid – an Coláiste – a bhunaigh Comhaltaí an Choimisiúin, a chur in iúl, in éineacht lena lucht riaracháin arna mbainistiú ag Ard-Stiúrthóirí a chuid ranna (agus ceannairí struchtúir riaracháin eile amhail seirbhísí, oifigí agus gníomhaireachtaí feidhmiúcháin).

<sup>(15)</sup> Ó lár 2019 (de bhun Airteagal 12 athbhreithnithe de na Rialacha Inmheánacha) déantar bainistiú an Chiste Eorpaigh Forbraíochta (CEF) a chomh-tharmligean idir cúig roinn (INTPA (DEVCO), ECHO, EAC, EACEA agus JRC).

Cumhdaítear an próiseas bainistíochta ina iomláine le freagracht na nOifigeach Údarúcháin, ón méid atá le déanamh a chinneadh i ndáil leis na cuspóirí beartais arna leagan síos ag an institiúid a bhaint amach go dtí gníomhaíochtaí a bhainistiú ar bhonn oibríochtaí agus ó thaobh na bainistíochta fóna airgeadais de araon. Féadfar tascanna a fho-tharmligean ar Stiúrthóirí, Cinn Aonaid agus daoine eile chomh maith, agus bíonn na daoine sin ina nOifigigh Údarúcháin trí Fho-Tharmligean dá réir sin. Féadfaidh gach oifigeach údarúcháin trí tharmligean brath ar stiúrthóir amháin nó beirt stiúrthóirí a bheidh i gceannas ar bhainistíocht riosca agus rialú inmheánach chun maoirseacht agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme córas rialaithe inmheánaigh.

Cuireann seirbhísí lárnacha an Choimisiúin treoraíocht agus comhairle ar fáil agus cuireann siad dea-chleachtais chun cinn, lena n-áirítear trí obair an Bhoird Bhainistíochta Chorpáidigh.

Trí bhithin an Rialacháin Airgeadais, ceanglaítear ar gach oifigeach údarúcháin tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí (AAR) a ullmhú, ina sonraítear éachtaí, rialú inmheánach agus gníomhaíochtaí bainistíochta airgeadais le linn na bliana. Ní mór dearbhú a bheith sa tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí (AAR) gur baineadh úsáid as acmhainní bunaithe ar phrionsabail na bainistíochta fóna airgeadais agus go bhfuil nósanna imeachta rialaithe i bhfeidhm lena soláthraítear na ráthaíochtaí is gá maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart foluiteach. Tuarascáil Bhliantúil Bhainistíochta agus Feidhmíochta Bhuiséad an Aontais Eorpaigh <sup>(16)</sup>, is í sin an phríomh-ionstraim trína **nglacann Coláiste na gCoimisinéirí freagracht pholaitiúil as bainistíocht airgeadais bhuiséad an Aontais Eorpaigh.**

Tá Oifigeach Cuntasáíochta an Choimisiúin freagrach go lárnach as bainistiú cistí, nósanna imeachta aisghabhála, rialacha cuntasáíochta a leagan síos bunaithe ar Chaighdeán Idirnáisiúnta Chuntasáíochta na hEanála Poiblí (IPSAS), córais chuntasáíochta a bhailíochtú agus cuntais bhliantúla an Choimisiúin agus cuntais bhliantúla chomhdhlúite an Aontais a ullmhú. Thairis sin, éilítear ar an Oifigeach Cuntasáíochta na cuntais bhliantúla a shíniú agus a dhearbhu go gcuirtear staid airgeadais, torthaí oibríochtaí agus sreafaí airgid an Aontais i láthair go cothrom iontu, ó thaobh gach gné ábhartha de. Glacann Coláiste na gCoimisinéirí na cuntais bhliantúla. Is feidhm neamhspleách é Oifigeach Cuntasáíochta agus bíonn freagracht mhór air/uirthi a mhéid a bhaineann le tuairisciú airgeadais sa Choimisiún.

Is feidhm láraithe agus neamhspleách é Iniúcháir Inmheánach an Choimisiúin chomh maith agus cuireann sé comhairle neamhspleách ar fáil, mar aon le tuairimí agus moltaí maidir le cáilíocht agus feidhmiú córas rialaithe inmheánaigh laistigh den Choimisiún, de ghníomhaireachtaí an Aontais agus de chomhlachtaí uathrialacha eile.

Áirithíonn an Coiste um Dhul Chun Cinn Iniúcháireachta neamhspleáchas an Iniúcháir Inmheánaigh agus déanann sé faireachán ar cháilíocht na hoibre iniúcháireachta inmheánaí agus ar na bearta leantacha a dhéanann seirbhísí an Choimisiúin i ndáil le moltaí iniúcháireachta inmheánaí agus seachtraí, agus i ndáil le torthaí Chúirt Iniúcháir na hEorpa a bhaineann le hurscaoileadh agus le moltaí na Cúirte sin maidir le hiontaofacht chuntais chomhdhlúite an Aontais. Rannchuidíonn ról comhairleach an choiste le tuilleadh feabhsaithe a chur ar éifeachtach agus éifeachtúlacht an Choimisiúin maidir lena spriocanna a bhaint amach agus éascaíonn sé an fhormhaoirseacht a dhéanann an Coláiste ar chleachtais rialachais, bhainistíochta riosca agus rialachais inmheánaigh an Choimisiúin freisin.

#### 6.2.4. Nós imeachta um urscaoileadh agus iniúchadh seachtrach

I gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fóna airgeadais, ní mór cistí a bhainistiú ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil agus eacnamaíoch. Tá creat cuntasachta ann atá bunaithe ar thuairisciú cuimsitheach, iniúchadh seachtrach agus rialú polaitiúil chun dearbhú réasúnach a sholáthar go gcaitear cistí an Aontais ar bhealach iomchuí.

Cinneann **Parlaimint na hEorpa**, tar éis moladh a fháil ón **gComhairle**, cé acu ar cheart di a formheas críochnaitheach a thabhairt, dá ngairtear “urscaoileadh a dheonú”, nó nár cheart, maidir leis an gcaoi ar chuir an Coimisiún buiséad an Aontais chun feidhme i mbliain áirithe. Áirithítear leis an nós imeachta bliantúil um urscaoileadh go mbeidh an Coimisiún cuntasach go polaitiúil i leith chur chun feidhme bhuiséad an Aontais.

Déanann **Cúirt Iniúcháirí na hEorpa** scrúdú ar iontaofacht na gcuntas gach bliain, ar cé acu an bhfuarthas an t-ioncam go léir agus ar tabhaíodh an caiteachas go léir ar bhealach dlíthiúil agus rialta agus ar cé acu an raibh bainistíocht airgeadais agus gnéithe cáilíochtúla an bhuiséadaithe, lena n-áirítear gné na feidhmíochta, iontaofa nó nach raibh. Tá foilsiú tuarascáil bhliantúil Chúirt Iniúcháirí na hEorpa mar phointe tosaigh don nós imeachta um urscaoileadh. Ullmhaíonn na hiniúcháirí tuarascálacha speisialta freisin maidir le caiteachas sonrath ar réimsí beartais, nó maidir le saincheistanna buiséid nó bainistíochta.

Tá an cinneadh maidir le hurscaoileadh bunaithe ar thuairisciú airgeadais agus cuntasachta comhtháite an Choimisiúin freisin, ar éisteachtaí Coimisinéirí i bParlaimint na hEorpa agus ar na freagraí arna soláthar ar cheistanna scríofa a sheoltar chuig an gCoimisiún.

<sup>(16)</sup> [https://ec.europa.eu/info/publications/integrated-financial-and-accountability-reporting\\_ga](https://ec.europa.eu/info/publications/integrated-financial-and-accountability-reporting_ga).

## NÓTA A GHABHANN LEIS NA CUNTAIS CHOMHDHLÚITE

Ullmhaíodh cuntais bhliantúla chomhdhlúite an Aontais Eorpaigh don bhliain 2021 ar bhonn na faisnéise arna cur i láthair ag na hinstiúidí agus comhlachtaí faoi Airteagal 246(2) den Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh. Dearbhaím gur ullmhaíodh iad i gcomhréir le Teideal XIII den Rialachán Airgeadais sin agus leis na prionsabail chuntasaíochta, na rialacha agus na modhanna a leagtar amach sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

Fuair mé faisnéis ó oifigigh chuntasaíochta na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí sin, a dheimhnigh a hiontaofacht, arb í an fhaisnéis go léir is gá chun na cuntais a chur ar fáil ina dtaispeántar sócmhainní agus dliteanais an Aontais Eorpaigh agus cur chun feidhme bhuiséad an Aontais.

Deimhním leis seo bunaithe ar an bhfaisnéis sin, agus ar sheiceálacha den sórt sin de réir mar a mheasaim is gá chun cuntais an Choimisiúin Eorpaigh a thabhairt i gcrích, go bhfuil dearbhú réasúnach agam go dtugann na cuntais léargas cothrom, ó thaobh gach gné ábhartha de, ar staid airgeadais an Aontais Eorpaigh agus ar thorthaí a chuid oibríochtaí agus ar a shreafaí airgid.

Rosa ALDEA BUSQUETS

*Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin*

*17 Meitheam 2022*

---

RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE AGUS NÓTAÍ MÍNIÚCHÁIN <sup>(17)</sup>

## AN CLÁR

|  | <i>Leathanach</i> |
|--|-------------------|
| CLÁR COMHARDAITHE . . . . .  | 33                |
| RÁITEAS MAIDIR LE FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS . . . . .                             | 34                |
| RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID . . . . .                                       | 35                |
| RÁITEAS MAIDIR LE HATHRUITHE AR GHLANSÓCMHAINNÍ . . . . .                      | 37                |
| NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS . . . . .                           | 38                |
| 1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SHUNTASACHA . . . . .                               | 38                |
| 2. NÓTAÍ A GHABHANN LEIS AN gCLÁR COMHARDAITHE . . . . .                       | 57                |
| 3. NÓTAÍ A GHABHANN LEIS AN RÁITEAS MAIDIR LE FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS . . . . . | 99                |
| 4. DLITEANAIS AGUS SÓCMHAINNÍ TEAGMHASACHA . . . . .                           | 109               |
| 5. GEALLTANAIS BHUISÉADACHA AGUS DHLÍTHIÚLA . . . . .                          | 116               |
| 6. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS . . . . .                                    | 120               |
| 7. NOCHTUITHE PÁIRTITHE GAOLMHARA . . . . .                                    | 141               |
| 8. TEAGMHAIS TAR ÉIS DÁTA AN CHLÁIR CHOMHARDAITHE . . . . .                    | 143               |
| 9. RAON FEIDHME AN CHOMHDHLÚTHAITHE . . . . .                                  | 143               |

<sup>(17)</sup> Ba cheart a thabhairt ar aird i ngeall ar shlánú na bhfigiúirí go dtí na milliúin euro, go bhféadfadh an chuma a bheith air nach bhfuil roinnt sonraí airgeadais sna táblaí thíos suimithe i gceart.

## CLÁR COMHARDAITHE

EUR milliún

|   | Nóta | 31.12.2021       | 31.12.2020       |
|---|------|------------------|------------------|
| <b>SÓCMHAINNÍ NEAMHREATHA</b>   |      |                  |                  |
| Sócmhainní doláimhsithe   | 2.1  | 769              | 620              |
| Réadmhaoín, gléasra agus trealamh   | 2.2  | 12 669           | 11 682           |
| Infheistíochtaí a dtugtar cuntas orthu agus modh an chothromais á úsáid   | 2.3  | 1 192            | 588              |
| Sócmhainní airgeadais   | 2.4  | 181 874          | 99 214           |
| Réamh-mhaoiniú  | 2.5  | 60 792           | 34 519           |
| Earraí infhaighte arna dtrádáil ar an stocmhalartán agus méideanna in-aisghabhála nach méideanna in-aisghabhála arna dtrádáil ar an stocmhalartán iad | 2.6  | 40 642           | 45 813           |
|   |      | <b>297 938</b>   | <b>192 434</b>   |
| <b>SÓCMHAINNÍ REATHA</b>  |      |                  |                  |
| Sócmhainní airgeadais   | 2.4  | 6 744            | 13 881           |
| Réamh-mhaoiniú  | 2.5  | 32 656           | 28 229           |
| Earraí infhaighte arna dtrádáil ar an stocmhalartán agus méideanna in-aisghabhála nach méideanna in-aisghabhála arna dtrádáil ar an stocmhalartán iad | 2.6  | 31 796           | 28 681           |
| Fardail   | 2.7  | 84               | 80               |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim  | 2.8  | 44 860           | 16 742           |
|   |      | <b>116 141</b>   | <b>87 613</b>    |
| <b>IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ</b>   |      | <b>414 078</b>   | <b>280 047</b>   |
| <b>DLITEANAIS NEAMHREATHA</b>   |      |                  |                  |
| Pinsean agus sochair eile fostaithe   | 2.9  | (122 466)        | (116 020)        |
| Forálacha   | 2.10 | (2 950)          | (3 878)          |
| Dliteanais airgeadais   | 2.11 | (214 974)        | (84 399)         |
|   |      | <b>(340 391)</b> | <b>(204 297)</b> |
| <b>DLITEANAIS REATHA</b>  |      |                  |                  |
| Forálacha   | 2.10 | (398)            | (1 527)          |
| Dliteanais airgeadais   | 2.11 | (31 149)         | (10 649)         |
| Suimeanna iníoctha  | 2.12 | (46 372)         | (32 408)         |
| Muirir fhabhráithe agus ioncam iarchurtha   | 2.13 | (78 068)         | (64 584)         |
|   |      | <b>(155 987)</b> | <b>(109 167)</b> |
| <b>IOMLÁN NA nDLITEANAS</b>   |      | <b>(496 377)</b> | <b>(313 464)</b> |
| <b>GLANSÓCMHAINNÍ</b>   |      |                  |                  |
| Cúlchistí   | 2.14 | 1 325            | 5 062            |
| Méideanna a bheidh le glao ó Bhallstáit <sup>(1)</sup>  | 2.15 | (83 624)         | (38 480)         |
| <b>GLANSÓCMHAINNÍ</b>   |      | <b>(82 299)</b>  | <b>(33 418)</b>  |

(<sup>1</sup>) Ghlac Parlaimint na hEorpa buiséad an 24 Samhain 2021 lena ndéantar foráil maidir le dliteanais ghearrthéarmacha an Aontais a íoc as acmhainní dílse atá le bailiú ag na Ballstáit, nó le glao uathu, in 2021. Chomh maith leis sin, faoi Airteagal 83 de na Rialacháin Foirne (Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 (IO L 56, 4.3.1968, lch. 1) an 29 Feabhra 1968 mar a leasaidh), soláthróidh na Ballstáit ráthaíocht chomhpháirteach maidir leis an dliteanas i leith pinsean.

## RÁITEAS MAIDIR LE FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

EUR milliún

|  | Nóta | 2021             | 2020             |
|--|------|------------------|------------------|
| <b>IONCAM</b>  |      |                  |                  |
| <b>Ioncam ó idirbhearta nach idirbhearta arna dtrádáil ar an stocmhalartán iad</b>             |      |                  |                  |
| Acmhainní OIN  | 3.1  | 115 955          | 125 393          |
| Acmhainní dílse traidisiúnta   | 3.2  | 20 590           | 19 559           |
| Acmhainní CBL  | 3.3  | 18 340           | 17 858           |
| Acmhainní dílse bunaithe ar phlaisteach  | 3.4  | 5 831            | —                |
| Fíneálacha   | 3.5  | 1 990            | 452              |
| Aisghabháil speansas   | 3.6  | 1 794            | 1 355            |
| An Comhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe               | 3.7  | 1 122            | 47 456           |
| Eile   | 3.8  | 6 737            | 7 116            |
|  |      | <b>172 357</b>   | <b>219 190</b>   |
| <b>Ioncam ó idirbhearta malairte</b>   |      |                  |                  |
| Ioncam airgeadais  | 3.9  | 5 092            | 3 434            |
| Eile   | 3.10 | 1 497            | 1 404            |
|  |      | <b>6 589</b>     | <b>4 838</b>     |
| <b>Ioncam iomlán</b>   |      | <b>178 946</b>   | <b>224 028</b>   |
| <b>SPEANSAIS</b>   |      |                  |                  |
| Arna gcur chun feidhme ag Ballstáit  | 3.11 |                  |                  |
| An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta  |      | (40 829)         | (40 461)         |
| An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus ionstraimí forbartha tuaithe eile      |      | (15 451)         | (14 467)         |
| Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe                            |      | (46 932)         | (41 118)         |
| Ciste Sóisialta na hEorpa  |      | (16 727)         | (13 677)         |
| Eile   |      | (4 835)          | (2 701)          |
| Arna gcur chun feidhme ag an gCoimisiún, gníomhaireachtaí feidhmiúcháin agus cistí iontaobhais | 3.12 | (63 000)         | (22 094)         |
| Arna gcur chun feidhme ag gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile an Aontais                    | 3.13 | (3 154)          | (3 530)          |
| Arna gcur chun feidhme ag tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta                         | 3.13 | (4 512)          | (4 178)          |
| Arna gcur chun feidhme ag eintitis eile  | 3.13 | (3 225)          | (3 257)          |
| Costais foirne agus pinsin   | 3.14 | (12 417)         | (11 995)         |
| Costais airgeadais   | 3.15 | (4 201)          | (2 188)          |
| Speansais eile   | 3.16 | (5 762)          | (6 946)          |
| <b>Speansais iomlána</b>   |      | <b>(221 046)</b> | <b>(166 612)</b> |
| <b>TORADH EACNAMAÍOCH NA BLIANA</b>  |      | <b>(42 100)</b>  | <b>57 416</b>    |



## RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID

|   | EUR milliún     |                |
|---|-----------------|----------------|
|   | 2021            | 2020           |
| <b>Toradh eacnamaíoch na bliana</b>   | <b>(42 100)</b> | <b>57 416</b>  |
| <b>Gníomhaíochtaí oibriúcháin</b>   |                 |                |
| Amúchadh  | 116             | 113            |
| Dímheas   | 1 054           | 1 047          |
| (Aisiompú) caillteanas lagaithe ar infheistíochtaí  | —               | —              |
| (Méadú)/laghdú ar iasachtaí   | (70 259)        | (40 624)       |
| (Meadú)/laghdú ar réamh-mhaoiniú  | (30 699)        | (11 301)       |
| (Méadú)/laghdú ar earraí infhaighte arna dtrádáil ar an stocmhalartán agus méideanna in-aisghabhála nach méideanna in-aisghabhála arna dtrádáil ar an stocmhalartán iad | 2 055           | (50 519)       |
| (Méadú)/laghdú ar fhardail  | (4)             | (12)           |
| Méadú/(laghdú) ar phinsin agus sochair eile fostaithe   | 6 447           | 18 360         |
| Méadú/(laghdú) ar fhorálacha  | (2 057)         | 581            |
| Méadú/(laghdú) ar dhliteanais airgeadais (seachas iasachtaíocht NGEU)   | 60 075          | 40 531         |
| Méadú/(laghdú) ar suimeanna iníoctha  | 13 964          | 5 166          |
| Méadú/(laghdú) ar mhuirir fhabhráithe agus ioncam iarchurtha  | 13 484          | (2 645)        |
| Barrachas buiséadach na bliana roimhe sin a glacadh mar ioncam neamhairgid  | (1 769)         | (3 218)        |
| Atomhais ar dhliteanais sochar fostaithe (gluaiseacht neamh-airgid nach gcuirtear san áireamh sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais)                              | (3 257)         | (15 155)       |
| Gluaiseachtaí eile nach gluaiseachtaí airgid iad  | (1 757)         | 63             |
| <b>Gníomhaíochtaí infheistíochta</b>  |                 |                |
| (Méadú)/laghdú ar shócmhainní doláimhsithe agus réadmhaoin, gléasra agus trealamh   | (2 307)         | (1 566)        |
| (Méadú)/laghdú ar infheistíochtaí a dtugtar cuntas orthu agus modh an chothromais á úsáid   | (604)           | 3              |
| (Méadú)/laghdú ar shócmhainní airgeadais neamhdhíorthacha ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh <sup>(1)</sup>  | (4 636)         | (1 180)        |
| (Méadú)/laghdú ar shócmhainní airgeadais díorthacha ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh   | (629)           | (62)           |
| <b>Gníomhaíochtaí maoiniúcháin</b>  |                 |                |
| Méadú/(laghdú) ar iasachtaíocht a bhaineann le NGEU   | 91 000          |                |
| <b>GLANSREABHADH AIRGID</b>   | <b>28 118</b>   | <b>(3 004)</b> |
| Glanmhéadú/(laghdú) ar airgead tirim agus ar coibhéisí airgid thirim  | 28 118          | (3 004)        |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana   | 16 742          | 19 745         |

|   | EUR milliún |        |
|---|-------------|--------|
|   | 2021        | 2020   |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh bliana | 44 860      | 16 742 |

(<sup>1</sup>) Baineann figiúr 2020 leis an (méadú)/laghdú ar shócmhainn airgeadais a bhí ar fáil le díol.

## RÁITEAS MAIDIR LE HATHRUITHE AR GHLANSÓCMHAINNÍ

EUR milliún

|  | Méideanna a bheidh le glao ó Bhallstáit Barrachas/(Easnamh) Carntha | Cúlchistí eile | Cúlchiste cóirluacha | Glansócmhainní  |
|--|---|----------------|----------------------|-----------------|
| <b>IARMHÉID AN 31.12.2019</b>                                | <b>(77 560)</b>   | <b>4 646</b>   | <b>391</b>           | <b>(72 523)</b> |
| <i>Gluaiseacht i gcúlchiste an Chiste Ráthaíochta</i>        | (173)   | 173            | —                    | —               |
| <i>Gluaiseachtaí cóirluacha</i>                              | —   | —              | 105                  | 105             |
| <i>Atomhais ar dhliteanais sochar fostaithe</i>              | (15 155)  | —              | —                    | (15 155)        |
| <i>Eile</i>  | 210   | (252)          | —                    | (42)            |
| <i>Toradh bhuiséad 2019 curtha chun sochair na mBallstát</i> | (3 218)   | —              | —                    | (3 218)         |
| <i>Toradh eacnamaíoch na bliana</i>                          | 57 416  | —              | —                    | 57 416          |
| <b>IARMHÉID AN 31.12.2020</b>                                | <b>(38 480)</b>   | <b>4 566</b>   | <b>496</b>           | <b>(33 418)</b> |
| <i>Tionchar EAR 11 athbhreithnithe (féach Nóta 1)</i>        | 1 719   | (3 043)        | (496)                | (1 820)         |
| <b>IARMHÉID AN 1.1.2021</b>                                  | <b>(36 761)</b>   | <b>1 523</b>   | <b>—</b>             | <b>(35 238)</b> |
| <i>Gluaiseacht i gcúlchiste an Chiste Ráthaíochta</i>        | —   | —              | —                    | —               |
| <i>Gluaiseachtaí cóirluacha</i>                              | —   | —              | —                    | —               |
| <i>Atomhais ar dhliteanais sochar fostaithe</i>              | (3 257)   | —              | —                    | (3 257)         |
| <i>Eile</i>  | 262   | (198)          | —                    | 63              |
| <i>Toradh bhuiséad 2020 curtha chun sochair na mBallstát</i> | (1 769)   | —              | —                    | (1 769)         |
| <i>Toradh eacnamaíoch na bliana</i>                          | (42 100)  | —              | —                    | (42 100)        |
| <b>IARMHÉID AN 31.12.2021</b>                                | <b>(83 624)</b>   | <b>1 325</b>   | <b>—</b>             | <b>(82 299)</b> |

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS**

*Tabhair faoi deara, go léirítear méideanna a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le CAInna suas go dtí 2020 sna táblaí seo a leanas faoin gceannteideal Ballstáit, mar cé gur tharraing an Ríocht Aontaithe siar ón Aontas an 1 Feabhra 2020 i gcomhréir leis an gComhaontú um Tharraingt Siar, tá caidreamh airgeadais aici leis an Aontas fós atá coibhéseach le caidreamh airgeadais Ballstáit i gcomhair na dtréimhsí sin.*

**1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SHUNTASACHA****1.1. BUNÚS DLÍ AGUS RIALACHA CUNTASAÍOCHTA**

Coinnítear cuntais an Aontais i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 dá ngairtear “an Rialachán Airgeadais” anseo feasta.

I gcomhréir le hAirteagal 80 den Rialachán Airgeadais, ullmhaíonn an tAontas Eorpach a ráitis airgeadais bunaithe ar rialacha cuntasaíochta ar bhonn fabhráithe atá bunaithe iad féin ar Chaighdeán Idirnáisiúnta Chuntasaíochta na hEarnála Poiblí (IPSAS). Institiúidí agus comhlachtaí uile an Aontais a thagann faoi chuimsiú raon feidhme an chomhdhlúthaithe, ní mór dóibh na rialacha cuntasaíochta sin arna nglacadh ag Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin a chur i bhfeidhm chun comhsheasmhacht inmheánach chuntais chomhdhlúite an Aontais a áirithiú.

**Cur i bhfeidhm Rialacha Cuntasaíochta nua agus leasaithe an Aontais Eorpaigh (EAR)**

*EAR nua glactha ach níl sé éifeachtach go fóill an 31 Nollaig 2021*

Ní raibh aon EAR nua glactha nach raibh éifeachtach go fóill an 31 Nollaig 2021.

*EAR athbhreithnithe atá éifeachtach le haghaidh tréimhsí bliantúla dár tús an 1 Eanáir 2021 nó dá éis*

An 17 Nollaig 2020, ghlac Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin EAR 11 athbhreithnithe “Ionstraimí airgeadais”, lena mbunaítear na príonsabail tuairiscithe airgeadais le haghaidh sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais agus atá bunaithe ar IPSAS 41 nua “Ionstraimí Airgeadais”, agus IPSAS 28 leasaithe “Ionstraimí Airgeadais: Cur i láthair” agus IPSAS 30 leasaithe “Ionstraimí Airgeadais: Nochtaí” (a eisíodh i mí Lúnasa 2018).

Tá EAR 11 athbhreithnithe éifeachtach go héigeantach an 1 Eanáir 2021, agus cuirtear aon athrú ón iarratas tosaigh san áireamh ar an dáta sin, agus ní gá aon mhéid ó thréimhse roimhe sin a athlua dá réir sin. Dá bharr sin, na sócmhainní airgeadais, na dliteanais airgeadais, na hearraí infhaighte malairte agus ioncam/speansas úis an 31 Nollaig 2020 arna gcur i láthair sna cuntais seo, tugadh cuntas orthu i gcomhréir leis na beartais chuntasaíochta mar a luaitear iad i ráitis airgeadais 2020 an Aontais faoi nótaí **1.5.5**, **1.5.8** (maidir le hidirbhearta malairte amháin), **1.5.12** agus **1.6.1** (maidir le hidirbhearta malairte amháin).

Is mar a leanas na príomhathruithe agus na tionchair a bhí acu ar chuntais 2021 an Aontais:

*Prionsabail nua aicmiúcháin agus tomhais le haghaidh na sócmhainní airgeadais*

Tugtar isteach cur chuige príonsabail-bhunaithe in EAR 11 athbhreithnithe maidir le haicmiú na sócmhainní airgeadais agus leis sin éilítear go mbainfí úsáid as dhá chritéar: samhail an eintitis chun a chuid sócmhainní airgeadais a bhainistiú agus saintréithe sreabhadh airgid chonartha na sócmhainní sin. Ag brath ar na critéir sin, aicmítear sócmhainní airgeadais sna catagóirí seo a leanas: “sócmhainní airgeadais ar chostas amúchta” (AC), “sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí ghlansócmhainní/cothromas (FVNA), nó “sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh” (FVSD).

An 1 Eanáir 2021, de thoradh chur i bhfeidhm na gcritéar nua rinneadh athaicmiú ar gach infheistíocht chothromais agus ar urrúis fiachais ó “ar fáil le díol” go sócmhainní airgeadais ag FVSD. Rinneadh athaicmiú ar an gcúlchiste cóirluacha bainteach – laistigh de Ghlansócmhainní – go barrachas nó easnamh carntha.

*Samhail nua lagaithe*

I gcás ina raibh an tsamhail lagaithe roimhe bunaithe ar chailteanais fhabhráithe, tugadh samhail lagaithe réamhbhreathnaitheach isteach le EAR 11 athbhreithnithe bunaithe ar chailteanais chreidmheasa ionchasacha (ECL) thar shaolré na sócmhainne airgeadais. Cuirtear san áireamh leis na cailteanais chreidmheasa ionchasacha teagmhais mainneachtana a d'fhéadfadh tarlú agus athrú ar cháilíocht chreidmheasa na sócmhainní airgeadais. Tá feidhm ag an tsamhail nua lagaithe maidir le gach sócmhainn airgeadais arna dtomhas ar AC nó FVNA chomh maith le gealltanais iasachta agus conarthaí ráthaíochta airgeadais.

Go háirithe, an 1 Eanáir 2021, mar thoradh ar chur i bhfeidhm na samhla nua lagaithe i leith na sócmhainní airgeadais a aicmítear mar AC, rinneadh lagú a aithint ar na hiasachtaí i ndáil le cúnamh airgeadais arna soláthar do thíortha comhpháirtíochta faoi na cláir Chúnamh Mhacrairgeadais (MFA) agus Euratom.

*Cuntasaíocht ráthaíochta airgeadais*

Faoi EAR 11 roimhe seo, rinneadh an chuid is mó de na ráthaíochtaí airgeadais – go háirithe na ráthaíochtaí sin a sholáthraítear gan aon chomaoin nó le comaoin ainmniúil – a chur i láthair i gcomhréir le prionsabail EAR 10 “Forálacha, dliteanais theagmhasacha agus sócmhainní teagmhasacha”, agus aithníodh iad mar fhorálacha nó mar nochta mar dhliteanais theagmhasacha dá réir, ag brath ar an dóchúlacht go mbeadh cailteanas ann.

Éilítear le EAR 11 athbhreithnithe go gcuirfí ceanglais maidir le cuntasaíocht ráthaíochta airgeadais i bhfeidhm maidir le gach Conradh ráthaíochta airgeadais. Bíonn tomhas an dliteanais ráthaíochta airgeadais ag brath ar luach cóir na ráthaíochta tráth na haitheanta tosaigh agus ar éabhlóid na gcaillteanas creidmheasa ionchasach ó phunann na bhfiachas ráthaithe. Féach nóta 1.5.12.

Mar iarmhairt air sin, an 1 Eanáir 2021, rinneadh na conarthaí ráthaíochta airgeadais a bhí ann a athaicmiú ó fhorálacha airgeadais go dtí catagóir an dliteanais ráthaíochta airgeadais agus rinneadh iad a atomhas i gcomhréir le ceanglais EAR 11 athbhreithnithe. Tháinig méadú ar na dliteanais airgeadais mar thoradh ar an athrú sin, go háirithe i ndáil leis na ráthaíochtaí arna soláthar do Ghrúpa BEI faoin Sainordú Iasachtaithe Sheachtraigh. Tar éis an láimhseáil cuntasaíochta a athrú agus dliteanas an chonartha ráthaíochta airgeadais a aithint le haghaidh ELM, rinneadh cúlchiste an Chiste Ráthaíochta do ghníomhaíochtaí seachtracha – i nGlansócmhainní go dtí an 31 Nollaig 2020 – a urscaoileadh go dtí an mbarrachas nó easnamh carntha.

Léirítear na bunchatagóirí tomhais faoi EAR 11 sa tábla seo a leanas, mar a cuireadh i bhfeidhm iad i leith ráitis airgeadais 2020 an Aontais, mar aon leis na catagóirí tomhais nua faoi EAR 11 athbhreithnithe maidir le sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais an Aontais Eorpaigh an 1 Eanáir 2021:

| <i>EUR milliún</i>                                    |  |  |  |   |
|---|--|--|--|---|
|   | An Chatagóir Tomhais EAR 11<br>Roimhe seo      | Glanluach de réir<br>na leabhar an<br>31.12.2020 | An Chatagóir Tomhais EAR 11<br>Athbhreithnithe | Glanluach de réir na<br>leabhar an 1.1.2021 |
| <b>Sócmhainní airgeadais</b>                          |  |  |  |   |
| <i>Iasachtaí</i>                                      | <i>Iasachtaí agus suimeanna<br/>infhaighte</i> | 93 309   | <i>Costas Amúchta</i>                          | 93 575                                      |
|   |  |  | <i>FVSD</i>                                    | 2   |
| <i>Infheistíochtaí fiachais agus cothromais</i>       | <i>Ar Fáil le Díol</i>                         | 19 587   | <i>FVSD</i>                                    | 19 587                                      |
| <i>Sócmhainní díorthacha</i>                          | <i>FVSD</i>                                    | 199  | <i>FVSD</i>                                    | 199   |
| <i>Earraí infhaighte</i>                              | <i>Iasachtaí agus suimeanna<br/>infhaighte</i> | 3 450  | <i>Costas Amúchta</i>                          | 3 485                                       |
|   |  |  | <i>FVSD</i>                                    | 3 482                                       |
| <i>Airgead tirim agus coibhéisí airgid<br/>thirim</i> | <i>Ar Fáil le Díol</i>                         | 16 742   | <i>Costas Amúchta</i>                          | 16 742                                      |

EUR milliún

|                                   | An Chatagóir Tomhais EAR 11<br>Roimhe seo   | Glanluach de réir<br>na leabhar an<br>31.12.2020 | An Chatagóir Tomhais EAR 11<br>Athbhreithnithe | Glanluach de réir na<br>leabhar an 1.1.2021 |
|-----------------------------------|---|--|--|---|
| <b>Dlíteanais airgeadais</b>      |   |  |  |   |
| <i>Ráthaíochtaí airgeadais</i>    | <i>Dlíteanas Ráthaíochta<br/>Airgeadais</i> | (90)   | <i>Dlíteanas Ráthaíochta<br/>Airgeadais</i>    | (7 889)                                     |
|                                   | <i>Forálacha (EAR10)</i>                    | (2 523)  |  |   |
| <i>Iasachtaí</i>                  | <i>Costas Amúchta</i>                       | (93 192)   | <i>Costas Amúchta</i>                          | (93 521)                                    |
| <i>Dlíteanais airgeadais eile</i> | <i>Costas Amúchta</i>                       | (1 761)  | <i>Costas Amúchta</i>                          | (1 761)                                     |
| <i>Dlíteanais dhíorthacha</i>     | <i>FVSD</i>                                 | (4)  | <i>FVSD</i>                                    | (4)   |
| <i>Suimeanna iníoctha</i>         | <i>Costas Amúchta</i>                       | (32 408)   | <i>Costas Amúchta</i>                          | (32 408)                                    |

Déantar anailís sa tábla seo a leanas ar thionchar an aistrithe chuig EAR 11 athbhreithnithe ar shócmhainní airgeadais, earraí infhaighte, forálacha airgeadais agus dlíteanais airgeadais an Aontais Eorpaigh. Réitíonn sé na luachanna de réir na leabhar óna gcatagóir tomhais roimhe sin faoi EAR 11 arna chur i bhfeidhm i leith ráiteas airgeadais 2020 an Aontais, lena gcatagóirí tomhais nua nuair a aistrítear chuig EAR 11 athbhreithnithe iad an 1 Eanáir 2021:

EUR milliún

|   | Iarmhéid an<br>31.12.2020 | Athaicmiú | Atomhas | Iarmhéid an 1.1.2021 |
|---|---------------------------|-----------|---------|----------------------|
| <b>Sócmhainní airgeadais ar fáil le díol</b>                                |                           |           |         |                      |
| <i>Iarmhéid tosaigh tugtha ar aghaidh</i>                                   | 19 587                    |           |         |                      |
| <i>Aistriú ó AFS go dtí FVSD</i>  |                           | (19 587)  |         |                      |
| <b>Iarmhéid tosaigh coigeartaithe</b>                                       |                           |           |         | —                    |
| <b>Sócmhainní airgeadais ag FVSD</b>  |                           |           |         |                      |
| <i>Iarmhéid tosaigh tugtha ar aghaidh</i>                                   | 199                       |           |         |                      |
| <i>Aistriú ó AFS go dtí FVSD</i>  |                           | 19 587    |         |                      |
| <i>Aistriú ó iasachtaí go dtí FVSD</i>                                      |                           | 2         |         |                      |
| <b>Iarmhéid tosaigh coigeartaithe</b>                                       |                           |           |         | <b>19 788</b>        |
| <b>Sócmhainní airgeadais ag costas amúchta (i gcuntais 2020: iasachtaí)</b> |                           |           |         |                      |
| <i>Iarmhéid tosaigh tugtha ar aghaidh</i>                                   | 93 309                    |           |         |                      |
| <i>Atomhas: Glanráta úis</i>  |                           |           | 329     |                      |

EUR milliún

|   | Iarmhéid an<br>31.12.2020 | Athaicmiú    | Atomhas      | Iarmhéid an 1.1.2021 |
|---|---------------------------|--------------|--------------|----------------------|
| <i>Atomhas: Cailteanas Creidmheasa Ionchasach</i>       |                           |              | (60)         |                      |
| <i>Athaicmiú go dtí FVSD</i>                            |                           | (2)          |              |                      |
| <b>Iarmhéid tosaigh coigeartaithe</b>                   |                           |              |              | <b>93 575</b>        |
| <b>Sócmhainní Airgead Iomlána<br/>(Nóta 2.4)</b>        | <b>113 095</b>            | —            | <b>269</b>   | <b>113 363</b>       |
| <b>Earraí infhaighte</b>                                |                           |              |              |                      |
| <i>Iarmhéid tosaigh tugtha ar aghaidh</i>               | 3 450                     |              |              |                      |
| <i>Atomhas: Cailteanas Creidmheasa Ionchasach</i>       |                           |              | 33           |                      |
| <i>FGC – an chuid infhaighte: atomhas</i>               |                           |              | 3 484        |                      |
| <b>Iarmhéid tosaigh coigeartaithe</b>                   |                           |              |              | <b>6 967</b>         |
| <b>Iomlán na nEarraí Infhaighte<br/>(Nóta 2.6.2)</b>    | <b>3 450</b>              | —            | <b>3 517</b> | <b>6 967</b>         |
| <b>Forálacha Airgeadais</b>                             |                           |              |              |                      |
| <i>Iarmhéid tosaigh tugtha ar aghaidh</i>               | (2 523)                   |              |              |                      |
| <i>Aistriú chuig Dlíteanais Ráthaíochta Airgeadais</i>  |                           | 2 522        |              |                      |
| <b>Iarmhéid tosaigh coigeartaithe</b>                   |                           |              |              | <b>(1)</b>           |
| <b>Iomlán na bhForálacha airgeadais<br/>(Nóta 2.10)</b> | <b>(2 523)</b>            | <b>2 522</b> | —            | <b>(1)</b>           |
| <b>Dlíteanais ráthaíochta airgeadais</b>                |                           |              |              |                      |
| <i>Iarmhéid tosaigh tugtha ar aghaidh</i>               | (90)                      |              |              |                      |
| <i>Aistriú ó Fhorálacha Airgeadais</i>                  |                           | (2 522)      |              |                      |
| <i>FGC – an chuid iníochta: atomhas</i>                 |                           |              | (5 277)      |                      |
| <b>Iarmhéid tosaigh coigeartaithe</b>                   |                           |              |              | <b>(7 889)</b>       |
| <b>Dlíteanais airgeadais ar chostas amúchta</b>         |                           |              |              |                      |
| <i>Iarmhéid tosaigh tugtha ar aghaidh</i>               | (94 954)                  |              |              |                      |
| <i>Atomhas: Glanráta Úis</i>                            |                           |              | (329)        |                      |
| <b>Iarmhéid tosaigh coigeartaithe</b>                   |                           |              |              | <b>(95 283)</b>      |

EUR milliún

|  | Iarmhéid an<br>31.12.2020 | Athaicmiú      | Atomhas        | Iarmhéid an 1.1.2021 |
|--|---------------------------|----------------|----------------|----------------------|
| <b>Dliteanais airgeadais ag FVSD</b>                 |                           |                |                |                      |
| <i>Iarmhéid tosaigh tugtha ar aghaidh</i>            | (4)                       |                |                |                      |
| <b>Iarmhéid tosaigh coigeartaithe</b>                |                           |                |                | <b>(4)</b>           |
| <b>Dliteanais Airgeadais iomlána<br/>(Nóta 2.11)</b> | <b>(95 048)</b>           | <b>(2 522)</b> | <b>(5 606)</b> | <b>(103 175)</b>     |
| <b>Tionchar iomlán an athbhreithnithe ar EAR 11</b>  |                           |                | <b>(1 820)</b> |                      |

Déantar anailís sa tábla seo a leanas ar thionchar an aistrithe chuig EAR 11 athbhreithnithe ar Ghlansócmhainní an Aontais Eorpaigh an 1 Eanáir 2021:

EUR milliún

|  | Iarmhéid an<br>31.12.2020 | Scaoileadh<br>cúlchistí | Tionchair eile ar<br>ghlansócmhainní | Iarmhéid an<br>1.1.2021 |
|--|---------------------------|-------------------------|--------------------------------------|-------------------------|
| <b>Cúlchistí</b>                             |                           |                         |                                      |                         |
| <i>Iarmhéid tosaigh tugtha ar aghaidh</i>    | 5 062                     |                         |                                      |                         |
| <i>Scaoileadh chúlchiste FV</i>              |                           | (496)                   |                                      |                         |
| <i>Scaoileadh chúlchiste GF</i>              |                           | (3 043)                 |                                      |                         |
| <b>Iarmhéid tosaigh coigeartaithe</b>        |                           |                         |                                      | <b>1 523</b>            |
| <b>Barrachas/(Easnamh) Carntha</b>           |                           |                         |                                      |                         |
| <i>Iarmhéid tosaigh tugtha ar aghaidh</i>    | (38 480)                  |                         |                                      |                         |
| <i>Scaoileadh chúlchiste FV</i>              |                           | 496                     |                                      |                         |
| <i>Scaoileadh chúlchiste GF</i>              |                           | 3 043                   |                                      |                         |
| <i>Atomhas ar shócmhainní agus dliteanas</i> |                           |                         | (1 820)                              |                         |
| <b>Iarmhéid tosaigh coigeartaithe</b>        |                           |                         |                                      | <b>(36 761)</b>         |
| <b>Glansócmhainní iomlána</b>                | <b>(33 418)</b>           | —                       | <b>(1 820)</b>                       | <b>(35 238)</b>         |

Liúntas lagaithe deiridh na tréimhse roimhe sin arna thomhas i gcomhréir le EAR 11 arna chur i bhfeidhm i leith ráitis airgeadais 2020 an Aontais agus forálacha airgeadais arna dtomhas i gcomhréir le EAR 10, sa tábla seo a leanas réitítear an liúntas sin leis an liúntas lagaithe nua arna thomhas i gcomhréir le EAR 11 athbhreithnithe an 1 Eanáir 2021:



EUR milliún

|  | 31.12.2020                                | 1.1.2021                                       |  |                                |
|--|---|--|--|--------------------------------|
|  | Liúntas lagaithe/<br>Forálacha airgeadais | Cailteanas<br>Creidmheasa<br>Ionchasach 12 mhí | Cailteanas<br>Creidmheasa<br>Ionchasach feadh na<br>saolré | Iomlán an liúntais<br>lagaithe |
| <b>Sócmhainní airgeadais ag costas amúchta, arb é atá iontu:</b> | <b>(739)</b>                              | <b>(49)</b>                                    | <b>(25)</b>  | <b>(73)</b>                    |
| <i>Iasachtaí seachaithe <sup>(1)</sup></i>                       | (726)                                     | —  | —  | —                              |
| <i>Iasachtaí eile</i>  | (13)                                      | (49)   | (25)   | (73)                           |
| <b>Earraí infhaighte</b>   | <b>(190)</b>                              |  | <b>(156)</b>   | <b>(156)</b>                   |
| <b>Conarthaí ráthaíochta airgeadais</b>                          | <b>(2 523)</b>                            | <b>(859)</b>                                   | <b>(5 143)</b>   | <b>(6 002)</b>                 |

<sup>(1)</sup> Go dtí 2020, dhéantaí iasachtaí seachaithe (iasachtaí ar mainneachtain a d'eisigh grúpa BEI glao ráthaíochta ar ráthaíocht an Aontais ina leith) a aithint ar dtús ag an méid a iocadh chun an glao ráthaíochta a réiteach agus dhéantaí iad a lagú go hiomlán láithreach de réir mhéid na gcaillteanas creidmheasa a bhí tabhaithe cheana féin tráth an tseachaithe, agus bhíodh nialas sa ghlanluach de réir na leabhar ar an gclár comhardaithe mar thoradh. Rinneadh aon ús arna fhabhrú tar éis an aitheantais tosaigh a lagú go hiomlán chomh maith. I gcomhréir le EAR 11 athbhreithnithe, aicmítear iasachtaí seachaithe mar iasachtaí ceannaithe nó tionscanta a bhfuil fadhbanna creidmheasa acu ("POCI"), agus dá réir sin ní bhaineann an liúntas lagaithe ach le hathruithe ar na cailteanais chreidmheasa ionchasacha arna dtabhu tar éis na haitheanta tosaigh. Thairis sin, de réir EAR 11 athbhreithnithe maidir le hiasachtaí POCI, ní fhabhraíonn ús ach ar an nglanluach de réir na leabhar. Dá bhrí sin, rinneadh an liúntas lagaithe arna aithint ag deireadh 2020 le haghaidh na n-iasachtaí seachaithe a dhíscríobh in aghaidh an oll-luacha de réir na leabhar i leith na n-iasachtaí seachaithe an 1 Eanáir 2021, gan aon tionchar ar luach de réir na leabhar na n-iasachtaí sin ar an gclár comhardaithe.

## 1.2. PRIONSABAIL CHUNTASAÍOCHTA

Is é is cuspóir do ráitis airgeadais faisnéis a sholáthar maidir le staid airgeadais, feidhmíocht airgeadais agus sreafaí airgid eintitis atá úsáideach do raon leathan úsáideoirí. Don Aontas Eorpach mar eintiteas san earnáil phoiblí, is iad na cuspóirí níos sonraí faisnéis a sholáthar atá úsáideach le haghaidh cinnteoireachta, agus chun cuntasacht an eintitis i leith na n-acmhainní a cuireadh faoina iontaoibh a léiriú. Rinneadh an doiciméad seo a tharraingt suas agus na spriocanna sin á gcoimeád i gcuimhne.

Tá na comaoineacha foriomlána (nó na prionsabail chuntasaíochta) a bheidh le comhlíonadh le linn ullmhú na ráiteas airgeadais leagtha síos i rialil chuntasaíochta 1 de chuid an Aontais "Ráitis Airgeadais" agus tá siad mar an gcéanna leo sin a thuairiscítear in IPSAS 1: cur i láthair cóir, bunús fabhraithe, gnóthas leantach, comhsheasmhacht maidir le cur i láthair, ábharthacht, comhiomlánú, fritháireamh agus faisnéis chomparáideach.

Ábharthacht, léiriú dílis (iontaofacht), sothuigteacht, caoithiúlacht, inchomparáideacht agus infhíoraitheacht, is iad sin sainréithe cáilíochtúla an tuairiscithe airgeadais.

## 1.3. COMHDHLÚTHÚ

### Raon feidhme an chomhdhlúthaithe

Cuimsítear na heintitis faoi rialú, comhshocruithe agus comhlaigh shuntasacha uile le ráiteas airgeadais chomhdhlúite an Aontais. Is féidir liosta iomlán na n-eintiteas a thagann faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe, ina bhfuil 55 eintiteas faoi rialú agus 1 chomhlach anois (2020: 52 eintiteas faoi rialú agus 1 chomhlach), a fháil i nóta 9. I measc na n-eintiteas faoi rialú tá institiúidí an Aontais (lena n-áirítear an Coimisiún, ach gan an Banc Ceannais Eorpach san áireamh) agus gníomhaireachtaí an Aontais (seachas gníomhaireachtaí an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála). Meastar an Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach faoi Leachtú mar eintiteas faoi rialú freisin. Is é an Ciste Eorpach Infheistíochta (CEI) an t-aon chomhlach atá ag an Aontas.

Eintitis a thagann faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe ach atá neamhábhartha do ráitis airgeadais chomhdhlúite an Aontais ina n-iomláine, ní gá iad a chomhdhlúthú ná cuntas a thabhairt orthu agus modh an chothromais in úsáid más rud é go mbeadh ar an Aontas an iomad ama nó costas iomarcach a chaitheamh air dá ndéanfaí amhlaidh. Tagraítear do na heintitis sin mar "Mhion-eintitis" agus liostaítear iad ar leithligh i nóta 9. In 2021, rinneadh ocht n-eintiteas a aicmiú mar mhion-eintitis den sórt sin (2020: 8 n-eintiteas).

## Eintitis faoi rialú

Chun raon feidhme an chomhdhlúthaithe a chinneadh, cuirtear coincheap an rialaithe i bhfeidhm. Is éard atá in eintitis faoi rialú ná eintitis a bhféadfaidh an tAontas tairbhí athraitheacha a bhaint as bheith rannpháirteach iontu, nó a bhfuil an tAontas i dteidil na dtairbhí sin, agus go bhfuil sé de chumas aige difear a dhéanamh do chineál agus mhéid na dtairbhí sin tríd an gcumhacht atá aige thar an eintiteas eile. Ní mór an chumhacht sin a bheith infheidhme faoi láthair agus ní mór é a bheith bainteach le gníomhaíochtaí ábhartha an eintitis. Tá eintitis faoi rialú comhdhlúite go hiomlán. Cuirtear tús leis an gcomhdhlúthú ar an gcéad dáta a bhfuil an rialú ann, agus cuirtear deireadh leis tráth nach bhfuil an rialú sin ann a thuilleadh.

Is iad seo a leanas na táscairí rialaithe is coitianta san Aontas Eorpach: cruthú an eintitis trí chonarthaí bunaidh nó reachtaíocht tánaisteach, maoiniú an eintitis ó bhuiséad an Aontais, cearta vótála a bheith ann i gcomhlachtaí rialála, iniúchadh arna dhéanamh ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa agus urscaoileadh ag Parlaimint na hEorpa. Déantar measúnú aonair ar gach eintiteas chun a chinneadh cé acu an bhfuil ceann amháin nó níos mó de na critéir atá liostaithe thuas leordhóthanach chun rialú a chur in iúl nó nach bhfuil.

Déantar na hidirbhearta ábhartha uile idir-eintitis agus na hiarmhéideanna idir eintitis faoi rialú an Aontais a dhíorthú, ach ní hábhartha iad gnóthachain agus cailleanais neamhréadaithe i leith idirbheart den sórt sin agus ní dhearnadh iad a dhíorthú dá bhrí sin.

## Socrúithe Comhpháirteacha

Is éard is comhshocrú ann, socrú ina bhfuil comhrialú ag an Aontas agus páirtí amháin eile nó níos mó. Comhroinnt rialaithe comhaontaithe ar shocrú trí bhíthin socrú ceangailteach is ea comhrialú, nach ann de ach nuair is gá toiliú d'aon toil na bpáirtithe a roinneann an rialú chun cinntí a dhéanamh maidir leis na gníomhaíochtaí ábhartha. Féadfaidh comhaontuithe comhpháirteacha a bheith ina gcomhfhiontair nó ina gcomhoibríochtaí. Is éard is comhfhiontar ann comhshocrú arna struchtúru trí fheithicil ar leithligh ina bhfuil cearta ag na páirtithe a bhfuil comhrialú acu ar an socrú i ndáil leis na glansócmhainní a bhaineann leis an socrú. Tugtar cuntas ar rannpháirtíochtaí i gcomhfhiontair agus modh an chothromais á úsáid (féach nóta 1.5.4). Is éard is comhoibríocht ann comhshocrú ina bhfuil cearta ag na páirtithe a bhfuil comhrialú acu ar an socrú i ndáil leis na sócmhainní, agus oibleagáidí orthu i ndáil leis na dliteanais, a bhaineann leis an socrú. Tugtar cuntas ar rannpháirtithe i gcomhoibríochtaí trí shócmhainní agus dliteanais, ioncam agus caiteachas an Aontais a aithint i ráiteas airgeadais an Aontais, mar aon lena sciar de shócmhainní, dliteanais, ioncam agus caiteachas i gcomhsheilbh nó arna dtabhú go comhpháirteach.

## Comhaltaí Comhlachaithe

Is eintitis iad comhlaigh a bhfuil tionchar suntasach ag an Aontas orthu, go díreach nó go hindíreach, ach nach rialú eisiach ná comhrialú atá i gceist. Glactar leis go bhfuil tionchar suntasach aige má tá 20 % nó níos mó de na cearta vótála i seilbh an Aontais go díreach nó go hindíreach. Tugtar cuntas ar rannpháirtíochtaí i gcomhlaigh agus modh an chothromais á úsáid (féach nóta 1.5.4).

## Eintitis nach bhfuil comhdhlúite a bhfuil a gcistí faoi bhainistiú an Choimisiúin

Cistí na Comhscéime Árachais Breoiteachta do bhaill foirne an Aontais, an Ciste Eorpach Forbraíochta agus an Ciste um Ráthaíocht Rannpháirtithe, déanann an Coimisiún na cistí sin go léir a bhainistiú ar son na n-eintiteas sin. Ós rud é nach rialaíonn an tAontas na heintitis sin, níl siad comhdhlúite ina ráitis airgeadais áfach.

### 1.4. BUNÚS AN ULLMHÚCHÁIN

Cuirtear ráitis airgeadais i láthair go bliantúil i gcomhréir le hAirteagal 243 den Rialachán Airgeadais. Tosaíonn an bhliain chuntasaíochta an 1 Eanáir agus críochnaíonn sí an 31 Nollaig.

#### 1.4.1. Airgeadra agus an bunús i gcomhair tiontaithe

##### Airgeadra feidhmiúil agus tuairiscithe

Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair i milliúin euro, mura luaitear a mhalairt, agus is é an euro airgeadra feidhmiúil an Aontais.

##### Idirbhearta agus iarmhéideanna

Aistrítear idirbhearta in airgeadra eachtrach go euro ag úsáid na rátaí malairte atá i réim ar dhátaí na n-idirbheart. Gnóthachain agus cailleanais malairte eachtraí mar thoradh ar idirbhearta airgeadra eachtraigh a shocrú agus ar ath-aistriú rátaí malairte na sócmhainní agus na ndliteanas airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha ag deireadh na bliana, aithnítear iad sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais.

Tá feidhm ag modhanna difriúla comhshó maidir le réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe, rudaí a choinníonn a luach in euro ag an ráta a bhí i bhfeidhm ar an dáta ar ceannaíodh iad.

Iarmhéideanna deireadh bliana sócmhainní agus dliteanas airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha, déantar iad a chomhshó go euro ar bhonn rátaí malairte an Bhainc Ceannais Eorpaigh a bhfuil feidhm leo an 31 Nollaig:

#### Rátaí malairte in Euro

| Airgeadra  | 31.12.2021      | 31.12.2020 | Airgeadra  | 31.12.2021      | 31.12.2020 |
|------------|-----------------|------------|------------|-----------------|------------|
| <b>BGN</b> | <b>1,9558</b>   | 1,9558     | <b>PLN</b> | <b>4,5969</b>   | 4,5597     |
| <b>CZK</b> | <b>24,8580</b>  | 26,2420    | <b>RON</b> | <b>4,949</b>    | 4,8683     |
| <b>DKK</b> | <b>7,4364</b>   | 7,4409     | <b>SEK</b> | <b>10,2503</b>  | 10,0343    |
| <b>GBP</b> | <b>0,8403</b>   | 0,8990     | <b>CHF</b> | <b>1,0331</b>   | 1,0802     |
| <b>HRK</b> | <b>7,5156</b>   | 7,5519     | <b>JPY</b> | <b>130,3800</b> | 126,4900   |
| <b>HUF</b> | <b>369,1900</b> | 363,8900   | <b>USD</b> | <b>1,1326</b>   | 1,2271     |

#### 1.4.2. Úsáid as meastacháin

I gcomhréir le IPSAS agus le prionsabail chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo, is gá méideanna atá bunaithe ar mheastacháin agus ar thoirimhí ón mbainistíocht bunaithe ar an bhfaisnéis is iontaofa atá ar fáil a áireamh leis na ráitis airgeadais. Áirítear le meastacháin shuntasacha, ach níl siad teoranta do: méideanna le haghaidh dliteanas sochair fostaithe, riosca airgeadais na gcuntas infhaighte agus na méideanna a nochtar sna nótaí a bhaineann leis na hionstraimí airgeadais, lamhálas lagaithe le haghaidh sócmhainní airgeadais ar chostas amúchta agus le haghaidh dliteanas conartha ráthaíochta airgeadais, ioncam agus muidir fhabhráithe, forálacha, méid lagaithe na sócmhainní doláimhsithe agus réadmhaoin, gléasra agus trealamh, glanluach inréadaithe fardal, sócmhainní agus dliteanas teagmhasach. D'fhéadfadh difear a bheith idir na torthaí iarbhir agus na meastacháin sin. Léirítear athruithe ar mheastacháin sa tréimhse ina dtagann siad chun suntais, má dhéanann an t-athrú difear don tréimhse sin amháin, nó don tréimhse sin agus do thréimhsí sa todhchaí, má dhéanann an t-athrú difear dóibh araon.

### 1.5. CLÁR COMHARDAITHE

#### 1.5.1. Sócmhainní doláimhsithe

Is éard is sócmhainn dholáimhsithe ann sócmhainn neamhairgeadaíochta inaitheanta nach bhfuil substaint fhisiciúil inti. Tá sócmhainn inaitheanta má tá sí indeighilte (i.e. is féidir í a dheighilt nó a roinnt ón eintiteas, e.g. trí í a dhíol, a aistriú, a cheadúnú, a ligean ar cíos nó a mhalartú, ina haonar nó in éineacht le Conradh gaolmhar, le sócmhainn inaitheanta nó le dliteanas, gan beann ar cé acu a bheartaíonn nó nach mbeartaíonn an t-eintiteas sin a dhéanamh), nó má eascraíonn sí ó shocrúithe ceangailteacha (lena n-áirítear cearta ó chonarthaí nó cearta dlíthiúla eile), gan beann ar cé acu an féidir nó nach féidir na cearta sin a aistriú nó a dheighilt ón eintiteas nó ó chearta agus oibleagáidí eile).

Luaitear na sócmhainní doláimhsithe arna bhfáil ar chostas stairiúil lúide amúchadh carntha agus cailteanas lagaithe. Déantar sócmhainní doláimhsithe arna bhforbairt go hinmheánach a chaipitliú nuair a chomhlíontar critéir ábhartha Rialacha Cuntasaíochta an Aontais agus nach mbaineann na speansas ach le céim forbartha na sócmhainne amháin. Áirítear leis na costais inchaipitlithe gach costas is inchurtha go díreach i leith chruthú, tháirgeadh agus ullmhú na sócmhainne chun go mbeidh sí in ann feidhmiú ar an mbealach a bheartaíonn an lucht bainistíochta. Costais a bhaineann le gníomhaíochtaí taighde, costais forbartha nach féidir a chaipitliú, agus costais chothabhála, aithnítear na costais sin go léir mar speansas de réir mar a thabhaítear iad.

Déantar sócmhainní doláimhsithe a amúchadh de réir méid chothroim thar a saolréanna úsáide measta (3 bliana go 11 bhliain). Braitheann saolréanna úsáide measta sócmhainní doláimhsithe ar a saolré eacnamaíoch sonrath nó ar a saolré dlíthiúil arna shocrú le comhaontú.

#### 1.5.2. Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

Luaitear an réadmhaoin, gléasra agus trealamh uile ar chostas stairiúil lúide dímheas carntha agus cailteanas lagaithe. Áirítear leis an gcostas caiteachas is féidir a chur i leith éadail, tógáil, nó aistriú na sócmhainne.

Cuirtear costais ina dhiaidh sin san áireamh le luach na sócmhainne de réir na leabhar nó aithnítear iad mar shócmhainn ar leithligh, de réir mar is iomchuí, nuair is dóchúil gur chuig an Aontas a shreabhfaidh na tairbhí eacnamaíocha nó an poitéinseal seirbhíse a bheidh ann amach anseo maidir leis an ítim sin agus gur féidir a chostas a thomhas ar bhealach iontaofa. Cuirtear costais deisiúcháin agus cothabhála ar an ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais le linn na tréimhse airgeadais ina dtabhaítear iad.

Ní dhéantar talamh a dhímheas mar meastar go bhfuil saolré úsáideach éiginnte aige. Ní dhéantar sócmhainní atá á dtógáil a dhímheas, mar níl na sócmhainní sin ar fáil lena n-úsáid go fóill. Déantar dímheas ar shócmhainní eile a ríomh agus modh an mhéid chothroim á úsáid chun a gcostas lúide a luachanna iarmharacha a leithdháileadh thar a saolréanna úsáide measta, mar a leanas:

| An cineál sócmhainne    | Ráta dímheasa de réir méid chothroim |
|-------------------------|--------------------------------------|
| Foirgnimh               | 4 % go 10 %                          |
| Sócmhainní spáis        | 8 % go 25 %                          |
| Gléasra agus trealamh   | 10 % go 25 %                         |
| Trosacán agus feithiclí | 10 % go 25 %                         |
| Ríomhairí (crua-earraí) | 25 % go 33 %                         |
| Eile                    | 10 % go 33 %                         |

Cinntear gnóthachain nó cailteanas ar dhiúscairtí trí fháltais lúide speansais díolacháin a chur i gcomparáid le luach na sócmhainne de réir na leabhar diúscartha agus áirítear iad sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais.

### Léasanna

Is éard is léas ann comhaontú lena dtugann an léasóir an ceart don léasaí chun sócmhainn a úsáid ar feadh tréimhse chomhaontaithe mar mhalairt ar íocaíocht nó ar shraith íocaíochtaí. Aicmítear léasanna mar léasanna airgeadais nó léasanna oibriúcháin.

Is éard atá i léasanna airgeadais na léasanna ina n-aistrítear go substaintiúil na rioscaí agus luaíochtaí uile a ghabhann le húnireacht chuig an léasaí. Nuair a chuireann léasaí tús le léas airgeadais, aithnítear na sócmhainní a fhaightear faoin léas airgeadais mar shócmhainní agus aithnítear na hoibleagáidí léasa lena mbaineann mar dhliteanas ón tráth a thosaíonn téarma an léasa. Aithnítear na sócmhainní agus dliteanas ag méideanna atá cothrom le luach cóir na réadmhaoine léasaithe nó, má tá sé níos ísle, luach reatha na n-íocaíochtaí léasa íosta, arna gcinneadh agus tús á chur leis an léas. Le linn thréimhse théarma an léasa, déantar na sócmhainní arna sealbhú faoi léasanna airgeadais a dhímheas thar saolré úsáideach na sócmhainne nó théarma an léasa, cibé acu is giorra. Déantar na híocaíochtaí léasa íosta a chionroinnt idir an muirear maoiniúcháin (gné an úis) agus laghdú an dliteanas gan íoc (gné an chaipitil). Déantar an muirear airgeadais a leithdháileadh ar gach tréimhse le linn théarma an léasa ionas go bhfaighfí ráta úis tréimhsiúil seasmhach ar iarmhéid an dliteanas atá fágtha, a chuirtear i láthair mar reatha/neamhreatha, de réir mar is infheidhme. Muirearaítear cíosa teagmhasacha mar speansais sa tréimhse ina dtabhaítear iad.

Is éard atá i léas oibriúcháin aon léas seachas léas airgeadais, i.e. léas ina gcoinníonn an léasóir go substaintiúil na rioscaí agus luaíochtaí uile a ghabhann le húnireacht sócmhainne. Nuair a thosaítear léas oibriúcháin mar léasaí, aithnítear na híocaíochtaí léasa oibriúcháin mar speansas sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais de réir méid chothroim thar théarma an léasa, gan sócmhainn léasaithe ná dliteanas léasaithe a chur i láthair sa ráiteas maidir le staid airgeadais.

#### 1.5.3. Lagú ar shócmhainní neamhairgeadais

Is éard is lagú ann cailteanas i dtairbhí eacnamaíocha amach anseo nó poitéinseal seirbhíse sócmhainne, sa bhreis ar aitheantas córasach a thabhairt do chailteanas tairbhí eacnamaíocha amach anseo na sócmhainne nó poitéinseal seirbhíse na sócmhainne trí amúchadh nó dímheas (mar is infheidhme). Sócmhainní a bhfuil saolré úsáideach éiginnte acu agus nach bhfuil faoi réir amúchta/dímheasa agus a ndéantar tástáil orthu go bliantúil i ndáil le lagú. Déantar sócmhainní atá faoi réir amúchta/dímheasa a thástáil le haghaidh lagaithe pé uair a bhíonn léiriú ann ar an dáta maidir le tuairisciú go bhféadfadh sócmhainn a bheith lagaithe. Aithnítear cailteanas lagaithe ag an méid a sháraíonn luach sócmhainne de réir na leabhar a méid (seirbhíse) in-aisghabhála. Is éard is méid (seirbhíse) in-aisghabhála ann an méid is airde de luach cóir sócmhainne lúide costais díolacháin agus a luach úsáide.

Déantar sócmhainní doláimhsithe agus luachanna iarmharacha réadmhaoine, gléasra agus trealaimh agus saolréanna úsáide a athbhreithniú, agus a choigeartú más iomchuí, uair amháin ar a laghad in aghaidh na bliana. Mura bhfuil na cúiseanna le laguithe a aithníodh i mblianta roimhe sin i bhfeidhm a thuilleadh, déantar na cailteanais lagaithe a aisiompú dá réir.

#### 1.5.4. *Infheistíochtaí a dtugtar cuntas orthu agus modh an chothromais á úsáid*

##### **Rannpháirtíocht i gcomhlaigh agus i gcomhfhiontair**

Déantar infheistíochtaí a chuirtear san áireamh agus modh an chothromais á úsáid a aithint ar costas ar dtús, agus déantar an luach de réir na leabhar tosaigh a mhéadú nó a laghdú ina dhiaidh sin chun ranníocaíochtaí eile a aithint, mar aon le sciar an Aontais de bharrachas nó easnamh an infheisteora, agus aon lagú agus díbhinn. Is ón gcostas tosaigh in éineacht leis na gluaiseachtaí go léir a fhaightear luach de réir na leabhar na hinfeistíochta sna ráiteas airgeadais ag dáta an chláir chomhardaithe. Aithnítear sciar an Aontais i mbarrachas nó easnamh an infheisteora sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais, agus aithnítear a sciar de ghluaiseachtaí an infheisteora i gcothromas sna cúlchistí laistigh de ghlansócmhainní. Laghdaítear luach na sócmhainne de réir na leabhar de réir na ndáileachán arna bhfáil ó infheistíocht.

Sciar an Aontais d'easnamh in infheistíocht a dtugtar cuntas uirthi agus modh an chothromais á úsáid, má tá an sciar sin cothrom lena leas san infheistíocht nó níos mó ná sin, ní dhéanfaidh an tAontas a sciar de na cailteanais bhreise (“cailteanais neamhaitheanta”) a aithint a thuilleadh. I ndiaidh leas an Aontais a laghdú go nialas, ní dhéantar foráil do chaillteanais bhreise agus ní aithnítear dliteanas ach amháin a mhéid a bhfuil oibleagáid inchiallaithe nó dhlíthiúil tabhaithe ag an Aontas, nó a bhfuil íocaíochtaí déanta aige thar ceann an eintitis.

Má tá lagú léirithe, is gá díluacháil a dhéanamh chuig an méid in-aisghabhála níos ísle. Cinntear an méid inghnóthaithe mar a thuairiscítear faoi nóta **1.5.3**. Mura bhfuil an chúis leis an lagú fós i bhfeidhm ag dáta níos déanaí, déanfar an cailteanas lagaithe a aisiompú go dtí an luach de réir na leabhar a bheadh ann mura n-aithneofaí aon chaillteanas lagaithe.

I gcásanna ina bhfuil 20 % nó níos mó de chiste caipitil infheistíochta i seilbh an Aontais, ní dhéanann sé iarracht tionchar suntasach a imirt. Caitear le cistí den sórt sin mar ionstraimí airgeadais dá bhrí sin agus déantar iad a aicmiú mar shócmhainní airgeadais ag FVSD.

Comhlaigh agus comhfhiontair a aicmítear mar mhion-eintitis (féach nóta **1.3**), ní chuirtear san áireamh iad faoi mhodh an chothromais. Cuirtear ranníocaíochtaí an Aontais leis na heintitis sin i gcuntas mar speansas don tréimhse sin.

#### 1.5.5. *Sócmhainní airgeadais*

##### **Aicmiú tráth na haitheanta tosaigh**

Braitheann an t-aicmiú ar dhá chritéar:

- Samhail bainistíochta na sócmhainní airgeadais. Is gá measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a mbainistíonn an tAontas na sócmhainní airgeadais chun sreafaí airgid a ghiniúint agus chun a chuspóirí a bhaint amach agus ar an gcaoi a ndéanann sé meastóireacht ar an bhfeidhmíocht ar shócmhainní airgeadais.
- Saintréithe sreafa airgid conarthacha na sócmhainne. Chuige sin, is gá measúnú a dhéanamh ar cé acu ar íocaíochtaí príomhshuime agus úis ar an bpríomhshuim gan íoc amháin atá sna sreafaí airgid conarthacha nó nach ea. Is éard atá in ús an chomaoin i leith luach ama an airgid, an riosca creidmheasa agus costais agus rioscaí bunúsacha eile de dheasca iasachtaí.

Tar éis measúnaithe bunaithe ar na critéir sin, féadfar na sócmhainní airgeadais a aicmiú ina dtrí chatagóir: “Sócmhainní airgeadais ar chostas amúchta” (AC), “sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí ghlansócmhainní/cothromas (FVNA), nó “sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh” (FVSD).

Sócmhainní airgeadais le sreafaí airgid conarthacha a léiríonn an phríomhshuim agus úis amháin, déantar iad a aicmiú ag brath ar shamhail bainistíochta an eintitis. Más é atá i gceist leis an tsamhail bainistíochta na sócmhainní airgeadais a choinneáil chun sreafaí airgid conarthacha a bhailiú, aicmítear na sócmhainní airgeadais ar chostas amúchta. Más é atá i gceist leis an tsamhail bainistíochta na sócmhainní airgeadais a choinneáil chun sreafaí airgid conarthacha a bhailiú agus chun na sócmhainní airgeadais a dhíol araon, is FVNA an t-aicmiú. Má tá an tsamhail bainistíochta difriúil ón dá shamhail sin (e.g. coinnítear na sócmhainní airgeadais lena dtrádáil nó coinnítear iad i bpunann arna bainistiú agus arna measúnú ar bhonn luacha cóir), aicmítear na sócmhainní airgeadais mar FVSD.

Sócmhainní airgeadais le sreafaí airgid conarthacha nach príomhshuim agus ús amháin atá iontu, ach go n-eascraíonn neamhchosaint ar rioscaí agus luaineacht astu seachas mar a bhíonn i gceist i mbunsocrú iasachta (e.g. athruithe ar phragsanna cothromais), aicmítear na sócmhainní sin mar FVSD gan beann ar an tsamhail bainistíochta atá i gceist.

Tráth an aitheantais tosaigh, aicmíonn an tAontas na sócmhainní airgeadais mar a leanas:

(i) *Sócmhainní airgeadais ar chostas amúchta*

Aicmíonn an tAontas an méid seo a leanas sa chatagóir sin:

- Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim;
- Iasachtaí (lena n-áirítear taiscí téarma lena ngabhann aibíocht bhunaidh de bhreis is 3 mhí);
- Earraí infhaighte arna malartú, ach amháin cuid infhaighte an chonartha ráthaíochta airgeadais arna haicmiú mar shócmhainn airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh.

Comhlíontar dhá choinníoll leis na sócmhainní airgeadais neamhdhíorthacha seo: Is é samhail bainistíochta an Aontais iad a choinneáil chun na sreafaí airgid conarthacha a bhailiú. Thairis sin, ar laethanta sonraithe, tá sreafaí airgid conarthacha ann arb é an príomhshuim agus ús ar mhéid na príomhshuime gan íoc amháin atá iontu.

Tá sócmhainní airgeadais ar chostas amúchta áirithe i sócmhainní reatha, ach amháin iad siúd lena ngabhann aibíocht de bhreis is 12 mhí ón dáta tuairiscithe.

(ii) *Sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí ghlansócmhainní/cothromas*

Tá sreafaí airgid chonartha ag na sócmhainní airgeadais neamhdhíorthacha seo a léiríonn an príomhshuim agus an t-ús ar an bpríomhshuim gan íoc agus é sin amháin. Ina theannta sin, sealbhóidh an tsamhail bhainistíochta na sócmhainní airgeadais chun sreafaí airgid chonartha a bhailiú agus chun na sócmhainní airgeadais a dhíol ar aon.

Aicmítear sócmhainní sa chatagóir seo mar shócmhainní reatha, má tá coinne leis go ndéanfar iad a réadú laistigh de 12 mhí ón dáta tuairiscithe.

Ní raibh sócmhainní den sórt sin i seilbh an Aontais an 31 Nollaig 2021.

(iii) *Sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh*

Déanann an tAontas na sócmhainní airgeadais seo a leanas a aicmiú mar FVSD toisc nach iad an príomhshuim agus na hús ar an bpríomhshuim amháin a léirítear leis na sreafaí airgid conarthacha:

- Díorthaigh;
- Infheistíochtaí cothromais agus infheistíochtaí i gcistí margaidh airgid agus infheistíochtaí i gcistí punann comhthiomsaithe;
- Infheistíochtaí eile de chineál cothromais (e.g. Oibríochtaí Caipitil Riosca).

Ina theannta sin, déanann an tAontas na hurrúis fiachais atá á sealbhú aige a aicmiú mar FVSD toisc go ndéantar bainistíocht agus meastóireacht ar phunanna na n-urrús fiachais ar bhonn luacha chóir na punainne (e.g. an Ciste don Soláthar Coiteann faoi Airteagal 212 den Rialachán Airgeadais).

Aicmítear sócmhainní sa chatagóir seo mar shócmhainní reatha, má tá coinne leis go ndéanfar iad a réadú laistigh de 12 mhí ón dáta tuairiscithe.

### **Aitheantas tosaigh agus tomhas**

Ceannacháin sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí ghlansócmhainní/chothromas agus ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh, aithnítear iad ar dháta a dtrádála – an dáta ar a ngeallann an tAontas go gceannóidh sé an tsócmhainn. Aithnítear coibhéisí airgid thirim agus iasachtaí nuair a thaisctear an t-airgead in institiúid airgeadais nó nuair a réamhíoctar le hiasachtóirí é.

Tomhaistear sócmhainní airgeadais ar dtús báire ar luach cóir. Gach sócmhainn airgeadais nach dtugtar ar aghaidh ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh, cuirtear na costais idirbhirt leis an luach cóir tráth na haitheanta tosaigh. Sócmhainní airgeadais a thugtar ar aghaidh ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh caitear na costais idirbhirt sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais.

Is éard a bhíonn sa luach cóir sócmhainne airgeadais tráth na haitheanta tosaigh an praghas idirbhirt mura mbíonn an t-idirbheart ar neamhthuilleamaí i.e. níl sé ag aon chomaoin ainmniúil chun críocha beartais phoiblí nó níl sé ag an??? Sa chás sin, an difríocht idir luach cóir na hionstraime airgeadais agus an praghas idirbhirt is éard atá ann an chomhpháirt nach dtrádáiltear ar an stocmhalartán a aithnítear mar speansas sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais. Sa chás sin, eascraíonn luach cóir sócmhainne airgeadais ó idirbhearta margaidh reatha le haghaidh ionstraim atá coibhéiseach go díreach. Mura bhfuil aon mhargadh gníomhach ann le haghaidh na hionstraime, díorthaítear an luach cóir ó theicníc luachála a úsáideann sonraí atá ar fáil ó mhargaí inbhraite.



Nuair a dheonaítear iasacht fadtéarmach nach mbaineann aon ús leis nó go bhfuil ús faoi bhun dhálaí an mhargaidh i gceist leis, is féidir a luach cóir a mheas mar luach reatha na bhfáltais airgid tirim go léir sa todhchaí arna lascainiú leis an ráta úis margaidh atá i réim le haghaidh ionstraim chomhchosúil a mbaineann rátáil chreidmheasa chomhchosúil léi.

Iasachtaí arna ndeónú faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus iasachtaí le haghaidh cúnaimh airgeadais, déantar iad a thomhas ar dtús ar a méid ainmniúil, agus meastar praghas an idirbhirt mar luach cóir na hiasachta. Tarlaíonn sé sin ar na cúiseanna seo a leanas:

- Tá “timpeallacht an mhargaidh” i ndáil le hiasachtú an Aontais an-sonrach agus éagsúil ón margadh caipitil a úsáidtear chun fiachas tráchtála nó fiachas rialtais a eisiúint. Ós rud é go mbíonn deis ag iasachtóirí sna margáí sin ionstraimí malartacha a roghnú, cuirtear an deis sin san áireamh agus praghsanna margaidh á gcinneadh. Ní bhíonn an deis sin maidir le hionstraimí malartacha ag an Aontas áfach, ní cheadaítear dó airgead a infheistiú sna margáí caipitil; ní fhaigheann sé cistí ar iasacht ach chun críche iasachtaithe. Ní bhíonn aon rogha malartach iasachtaithe ná infheistíochta ar fáil don Aontas i ndáil le suimeanna arna bhfáil ar iasacht dá bhrí sin. Ní bhíonn aon deis chostas i gceist dá réir agus níl aon bhunús comparáide le rátaí margaidh dá bhrí sin. Go deimhin, is léiriú ar an margadh iad oibríochtaí an Aontais trína dtugtar iasachtaí. Go bunúsach, ós rud é nach bhfuil “rogha” an deis chostais infheidhme, ní léiríonn an praghas margaidh substaint idirbhearta iasachta an Aontais ar bhealach cóir. Dá bhrí sin, níl sé iomchuí luach cóir iasachtú an Aontais a chinneadh ag tagairt do bhannaí tráchtála nó bannaí rialtais.
- Thairis sin, ós rud é nach bhfuil aon mhargadh gníomhach ná idirbhearta comhchosúla ann chun comparáid a dhéanamh leo, ba cheart don Aontas an ráta úis a gearradh a úsáid mar an ráta úis chun luach cóir a chuid oibríochtaí trína dtugtar iasachtaí a fháil.

### **Tomhas dá éis sin**

Tomhaistear sócmhainní airgeadais ar chostas amúchta dá éis sin ar chostas amúchta ag úsáid mhodh an úis ghlain.

Tomhaistear sócmhainní airgeadais ag luach cóir trí ghlansócmhainní/chothromas dá éis sin ar luach cóir. Aithnítear gnóthachain agus cailleanais ó athruithe ar an luach cóir sa chúlchiste luacha cóir, ach amháin difríochtaí in aistriúchán malairte eachtraigh ar shócmhainní airgeadra, aithnítear iad sin sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais.

Tomhaistear sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh dá éis sin ar luach cóir. Gnóthachain agus cailleanais ó athruithe ar an luach cóir (lena n-áirítear cinn a eascraíonn ó aistriú airgeadra eachtraigh agus aon ús a thuilltear), déantar iad a áireamh sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais sa tréimhse ina dtarlaíonn siad.

### **Luach cóir ar thomhas dá éis sin**

Tá luachanna córa infheistíochtaí luaithe i margáí gníomhacha bunaithe ar phraghsanna tairisceana reatha. Mura bhfuil an margadh le haghaidh sócmhainn airgeadais gníomhach (agus le haghaidh urrúis neamhliostaithe agus díorthaigh thar an gcuntar), bunaíonn an tAontas luach cóir trí theicnící luachála a úsáid. Áirítear leo sin idirbhearta ar neamhthuilleamaí le déanaí a úsáid, tagairt d'ionstraimí eile atá mar an gcéanna go substaintiúil, anailís shreabhach airgid lascainithe, samhlaigha praghsála roghanna agus teicnící luachála eile a úsáideann rannpháirtithe an mhargaidh go coiteann.

Infheistíochtaí i gcistí caipitil fiontair nach ngabhann praghas margaidh luaithe leo i margadh gníomhach, déantar iad a luacháil ar an luach glansócmhainne is inchurtha, a mheastar mar choibhéis dá luach cóir.

### **Lagú sócmhainní airgeadais**

Aithníonn agus tomhaiseann an tAontas cailleanas lagaithe le haghaidh cailleanais chreidmheasa ionchasacha ar shócmhainní airgeadais a thomhaistear ar chostas amúchta agus ar luach cóir trí ghlansócmhainní/chothromas.

Is éard é an cailleanas creidmheasa ionchasacha (ECL) luach reatha na difríochta idir na sreafaí airgid chonarthaigh agus na sreafaí airgid a bhfuil coinne ag an Aontas a fháil. Ionchorpraítear in ECL faisnéis réasúnach agus ar féidir tacú léi atá ar fáil gan chostas míchuí nó iarracht mhíchuí ar an dáta tuairiscithe.

Tomhaistear ECL le samhail trí chéim a chuireann teagmhais mhainneachtana ualaithe dóchúlachta san áireamh le linn shaolré na sócmhainne airgeadais agus éabhlóid an riosca creidmheasa ó thúsphointe na sócmhainne airgeadais. I gcás iasachtaí, is ionann an túsphointe agus dáta an ghealltanais iasachta neamh-inchúlghairthe.

Mura dtagann aon mhéadú suntasach ar an riosca creidmheasa ón túsphointe (“céim 1”), is ionann an cailteanas lagaithe agus ECL ó theagmhais mhainneachtana fhéideartha as seo go ceann 12 mhí ón dáta tuairiscithe (“ECL 12 mhí”). Má thagann méadú suntasach ar an riosca creidmheasa ón túsphointe (“céim 2”), nó má tá fianaise oibiachtúil ann de lagú creidmheasa (“céim 3”), is ionann an cailteanas lagaithe agus ECL ó theagmhais mhainneachtana fhéideartha thar shaolré iomlán na sócmhainne airgeadais (“ECL saolré (féach nóta 6.5).

I gcás sócmhainní ar chostas amúchta, laghdaítear suim ghlanluacha na sócmhainne trí mhéid an chailteanais lagaithe a aithnítear sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais. Le haghaidh sócmhainní ar luach cóir trí ghlan sócmhainní/chothromas aithnítear an liúntas cailteanais i nglansócmhainní/gcothromas agus ní laghdaítear luach na sócmhainne airgeadais de réir na leabhar sa ráiteas maidir le staid airgeadais dá thoradh. Má tharlaíonn sé, i dtréimhse dá éis, go laghdaítear méid an chailteanais lagaithe, déantar an cailteanas lagaithe a aithníodh roimhe sin a chealú tríd an ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais.

(a) *Iasachtaí do stáit cheannasacha*

Bunaíonn an tAontas a mheasúnú ar lagú iasachtaí, i gcomhthéacs chineál mhaoiniú an Aontais agus a stádais institiúidigh uathúil.

Maidir le lagú iasachtaí le Stáit nach Ballstáit iad, ríomhann an tAontas na cailteanais chreidmheasa ionchasacha trí shonraí cáilíochta creidmheasa seachtracha a úsáid, ach cuirtear stádas mar chreidiúnaí tosaíochta san áireamh áfach, agus laghdaítear an riosca creidmheasa mar thoradh. Chun an luach reatha a ríomh, is é ráta úis éifeachtach bunaidh na hiasachta a úsáidtear mar an ráta lascaine. Má tá ráta úis athraitheach i gceist le hiasacht, is é an ráta úis éifeachtach reatha arna gcinneadh faoin gconradh a úsáidtear mar an ráta lascaine.

Maidir le hiasachtaí do Bhallstáit, níor thabhaigh an tAontas aon chailteanas lagaithe, agus ní raibh aon mhainneachtain ar íocaíochtaí i gceist. Le haghaidh na n-iasachtaí sin, chomh maith leis an stádas mar chreidiúnaí tosaíochta, cuireann an tAontas an caidreamh lena Bhallstáit san áireamh. Trí bhíthin an dá ghné sin, i bprionsabal, ráthaítear gnóthú iomlán na n-iasachtaí do na Ballstáit, tráth a n-aibíochta. Measann an tAontas gur diomaibhseach iad na cailteanais chreidmheasa ionchasacha ó iasachtaí le Ballstáit dá bhrí sin, agus measann sé go mbeadh cur chuige staitistiúil míchuí chun cailteanais chreidmheasa ionchasacha a ríomh i ndáil leis na hiasachtaí sin. Ní aithnítear aon chailteanas creidmheasa ionchasach sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais i leith na n-iasachtaí le Ballstáit dá réir sin.

(b) *Earraí infhaighte*

Tomhaiseann an tAontas an cailteanas lagaithe ar mhéid shaolré ECL, agus réitigh phraiticiúla á n-úsáid (e.g. mairtís forála).

(c) *Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim*

Tá airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim i seilbh an Aontais i gcuntais reatha i mbainc agus i dtaiscí téarma suas le 3 mhí. Sealbhaítear an t-airgead tirim i mbainc ag a bhfuil rátálacha creidmheasa an-arda (féach nóta 6.5), agus bíonn dóchúlachtaí mainneachtana an-ísele i gceist dá bhrí sin. Ag glacadh leis an achar gearr agus na dóchúlachtaí ísele maidir le mainneachtain, tá na cailteanais chreidmheasa ionchasacha ó airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim diomaibhseach. Ní aithnítear aon lamháltas lagaithe le haghaidh coibhéisí airgid thirim dá bharr sin.

## **Dí-aithint**

Déantar ionstraimí airgeadais a dhí-aithint nuair a théann na cearta chun sreafaí airgid a fháil ó na hinfheistíochtaí in éag nó nuair a aistríonn an tAontas gach riosca agus gach luaíocht úinéireachta go substaintiúil chuig páirtí eile. Aithnítear díol sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí ghlan sócmhainní/chothromas agus trí bharrachas nó easnamh ar a ndáta trádála.

### **1.5.6. Fardail**

Cibé acu is ísele, costas nó glanluach inréadaithe, is aige sin a luaitear fardail. Déantar an costas a chinneadh trí mhodh an ceann is túisce isteach, is túisce amach (FIFO) a úsáid. Maidir le costas na n-earraí críochnaithe agus obair idir lámha, áirítear amhábhair, saothar díreach, costais eile atá inchurtha go díreach agus forfhoirne táirgthe gaolmhara eile (bunaithe ar ghnáth-inniúlacht oibriúcháin). Is éard is glanluach inréadaithe ann an praghas díola measta i ngnáthchúrsa an ghnó, lúide costais an chomhlánaithe agus na costais díolacháin. Nuair a choinnítear fardail lena ndáileadh gan aon chostas breise a íoc nó ar mhuirear beag, déantar iad a thomhas ag costas nó ag an gcostas athsholáthair reatha, pé ceann is lú. Is é costas athsholáthair reatha an costas a thabhdh an tAontas dá mbeadh air an tsócmhainn a fháil ar dháta an tuairiscithe.



### 1.5.7. Méideanna réamh-mhaoiniúcháin

Is íocaíocht é réamh-mhaoiniú atá beartaithe chun réamhíocaíocht airgid a sholáthar don tairbhí, i.e. cúlchnap Féadfar é a dheighilt i roinnt íocaíochtaí i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fóna airgeadais thar thréimhse a shainítear sa chonradh, sa chinneadh, sa chomhaontú nó sa bhunghníomh. Úsáidtear an cúlchnap nó an réamhíocaíocht don chríoch dár soláthraíodh é le linn na tréimhse a shainítear sa chomhaontú nó aisíoctar é. Mura dtabhaíonn an tairbhí caiteachas incháilithe, beidh sé de dhualgas air an réamh-mhaoiniú a thabhairt ar ais go dtí an Aontas Eorpach. Toisc go gcoinníonn an tAontas smacht ar an réamh-mhaoiniú agus toisc go bhfuil sé i dteideal aisíocaíocht a fháil don chuid neamh-incháilithe, cuirtear an méid sin i láthair mar shócmhainn.

Aithnítear réamh-mhaoiniú ar dtús ar an gclár comhardaithe nuair a aistrítear airgead tirim chuig an bhfaighteoir. Tomhaistear é ag méid na comaoine a thugtar. I dtréimhsí dá éis tomhaistear réamh-mhaoiniú ag an méid a aithnítear ar dtús ar an gclár comhardaithe lúide na speansais incháilithe (lena n-áirítear méideanna measta i gcás inar gá) a thabhaítear le linn na tréimhse.

Aithnítear ús ar réamh-mhaoiniú de réir mar a thuilltear é i gcomhréir le forálacha an chomhaontaithe ábhartha. Déantar meastachán den ioncam úis fhabhráithe, bunaithe ar an bhfaisnéis is iontaofa, ag deireadh na bliana agus cuirtear san áireamh sa chlár comhardaithe é.

Réamhíocaíochtaí eile leis na Ballstáit, a eascraíonn ó aisíocaíocht ón Aontas ar mhéideanna arna n-íoc ag na Ballstáit mar réamhíocaíochtaí lena dtairbhíthe (lena n-áirítear “ionstraimí airgeadais faoi bhainistíocht chomhpháirteach”), aithnítear na réamhíocaíochtaí sin mar shócmhainní agus cuirtear i láthair iad faoin gceannnteideal “Réamh-mhaoiniú”. Déantar réamhíocaíochtaí eile leis na Ballstáit a thomhas ina dhiaidh sin ag an méid a aithníodh ar dtús ar an gclár comhardaithe lúide an meastachán is fearr ar na speansais incháilithe arna dtabhú ag tairbhíthe deiridh, arna ríomh ar bhonn toimhdhí réasúnta ar féidir tacú leo.

Na ranníocaíochtaí le cistí iontaobhais an Aontais (mar a bunaíodh faoi Airteagal 234 den Rialachán Airgeadais) nach gcomhdhlúthaítear iad sa Choimisiún Eorpach, nó le heintitis neamh-chomhdhlúite eile, aicmítear iad sin mar réamh-mhaoiniú ós rud é gurb é is aidhm dóibh cúlchnap a thabhairt don chiste iontaobhais chun lígean dó gníomhaíochtaí áirithe a mhaoiniú arna sainiú faoi chuspóirí an chiste iontaobhais. Tomhaistear ranníocaíochtaí ón Aontas le cistí iontaobhais ag méid tosaigh na ranníocaíochta ón Aontas lúide speansais incháilithe, lena n-áirítear méideanna measta i gcás inar gá, arna dtabhú ag an gciste iontaobhais le linn na tréimhse tuairiscithe agus arna leithdháileadh ar ranníocaíocht an Aontais i gcomhréir leis an gcomhaontú foluiteach.

### 1.5.8. Earraí infhaighte arna dtrádáil ar an stocmhalartán agus méideanna in-aisghabhála nach méideanna in-aisghabhála arna dtrádáil ar an stocmhalartán iad

Ceanglaíonn Rialacha Cuntasaíochta an Aontais go ndéanfaí idirbhearta malairte agus idirbhearta neamh-mhalairte a chur i láthair ar leithligh. Chun idirdhealú a dhéanamh idir an dá chatagóir, coimeádtar an téarma “earraí infhaighte” le haghaidh idirbhearta malairte, ach le haghaidh “idirbhearta neamh-mhalairte” i.e. nuair a fhaigheann an tAontas luach ó eintiteas eile gan tuairim is luach cothrom a thabhairt go díreach sa mhalairt, úsáidtear an téarma “méideanna in-aisghabhála” (e.g. méideanna in-aisghabhála ó Bhallstáit a bhaineann le hacmhainní dílse).

Tá earraí infhaighte ó idirbhearta malairte ina sócmhainní airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta, ach amháin méideanna áirithe den chuid infhaighte den chonradh ráthaíochta airgeadais a aicmítear mar shócmhainn airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh (féach nóta 1.5.5).

Tugtar méideanna in-aisghabhála ó idirbhearta nach dtrádáiltear ar an stocmhalartán ar aghaidh ar luach cóir amháil dáta na héadála lúide an díscríobh i gcomhair lagú. Bunaítear díluacháil i gcomhair lagú méideanna in-aisghabhála ó idirbhearta neamh-mhalairte nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an tAontas in ann na méideanna uile atá dlite de réir théarmaí bunaidh na méideanna in-aisghabhála a bhailiú ó idirbhearta neamh-mhalairte. Is ionann méid na díluachála agus an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus an méid in-aisghabhála. Aithnítear méid na díluachála sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais. Déantar díluacháil ghinearálta, bunaithe ar thaithí roimhe sin, maidir le horduithe gnóthaithe gan íoc nár cuireadh faoi réir díluacháil shonrach cheana féin. Féach nóta 1.5.14 maidir le hioncam carntha a láimhseáil ag deireadh na bliana. Ní ionstraimí airgeadais iad na méideanna a léirítear agus a nochtar mar mhéideanna in-aisghabhála ó idirbhearta neamh-malairte, mar ní eascraíonn siad as conradh a bheadh ina chúis le dliteanas airgeadais nó ionstraim cothromais. Sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais, déantar méideanna in-aisghabhála ó idirbhearta neamh-mhalairte a nochtadh in éineacht le hearraí infhaighte ó idirbhearta malairte áfach, i gcás inarb iomchuí.

### 1.5.9. Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

Is sócmhainní airgeadais ar chostas amúchta iad airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim agus áirítear leo airgead ar láimh, taiscí arna sealbhú ar glao nó ar ghearrfhógra le bainc agus infheistíochtaí fíorleachtacha gearrthéarmacha eile ag a bhfuil aibíochtaí bunaidh de 3 mhí nó níos lú.

### 1.5.10. Sochair fostaithe

Soláthraíonn an tAontas sraith sochar (díolaíochtaí agus slándáil shóisialta) d'fhostaithe. Chun críocha cuntasaióchta, ní mór iad sin a aicmiú ina sochair ghearrthéarmacha agus ina sochair iarfhostaíochta.

### Sochair fostaithe gearrthéarmacha

Is éard is sochair ghearrthéarmacha fostaithe ann na sochair sin a bheidh dlite lena réiteach roimh 12 mhí tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe ina soláthraíonn na fostaithe an tseirbhís, amhail tuarastail, saoire bhreiteachta íoctha agus saoire bhliantúil, agus liúntais ghearrthéarmacha eile. Aithnítear sochair fostaithe gearrthéarmacha mar speansas nuair a sholáthraítear an tseirbhís lena mbaineann. Aithnítear dliteanas ag an méid a bhfuil coinne go n-íocfar má tá oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe ar an Aontas faoi láthair chun é a íoc de thoradh ar sheirbhís a sholáthair an fostaí roimhe sin agus gur féidir an oibleagáid a mheas go hiontaofa.

### Sochair iarfhostaíochta

Deonaíonn an tAontas sraith sochar iarfhostaíochta d'fhostaithe, lena n-áirítear pinsin scoir, pinsin easláine agus pinsin mharthanóirí arna soláthar faoi Scéim Pinsin Oifigigh an Aontais Eorpaigh (PSEO), chomh maith le cumhdach árachais sláinte arna sholáthar faoin gComhscéim Árachais Breuiteachta (JSIS) (féach nóta 2.9). Soláthraítear na sochair sin faoi phlean aonair – cé go bhfuil sé scoilte ina dhá scéim – agus ní mór caitheamh leo ar bhealach comhchosúil chun léiriú cothrom a thabhairt ar an staid agus chun an fíorchás eacnamaíoch a chur in iúl:

- i. Scéim Pinsin Oifigigh an Aontais Eorpaigh (PSEO): Na sochair a dheonaítear faoin scéim seo a chistítear go barúlach <sup>(18)</sup>, baineann siad le sinsearach, easláine agus marthanacht, chomh maith le liúntais teaghlaigh, bás roimh scor do na fostaithe sin a oibríonn nó a d'oibrigh in Institiúidí, Gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile an Aontais nó do mharthanóirí oifigigh nó pinsinéirí a fuair bás. Déanann an fhoireann ranníocaíochtaí dar luach aon trian de chostas ionchasach na sochar sin óna dtuarastail.
- ii. Comhscéim Árachais Breuiteachta (JSIS): Faoin scéim seo, soláthraíonn an tAontas cumhdach árachais sláinte d'fhoireann an Choimisiúin Eorpaigh, Institiúidí, Gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais trí chostais mhíochaine a aisíoc. Na sochair a dheonaítear do "dhaoinne neamhghníomhacha" sa scéim sin (i.e. pinsinéirí, dílleachtaí etc.), aicmítear iad sin mar shochair iarfhostaíochta.

Soláthraíonn an tAontas sochair iarfhostaíochta do Chomhaltaí agus iar-Chomhaltaí institiúidí an Aontais trí scéimeanna pinsin ar leithligh freisin. Taispeántar iad sin faoin gceannteideal "Scéimeanna sochair scoir eile". Faoi na scéimeanna sin, soláthraíonn an tAontas sochair phinsin do chomhaltaí an Choimisiúin, Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, na Cúirte Iníúcháirí, na Comhairle, Pharlaimint na hEorpa, an Ombudsman Eorpaigh, agus an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí. Soláthraíonn an tAontas cumhdach sláinte do chomhaltaí Institiúidí an Aontais trí JSIS.

Cáilíonn na sochair iarfhostaíochta thuas mar oibleagáidí sochar sainithe an Aontais agus déantar iad a ríomh ag gach dáta tuairiscithe trí mhéid an tsochair don todhchaí atá tuille ag fostaithe sa tréimhse atá ann faoi láthair agus sna tréimhsí roimhe seo a mheas, an méid sin a lascainiú agus luach cóir aon sócmhainní plean a bhaint uaidh. Déantar an oibleagáid sochair shainithe a ríomh gach bliain agus modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa á úsáid. Déantar luach láithreach na hoibleagáide sochar sainithe a chinneadh trí na sreafaí airgid thirim a mheastar don todhchaí a lascainiú ag úsáid rátaí úis bannaí rialtais a ainmnítear san airgeadra ina n-íocfar na sochair, agus a mbaineann téarmaí aibíochta leo arb ionann iad, a bheag nó a mhór, agus téarmaí an dliteanas phinsin lena mbaineann.

Ionchorpraítear na sochair iarfhostaíochta a sholáthraítear d'fhoireann an Aontais i bplean aonair lena gcuimsítear scéim pinsin (PSEO) agus scéim árachais breuiteachta (JSIS), agus braitheann an ceart chun cumhdaigh faoin scéim JSIS ar an gceart chun cumhdaigh a bheith faighte faoin scéim PSEO. Faoi théarmaí an phlean aonair seo, mar a leagtar amach sa Rialachán Foirne, faightear teidlíochtaí áirithe, amhail an ceart chun pinsean iarchurtha agus laghdaithe a fháil faoin scéim PSEO tar éis 10 mbliana seirbhíse. Tá na teidlíochtaí arna bhfáil faoin bplean aonair de réir sheirbhíse an fhostaí ina dhiaidh sin níos airde go hábhartha ná na teidlíochtaí tosaigh sin áfach, mar a léirítear leis na cearta pinsin arna bhfabhrú go bliantúil ina dhiaidh sin.

<sup>(18)</sup> Is ciste (fíorúil) barúlach é PSEO le sochair shainithe ina bhfónann ranníocaíochtaí na foirne chun a bpinsin a mhaoiniú amach anseo. Cé nach bhfuil aon chiste infheistíochta iarbhir ann, meastar go bhfuil an méid a bhaileofaí le ciste den sórt sin infheistithe i mbannaí fadtéarmacha na mBallstát agus tá sé sin léirithe sa dhliteanas pinsin atá cláraithe i gcuntais bhliantúla an Aontais Eorpaigh. Soláthraíonn na Ballstáit ráthaíocht chomhpháirteach maidir le híoc na sochar de bhun Airteagal 83 de na Rialacháin Foirne agus Airteagal 4(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (féach COM(2018) 829 le haghaidh tuairisc mhionsonraithe ar an scéim).

Dá bhrí sin, chun léiriú a thabhairt ar thábhacht eacnamaíoch an idirbhirt fholuitigh a éilítear de réir ghné cháilíochtúil ionadaíoch dhílis an tuairiscithe airgeadais mar a léirítear in EAR 1 agus Creat Coincheapúil IPSAS, fabhraítear an costas seirbhíse arna thabhtú de réir méid chothroim thar thréimhse seirbhíse gníomhaí measta na foirme, i.e. an tréimhse ón dáta a mbaintear amach tairbhí faoin bplean den chéad uair mar gheall ar sheirbhís bhreise (cé acu an mbraitheann na tairbhí ar sheirbhís bhreise nó nach mbraitheann) go dtí an dáta nach mbeidh aon mhéid ábhartha de thairbhí breise ann faoin bplean mar gheall ar sheirbhís bhreise, seachas ó laghduithe tuarastail breise. Cuirtear an cur chuige sin i bhfeidhm go comhsheasmhach i leith na sochar dá bhforáiltear faoin bplean aonair.

Tá gnóthachain agus cailteanais achtúireacha agus an toradh ar shócmhainní plean san áireamh sna hatomhais ar na glandliteanais sochair shainithe, agus aithnítear iad láithreach sna glansócmhainní.

Aithníonn an tAontas an glanchaiteachas úis (ioncam) agus caiteachas eile a bhaineann leis na pleananna sochair shainithe sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais faoi bhun an cheannteidil “Costais foirne agus pinsin”.

Nuair a athraítear nó a shriantar na sochair arna soláthar, déantar an t-athrú a leanann as ar shochair a bhaineann le seirbhís roimhe sin nó leis an ngnóthachan nó cailteanas de bharr srianta a aithint láithreach sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais. Aithnítear gnóthachain agus cailteanais ar shocraíocht tráth a tharlaíonn an tsocraíocht. Aithnítear costas seirbhíse roimhe seo láithreach sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais, ach amháin i gcás ina ndéanfar na hathruithe ar choinníoll go bhfanfaidh na fostaithe i seirbhís ar feadh tréimhse shonraithe.

#### 1.5.11. Forálacha

Aithnítear forálacha nuair atá oibleagáid reatha nó oibleagáid inchiallaithe ag Aontas i leith tríú páirtithe de thoradh teagmhas roimhe seo, tá seans níos mó go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ag teastáil chun oibleagáid a réiteach ná nach mbeidh, agus is féidir an méid a mheas go hiontaofa. Ní aithnítear forálacha do chailteanais oibriúcháin sa todhcháif. Is ionann méid na forála agus an meastachán is fearr ar na speansais a mheastar a bheidh ag teastáil chun an oibleagáid reatha ar an dáta maidir le tuairisciú a réiteach. I gcás ina bhfuil líon mór ítimí i gceist leis an bhforáil, déantar an oibleagáid a mheas trí na torthaí féideartha go léir a ualú de réir na ndóchúlachtaí lena mbaineann (modh an “luacha ionchasaigh”).

Déantar forálacha maidir le conarthaí dochraideacha a thomhas ag luach reatha an chostais ionchasaigh a bheadh i gceist leis an gconradh a fhoirceannadh nó ag an nglanchostas ionchasach measta a bheadh i gceist chun leanúint leis an gconradh, cibé acu is ísle.

#### 1.5.12. Dliteanais airgeadais

Aicmítear dliteanais airgeadais mar dhliteanais airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh, dliteanais airgeadais arna n-iompar ar chostas amúchta, nó mar dhliteanais conartha ráthaíochta airgeadais.

Bíonn iasachtaíocht comhdhéanta d'iasachtaíocht ó institiúidí creidmheasa agus fiacha arna bhfianú le deimhnithe (bannaí an Aontais, taiscí an Aontais agus billí an Aontais). Aithnítear iad ar dtús ag luach cóir, arb é a bhfáltais eisiúna (luach cóir na comaoine a fuarthas) glan de chostais idirbhirt a tabhaíodh, agus ansin tugtar ar aghaidh iad ar chostas amúchta agus modh an úis ghlain á úsáid; aithnítear aon difríocht idir na fáltais, glan de chostais idirbhirt, agus an luach fuascailte sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais le linn thréimhse na hiasachtaíochta agus modh an úis ghlain á úsáid. Na costais idirbhirt a thabhaigh an tAontas agus a athmhuirearaíodh ar thairbhí na hiasachta, is neamhábhartha iad agus aithnítear go díreach iad sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais.

Áirítear le dliteanais airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh díorthaigh i gcás ina bhfuil an luach cóir diúltach. Leanann siad an láimhseáil chuntasaíochta chéanna le sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh, féach nóta 1.5.5.

Aithníonn an tAontas dliteanas conartha ráthaíochta airgeadais nuair a dhéanann sé conradh lena gceanglaítear ar an Aontas íocaíochtaí sonraithe a dhéanamh chun an sealbhóir ráthaíochta a aisíoc i ndáil le cailteanas a thabhaíonn sé toisc go dteipeann ar fhéichiúnaí íocaíocht a dhéanamh agus í dlite i gcomhréir le téarmaí bunaidh nó téarmaí modhnaithe ionstraime fiachais. I gcás ina n-éilítear leis an gconradh ráthaíochta go ndéanfadh an tAontas íocaíochtaí mar fhreagairt ar athruithe ar phragsanna ionstraimí airgeadais nó athruithe ar shócmhainní foluiteacha eile, is díorthach atá sa chonradh ráthaíochta i.e. dliteanas airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh. Tugtar cuntas ar gach conradh ráthaíochta eile mar fhorálacha airgeadais.

Aithnítear dliteanais chonartha ráthaíochta airgeadais ar luach cóir ar dtús báire. Tá sé sin cothrom le glanluach reatha na préimhe infhaighte, má tá sé ar théarmaí an mhargaidh. Mura muirearaítear préimh ráthaíochta nó mura bhfuil an chomaoin ar luach cóir, cinntear an luach cóir bunaithe ar na praghsanna luaite i margadh gníomhach le haghaidh conarthaí ráthaíochta airgeadais atá coibhéiseach go díreach leis an méid a iontráladh sa dliteanas ráthaíochta airgeadais, más ann dó, nó trí theicníc luachála a úsáid. Mura féidir aon tomhas iontaofa ar luach cóir a chinneadh trí bhreathnóireacht dhíreach ar mhargadh gníomhach nó trí theicníc luachála eile, déanfar dliteanas an chonartha ráthaíochta airgeadais a thomhas ar dtús ag méid na gcaillteanas creidmheasa saolré ionchasach.

Bíonn an tomhas dá éis sin ag brath ar éabhlóid nochtadh an riosca creidmheasa ón ráthaíocht airgeadais. Mura mbíonn aon mhéadú suntasach ar an riosca creidmheasa (“céim 1”), tomhaistear dliteanais ráthaíochta airgeadais ag an gceann is airde de na cailteanais chreidmheasa ionchasacha 12 mhí agus an méid arna haithint ar dtús, lúide, nuair is iomchuí, amúchadh carntha. Má bhíonn méadú suntasach ar an riosca creidmheasa (“céim 2”), tomhaistear dliteanais ráthaíochta airgeadais ag an gceann is airde de na cailteanais chreidmheasa ionchasacha saolré agus an méid arna haithint ar dtús lúide, nuair is iomchuí, amúchadh carnach (féach nóta 6.5).

Aicmítear dliteanais airgeadais mar dhliteanais nach dliteanais reatha iad, ach amháin aibíochtaí níos giorra ná 12 mhí tar éis dáta an chláir comhardaithe. Ní aicmítear conarthaí ráthaíochta airgeadais mar dhliteanais reatha ach amháin má tá ceart neamhchoinníollach ag an Aontas socraíocht an dliteanais a chur siar ar feadh 12 mhí ar a laghad tar éis an dáta tuairiscithe.

Cistí iontaobhais an Aontais a mheastar a bheith ina gcuid de ghníomhaíochtaí oibriúcháin an Choimisiúin (i.e. cistí iontaobhais Madad agus Colombia), cuirtear san áireamh iad i gcuntais an Choimisiúin agus déantar iad a chomhdhlúthú a thuilleadh i gcuntais bhliantúla an Aontais. Comhlíontar na critéir maidir le hioncaim ó idirbhearta neamh-mhalairte faoi choinníollacha le ranníocaíochtaí ó dheontóirí eile le cistí iontaobhais an Aontais, dá bhrí sin, agus cuirtear i láthair iad mar dhliteanais airgeadais go dtí go gcomhlíontar na coinníollacha a ghabhann leis na ranníocaíochtaí, i.e. go dtabhaíonn an ciste iontaobhais costais incháilithe. Tá gá leis an gciste iontaobhais chun tionscadail shonracha a mhaoiniú agus chun na cistí atá fágtha a thabhairt ar ais tráth an fhoirceanntha. Ag dáta an chláir chomhardaithe déantar na dliteanais ranníocaíochta gan íoc a thomhas ag ranníocaíochtaí faighte lúide na speansais a thabhaigh an ciste iontaobhais, lena n-áirítear méideanna measta nuair is gá sin. Chun críocha tuairiscithe, leithdháiltear na glanchostais ar ranníocaíochtaí deontóirí eile i gcomhréir leis na glanrannaíochtaí arna n-íoc an 31 Nollaig. Is méid tásach amháin atá sa leithdháileadh ranníocaíochtaí seo. Nuair a dhéanfar an ciste iontaobhais a fhoirceannadh is é bord an chiste iontaobhais a chinnfidh dáileadh iarbhír na n-acmhainní atá fágtha.

#### 1.5.13. *Suimeanna iníochta*

Is éilimh ar chostais gan íoc ó thairbhíthe deontas nó chistiú eile an Aontais (idirbhearta neamh-mhalairte) atá i méid suntasach de shuimeanna iníochta an Aontais. Taifeadtar iad mar shuimeanna iníochta don mhéid arna iarraidh nuair a fhaightear an t-éileamh ar chostas. Ar fhíorú agus ar ghlacadh leis na costais incháilithe, déantar na suimeanna iníochta a luacháil ag an méid incháilithe.

Aithnítear suimeanna iníochta a eascraíonn as ceannach earraí agus seirbhísí tráth a fhaightear an sonrasc don mhéid bunaidh agus cuirtear na speansais incháilithe chomhfhreagracha isteach sna cuntais nuair a sheachadtar na soláthairtí nó na seirbhísí agus go nglacann an tAontas leo.

#### 1.5.14. *Ioncam agus muirir fhabhráithe agus iarchurtha*

Aithnítear idirbhearta agus teagmhais sna ráitis airgeadais sa tréimhse lena mbaineann siad. Ag deireadh bliana, mura mbíonn sonrasc eisithe go fóill ach gur soláthraíodh an tseirbhís, nó gur sheachaid an tAontas na soláthairtí nó gurb ann do chomhaontú conarthach (e.g. faoi threoir conartha), aithneofar ioncam fhabhráithe sna ráitis airgeadais. Ina theannta sin, ag deireadh bliana, má eisítear sonrasc ach nár soláthraíodh na seirbhísí go fóill nó nár seachadadh na hearraí a soláthraíodh go fóill, cuirtear siar an t-ioncam agus aithneofar é sa tréimhse chuntasaíochta dá éis.

Tugtar cuntas freisin ar speansais sa tréimhse lena mbaineann siad. Ag deireadh na tréimhse cuntasaíochta, aithnítear speansais fhabhráithe bunaithe ar mhéid measta d'oibleagáid aistriithe na tréimhse. Déantar speansais fhabhráithe a ríomh i gcomhréir le treoirínte mionsonraithe oibríochtúla agus praiticiúla arna n-eisiúint ag an gCoimisiún arb é is aidhm dóibh a áirithiú go dtugann na ráitis airgeadais léiriú dílis ar fheiniméin eacnamaíocha agus ar fheiniméin eile a airbheartaíonn siad a léiriú. De réir analaí, má dhéantar íocaíocht roimh ré as seirbhísí nó earraí nach bhfuarthas go fóill, déanfar an speansas a iarchur agus aithneofar í sa tréimhse chuntasaíochta dá éis.

## 1.6. RÁITEAS MAIDIR LE FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

### 1.6.1. *Ioncam*

#### **IONCAM Ó IDIRBHEARTA MALAIRTE**

Baineann formhór mór d'ioncam an Aontais le hidirbhearta neamh-mhalairte mar a leanas:

### **Acmhainní bunaithe ar OIN, CBL agus Acmhainní dílse bunaithe ar phlaisteach**

Aithnítear ioncam don tréimhse dá seolann an Coimisiún glao ar chistí chuig na Ballstáit chun a ranníocaíocht a éileamh. Tomhaistear an t-ioncam ag a “mhéid glaoite”. Ós rud é go bhfuil CBL, OIN agus Acmhainní dílse bunaithe ar phlaisteach bunaithe ar mheastachán ar na sonraí don bhliain bhuiséadach lena mbaineann, féadfar iad a athbhreithniú toisc go dtarlaíonn athruithe go dtí go n-eisíonn na Ballstáit na sonraí críochnaitheacha. An éifeacht a bhíonn ag aon athrú ar mheastachán, cuirtear san áireamh í agus an glanbharrachas nó an glan-easnamh á chinneadh i leith na tréimhse inar tharla an t-athrú.

### **Acmhainní dílse traidisiúnta**

Aithnítear méideanna in-aisghabhála ó idirbhearta neamh-mhalairte agus ioncaim ghaolmhara nuair a fhaightear na ráitis “A” mhíosúla ábhartha (lena n-áirítear dleachtanna a bailíodh agus méideanna dlite atá ráthaithe agus nár cuireadh ina gcoinne) ó na Ballstáit. Ar an dáta maidir le tuairisciú, i ndáil le hioncam a bhailigh na Ballstáit don tréimhse ach nár íocadh leis na gCoimisiún go fóill, meastar é agus aithnítear é mar ioncam carntha. Na ráitis “B” ráithiúla (lena n-áirítear dleachtanna nár bailíodh agus nár ráthaíodh, chomh maith le méideanna ráthaithe ar chuir an féichiúnaí ina gcoinne) a fhaightear ó na Ballstáit, aithnítear iad mar ioncam lúide na costais bhailiúcháin a bhfuil siad ina dteideal. Chomh maith leis sin, aithnítear laghdú luacha i leith mhéid na bearna gnóthaithe measta.

### **Fíneálacha**

Aithnítear ioncam ó fhíneálacha más rud é gur glacadh cinneadh an Aontais chun fíneáil a fhorchur agus gur tugadh fógra oifigiúil don seolaí ina leith. Tar éis an chinnidh chun fíneáil a ghearradh, beidh 2 mhí ó dháta an fhógra ag na heintitis ar gearradh fíneáil orthu:

- a) chun glacadh leis an gcinneadh, agus sa chás sin ní mór dóibh an fhíneáil a íoc laistigh den teorainn ama a leagadh síos agus bailíonn an tAontas an méid sin go cinntitheach; nó
- b) gan an cinneadh a ghlacadh, agus sa chás sin déanann siad agóid ina choinne i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh.

Fiú amháin má dhéantar achomharc ina leith, ní mór an fhíneáil a íoc laistigh den teorainn ama 3 mhí arna leagan síos, mar ní bhíonn éifeacht fionraíochta ag an achomharc (Airteagal 278 CFAE). Úsáidtear an t-airgead a fhaightear chun an méid in-aisghabhála a réiteach. Faoi réir chomhaontú Oifigeach Cuntasáíochta an Choimisiúin, féadfaidh an gnóthas ráthaíocht bainc don mhéid sin a chur i láthair ina ionad sin áfach. Sa chás sin, fanann an fhíneáil mar mhéid in-aisghabhála. Mura bhfaightear airgead tirim ná ráthaíocht agus má tá amhras ann faoi shócmhainneacht an ghnóthais, aithnítear laghdú luacha ar an teidlíocht.

Má dhéanann an gnóthas achomharc in aghaidh an chinnidh, agus go bhfuil an fhíneáil íoctha aige cheana féin ar bhonn sealadach, nochtar an méid mar dhliteanas teagmhasach, nó, más cosúil nach rialóidh an Chúirt Ghinearálta i bhfabhar an Aontais, aithnítear foráil chun an riosca sin a chumhdach. Má thugtar ráthaíocht ina ionad sin, déantar an méid in-aisghabhála gan íoc a dhíluacháil.

An t-ús carntha a fhaigheann an Coimisiún ar na cuntais bainc ina ndéantar íocaíochtaí arna bhfáil a thaisceadh, aithnítear an t-ús sin mar ioncam, agus déantar aon dliteanas teagmhasach a mhéadú dá réir sin.

Ó 2010 i leith, tá na fíneálacha go léir arna n-íoc go sealadach á mbainistiú ag an gCoimisiún i gciste a cruthaíodh go speisialta (BUFI) agus infheistítear iad in ionstraimí airgeadais.

### **IONCAM Ó IDIRBHEARTA MALAIRTE**

Aithnítear ioncam ó dhíol earraí agus seirbhísí nuair a aistrítear an riosca suntasach agus luaíochtaí úinéireachta na n-earraí chuig an gceannaitheoir. Aithnítear ioncam atá bainteach le hidirbheart lena ndéantar seirbhísí a sholáthar faoi threoir chéim thabhairt i gcrích an idirbhirt ar an dáta tuairiscithe.

### **Ioncam ó ús agus caiteachas ar ús**

Aithnítear ioncam ó ús agus caiteachas sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais agus modh an úis ghlain á úsáid. Seo modh chun costas amúchta sócmhainne airgeadais nó dliteanais airgeadais a ríomh agus chun an t-ioncam ó ús nó an caiteachas ar ús a leithdháileadh thar an tréimhse ábhartha. Nuair atá an ráta úis éifeachtach á ríomh, measann an tAontas sreafaí airgid agus téarmaí conarthacha uile na hionstraime airgeadais á gcur san áireamh (roghanna réamhíocaíochta, mar shampla) ach ní chuireann sé cailteanais chreidmheasa amach anseo san áireamh. Áirítear sa ríomh sin gach táille agus pointe ráta úis a íocadh nó a fuarthas idir comhpháirtithe an chonartha atá ina ndlúthchuid den ráta úis éifeachtach, chomh maith le costais idirbheart agus aon phrémh nó lascaine eile.



Má mheastar go bhfuil fadhbanna creidmheasa (“céim 3”) ag sócmhainn airgeadais nó ag grúpa sócmhainní airgeadais comhchosúla, aithnítear an t-ioncam úis ag úsáid an ráta úis chun na sreafaí airgid todhchaí a lascainiú chun críche an cailteanas lagaithe a thomhas.

### **Ioncam ó dhíbhinní**

Aithnítear ioncam ó dhíbhinní agus ó dháiltí comhchosúla nuair a bhunaítear an ceart maidir le híocaíocht a fháil.

### **Ioncam agus caiteachas ó shócmhainní airgeadais trí bharrachas nó easnamh**

Tagraíonn sé sin do ghnóthachain cóirluacha (ioncam) agus cailteanais chóirluacha (caiteachas) ó na sócmhainní airgeadais sin, lena n-áirítear iad sin a eascraíonn ó aistriúchán malairte eachtraigh. I gcás sócmhainní airgeadais úsmhara, áirítear ús leis sin freisin. Féach nóta 3.9 freisin.

### **Ioncam ó chonarthaí ráthaíochta airgeadais**

Aithnítear an t-ioncam ó chonarthaí ráthaíochta airgeadais (préimh ráthaíochta) thar an tréimhse go mbíonn an tAontas réidh chun sealbhóir an chonartha ráthaíochta airgeadais a chúiteamh as an gcaillteanas creidmheasa a d'fhéadfadh sé a fhabhrú. Sa sceideal amúchta arna chur i bhfeidhm, áirítear imeacht ama agus méid an nochta ráthaithe. Cuirtear amúchadh ar dhliteanas conarthaí ráthaíochta airgeadais san áireamh le hioncam ó chonarthaí ráthaíochta airgeadais i gcásanna inar soláthraíodh an ráthaíocht ar chomaoin ainmniúil nó gan aon chomaoin.

#### **1.6.2. Speansais**

Is iad speansais ó idirbhearta neamh-malairte atá i dtromlach speansais an Aontais. Baineann siad le haistrithe chuig tairbhíthe agus is féidir le trí chineál speansas a bheith i gceist leo: (i) teidlíochtaí, (ii) aistrithe faoi chomhaontú agus deontais lánroghnacha, chomh maith le (iii) ranníocaíochtaí agus tabhartais.

Aithnítear aistrithe mar speansais sa tréimhse inar tharla na teagmhais ba chúis leis an aistriú lena linn, fad is a cheadaítear cineál an aistrithe le rialachán (Rialachán Airgeadais, Rialachán Foirne, nó rialachán eile) nó fad is atá comhaontú sínithe lena n-údaraithe an t-aistriú; gur chomhlíon an tairbhí aon chritéar incháilitheachta, agus gur féidir meastachán réasúnach ar an tsuim a dhéanamh.

Nuair a fhaightear iarraidh ar éileamh íocaíochta nó costais agus nuair a chomhlíontar na critéir maidir le haitheantas, aithnítear é mar chostas maidir leis an méid incháilithe. Ag deireadh bliana, tugtar meastachán maidir le speansais incháilithe arna dtabhú agus atá dlite do na tairbhíthe ach nach bhfuil tuairiscithe go fóill agus taifeadtar iad mar speansais fhabhraíthe.

Aithnítear speansais ó idirbhearta malairte a eascraíonn ó cheannach earraí agus seirbhísí nuair a sheachadtar na soláthairtí agus nuair a ghlacann an tAontas leo. Déantar iad a luacháil ag méid an tsonrais bhunaidh. Ina theannta sin, ar dháta an chláir chomhardaithe, speansais a bhaineann leis an tseirbhís arna seachadadh le linn na tréimhse nach bhfuarthas nó nár glacadh le sonrasc maidir leis go fóill, meastar agus aithnítear iad sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais.

## **1.7. SÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAS THEAGMHASACHA**

### **1.7.1. Sócmhainní teagmhasacha**

Is sócmhainn fhéideartha í sócmhainn theagmhasach a eascraíonn ó theagmhais roimhe seo agus nach ndeimhneofar gurb ann di ach amháin trí theagmhas todhchaíoch éiginnte amháin nó níos mó nach bhfuil laistigh de smacht an Aontais ina iomláine. Nochtar sócmhainn theagmhasach nuair atá insreabhadh tairbhíthe eacnamaíoch nó poitéinseal seirbhíse dóchúil.

### **1.7.2. Dliteanais theagmhasacha**

Is éard is dliteanas teagmhasach ann oibleagáid fhéideartha a eascraíonn as teagmhais roimhe seo agus nach ndeimhneofar gurbh ann di ach amháin i gcás ina dtarlóidh nó nach dtarlóidh teagmhas éiginnte amháin nó níos mó sa todhchaí, teagmhas nach mbeidh go hiomlán faoi smacht an Aontais, nó oibleagáid atá ann faoi láthair a eascraíonn as teagmhais roimhe seo ach nach n-aithnítear, toisc nár dócha go mbeidh gá le heis-sreabhadh acmhainní, ar sochair eacnamaíochta nó poitéinseal seirbhíse a bheadh i gceist leo, chun an oibleagáid a réiteach, nó go hannamh i gcás nach féidir méid na hoibleagáide a thomhas ar bhealach atá iontaoifa go leor. Nochtar dliteanas teagmhasach mura bhfuil ann ach caol sheans go dtarlóidh eis-sreabhadh acmhainní ina gcuimsítear tairbhí eacnamaíochta nó poitéinseal seirbhíse.

## **1.8. RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID**

Úsáidtear faisnéis maidir le sreabhadh airgid chun bonn a sholáthar ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar chumas an Aontais chun airgead tirim agus coibhéisí airgid a ghiniúint, agus ar an ngá atá ag an Aontas na sreafaí airgid sin a úsáid.

Ullmhaítear an ráiteas faoi shreabhadh airgid trí bhíthin an mhodha indírigh. Ciallaítear leis sin go ndéantar an toradh eacnamaíoch don bhliain airgeadais a choigeartú i ndáil le héifeachtaí idirbheart de chineál neamhairgid, aon chur siar nó aon fhabhrú ar fháltais airgid oibriúcháin nó íocaíochtaí oibriúcháin in airgead tirim a rinneadh roimhe seo nó a dhéanfar sa todhchaí, agus ítimí ioncaim nó speansais a bhaineann le sreafaí airgid infheistíochta.

Sreafaí airgid a eascraíonn as idirbhearta in airgeadra eachtrach, taifeadtar in airgeadra tuairiscithe an Aontais (Euro) iad tríd an ráta malairte idir an euro agus an t-airgeadra eachtrach ar dháta an tsreafa airgid a chur i bhfeidhm ar mhéid an airgeadra eachtraigh.

Sa ráiteas ar shreafaí airgid, tuairiscítear sreafaí airgid le linn na tréimhse a aicmítear de réir gníomhaíochtaí oibriúcháin, infheistíochta agus maoiniúcháin.

Is éard is gníomhaíochtaí oibriúcháin ann gníomhaíochtaí an Aontais nach gníomhaíochtaí infheistíochta ná gníomhaíochtaí maoiniúcháin iad. Is iad sin formhór na ngníomhaíochtaí atá beartaithe.

Is éard is gníomhaíochtaí infheistíochta ann éadail agus diúscairt sócmhainní doláimhsithe agus réadmhaoine, gléasra agus trealamh agus infheistíochtaí eile nach n-áirítear i gcoibhéisí airgid. Ní áirítear leis na gníomhaíochtaí infheistíochta iasachtaí arna ndeonú do thairbhíthe mar tá siad ina gcuid de na cuspóirí ginearálta agus áirítear in oibríochtaí laethúla an Aontais iad dá réir sin. Is é an cuspóir na hinfeistíochtaí iarbhrí arna ndéanamh ag an Aontas a léiriú.

Is éard is gníomhaíochtaí maoiniúcháin ann gníomhaíochtaí as a leanann athruithe ar mhéid agus ar chomhdhéanamh iasachtaíochta seachas na hiasachtaí sin arna ndeonú do thairbhíthe ar bhonn droim-ar-dhroim nó maidir le héadail réadmhaoine, gléasra agus trealamh (a chuimsítear faoi gníomhaíochtaí oibriúcháin).

## 2. NÓTAÍ A GHABHANN LEIS AN gCLÁR COMHARDAITHE

### SÓCMHAINNÍ

#### 2.1. SÓCMHAINNÍ DOLÁIMHSITHE

|   | <i>EUR milliún</i> |
|---|--------------------|
| <i>Oll-luach de réir na leabhar an 31.12.2020</i> | 1 409              |
| <i>Breiseanna</i>                                 | 276                |
| <i>Diúscairtí</i>                                 | (32)               |
| <i>Aistriú idir catagóirí sócmhainní</i>          | 0                  |
| <i>Athruithe eile</i>                             | (18)               |
| <b>Oll-luach de réir na leabhar an 31.12.2021</b> | <b>1 636</b>       |
| <i>Amúchadh carntha an 31.12.2020</i>             | (789)              |
| <i>Muirear amúchta don bhliain</i>                | (119)              |
| <i>Amúchadh cúlscríofa</i>                        | 3                  |
| <i>Diúscairtí</i>                                 | 36                 |
| <i>Aistriú idir catagóirí sócmhainní</i>          | 0                  |
| <i>Athruithe eile</i>                             | 3                  |
| <b>Amúchadh carntha an 31.12.2021</b>             | <b>(867)</b>       |
| <b>Glanluach de réir na leabhar an 31.12.2021</b> | <b>769</b>         |
| <i>Glanluach de réir na leabhar an 31.12.2020</i> | 620                |

Baineann na méideanna thuas le bogearraí ríomhaireachta go príomha.

## 2.2. RÉADMHAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

I gcatagóir na sócmhainní spáis, cumhdaítear na sócmhainní seasta oibriúcháin a bhaineann le dá chlár spáis an Aontais: na Córais Dhomhanda um Loingseoireacht Satailíte (GNSS), i.e. Galileo agus Breis-seirbhís na hEorpa um Loingseoireacht Gheochobhsaí (EGNOS), agus clár Copernicus an Aontais um fhaire agus um fhaireachán na cruinne. Cuirtear sócmhainní na gcóras spáis nach bhfuil i bhfeidhm go fóill san áireamh faoin gceannteideal “Sócmhainní atá á dtógáil”. Tá na sócmhainní a bhaineann le clár spáis an Aontais á dtógáil le cúnaimh ón nGníomhaireacht Eorpach Spáis (GES).

Le haghaidh Galileo, seoladh dhá shatailít i mí na Nollag 2021. Tá coinne leis go ndearbhófar iad a bheith i bhfeidhm sa chéad seimeastar de 2022. An tráth céanna, cuireadh glúin nua 1.7 den bhonneagar talún i bhfeidhm go rathúil. Tá 26 satailít sa bhuíon faoi láthair. Nuair a bheidh sé críochnaithe, beidh 30 satailít i mbuíon Galileo (lena n-áirítear 6 shatailít spártha). Bhí sócmhainní oibriúcháin seasta Galileo, lena gcumhdaítear satailítí agus suiteálacha talún araon, cothrom le EUR 3 413 milliún an 31 Nollaig 2021, glan de dhímheas carntha (2020: EUR 2 145 milliún). Na sócmhainní eile atá á dtógáil dar luach EUR 1 344 milliún in iomlán (2020: EUR 1 872 milliún).

Maidir le Copernicus, dearbhaíodh go raibh satailít 6A i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2021. Is é EUR 937 milliún luach iomlán shócmhainní seasta oibriúcháin Copernicus (2020: EUR 877 milliún), glan de dhímheas carntha. Aithnítear EUR 2 115 milliún eile a bhaineann le satailítí Copernicus mar shócmhainní atá á dtógáil (2020: EUR 1 894 milliún).

Sócmhainní seasta de EUR 130 milliún a bhaineann le bonneagar talún EGNOS (2020: EUR 24 milliún), cuirtear san áireamh iad chomh maith faoin gceannteideal “Sócmhainní spáis”. Sa bhreis air sin, tá sócmhainní EGNOS atá á dtógáil cothrom le EUR 189 milliún (2020: EUR 273 milliún).



RÉADMHAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

EUR milliún

|   | Talamh agus Foirgnimh | Spás sócmhainní | Gléasra agus Trealamh | Troscán agus Feithiclí | Crua-earraí Ríomhaire | Eile         | Léasanna airgeadais | Sócmhainní atá á dtógáil | Foriomlán       |
|---|-----------------------|-----------------|-----------------------|------------------------|-----------------------|--------------|---------------------|--------------------------|-----------------|
| <i>Oll-luach de réir na leabhar an 31.12.2020</i> | 5 924                 | 5 670           | 546                   | 272                    | 727                   | 332          | 2 650               | 4 748                    | 20 868          |
| <i>Breiseanna</i>                                 | 100                   | 269             | 45                    | 19                     | 114                   | 20           | 9                   | 1 472                    | 2 049           |
| <i>Diúscairtí</i>                                 | (12)                  | —               | (24)                  | (12)                   | (60)                  | (7)          | (7)                 | —                        | (122)           |
| <i>Aistriú idir catagóirí sócmhainní</i>          | 535                   | 1 791           | 1                     | 1                      | (0)                   | 2            | (0)                 | (2 329)                  | 0               |
| <i>Athruithe eile</i>                             | —                     | —               | —                     | —                      | (0)                   | 0            | —                   | (1)                      | (1)             |
| <b>Oll-luach de réir na leabhar an 31.12.2021</b> | <b>6 547</b>          | <b>7 730</b>    | <b>568</b>            | <b>281</b>             | <b>781</b>            | <b>347</b>   | <b>2 651</b>        | <b>3 890</b>             | <b>22 793</b>   |
| <i>Dímheas carntha an 31.12.2020</i>              | (3 676)               | (2 625)         | (465)                 | (203)                  | (557)                 | (259)        | (1 402)             |                          | (9 186)         |
| <i>Muirear dímheasa don bhliain</i>               | (187)                 | (625)           | (38)                  | (16)                   | (84)                  | (23)         | (92)                |                          | (1 065)         |
| <i>Dímheas cúlscríofa</i>                         | 5                     | —               | 0                     | 0                      | 6                     | 0            | —                   |                          | 10              |
| <i>Diúscairtí</i>                                 | 12                    | —               | 24                    | 11                     | 55                    | 7            | 7                   |                          | 116             |
| <i>Aistriú idir catagóirí sócmhainní</i>          | (0)                   | —               | (0)                   | —                      | (0)                   | 0            | 0                   |                          | (0)             |
| <i>Athruithe eile</i>                             | 0                     | —               | 0                     | —                      | (0)                   | (1)          | —                   |                          | (1)             |
| <b>Dímheas carntha an 31.12.2021</b>              | <b>(3 846)</b>        | <b>(3 250)</b>  | <b>(479)</b>          | <b>(208)</b>           | <b>(581)</b>          | <b>(276)</b> | <b>(1 487)</b>      |                          | <b>(10 126)</b> |
| <b>GLANLUACH DE RÉIR NA LEABHAR AN 31.12.2021</b> | <b>2 701</b>          | <b>4 480</b>    | <b>89</b>             | <b>73</b>              | <b>199</b>            | <b>72</b>    | <b>1 164</b>        | <b>3 890</b>             | <b>12 669</b>   |
| <i>GLANLUACH DE RÉIR NA LEABHAR AN 31.12.2020</i> | 2 249                 | 3 045           | 81                    | 69                     | 170                   | 73           | 1 248               | 4 748                    | 11 682          |

### 2.3. INFHEISTÍOCHTAÍ A DTUGTAR CUNTAS ORTHU AGUS MODH AN CHOTHROMAIS Á ÚSÁID

Caitear le rannpháirtíocht an Aontais, arna ionadú ag an gCoimisiún, sa Chiste Eorpach Infheistíochta (CEI) mar chomhlach agus modh cuntasaíochta an chothromais á úsáid. Is í CEI institiúid airgeadais an Aontais, ar speisialtóir í i gcaipiteal riosca agus ráthaíochtaí a sholáthar d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide. Tá CEI suite i Lucsamburg agus oibríonn sé mar chomhpháirtíocht phríobháideach-phoiblí, agus is iad an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI), an tAontas Eorpach agus grúpa institiúidí airgeadais na comhaltaí atá ann.

In 2021, rinne scairshealbhóirí CEI méadú caipitil ó EUR 4,5 billiún go dtí EUR 7,4 billiún a fhortheas. Is é EUR 7,3 billiún an caipiteal suibscríofa an 31 Nollaig 2021 (fad is atá EUR 70 milliún eile údaraithe ach gan a bheith suibscríofa go fóill). Leis an méadú sin, cuirfear ar a chumas do CEI príomhról a bheith aige in InvestEU a rolladh amach, clár infheistíochta an Aontais do 2021-2027 (féach nóta 4.1.1). Rannchuideoidh sé freisin leis an bhfreagairt ar ghéarchéim COVID-19, áit a bhfuil pacáistí suntasacha á gcur ar bun ag CEI chun tacú le gnólachtaí beaga ar fud na hEorpa. Ghlac an tAontas Eorpach páirt sa mhéadú ar an gcaipiteal, agus thug sé EUR 372 milliún ina leith. An 31 Nollaig 2021, bhí 30 % de na leasanna úinéireachta in CEI ina sheilbh (2020: 29,7%) agus 30 % de na cearta vótála (2020: 29,7%). I gcomhréir lena reachtanna, éilítear ar CEI 20 % ar a laghad dá ghlantóradh bliantúil a leithdháileadh ar chúlchiste reachtúil, go dtí go mbeidh an cúlchiste comhiomlánaithe cothrom le 10 % den caipiteal suibscríofa. Níl an cúlchiste ar fáil lena dháileadh.

EUR milliún

|                                      | An Ciste Eorpach Infheistíochta |
|--------------------------------------|---------------------------------|
| <b>Rannpháirtíocht an 31.12.2020</b> | <b>588</b>                      |
| <i>Ranniocaíochtaí</i>               | 372                             |
| <i>Díbhinní faighte</i>              | —                               |
| <i>Sciar den ghlantóradh</i>         | 169                             |
| <i>Sciar de na glansócmhainní</i>    | 63                              |
| <b>Rannpháirtíocht an 31.12.2021</b> | <b>1 192</b>                    |

Is féidir na luachanna de réir na leabhar seo a leanas a chur i leith an Aontais bunaithe ar an gcéatadán den rannpháirtíocht a bhaineann leis:

EUR milliún

|                            | 31.12.2021 | 31.12.2020 |
|----------------------------|------------|------------|
|                            | CEI iomlán | CEI iomlán |
| <i>Sócmhainní</i>          | 5 187      | 3 256      |
| <i>Dliteanais</i>          | (1 213)    | (1 277)    |
| <i>Ioncam</i>              | 781        | 322        |
| <i>Speansais</i>           | (217)      | (194)      |
| <i>Barrachas/(easnamh)</i> | 564        | 129        |

Is mar a leanas atá réiteach na faisnéise airgeadais a choimrithe thuas i leith luach de réir na leabhar an leasa arna shealbhú in CEI:

EUR milliún

|                                       | 31.12.2021    | 31.12.2020    |
|---------------------------------------|---------------|---------------|
| <i>Glansócmhainní an chomhlaigh</i>   | 3 974         | 1 979         |
| <b>Leasanna úinéireachta CE i CEI</b> | <b>30,0 %</b> | <b>29,7 %</b> |
| <i>Suim ghlanluacha</i>               | 1 192         | 588           |

Tá 20% dá scaireanna suibscríofa i gcaipiteal CEI íoctha ag an Aontas Eorpach, arna ionadú ag an gCoimisiún, an 31 Nollaig 2021, agus is mar a leanas an méid neamhghlaoite:

| EUR milliún              |                         |                          |
|--------------------------|-------------------------|--------------------------|
|                          | Iomlán an chaipitil CEI | Suibscríbhinn an Aontais |
| Iomlán an scairchaipitil | 7 300                   | 2 190                    |
| Íoctha isteach           | (1 460)                 | (438)                    |
| <b>Neamhghlaoite</b>     | <b>5 840</b>            | <b>1 752</b>             |

#### 2.4. SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS

| EUR milliún  |       |                |                |
|--|-------|----------------|----------------|
|  | Nóta  | 31.12.2021     | 31.12.2020     |
| <b>Neamhreatha</b>   |       |                |                |
| Sócmhainní airgeadais ar chostas amúchta                                     | 2.4.1 | 160 214        | 82 887         |
| Sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh <sup>(1)</sup> | 2.4.2 | 21 660         | 16 327         |
|  |       | <b>181 874</b> | <b>99 214</b>  |
| <b>Reatha</b>  |       |                |                |
| Sócmhainní airgeadais ar chostas amúchta                                     | 2.4.1 | 3 353          | 10 422         |
| Sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh <sup>(1)</sup> | 2.4.2 | 3 391          | 3 459          |
|  |       | <b>6 744</b>   | <b>13 881</b>  |
| <b>Foirmlán</b>  |       | <b>188 618</b> | <b>113 095</b> |

<sup>(1)</sup> Áirítear le figiúirí 2020 EUR 16 134 milliún arna aicmiú mar shócmhainní airgeadais AFS (Ar fáil le díol) neamhreatha agus EUR 3 453 milliún arna aicmiú mar shócmhainní airgeadais AFS reatha i gCuntais Bhliantúla Chomhdhlúite 2020 an Aontais.

##### 2.4.1. Sócmhainní airgeadais ag costas amúchta

| EUR milliún                                    |         |                |               |
|--|---------|----------------|---------------|
|  | Nóta    | 31.12.2021     | 31.12.2020    |
| Iasachtaí do RRF (NGEU) agus cúnamh airgeadais | 2.4.1.1 | 163 392        | 93 193        |
| Iasachtaí eile                                 | 2.4.1.2 | 176            | 116           |
| <b>Foirmlán</b>                                |         | <b>163 568</b> | <b>93 309</b> |
| Neamhreatha                                    |         | 160 214        | 82 887        |
| Reatha   |         | 3 353          | 10 422        |

## 2.4.1.1. Iasachtaí do RRF (NGEU) agus cúnamh airgeadais

| EUR milliún                                     |               |               |               |            |              |            |                |
|---|---------------|---------------|---------------|------------|--------------|------------|----------------|
|   | RRF (NGEU)    | SURE          | EFSM          | BOP        | CAI          | Euratom    | Foriomlán      |
| <i>Iomlán an 31.12.2020</i>                     | —             | 39 503        | 47 396        | 201        | 5 813        | 279        | 93 193         |
| <i>Athbhreithniú ar EAR 11</i>                  | —             | 420           | (114)         | (1)        | (27)         | (1)        | 276            |
| <i>Iasachtaí nua (ainmniúil)</i>                | 17 970        | 50 137        | 9 750         | —          | 1 665        | 100        | 79 622         |
| <i>Aisíocaíochtaí</i>                           | —             | —             | (9 750)       | —          | (14)         | (29)       | (9 793)        |
| <i>Athruithe ar an luach de réir na leabhar</i> | 8             | 507           | (144)         | 0          | (24)         | —          | 347            |
| <i>Athruithe ar an lagú</i>                     | —             | —             | —             | —          | (243)        | (11)       | (254)          |
| <b>Iomlán an 31.12.2021</b>                     | <b>17 978</b> | <b>90 567</b> | <b>47 138</b> | <b>201</b> | <b>7 170</b> | <b>338</b> | <b>163 392</b> |
| <i>Neamhreatha</i>                              | 17 970        | 90 502        | 43 969        | 200        | 7 132        | 314        | 160 087        |
| <i>Reatha</i>                                   | 8             | 65            | 3 169         | 1          | 38           | 24         | 3 305          |

Is EUR 162 394 milliún atá i luach ainmniúil na n-iasachtaí an 31 Nollaig 2021, agus as sin tagraíonn EUR 144 424 milliún d'iasachtaí le haghaidh cúnamh airgeadais (2020: EUR 92 565 milliún) agus tagraíonn EUR 17 970 milliún do RRF (2020: dada). Tharla an méadú suntasach ón mbliain roimhe sin mar gheall ar tuilleadh iasachtaí a tugadh amach faoi SURE agus seoladh na hionstraime RRF (NGEU) in 2021.

Léirítear leis an líne “athbhreithniú EAR 11” tionchar EAR 11 athbhreithnithe ar mhéideanna na n-iasachtaí an 1 Eanáir 2021. Le haghaidh SURE, EFSM agus BOP tagraíonn an tionchar do mhodh an ráta úis éifeachtaigh a chur i bhfeidhm. Le haghaidh MFA agus Euratom tagraíonn an tionchar do chur i bhfeidhm an ráta úis éifeachtaigh agus an líuntais lagaithe an 1 Eanáir 2021.

- Tionchar an ráta úis éifeachtaigh: Oibrítear na cláir thuasluaite, ach amháin RRF (NGEU), ar bhonn “droim-le-droim”. Ciallaíonn sé sin go ndéantar na préimheanna, lascainí, úis agus costais idirbheart a thabhaíonn an tAontas i leith iasachtaíochta a athmhúirearú ar thairbhí na hiasachta. Mar thoradh air sin, is ionann ráta úis éifeachtach iasachta agus ráta úis éifeachtach na hiasachtaíochta faoi seach as a bhfuarthas maoiniú don iasacht. Rinneadh na préimheanna nó lascainí ar idirbhearta iasachtaíochta agus a n-athmhúirearú ar thairbhíthe iasachta a chlárú láithreach mar chaiteachas sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais roimhe seo. Trí mhodh an ráta úis éifeachtaigh a chur i bhfeidhm, cuireadh na lascainí agus préimheanna gan amúchadh an 1 Eanáir 2021 leis na hiasachtaíochtaí agus iasachtaí gan íoc. Is é nialas an glantionchar ar thorthaí carntha. Na préimheanna agus lascainí gan amúchadh, déanfar iad a amúchadh anois go dtí a n-aibíocht.
- Tionchar an líuntais lagaithe: Rinneadh é sin a ríomh agus modh an chailteanais creidmheasa ionchasaigh á úsáid, agus na beartais chun iasachtaí a laghdú á gcur i bhfeidhm (féach nóta 6.5). D'aithin an Coimisiún líuntas lagaithe le haghaidh cailteanais chreidmheasa ionchasaigh dá réir i gcomhair iasachtaí MFA agus Euratom, an 1 Eanáir 2021.

Comhfhreagraíonn an líne “athruithe sa lagú” don atomhas ar chailteanais chreidmheasa ionchasaigh an 31 Nollaig 2021.

Comhfhreagraíonn an líne “athruithe ar an luach de réir na leabhar” don athrú ar ús fabhráithe agus don athrú ar phréimheanna/lascainí (préimheanna/lascainí nua agus amúchadh).

**An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF)**

In 2021, bhunaigh an tAontas RRF mar ionstraim shealadach chun cuidiú le geilleagair na mBallstát téarnamh ó phaindéim an choróinvírís agus éirí athléimneach i ndáil le hidirbhearta glasa agus digiteacha. Faoi Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (NGEU), faigheann an Coimisiún cistí ar iasacht a úsáideann RRF chun athchóirithe agus infheistíochtaí na mBallstát a mhaoiniú. Ní mór iad sin a bheith i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais agus ní mór aghaidh a thabhairt ar na

dúshláin arna n-aithint i moltaí tírshonracha faoi réim an tSeimeastair Eorpaigh um beartas eacnamaíoch agus sóisialta a chomhordú. Féadfaidh an maoiniú a bheith ina iasacht (tacaíocht inaisíochta) nó ina dheontas (tacaíocht neamh-inaisíochta, féach nóta 2.5). Féadfaidh na Ballstáit maoiniú a fháil suas le leithdháileadh arna chomhaontú roimh ré le haghaidh iasachtaí agus deontas. Chun tairbhiú den tacaíocht, ní mór do na Ballstáit a bpleananna náisiúnta gnóthaithe agus athléimneachta a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh. Leagtar amach i ngach plean na hathchóirithe agus infheistíochtaí atá le cur chun feidhme faoi dheireadh 2026, lena sainítear garspriocanna agus spriocanna soiléire a ndéanfaidh an Coimisiún Eorpach anailís orthu agus a ndéanfaidh an Chomhairle Eorpach iad a fhormheas. Féadfar na hiasachtaí RRF a eisíoc go dtí an 31 Nollaig 2026 ar choinníoll go bhfuil na garspriocanna agus spriocanna a comhaontaíodh bainte amach. Suas go dtí an 31 Nollaig 2021, féadfaidh an Coimisiún suas le 13% de na méideanna iasachta formheasta a réamh-íoc chun téarnamh eacnamaíoch a thionscnamh.

An 31 Nollaig 2021 bhí comhaontuithe iasachta dar luach EUR 153,2 billiún sínithe. Astu sin, rinne an Coimisiún EUR 18 mbilliún a eisíoc. Níl aon ghaol “droim-le-droim” idir iasachtaí RRF agus iasachtaíocht NGEU (féach nóta 2.11).

### **Tacaíocht chun Rioscaí Dífhostaíochta a mhaolú i gcás Éigeandála (SURE)**

Is ionstraim Eorpach í SURE a chuidíonn chun daoine a choinneáil ag an obair agus i bpoist, go háirithe poist a dhéanann paindéim an choróinvírís difear dóibh. Cuireann an ionstraim seo ar a gcumas do na Ballstáit cúnamh airgeadais a iarraidh ón Aontas d'fhonn cuidiú chun mórmhéaduithe tobanna ar chaiteachas poiblí náisiúnta a mhaoiniú, a bhaineann le scéimeanna oibre gearr-ama náisiúnta agus bearta comhchosúla, lena n-áirítear do dhaoine féinfhostaithe, nó le roinnt beart a bhaineann leis an tsláinte, go háirithe san ionad oibre mar fhreagairt ar an ngéarchéim. Féadfaidh sé cúnamh airgeadais suas le EUR 100 billiún a sholáthar i bhfoirm iasachtaí do na Ballstáit lena mbaineann. Tá EUR 25 billiún mar bhonn taca faoin ionstraim, atá ina ráthaíochtaí a sholáthair na Ballstáit don Choimisiún chun iasachtaíocht lena mbaineann a aisíoc. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle, féadfaidh an Coimisiún comhaontú iasachta a dhéanamh le Ballstát ar choinníoll go ndearna an Coimisiún cinneadh cur chun feidhme a mholadh i ndáil le cúnamh airgeadais SURE, agus gur ghlac an Chomhairle an cinneadh sin.

An 31 Nollaig 2021, bhí an Chomhairle tar éis comhaontuithe iasachta a fhormheas le haghaidh EUR 94,3 billiún i gcúnamh airgeadais agus bhí an Coimisiún tar éis iad a shíniú. Astu sin, rinne an Coimisiún EUR 89,6 billiún a eisíoc le Ballstáit (méideanna ainmniúla). Tá na méideanna atá fágtha faoi chomhaontuithe iasachta sínithe á n-eisíoc in 2022.

### **An Sásra Cobhsaíochta Airgeadais Eorpach (EFSM)**

Cumasaíodh le EFSM cúnamh airgeadais a dheonú do Bhallstát ag a bhfuil deacrachtaí nó a bhfuil géardheacrachtaí ag dianbhagairt air arb é is cúis leo dálaí eisceachtúla nach bhfuil neart aige orthu. Féadfaidh an cúnamh a bheith i bhfoirm iasachta nó líne creidmheasa. De réir chonclúidí Chomhairle ECOFIN an 9 Bealtaine 2010 cuirtear srianadh EUR 60 billiún ar an tsaoráid ach de réir na teorann dlíthiúil déantar méid gan íoc iasachtaí nó línte creidmheasa a shrianadh go dtí an corrlach atá ar fáil faoi uasteorainn na n-acmhainní dílse. Ní bheartaítear go rachaidh EFSM i mbun cláir maoiniúcháin nua ná go ndéanfaidh sé comhaontuithe maidir le saoráid iasachta nua. Níl aon mhéid neamhtharraingthe ó chomhaontuithe iasachta sínithe.

### **Comhordú na nÍocaíochtaí (BOP)**

Is ionstraim airgeadais bunaithe ar bheartas í seo lena soláthraítear cúnamh airgeadais meántearma do Bhallstáit nár ghlac an euro mar airgeadra. Cumasaítear léi iasachtaí a dheonú do Bhallstáit ag a bhfuil deacrachtaí, nó a bhfuil deacrachtaí ag dianbhagairt orthu, i gcomhordú a n-íocaíochtaí nó a ngluaiseachtaí caipitil. Tá teorainn EUR 50 billiún ar uasmhéid na n-iasachtaí gan íoc arna ndeonú faoin ionstraim. Níl aon mhéid neamhtharraingthe ó chomhaontuithe iasachta sínithe.

### **Cúnamh Macrairgeadais (MFA)**

Is éard is cúnamh macrairgeadais (MFA) ann foirm cúnaimh airgeadais a thugann an tAontas do thíortha comhpháirtíochta a bhfuil géarchéim acu ó thaobh comhardú na n-íocaíochtaí. Bíonn sé i bhfoirm iasachtaí meántearma nó fadtéarma nó deontais nó comhcheangal iomchuí den dá cheann agus de ghnáth comhlánaíonn sé maoiniú arna sholáthar i gcomhthéacs clár coigeartaithe agus athchóirithe a fhaigheann tacaíocht ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI). Déanann an Ciste Ráthaíochta do ghníomhaíochtaí seachtracha an iasachtaíocht i leith na n-iasachtaí sin a ráthú agus ansin déanann buiséad an Aontais iad a ráthú chomh maith.

Le linn 2021, rinneadh iasachtaí breise EUR 1,7 billiún a eisíoc, lena n-áirítear EUR 0,6 billiún leis an Úcráin. Tá EUR 0,6 billiún i méideanna coinníollacha neamhtharraingthe ó chomhaontuithe iasachta sínithe.

An 31 Nollaig 2021, is é EUR 293 milliún an liúntas lagaithe le haghaidh iasachtaí MFA, as a dtagraíonn EUR 197 milliún do na hiasachtaí don Úcráin (EUR 4,4 billiún (luach ainmniúil) in iomlán ag deireadh na bliana). I gcomhréir le rialacha cuntasaióchta an Aontais (agus IPSAS), ní chuirtear san áireamh leis an liúntas lagaithe sin na teagmhais neamhchoigeartúcháin tar éis an chláir chomhardaithe a bhaineann leis an gcogadh sa Úcráin in 2022 (féach nóta 8), níor chuirtear san áireamh ach an méadú suntasach ar riosca a tugadh faoi deara ag deireadh 2021 amháin.

### Iasachtaí an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (Euratom)

Tugann an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (Euratom, arna ionadú ag an gCoimisiún) airgead ar iasacht do Bhallstáit agus Stáit nach Ballstáit iad araon, agus d'eintitis an dá cheann, chun tionscadail a mhaoiniú a bhaineann le suiteálacha fuinnimh. As iomlán na n-iasachtaí Euratom gan íoc an 31 Nollaig 2021, baineann EUR 300 milliún (luach ainmniúil) le hiasachtaí leis an Úcráin, ar aithníodh liúntas lagaithe EUR 13 milliún ina leith. An 31 Nollaig 2021, bhí an Coimisiún tar éis ráthaíochtaí a fháil ó thríú páirtithe dar luach EUR 350 milliún (2020: EUR 279 milliún) chun iasachtaí Euratom a chumhdach. Níl aon mhéid neamhtharraingthe ó chomhaontuithe iasachta sínithe.

### Rátaí úis éifeachtacha iasachtaí (arna léiriú mar raon rátaí úis)

|            | 31.12.2021        | 31.12.2020      |
|------------|-------------------|-----------------|
| RRF (NGEU) | 0,11 % – 0,12 %   | —               |
| SURE       | (0,48) % – 0,77 % | 0,00 % – 0,30 % |
| EFSM       | (0,03) % – 3,79 % | 0,50 % – 3,75 % |
| BOP        | 2,95 %            | 2,88 %          |
| CAI        | (0,14) % – 3,70 % | 0,00 % – 3,69 % |
| Euratom    | (0,08) % – 1,66 % | 0,00 % – 5,76 % |

Tagraíonn figiúirí 2020 do rátaí úis ainmniúla, agus tá figiúirí 2021 ina rátaí úis éifeachtacha i gcomhréir le EAR 11 athbhreithnithe.

#### 2.4.1.2. Iasachtaí eile

Cuimsítear 3 chineál iasachta leo sin:

- Iasachtaí EUR 74 milliún an 31 Nollaig 2021 (2020: EUR 75 milliún) arna ndeonú ó chláir bhuiséad an Aontais (e.g. clár MEDA na Comhpháirtíochta Eora-Mheánmhara agus clár an Aontais Eorpaigh um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta)
- Iasachtaí ar mainneachtain arb iad comhpháirtithe cur chun feidhme a dheonaigh ar dtús iad, i gcás inar íoc an Coimisiún glao ráthaíochta agus go bhfuil na cearta gnóthaithe ina sheilbh aige anois (iasachtaí seachaithe). An 31 Nollaig 2021, tá na cearta gnóthaithe i leith EUR 855 milliún de na hiasachtaí sin i seilbh an Choimisiúin (lena n-áirítear ús fabhráithe). Tar éis na cailleanais chreidmheasa ionchasacha a chur san áireamh áfach, is é EUR 48 milliún an luach de réir na leabhar a aithnítear an gclár comhardaithe. Rinne BEI na hiasachtaí sin a dheonú agus rinne na cláir CEIS agus ELM iad a ráthú.
- Taiscí téarma de EUR 54 milliún, lena mbaineann téarma aibíochta níos faide ná 3 mhí nach gcomhlíonann an sainmhíniú ar choibhéisí airgid tirim.

#### 2.4.2. Sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh (FVSD)

|   | Nóta    | 31.12.2021 | 31.12.2020 |
|---|---------|------------|------------|
| Sócmhainní airgeadais ag neamhdhíorthaigh FVSD <sup>(1)</sup> | 2.4.2.1 | 24 223     | 19 587     |
| Sócmhainní airgeadais ag díorthaigh FVSD                      | 2.4.2.2 | 828        | 199        |

EUR milliún

EUR milliún

|                    | Nóta | 31.12.2021    | 31.12.2020    |
|--------------------|------|---------------|---------------|
| <b>Foriomlán</b>   |      | <b>25 051</b> | <b>19 786</b> |
| <i>Neamhreatha</i> |      | 21 660        | 16 327        |
| <i>Reatha</i>      |      | 3 391         | 3 459         |

(<sup>1</sup>) Baineann figiúr 2020 le méideanna a aicmíodh roimhe sin mar shócmhainní airgeadais AFS i gCuntais Bhliantúla Chomhdhlúite 2020 an Aontais.

#### 2.4.2.1. Sócmhainní airgeadais ag neamhdhíorthaigh FVSD

##### Sócmhainní airgeadais ag neamhdhíorthaigh FVSD de réir cineáil

EUR milliún

|  | 31.12.2021    | 31.12.2020    |
|--|---------------|---------------|
| <i>Urrúis fiachais</i>   | 19 326        | 14 862        |
| <i>Cistí margaidh airgid agus infheistíochtaí i bpunanna comhthiomsaithe</i> | 2 513         | 3 038         |
| <i>Infheistíochtaí cothromais eile</i>                                       | 2 384         | 1 686         |
| <b>Foriomlán</b>   | <b>24 223</b> | <b>19 587</b> |
| <i>Neamhreatha</i>   | 20 834        | 16 134        |
| <i>Reatha</i>  | 3 390         | 3 453         |

Baineann figiúirí 2020 le méideanna a aicmíodh roimhe sin mar shócmhainní AFS i gCuntais Bhliantúla Chomhdhlúite 2020 an Aontais.

Is bannaí ceannasacha agus bannaí corparáideacha atá in urrúis fiachais den chuid is mó. Coinnítear na hinfeistíochtaí sin sna cistí (punanna) arna mbainistiú ag an gCoimisiún, nó ag BEI ar son an Aontais agus tagraíonn siad do CSC, H2020, BUFI agus an Ciste don Nuálaíocht (féach thíos) go príomha. Déantar meastóireacht ar fheidhmíocht na bpunann sócmhainní ar bhonn cóirluacha (luach margaidh).

Tá cistí margaidh airgid ina gcistí frithpháirteacha a dhéanann infheistíocht in urrúis fiachais ghearrthéarmacha (e.g. ciste aonadach BEI). Tá na hinfeistíochtaí i bpunanna comhthiomsaithe comhdhéanta de chistí an Aontais i ndáil le clár SCE agus H2020 curtha le chéile le cistí na mBallstát ón gclár NER 300. Úsáidtear iad chun ráthaíochtaí a sholáthar d'oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta BEI.

Tagraíonn “infheistíochtaí cothromais eile” d'airgead bhuiséad an Aontais a infheistiú den chuid is mó – trí chomhpháirtithe cur chun feidhme – i gcaipiteal fiontair nó i gcineálacha eile cistí infheistíochta chun cuspóirí beartais an Aontais a shaothrú. Rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú do FBManna nuathionscanta, taighde agus nuálaíocht chomh maith le bonneagar laistigh den Aontas Eorpach agus lasmuigh de, mar shampla.

##### Sócmhainní airgeadais ag neamhdhíorthaigh FVSD de réir an chlár

EUR milliún

|                                | 31.12.2021 | 31.12.2020 |
|--------------------------------|------------|------------|
| <i>An Ciste don Nuálaíocht</i> | 4 195      | —          |
| <i>Infheistíochtaí BUFI</i>    | 1 257      | 1 598      |
| <i>CEGC faoi Leachtú</i>       | 1 382      | 1 445      |

|  | EUR milliún   |               |
|--|---------------|---------------|
|  | 31.12.2021    | 31.12.2020    |
| <i>Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha</i>              | 188           | 188           |
| <i>Plean pinsean d'fhoireann áitiúil SEGS</i>                    | 69            | 73            |
|  | <b>7 091</b>  | <b>3 304</b>  |
| <i>Cistí Ráthaíochta Buiséadaí:</i>                              |               |               |
| <i>Ciste don Soláthar Coiteann</i>                               | 11 272        | —             |
| <i>Ciste Ráthaíocht CEIS</i>                                     | —             | 7 526         |
| <i>Ciste Ráthaíochta do ghníomhaíochtaí seachtracha</i>          | —             | 2 794         |
| <i>Ciste Ráthaíocht CEFI</i>                                     | —             | 692           |
|  | <b>11 272</b> | <b>11 012</b> |
| <i>Ionstraimí Airgeadais arna maoiniú ó bhuiséad an Aontais:</i> |               |               |
| <i>Fís 2020</i>  | 3 342         | 3 097         |
| <i>An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa</i>                       | 762           | 764           |
| <i>Saoráidí Cothromais FBM an Aontais</i>                        | 684           | 533           |
| <i>An Ciste Eorpach d'Oirdheisceart na hEorpa</i>                | 213           | 163           |
| <i>An Ciste um Fhás Glas</i>                                     | 146           | 143           |
| <i>An tSaoráid Airgeadais um Éifeachtúlacht Fuinnimh</i>         | 107           | 104           |
| <i>Eile</i>  | 606           | 467           |
|  | <b>5 861</b>  | <b>5 271</b>  |
| <b>Foriomlán</b>   | <b>24 223</b> | <b>19 587</b> |
| <i>Neamhreatha</i>   | 20 834        | 16 134        |
| <i>Reatha</i>  | 3 390         | 3 453         |

Baineann figiúirí 2020 le méideanna a aicmíodh roimhe sin mar shócmhainní AFS i gCuntais Bhliantúla Chomhdhlúite 2020 an Aontais.

### An Ciste don Nuálaíocht

Bunaíodh an Ciste don Nuálaíocht le Treoir (AE) 2018/410 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(19)</sup> lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas. Tacaíonn sé leis an nuálaíocht i dteicneolaíochtaí agus i bpróisis ísealcharbóin in earnálacha eacnamaíochá áirithe. An t-ioncam ó luach airgid a chur ar 450 milliún liúntas de réir a chéile, tabharfar an t-ioncam sin don Chiste don Nuálaíocht, in éineacht le haon chistiú nár caitheadh ó na 300 milliún liúntas arna gcur ar fáil don chlár NER300 (féach nóta 3.8). Chuir an Ciste don Nuálaíocht tús lena chuid oibríochtaí in 2020, ach coinníodh na méideanna in airgead tirim. Ó 2021, déanann BEI airgid an Chiste don Nuálaíocht a bhainistiú trí é a infheistiú i mbannaí.

<sup>(19)</sup> Treoir (AE) 2018/410 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2018 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE chun laghdúithe costéifeachtacha astaíochtaí agus infheistiúcháí ísealcharbóin a fheabhsú, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 (IO L 76, 19.3.2018, lch. 3).



### **Infheistíochtaí BUFI**

Bhunaigh an Coimisiún ciste na bhFíneálacha Buiséid (“BUFI”) chun an t-airgead a fhaigheann sé go sealadach le haghaidh fíneálacha iomaíochais faoi achomharc a bhainistiú. Go dtí cinneadh deireadh na cúirte, infheistíonn an Coimisiún an t-airgead in ionstraimí fiachais.

### **CEGC faoi Leachtú**

Chuaigh Conradh CEGC in éag an 23 Iúil 2002 agus rinneadh sócmhainní uile CEGC a aistriú chuig an Aontas Eorpach agus cuireadh in áirithe iad le haghaidh taighde sna hearnálacha a bhaineann le tionscail ghuail agus chruach. Bainistíonn an Coimisiún an phunann, agus infheistíonn sé in urrúis fiachais a ainmnítear in EUR agus a luaitear i margadh gníomhach.

### **Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha**

Tá infheistíocht airgeadais ag an Aontas Eorpach i gcaipiteal an Bhainc Eorpaigh Athfhoirgníochta agus Forbartha (BEAF), arb é 90 044 scair a bhí i seilbh ann an 31 Nollaig 2021 (2020: 90 044 scair), lena léirítear 3% den scairchaipiteal suibscríofa iomlán. Shuibscríobh an tAontas do EUR 900 milliún in iomlán de scairchaipiteal, as a bhfuil EUR 713 milliún neamhghlaoite faoi láthair. De réir an chomhaontaithe lena mbunaítear BEAF, tá roinnt srianta conarthacha ar na scairshéalbhóirí amháil nach bhfuil na scaireanna inaistrithe agus gurb é uasmhéid an chostais cheannaigh bhunaigh an uasteorainn ar a bhfuascailt. Tomhaiseann an tAontas a infheistíocht sa BEAF ar luach cóir. Meastar an costas ceannacháin tosaigh a bheith mar an meastachán is fearr ar an luach cóir, go háirithe mar gheall ar na srianta conarthacha dá dtagraítear thuas. Cé nár luadh scaireanna BEAF ar aon mhargadh stocmhalartáin, bhí idirbhearta le déanaí i gcothromas an infheisteora (caipiteal a eisiúint ag parluach), lena léirítear gurb é an costas an meastachán is fearr ar an luach cóir sa chás seo.

### **Ciste don Soláthar Coiteann (CSC)**

Ráthaíonn an tAontas infheistíochtaí cothromais agus iasachtaí a sholáthraíonn comhpháirtithe cur chun feidhme do stáit cheannasacha agus do chuideachtaí. Chun na héilimh ó mhainneachtainí nó cailleanais eile a íoc, tá airgead á chur i leataobh ó Bhuiséad an Aontais, i gcomhréir leis na gníomhartha dlíthiúla, chun caipiteal maolánach a charnadh i.e. CSC. Cumhdaítear leis an CSC chomh maith iasachtaíocht a eisíonn an Coimisiún chun iasachtaí MFA agus Euratom do stáit nach Ballstáit iad a mhaoiniú.

Go dtí 2020, bhí ciste ar leith le haghaidh gach ráthaíocht bhuiséadach (Ciste Ráthaíochta CEIS, Ciste Ráthaíochta CEFI, Ciste Ráthaíochta do Ghníomhaíochtaí Seachtracha – lena gcumhdaítear freisin na hiasachtaí cúnaimh airgeadais do thríú tíortha faoi MFA agus Euratom).

Ón 1 Eanáir 2021, i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, bhunaigh an Coimisiún CSC chun an caipiteal maolánach a bhainistiú (“soláthar”) i ndáil le gach ráthaíocht bhuiséadach agus iasacht cúnaimh airgeadais le tríú tíortha, i bpunann chomhchoiteann amháin. Sa bhreis ar sholáthar bhuiséad an Aontais, faigheann CSC aisghabhálacha ó oibríochtaí ar mainneachtain, na torthaí ar a chuid infheistíochtaí agus na fáiltais ó luach saothair ráthaíochtaí buiséadacha an Aontais. Féadfaidh CSC ranníocaíochtaí deonacha a fháil freisin ó Bhallstáit agus ranníocóirí eile, a chuireann leis na ráthaíochtaí buiséid atá ar fáil ag an Aontas ar an gcaoi sin.

Leithdháileann CSC na ranníocaíochtaí a thagann isteach ina n-urranna agus tagraíonn gach urrann do chlár rannchuidithe amháin. Tá ceithre urrann i CSC an 31 Nollaig 2021. Astu siúd, tagraíonn 3 urrann d'ionstraimí oidhreachta arna mbunú faoi CAInna roimhe seo (CEIS, CEFI agus ELM). Rinne an trí chlár rannchuidithe sin an soláthar a bhí acu cheana féin ar an dáta a chuaigh siad isteach in CSC a aistriú. Ina theannta sin, tá urrann le haghaidh InvestEU, ionstraim nua a bunaíodh faoin CAI atá i bhfeidhm faoi láthair. Leagtar amach na forálacha is gá le haghaidh na ráthaíochtaí arna soláthar i ngníomhartha dlí na n-ionstraimí sin. Déanann buiséad an Aontais na forálacha aonair sin a chomhthiomsú sa CSC agus barrfheabhsaíonn sé an bhainistíocht sócmhainní.

Ba é EUR 12,3 billiún a bhí i sócmhainní CSC an 31 Nollaig 2021 as a ndearnadh EUR 11,3 billiún a infheistiú i sócmhainní airgeadais ag neamhdhíorthaigh FVSD (urrúis fiachais).

### **Fís 2020**

Faoi Rialachán an Aontais lena mbunaítear Fís 2020 – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2014-2020), bunaíodh ionstraimí airgeadais nua chun rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú d'eintitis a thugann faoi thaighde agus nuálaíocht (R&N). Áirítear ar na hionstraimí sin:

- *InnovFin – Seirbhís Iasachta agus Rátháíochta le haghaidh Taighde agus Nuálaíochta* faoina gcomhroinneann an Coimisiún an riosca airgeadais a bhaineann le punann oibríochtaí maoiniúcháin nua a rinne BEI;
- *InnovFin – Saoráid Rátháíochta FBM agus Ionstraim Rátháíochtaí Neamhchaidhpeáilte an Tionscnaimh do FBManna (SIUGI)* – saoráidí rátháíochta atá á mbainistiú ag CEI lena soláthraítear rátháíochtaí agus frithrátháíochtaí d'idirghabhálaithe airgeadais le haghaidh punanna nua iasachtaí (faoi SIUGI, déanann an Coimisiún an riosca airgeadais a bhaineann leis an rátháíocht a thugtar a chomhroinnt le Ballstáit, CEI agus BEI);
- *InnovFin – Saoráid Cothromais le haghaidh Taighde agus Nuálaíochta* lena bhforáiltear d'infheistíochtaí i gcistí caipitil fiontair arna mbainistiú ag CEI; agus
- *Ciste na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí (CNE)* a sholáthraíonn maoiniú cothromais chun gníomhaíochtaí nuálaíochta agus imlonnaithe margaidh a ghéarú. Déanfar ciste CNE a chistiú go príomha ó CAI 2021-2027 faoin gclár réime Fís Eorpach. Go dtí seo, bhain an Coimisiún úsáid as acmhainní a bhí ar fáil faoi H2020, áfach.

### An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa

De bhun Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(20)</sup>, bunaíodh ionstraim fiachais na Saoráide um Chónascadh na hEorpa (SCE) agus é de chuspóir aici rochtain tionscadal bonneagair ar mhaoiniú a éascú in earnálacha an iompair, na teileachumarsáide agus an fhuinnimh. Déanann BEI é a bhainistiú de réir comhaontaithe leis an Aontas. Tairgeann sé comhroinnt riosca maidir le maoiniú fiachais i bhfoirm fiach sinsearach nó fofhéich nó rátháíochta chomh maith le tacáíocht do bhannaí tionscadail arna ráthú ag an Aontas.

### Saoráidí Cothromais FBM an Aontais

Is ionstraimí cothromais iad seo arna maoiniú ag na cláir COSME, CIP agus MAP agus an Tionscnamh Fáis agus Fostaíochta, faoi iontaobhaíocht CEI, lena dtacaítear le cruthú agus maoiniú FBManna an Aontais ina gcéimeanna luatha (nuathionscanta) agus ina gcéimeanna fáis trí infheistiú i gcistí caipitil fiontair speisialaithe oiriúnacha.

### Ordlathas cóirluacha sócmhainní airgeadais neamhdhíorthacha ag FVSD (a aicmíodh mar AFS in 2020)

| An cineál sócmhainne airgeadais  | EUR milliún   |               |
|--|---------------|---------------|
|  | 31.12.2021    | 31.12.2020    |
| <i>Leibhéal 1: Praghsanna luaite i margaí gníomhacha</i>   | 19 336        | 15 383        |
| <i>Leibhéal 2: Ionchuir inbhraite seachas praghsanna luaite</i>  | 2 698         | 2 706         |
| <i>Leibhéal 3: Teicnící luachála ag a bhfuil ionchuir nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaí inbhraite</i> | 2 190         | 1 498         |
| <b>Foriomlán</b>   | <b>24 223</b> | <b>19 587</b> |

Ní raibh aon aistriú ann idir Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 den ordlathas cóirluacha le linn na tréimhse.

### Réiteach sócmhainní airgeadais neamhdhíorthacha arna dtomhas ag úsáid teicnící luachála ag a bhfuil ionchuir nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaí inbhraite (leibhéal 3)

| EUR milliún                         |              |
|-------------------------------------|--------------|
| Gluaiseachtaí cóirluacha            |              |
| <b>Iarmhéid tosaigh an 1.1.2021</b> | <b>1 498</b> |

<sup>(20)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 680/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 67/2010 (IO L 348, 20.12.2013, lch. 129).

| EUR milliún   |              |
|---|--------------|
| Gluaiseachtaí cóirluacha  |              |
| Athbhreithniú EAR 11  | 2            |
| Infheistíochtaí le limn na tréimhse   | 505          |
| Aisiocaíochtaí caipitil   | (111)        |
| Ioncaim réitithe  | (30)         |
| Gnóthachain nó cailteanais don tréimhse barrachais nó don tréimhse easnaimh | 326          |
| Aistrithe chuig leibhéal 3  | —            |
| Aistrithe amach as Leibhéal 3   | —            |
| Eile  | —            |
| <b>Iarmhéid deiridh an 31.12.2021</b>                                       | <b>2 190</b> |

Ba é EUR 295 milliún a bhí sna glanhnóthachain le haghaidh sócmhainní neamhdhíorthacha leibhéal 3 ag deireadh 2021. Áirítear iad mar ioncam airgeadais faoi “Gnóthachain ar shócmhainní nó dliteanais airgeadais ag neamhdhíorthaigh FVSD” (féach nóta 3.9) agus mar chostais airgeadais faoi “Cailteanais ó shócmhainní nó dliteanais airgeadais ag neamhdhíorthaigh FVSD” (féach nóta 3.15).

#### 2.4.2.2. Sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais ag díorthaigh FVSD

##### Sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais ag díorthaigh FVSD de réir an chineáil

| An cineál díorthaigh                     | 31.12.2021    |                      |                      | 31.12.2020    |                      |                      |
|--|---------------|----------------------|----------------------|---------------|----------------------|----------------------|
|  | Méid barúlach | Sócmhainn Cóirluacha | Dlíteanas Cóirluacha | Méid barúlach | Sócmhainn Cóirluacha | Dlíteanas Cóirluacha |
| Réamhchonradh airgeadra eachtraigh       | 646           | 2                    | —                    | 417           | 6                    | —                    |
| Ráthaíocht ar phunann gnáthscuireanna    | 4 148         | 826                  | (1)                  | 3 412         | 193                  | (1)                  |
| Ráthaíochtaí ar riosca malairte eachtraí | 28            | —                    | (4)                  | 14            | —                    | (4)                  |
| <b>Foriomlán</b>                         | <b>4 822</b>  | <b>828</b>           | <b>(5)</b>           | <b>3 843</b>  | <b>199</b>           | <b>(4)</b>           |
| Neamhreatha                              |               | 826                  | (5)                  |               | 193                  | (4)                  |
| Reatha                                   |               | 2                    | —                    |               | 6                    | (0)                  |

#### Réamhchonradh airgeadra eachtraigh

Déanann an tAontas réamhchonarthaí airgeadra eachtraigh chun an riosca airgeadra eachtraigh a bhaineann le hurrúis fiachais a ainmnítear in USD agus a choimeádtar i gCiste Ráthaíochta CEIS a fhálú. Faoi na réamhchonarthaí airgeadra eachtraigh, seachadann an tAontas an méid barúlach in airgeadra eachtrach a chomhaontaítear sa chonradh (“cuid d’iocaíocht”), mar a thuairiscítear sa tábla thuas, agus gheobhaidh sé an méid barúlach in EUR (“cuid faighte”) ag an dáta aibíochta. Tomhaistear conarthaí díorthacha den sórt sin ar luach cóir ag dáta an chláir chomhardaithe agus aicmítear iad mar shócmhainní airgeadais nó mar dhliteanais airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh ag brath ar cé acu a bhíonn a luach cóir deimhneach nó diúltach.

### Rátháíochtaí ar phunanna gnáthscaireanna

Cuimsítear faoin gceannteideal “Rátháíocht ar phunann gnáthscaireanna” rátháíochtaí arna dtabhairt ag an Aontas d’institiúidí airgeadais ar phunanna infheistíochtaí cothromais. Aicmítear na rátháíochtaí seo mar ionstraimí airgeadais díorthacha agus tugtar cuntas orthu mar shócmhainn airgeadais nó dliteanas airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh, toisc nach gcomhlíonann siad an sainmhíniú de dhliteanas rátháíochta airgeadais – féach nóta 1.5.12. Tomhaistear dliteanas airgeadais an Aontais bunaithe ar luach na n-infheistíochtaí foluiteacha.

Léiríonn an mhéid iomlán rátháíocht CEIS arna thabhairt ag Grúpa BEI don Aontas, den chuid is mó, rátháíocht ag a bhfuil infheistíochtaí cothromais de EUR 3 068 milliún arna n-eisioc ag BEI agus CEI (2020: EUR 2 223 milliún). EUR 763 milliún san iomlán a bhí i luach cóir rátháíocht an Aontais ar phunanna gnáthscaireanna CEIS (2019: EUR 164 milliún).

### Rátháíocht ar riosca airgeadra eachtraigh

Rátháíonn an tAontas riosca airgeadra eachtraigh (“FX”) faoi rátháíocht CEFI, lena rátháíonn sé conarthaí babhtála agus réamhchonarthaí a bhfuil sé mar aidhm acu fálú in aghaidh rioscaí airgeadra eachtraigh le haghaidh oibríochtaí infheistíochta i margaí éiritheacha. Chomh maith leis sin, cumhdaíonn an tAontas díluacháil airgeadra malairte eachtraí (UHA) a bhaineann le hiasachtaí arna dtabhairt ag institiúidí airgeadais do FBManna don Úcráin faoi Shaoráid Airgeadais FBM Chomhpháirtíocht an Oirthir.

### Ordthas cóirluacha na sócmhainní díorthacha airgeadais agus na ndliteanas díorthach airgeadais

| Cineál díorthaigh  | EUR milliún          |                      |                      |                      |
|--|----------------------|----------------------|----------------------|----------------------|
|  | 31.12.2021           |                      | 31.12.2020           |                      |
|  | Sócmhainn Cóirluacha | Dliteanas Cóirluacha | Sócmhainn Cóirluacha | Dliteanas Cóirluacha |
| <i>Leibhéal 1: Praghas luaite i margaí gníomhacha</i>  | —                    | —                    | —                    | —                    |
| <i>Leibhéal 2: Ionchuir inbhraite seachas praghsanna luaite</i>  | 2                    | (2)                  | 6                    | (4)                  |
| <i>Leibhéal 3: Teicnící luachála ag a bhfuil ionchuir nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaí inbhraite</i> | 826                  | (2)                  | 193                  | (1)                  |
| <b>Foriomlán</b>   | <b>828</b>           | <b>(5)</b>           | <b>199</b>           | <b>(4)</b>           |

Le linn na tréimhse, ní raibh aon aistriú idir leibhéal 1 agus leibhéal 2. Áirítear le díorthaigh phunanna gnáthscaireanna i Leibhéal 3 de Luach Cóir rátháíochtaí ar phunanna gnáthscaireanna den chuid is mó.

### Réiteach sócmhainní díorthacha airgeadais agus dliteanais dhíorthacha airgeadais arna dtomhas ag úsáid teicnící luachála ag a bhfuil ionchuir nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaí inbhraite (Leibhéal 3)

| EUR milliún   |            |
|---|------------|
| Gluaiseachtaí cóirluacha  |            |
| <b><i>Iarmhéid tosaigh na sócmhainne/(an dliteanais) amháil an 1.1.2021</i></b>     | <b>192</b> |
| <i>Éilimh glaonna rátháíochta a íocadh</i>  | 5          |
| <i>Glaonna rátháíochta a aisíocadh</i>  | (1)        |
| <i>Ioncam ó rátháíocht a socraíodh</i>  | (160)      |
| <i>Gnóthachain nó caillteanais don tréimhse barrachais nó don tréimhse easnaimh</i> | 788        |
| <i>Aistrithe chuig Leibhéal 3</i>   | —          |

EUR milliún

| Gluaiseachtaí cóirluacha              |            |
|---------------------------------------|------------|
| Aistrithe as Leibhéal 3               | —          |
| Eile                                  | —          |
| <b>Iarmhéid deiridh an 31.12.2021</b> | <b>824</b> |

EUR 777 milliún a bhí sna glanghnóthachain le haghaidh sócmhainní díorthacha leibhéal 3 ag deireadh 2021. Cuirtear an méid seo i láthair mar ioncam airgeadais agus cuimsítear é faoi “Ghnóthachain ar shócmhainní nó dliteanas airgeadais ag díorthaigh FVSD” (féach nóta 3.9).

## 2.5. RÉAMH-MHAOINIÚ

EUR milliún

|   | Nóta  | 31.12.2021    | 31.12.2020    |
|---|-------|---------------|---------------|
| <b>Neamhreatha</b>                      |       |               |               |
| Réamh-mhaoiniú                          | 2.5.1 | 57 764        | 30 574        |
| Réamhíocaíochtaí eile leis na Ballstáit | 2.5.2 | 2 901         | 3 825         |
| Ranníocaíocht le Cistí Iontaobhais      |       | 126           | 119           |
|   |       | <b>60 792</b> | <b>34 519</b> |
| <b>Reatha</b>                           |       |               |               |
| Réamh-mhaoiniú                          | 2.5.1 | 28 427        | 24 902        |
| Réamhíocaíochtaí eile leis na Ballstáit | 2.5.2 | 4 229         | 3 327         |
|   |       | <b>32 656</b> | <b>28 229</b> |
| <b>Foriomlán</b>                        |       | <b>93 447</b> | <b>62 748</b> |

Ní mór do leibhéal an réamh-mhaoinithe sna cláir éagsúla a bheith leordhóthanach chun an cistiú a bhfuil gá leis ionas gur féidir leis an tairbhí an tionscadal a thionscnamh agus a chur chun cinn a áirithiú, fad a chosnaítear leasanna airgeadais an Aontais agus a chuirtear srianta dlíthiúla, oibriúcháin agus costéifeachtachta san áireamh.

Tharla an méadú suntasach ón mbliain roimhe sin mar gheall ar sheoladh na hionstraime RRF (NGEU) in 2021, nuair a íocadh EUR 36,4 billiún i réamh-mhaoiniú amach ar dtús.

### 2.5.1. Réamh-mhaoiniú

EUR milliún

|  | Ollmhéid | Imréitithe trí fhabhrúithe | Glanmhéid an 31.12.2021 | Ollmhéid | Imréitithe trí fhabhrúithe | Glanmhéid an 31.12.2020 |
|--|----------|----------------------------|-------------------------|----------|----------------------------|-------------------------|
| <b>Bainistíocht chomhroinnte</b>             |          |                            |                         |          |                            |                         |
| CETFT agus ionstraimí forbartha tuaithe eile | 3 172    | (208)                      | 2 965                   | 3 193    | —                          | 3 193                   |
| CFRE agus CC                                 | 23 531   | (4 571)                    | 18 960                  | 23 074   | (3 846)                    | 19 229                  |

|   | EUR milliún    |                            |                         |               |                            |                         |
|---|----------------|----------------------------|-------------------------|---------------|----------------------------|-------------------------|
|   | Ollmhéid       | Imréitithe trí fhabhruithe | Glanmhéid an 31.12.2021 | Ollmhéid      | Imréitithe trí fhabhruithe | Glanmhéid an 31.12.2020 |
| CSE   | 9 085          | (1 823)                    | 7 263                   | 8 222         | (1 348)                    | 6 874                   |
| Eile  | 4 836          | (2 263)                    | 2 572                   | 4 192         | (1 520)                    | 2 672                   |
|   | <b>40 624</b>  | <b>(8 865)</b>             | <b>31 760</b>           | <b>38 681</b> | <b>(6 713)</b>             | <b>31 967</b>           |
| <b>Bainistíocht dhíreach</b>                      |                |                            |                         |               |                            |                         |
| <i>Arna chur chun feidhme ag:</i>                 |                |                            |                         |               |                            |                         |
| An Coimisiún                                      | 46 494         | (11 970)                   | 34 525                  | 17 031        | (10 648)                   | 6 382                   |
| ar a n-áirítear RRF (NGEU)                        | 34 879         | (4 065)                    | 30 814                  | —             | —                          | —                       |
| Gníomhaireachtaí feidhmiúcháin an Aontais         | 23 931         | (15 030)                   | 8 901                   | 18 565        | (10 931)                   | 7 633                   |
| Cistí Iontaobhais                                 | 1 140          | (847)                      | 293                     | 1 121         | (843)                      | 278                     |
|   | <b>71 565</b>  | <b>(27 847)</b>            | <b>43 718</b>           | <b>36 716</b> | <b>(22 423)</b>            | <b>14 294</b>           |
| <b>Bainistíocht indíreach</b>                     |                |                            |                         |               |                            |                         |
| <i>Arna chur chun feidhme ag:</i>                 |                |                            |                         |               |                            |                         |
| Gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile an Aontais | 1 657          | (687)                      | 971                     | 1 243         | (781)                      | 462                     |
| Trú tíortha                                       | 1 874          | (1 261)                    | 614                     | 1 515         | (1 043)                    | 471                     |
| Eagraíochtaí idirnáisiúnta                        | 9 545          | (5 955)                    | 3 590                   | 9 068         | (6 020)                    | 3 048                   |
| Eintitis eile                                     | 12 992         | (7 453)                    | 5 539                   | 11 665        | (6 432)                    | 5 233                   |
|   | <b>26 069</b>  | <b>(15 356)</b>            | <b>10 713</b>           | <b>23 491</b> | <b>(14 276)</b>            | <b>9 215</b>            |
| <b>Foriomlán</b>                                  | <b>138 258</b> | <b>(52 068)</b>            | <b>86 191</b>           | <b>98 888</b> | <b>(43 412)</b>            | <b>55 476</b>           |
| Neamhreatha                                       | 57 764         | —                          | 57 764                  | 30 574        | —                          | 30 574                  |
| Reatha  | 80 494         | (52 068)                   | 28 427                  | 68 314        | (43 412)                   | 24 902                  |

Léiríonn réamh-mhaoiniú an t-airgead a íocadh amach, agus cur chun feidhme leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí dá bharr sin. Mar a mhínítear i nóta 1.5.7, is réamhíocaíochtaí iad seo agus níl siad cláraithe mar speansais go fóill. Mar sin de, cé go laghdaíonn réamh-mhaoiniú RAL gan íoc (féach nóta 5.1), léiríonn sé speansais nach bhfuil glactha leo nó aitheanta sa ráiteas ar fheidhmíocht airgeadais go fóill.

Maidir le bainistíocht chomhpháirteach, baineann an réamh-mhaoiniú ar fad nach mór le clárthréimhse 2014-2020. Tá réamh-mhaoiniú tosaigh ann nach n-imréitítear (i.e. a aithnítear sa ráiteas ar fheidhmíocht airgeadais) roimh dhúnadh na clárthréimhse agus taispeántar é mar réamh-mhaoiniú neamhreatha.

Maidir leis an réimse comhtháthaithe, tá réamh-mhaoiniú bliantúil ann a imréitítear ar bhonn bliantúil agus taispeántar mar réamh-mhaoiniú reatha é. Áirítear le híocaíochtaí réamh-mhaoinithe nua a dhéantar sa réimse comhtháthaithe réamh-mhaoiniú bliantúil 2021 (EUR 7,3 billiún), ach íocaíochtaí ó Chiste Dlíthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh chomh maith (EUR 0,8 billiún). Frithchothromaíodh na híocaíochtaí nua le himréitigh de luachanna neas-chomhchosúla agus, dá bhrí sin, tá an leibhéal de réamh-mhaoiniú gan íoc cobhsaí don réimse seo ar an iomlán.

Maidir le bainistíocht dhíreach, is iad na méideanna is mó de réamh-mhaoiniú iad siúd a bhaineann le tacaíocht neamh-inaisíoctha a bhaineann le hionstraim RRF a thosaigh in 2021, glanmhéid de EUR 30,8 billiún ag deireadh na bliana. Tagraíonn méideanna suntasacha eile, EUR 8,5 billiún (2020: EUR 9,3 billiún), don réimse taighde (Fís 2020 agus Fís Eorpach go príomha, arna gcur chun feidhme ag gníomhaireachtaí feidhmiúcháin an Aontais agus ag an gCoimisiún).

Maidir le bainistíocht indíreach, cumhdaíonn an réamh-mhaoiniú cláir um beartais inmheánacha amhail Galileo agus EGNOS (Cláir Spáis), den chuid is mó, ach ionstraimí a bhaineann leis an Eoraip Dhomhanda freisin (lena n-áirítear ionstraimí comharsanachta, forbartha agus comhar idirnáisiúnta). Bhain an méadú is suntasaí ar réamh-mhaoiniú faoin gceanteideal seo le Cláir Spáis.

### Ráthaíochtaí arna bhfáil i leith réamh-mhaoiniú

Is ráthaíochtaí iad seo a iarrann an Coimisiún i gcásanna áirithe ó thairbhíthe nach Ballstáit iad le linn dóibh réamhíocaíochtaí a dhéanamh (réamh-mhaoiniú). Tá dhá luach atá le nochtadh don chineál ráthaíochta seo, an luach “ainmniúil” agus an luach “leanúnach”. Maidir leis an luach ainmniúil, tá an teagmhas giniúna nasctha leis an gcruthúnas gurb ann don ráthaíocht. Maidir leis an luach leanúnach, is é teagmhas giniúna na ráthaíochta an íocaíocht réamh-mhaoinithe arna déanamh i leith na ráthaíochta, agus é laghdaithe ansin ag imréitigh ina dhiaidh. An 31 Nollaig 2021, EUR 433 milliún a bhí i luach ainmniúil na ráthaíochtaí a fuarthas i leith réamh-mhaoiniú agus EUR 383 milliún a bhí i luach leanúnach na ráthaíochtaí sin (2020: EUR 466 milliún agus EUR 402 milliún faoi seach).

Cumhdaítear méideanna réamh-mhaoinithe áirithe a íocadh amach faoin Seachtú Clár Réime um Thaighde le haghaidh taighde agus forbairt teicneolaíochta (FP7) agus faoi Chláir Fhís 2020 agus Fhís Eorpach go héifeachtach leis an Sásra Árachais Fhrithpháirtigh (MIM), ar ar tugadh an Ciste um Ráthaíocht Rannpháirtithe (PGF) roimhe seo. Is ionstraim comhleasa é an Sásra Árachais Fhrithpháirtigh a cuireadh ar bun chun na rioscaí a bhaineann le neamhíocaíocht méideanna ó na tairbhíthe le linn chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí indíreacha faoi na cláir sin a chumhdach. Cuireann gach rannpháirtí i ngníomhaíochtaí indíreacha a fhaigheann deontas ón Aontas 5% den ranníocaíocht uasta ón Aontas le caipiteal an tSásra Árachais Fhrithpháirtigh, a infheistíonn an Coimisiún sna margaí airgeadais chun ús a ghiniúint. Féadfar an t-ús a úsáid chun fiachais nach n-onóraíonn rannpháirtí mainneachtana i leith an Aontais iad a chumhdach. Ag deireadh na ngníomhaíochta indírí íoctar na ranníocaíochtaí leis na rannpháirtithe arís. Gníomhaíonn an tAontas (an Coimisiún mar ionadaí air) mar ghníomhaire feidhmiúcháin rannpháirtithe an tSásra Airgeadais Fhrithpháirtigh, ach is leis na rannpháirtithe an ciste. Is eintiteas faoi leith é an Sásra Airgeadais Fhrithpháirtigh nach bhfuil comhdhlúthaithe i gcuntais bhliantúla an Aontais, dá bhrí sin.

An 31 Nollaig 2021, EUR 2,4 billiún a bhí sna méideanna réamh-mhaoinithe arna gcumhdach ag an Sásra Airgeadais Fhrithpháirtigh (2020: EUR 2,3 billiún). EUR 2,5 billiún a bhí i sócmhainní iomlána an tSásra Airgeadais Fhrithpháirtigh, lena n-áirítear sócmhainní airgeadais arna mbainistiú ag an gCoimisiún (2020: EUR 2,4 billiún).

#### 2.5.2. Réamhíocaíochtaí eile leis na Ballstáit

|  | EUR milliún  |              |
|--|--------------|--------------|
|  | 31.12.2021   | 31.12.2020   |
| Réamhíocaíochtaí le Ballstáit le haghaidh ionstraimí airgeadais faoi bhainistíocht chomhpháirteach | 3 647        | 3 520        |
| Scéimeanna Cabhrach  | 3 483        | 3 633        |
| <b>Foriomlán</b>   | <b>7 130</b> | <b>7 153</b> |
| Neamhreatha  | 2 901        | 3 825        |
| Reatha   | 4 229        | 3 327        |

### Réamhíocaíochtaí le Ballstáit le haghaidh ionstraimí airgeadais faoi bhainistíocht chomhpháirteach

Faoi chreat chláir Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (Cistí SIE), is féidir réamhíocaíochtaí a dhéanamh ó bhuiséad an Aontais le Ballstáit chun ligean dóibh cur le hionstraimí airgeadais (i.e., iasachtaí, infheistíochtaí cothromais nó ráthaíochtaí). Bunaítear agus bainistítear na hionstraimí airgeadais seo faoi fhreagracht na mBallstát, ní faoi fhreagracht an Choimisiúin. Mar sin féin, tá an t-airgead nach n-úsáideann na hionstraimí seo ag deireadh na bliana faoi shealúchas an Aontais (chomh maith leis an réamh-mhaoiniú ar fad) agus caitear leo mar shócmhainn ar chlár comhardaithe an Aontais, dá bhrí sin.

Tréimhse 2014-2020:

Faoin mbeartas comhtháthaithe, as EUR 14 692 milliún a íocadh, meastar go raibh EUR 3 547 milliún ann an 31 Nollaig 2021 nár úsáideadh. Áirítear leis sin ranníocaíocht na mBallstát leis an Tionscnamh FBM, ionstraim a dhíríonn ar iasachtú breise ón earnáil baincúireachta le FBManna a spreagadh (EUR 1 326 milliún a íocadh gan méideanna atá i réamh-mhaoiniú go fóill san áireamh, agus meastar nár úsáideadh EUR 366 milliún de sin).

I gcás na forbartha tuaithe, bhí EUR 97 milliún an ag deireadh na bliana nár úsáideadh.

Tréimhse 2007-2013:

Meastar gur cuireadh gach méid a bhaineann le beartas comhtháthaithe chun feidhme, nó gur athshannadh é do bhearta eile agus, dá bhrí sin, níl aon sócmhainn ar an gclár comhardaithe an 31 Nollaig 2021. Ba cheart a lua go ndéanfar athbhreithniú ar chur chun feidhme iarbhír na n-ionstraimí éagsúla mar chuid de phróiseas dúnta na gclár sna blianta amach romhainn.

### Scéimeanna Cabhrach

Cosúil leis an méid thuas, taifeadtar méideanna eisíochta a fhreagraíonn do na réamhíocaíochtaí arna n-íoc ag na Ballstáit le haghaidh scéimeanna cabhrach éagsúla (státchabhair, bearta margaidh CERT nó bearta infheistíochta CETFT) nár úsáideadh faoi dheireadh na bliana mar shócmhainní (réamhíocaíochtaí) ar chlár comhardaithe an Aontais. Rinne an Coimisiún meastachán ar luach na réamhíocaíochtaí seo bunaithe ar an bhfaisnéis arna soláthar ag na Ballstáit; cuimsítear na méideanna a eascraíonn as sin faoi fho-cheanteideal na Scéimeanna Cabhrach thuas.

Tréimhse 2014-2020:

Measadh gur EUR 1 768 milliún a bhí sna méideanna nár úsáideadh faoi dheireadh na bliana le haghaidh an bheartais chomhtháthaithe agus EUR 1 649 milliún le haghaidh na talmhaíochta agus na forbartha tuaithe.

Tréimhse 2007-2013:

Meastar nár úsáideadh EUR 66 milliún a íocadh i gcomhthéacs na forbartha tuaithe faoi dheireadh 2021.

## 2.6. EARRAÍ INFHAIGHTE MALAIRTE AGUS MÉID IN-AISGHABHÁLA NEAMH-MHALAIRTE

|  |       | EUR milliún   |               |
|--|-------|---------------|---------------|
|  | Nóta  | 31.12.2021    | 31.12.2020    |
| <b>Neamhreatha</b>   |       |               |               |
| Méideanna in-aisghabhála ó idirbhearta nach idirbhearta malairte iad | 2.6.1 | 34 892        | 44 128        |
| Earraí infhaighte ó idirbhearta malairte                             | 2.6.2 | 5 750         | 1 685         |
|  |       | <b>40 642</b> | <b>45 813</b> |
| <b>Reatha</b>  |       |               |               |
| Méideanna in-aisghabhála ó idirbhearta nach idirbhearta malairte iad | 2.6.1 | 29 473        | 26 915        |
| Earraí infhaighte ó idirbhearta malairte                             | 2.6.2 | 2 323         | 1 766         |
|  |       | <b>31 796</b> | <b>28 681</b> |
| <b>Foriomlán</b>   |       | <b>72 438</b> | <b>74 493</b> |



## 2.6.1. Méideanna in-aisghabhála ó idirbhearta nach idirbhearta malairte iad

EUR milliún

|  | Nóta    | 31.12.2021    | 31.12.2020    |
|--|---------|---------------|---------------|
| <b>Neamhreatha</b>   |         |               |               |
| Ballstáit  | 2.6.1.1 | 2 497         | 2 237         |
| An Comhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe | 2.6.1.2 | 30 839        | 40 629        |
| Ioncam fabhraithe agus muirir iarchurtha   | 2.6.1.4 | 1 556         | 1 261         |
| Méideanna in-aisghabhála eile  |         | —             | 1             |
|  |         | <b>34 892</b> | <b>44 128</b> |
| <b>Reatha</b>  |         |               |               |
| Ballstáit  | 2.6.1.1 | 5 682         | 7 213         |
| An Comhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe | 2.6.1.2 | 10 913        | 6 827         |
| Fíneálacha iomaíochais   | 2.6.1.3 | 11 698        | 11 295        |
| Ioncam fabhraithe agus muirir iarchurtha   | 2.6.1.4 | 1 097         | 787           |
| Méideanna in-aisghabhála eile  | 2.6.1.5 | 83            | 792           |
|  |         | <b>29 473</b> | <b>26 915</b> |
| <b>Foriomlán</b>   |         | <b>64 365</b> | <b>71 043</b> |

## 2.6.1.1. Méideanna in-aisghabhála ó Bhallstáit

EUR milliún

|  | 31.12.2021   | 31.12.2020   |
|--|--------------|--------------|
| Cuntais ADT A  | 6 137        | 5 297        |
| Cuntais ADT ar leithligh   | 1 405        | 1 460        |
| Acmhainní dílse atá le fáil  | 15           | 2 188        |
| Lagú   | (875)        | (892)        |
| Eile   | —            | —            |
| <b>Acmhainní dílse in-aisghabhála</b>  | <b>6 683</b> | <b>8 053</b> |
| An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT)   | 1 525        | 1 378        |
| Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus ionstraimí forbartha tuaithe eile | 668          | 720          |
| Lagú   | (843)        | (837)        |
| <b>Méideanna in-aisghabhála CERT agus forbartha tuaithe</b>                                    | <b>1 350</b> | <b>1 260</b> |
| <b>Aisghabháil réamh-mhaoinithe</b>  | <b>26</b>    | <b>53</b>    |
| <b>CBL íoctha agus in-aisghafa</b>   | <b>45</b>    | <b>35</b>    |

|   | EUR milliún  |              |
|---|--------------|--------------|
|   | 31.12.2021   | 31.12.2020   |
| <b>Méideanna in-aisghabhála eile ó Bhallstáit</b> | <b>73</b>    | <b>49</b>    |
| <b>Foriomlán</b>                                  | <b>8 178</b> | <b>9 450</b> |
| Neamhreatha                                       | 2 497        | 2 237        |
| Reatha  | 5 682        | 7 213        |

Baineann an méid is mó a chuimsítear faoi neamh-reatha leis na méideanna atá dlite ó Bhallstáit, go háirithe EUR 2,1 billiún a bhaineann le cás sáráithe na Ríochta Aontaithe (a mhínítear thíos). Cuimsítear faoi neamh-reatha freisin, mar a cuimsíodh sna blianta roimhe seo, méideanna a bhaineann le cinntí inmreítigh comhréireachta nár forghníomhaíodh le haghaidh an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) chomh maith leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT). Aisghabhtar na méideanna a bhaineann leis na cinntí sin i dtráthchodanna bliantúla.

### Acmhainní dílse in-aisghabhála

Tagraíonn na “cuntais A” do na ráitis mhíosúla ina gcuireann na Ballstáit in iúl na teidlíochtaí acmhainní dílse traidisiúnta (ADT). Liostaítear sa Tábla méideanna na “gcuntas A” nár íocadh leis an gCoimisiún go fóill. Is dleachtanna custaim arna mbailiú go Ballstáit thar ceann an Choimisiúin iad ADT den chuid is mó.

Is gnách go raibh leibhéal sa réimse idir EUR 3 billiún agus EUR 3,5 billiún ag deireadh na bliana ag na “cuntais A”. Sa 2 bhliain seo caite, 2021 agus 2020, áfach, bhain an méid iomlán a bhí mar chuid de na méideanna breise ADT le cás sáráithe na Ríochta Aontaithe (féach thíos) agus tuarascálacha iniúchta ADT eile. Toisc go bhfuil ús íocaíocht dhéanach de EUR 2,2 billiún infheidhme (2020: EUR 1,7 billiún), tuairiscítear na méideanna sin sna cuntais bhliantúla seo, dá bhrí sin (féach nótaí 2.6.2 agus 3.9).

Maidir le cás sáráithe na Ríochta Aontaithe, sheol an Coimisiún litir fógra fhoirmiúil (Uimh. an tSáráithe: 2018/2008) chuig an Ríocht Aontaithe an 8 Márta 2018 toisc nár chuir sé an méid ceart d'acmhainní dílse traidisiúnta ar fáil do bhuiséad an Aontais. Toisc nár thug an Ríocht Aontaithe freagra sásúil, ar an litir fógra fhoirmiúil nó ar an tuairim réasúnaithe a seoladh an 24 Meán Fómhair 2018, chinn an Coimisiún an sárú a atreorú chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus chuir sé a iarratas isteach an 7 Márta 2019. Bhí bunús an cháis le fáil i dtuarascáil OLAF 2017, inar suíodh gur sheachain allmhaireoirí sa Ríocht Aontaithe líon mór dleachtanna custaim trí bhíthin ráitis dhlítheanacha agus bhréagacha a úsáid, chomh maith le dearbhuithe míchearta ar luach custaim ag an allmhairiú. Bunaithe ar mhodhanna arna bhforbairt ag OLAF agus JRC agus bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil, rinne an Coimisiún meastachán go raibh EUR 2,1 billiún i gcaillteanais do bhuiséad an Aontais mar thoradh ar shárú na Ríochta Aontaithe, le linn na tréimhse ó Shamhain 2011 go Deireadh Fómhair 2017 (glanmhéid, *i.e.* tar éis costais bhailiúcháin a bhí le coinneáil ag an Ríocht Aontaithe ón ollmhéid de EUR 2,7 billiún a asbhaint). An 8 Márta 2022, d'eisigh an Coimisiún an breithiúnas gaolmhar agus dheimhnigh sé gur sháraigh an Ríocht Aontaithe a hoibleagáidí chun buiséad an Aontais a chosaint. D'iarr sé ar an gCoimisiún an méid a mhaítear a athríomh, áfach. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an mbreithiúnas anois, agus ar bharúlacha na Cúirte, go háirithe, i ndáil le cinneadh na méideanna atá i gceist. Tá anailís mhionsonraithe dhlíthiúil agus oibriúcháin á déanamh faoi láthair dá bhrí sin agus níl torthaí na hanailíse sin ar fáil go fóill. Dá bhrí sin, aicmítear an bunairgead de EUR 2,1 billiún agus ús na íocaíochta déanaí measta de EUR 2,1 billiún a fabhraíodh go dtí deireadh 2021 (i gcomparáid leis an ús de EUR 1,6 billiún a fabhraíodh agus a sainaitníodh go dtí deireadh 2020) mar shócmhainní fadtéarmacha go fóill, toisc gurb é sin an meastachán is fearr atá ar fáil.

I mbliana, an 31 Nollaig 2021, áirítear leis na méideanna in-aisghabhála méid de EUR 0,4 billiún i gcaillteanais mheasta ADT atá dlite ó roinnt Ballstát as allmhairí teicstíle agus coisbhírt ón tSín ag luach thar a bheith ganniontráilte. Tá na meastacháin seo faoi réir athbhreithniú, tar éis bhreithiúnas na Cúirte i gcás sáráithe na Ríochta Aontaithe go háirithe.

Ina theannta sin, chuir an Coimisiún san áireamh earra infhaighte de EUR 0,17 billiún le haghaidh dleachtanna custaim agus ús íocaíocht dhéanach a suíodh agus atá bunaithe ar an bhfaisnéis is déanaí atá ar fáil.

Tagraíonn “cuntais ar leithligh” do theidlíochtaí suite nár cuireadh san áireamh sna “cuntais A” toisc nár aisghabh Ballstáit iad agus toisc nár tugadh aon urrús (*i.e.* ráthaíocht) ina leith (nó tugadh urrús ach tá conspóid ann maidir leis na méideanna). Tá na teidlíochtaí seo faoi réir lagú bunaithe ar an bhfaisnéis a thugann na Ballstáit gach bliain. Is iondúil go mbíonn na méideanna lagaithe ag leibhéal comhchosúil ag deireadh gach bliana, mar a fheictear sa tábla.

Tagraíonn “Acmhainní dílse atá le fáil” in 2021 do na méideanna in-aisghabhála de thoradh bhuiséad leasaitheach Uimh. 6/2021 a glacadh an 24 Samhain 2021. Chuir Ballstáit na méideanna isteach ar an gcéad lá oibre de mhí Eanáir 2022.

### Méideanna in-aisghabhála CERT agus Forbartha Tuaithe

Cumhdaítear leis an mír seo go príomha na méideanna atá faoi úinéireacht na mBallstát an 31 Nollaig 2021, mar a dhearbhaíonn agus mar a dheimhníonn na Ballstáit an 15 Deireadh Fómhair 2021. Déantar meastachán ar na méideanna in-aisghabhála a eascraíonn as an dearbhú seo agus suas le 31 Nollaig 2021. Déanann an Coimisiún meastachán ar dhíluacháil do na méideanna atá dlite ag tairbhíthe, nach dócha go n-aisghabhfar iad. Cé go ndéantar coigeartú den sórt sin, ní chiallaíonn sé sin go dtarscaoileann an Coimisiún aon aisghabháil ar na méideanna seo amach anseo. Tá laghdú de 20 % san áireamh sa choigeartú freisin agus freagraíonn sé don mhéid a cheadaítear do Bhallstáit a choinneáil chun costais riaracháin a chumhdach.

#### 2.6.1.2. An Comhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe

Bunaítear leis an “gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach” (tagairt 2019/C 384 I/01) (“an Comhaontú um Tharraingt Siar”), arna shíniú ag an Aontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, na hoibleagáidí airgeadais éagsúla atá ag an dá pháirtí. An 31 Nollaig 2021, EUR 41 753 milliún a bhí sa ghlanmhéid infhaighte ón Ríocht Aontaithe bunaithe ar na hoibleagáidí sin (2020: EUR 47 456 milliún), agus as sin tá EUR 10 913 milliún le híoc laistigh de na 12 mhí tar éis an dáta tuairiscithe (2020: EUR 6 827 milliún):

|                                       | <i>EUR milliún</i> |               |                |               |               |
|---------------------------------------|--------------------|---------------|----------------|---------------|---------------|
|                                       | Airteagal 140      | Airteagal 142 | Eile           | 31.12.2021    | 31.12.2020    |
| <i>Dlite ón Ríocht Aontaithe</i>      | 28 620             | 14 751        | 610            | 43 982        | 49 579        |
| <i>Dlite leis an Ríocht Aontaithe</i> | —                  | —             | (2 229)        | (2 229)       | (2 122)       |
| <b>Foriomlán</b>                      | <b>28 620</b>      | <b>14 751</b> | <b>(1 618)</b> | <b>41 753</b> | <b>47 456</b> |
| <i>Neamhreacha</i>                    | 17 064             | 14 486        | (711)          | 30 839        | 40 629        |
| <i>Reatha</i>                         | 11 556             | 265           | (908)          | 10 913        | 6 827         |

### Coigeartú sciar na Ríochta Aontaithe (Airteagal 139)

De réir Airteagal 139, céatadán arna ríomh mar chóimheas idir na hacmhainní dílse arna gcur ar fáil ag an Ríocht Aontaithe sna blianta idir 2014 agus 2020 agus na hacmhainní dílse arna gcur ar fáil sa tréimhse sin ag gach Ballstát agus an Ríocht Aontaithe a bheidh i sciar na Ríochta Aontaithe de na hoibleagáidí airgeadais a eascraíonn as an gComhaontú um Tharraingt Siar. Ríomhadh é seo i Márta 2021 mar 12.358072326018200 %. I gcomhréir le hAirteagal 139, áfach, ní mór an sciar a choigeartú le méid na n-iarmhéideanna CBL agus OIN (2014-2020) arna gcur in iúl do na Ballstáit roimh an 1 Feabhra 2022. Dá bhrí sin, ríomhadh gurb é 12.431681219587700 % sciar críochnaitheach na Ríochta Aontaithe. Tar éis choigeartú sciar na Ríochta Aontaithe i ndáil leis na ríomhanna a fhorluíonn na méideanna a sonrascadh don Ríocht Aontaithe cheana féin in 2021, sonrascadh méid breise de EUR 67 milliún don Ríocht Aontaithe in Aibreán 2022.

### Íocaíochtaí ón gComhaontú um Tharraingt Siar

Leagtar amach an sásra íocaíochta atá le cur i bhfeidhm ar na hoibleagáidí a ndéantar foráil ina leith idir an dá pháirtí in Airteagal 148. Go hachomair, sonrascann an tAontas na glanmhéideanna atá dlite ón Ríocht Aontaithe in mí Aibreáin agus mí Mheán Fómhair gach bliain agus íocann an Ríocht Aontaithe iad seo ar bhonn míosúil. Tá na méideanna a thuiriscítear i mí Aibreáin i mbliain faoi leith le híoc i gceithre thráthchuid chothroma mhíosúla idir mí Meithimh agus mí Mheán Fómhair na bliana sin. Tá na méideanna a thuiriscítear i mí Mheán Fómhair le híoc in ocht dtráthchuid mhíosúla idir mí Dheireadh Fómhair na bliana sin agus mí Bealtaine na bliana dar gcionn. Ós rud é go gcaitear roinnt méideanna a thuiriscíú bunaithe ar réamhaisnéisí agus ar mheastacháin, tugtar an tuairiscíú sin cothrom le dáta gach bliain bunaithe ar fhigiúirí iarbhrí.

In 2021, EUR 11 930 milliún a bhí sa mhéid iomlán a thuiriscítear don Ríocht Aontaithe faoi Airteagal 136, agus Airteagail 140 go 147. As an méid sin, tuairiscíodh EUR 3 763 milliún in Aibreán 2021 agus EUR 8 166 milliún i Meán Fómhair 2021. EUR 6 826 milliún a bhí sna íocaíochtaí iomlána a fuarthas in 2021, agus as sin bhain EUR 3 763 milliún le tuarascáil mhí Aibreáin (a íocadh i gceithre thráthchuid chothroma mhíosúla sa tréimhse idir Meitheamh agus Meán Fómhair 2021) agus bhain EUR 3 062 le tuarascáil mhí Mheán Fómhair (a íocadh i dtír thráthchuid chothroma sa tréimhse idir Deireadh Fómhair agus Nollaig 2021):

*EUR milliún*

|                      | Tuarascáil Aibreán 2021<br>(dlite agus íoctha idir<br>Meitheamh agus<br>Meán Fómhair 2021) | Tuarascáil<br>Mheán Fómhair 2021:<br>(dlite agus íoctha idir<br>Deireadh Fómhair agus<br>Nollaig 2021) | Foriomlán    |
|----------------------|--|--|--------------|
| <i>Airteagal 140</i> | 3 696  | 3 054  | 6 750        |
| <i>Airteagal 142</i> | —  | 11   | 11           |
| <i>Airteagal 136</i> | 230  | 18   | 247          |
| <i>Airteagal 147</i> | 21   | —  | 21           |
|                      | 3 946  | 3 083  | 7 029        |
| <i>Airteagal 141</i> | —  | (20)   | (20)         |
| <i>Airteagal 143</i> | (93)   | —  | (93)         |
| <i>Airteagal 144</i> | (46)   | —  | (46)         |
| <i>Airteagal 145</i> | (37)   | —  | (37)         |
| <i>Airteagal 146</i> | (7)  | —  | (7)          |
|                      | (183)  | (20)   | (203)        |
| <b>Foriomlán</b>     | <b>3 763</b>   | <b>3 062</b>   | <b>6 826</b> |

Íocadh an t-iarmhéid de EUR 5 104 milliún a bhí fágtha ó shonrasc Mheán Fómhair 2021 ag deireadh na bliana i gcúig thráthchuid chothroma mhíosúla sa tréimhse idir Eanáir agus Bealtaine 2022.

#### **Airteagal 140 – Gealltanais le hÍoc**

Tá gealltanais tugtha ag an Ríocht Aontaithe go n-íocfaidh sé leis an Aontas a sciar de ghealltanais bhuiséadacha gan íoc an 31 Nollaig 2020 (ar a dtugtar “Brexít RAL”), mar a choigeartaítear le ceanglais Airteagal 140. An 31 Nollaig 2021, EUR 28 620 milliún a bhí sa mhéid iomlán a aithníodh mar earra infhaighte (2020: EUR 34 966 milliún), agus bhí EUR 11 556 milliún de sin iníoctha laistigh de 12 mhí tar éis dheireadh na bliana. Léirítear sa tábla a leanas na príomhghluaiseachtaí idir an méid iomlán a aithnítear mar earra infhaighte an 31 Nollaig 2020 (arna ríomh bunaithe ar sciar neamhchoigeartaithe na Ríochta Aontaithe) agus an méid iomlán a aithnítear mar earra infhaighte an 31 Nollaig 2021:

*EUR milliún*

|  |                |
|--|----------------|
| <b>Méid atá dlite ón Ríocht Aontaithe an 31.12.2020 (bunaithe ar sciar neamhchoigeartaithe na Ríochta Aontaithe)</b>               | <b>34 966</b>  |
| <i>Coigeartú sciar na Ríochta Aontaithe</i>  | 208            |
| <b>Méid atá dlite ón Ríocht Aontaithe an 31.12.2020 (bunaithe ar sciar choigeartaithe na Ríochta Aontaithe)</b>                    | <b>35 174</b>  |
| <i>Glancheartuithe airgeadais a bhaineann le 2014–2020 nó tréimhsí cláir roimhe sin (lena n-áirítear coigeartú asbhaintí 2020)</i> | (58)           |
| <i>ADT a bhaineann le 2020 agus arna chur ar fáil don Aontas in 2021 (lena n-áirítear coigeartú asbhaintí 2020)</i>                | (82)           |
| <b>Glan-íocaíochtaí arna bhfáil ón Ríocht Aontaithe in 2021</b>  | <b>(6 750)</b> |

| <i>EUR milliún</i>                          |               |
|---|---------------|
| <b>Coigeartú neamh-fhorfheidhmiú measta</b> | <b>337</b>    |
| <b>Foriomlán</b>                            | <b>28 620</b> |
| <i>Neamhreatha</i>                          | <i>17 064</i> |
| <i>Reatha</i>                               | <i>11 556</i> |

EUR 6 346 milliún a bhí sa laghdú bliain i ndiaidh bliana ar an méid iomlán a aithnítear mar earra infhaighte agus bhain sé go príomha le híocaíochtaí arna bhfáil ón Ríocht Aontaithe in 2021 (EUR 6 750 milliún).

Léiríonn an coigeartú den mhéid atá dlite ón Ríocht Aontaithe an 31 Nollaig 2020, a bhfuil méadú de EUR 208 milliún mar thoradh air, coigeartú sciar na Ríochta Aontaithe i ngealltanais bhuiséadacha choigeartaithe an 31 Nollaig 2020 ar a gcuirtear sciar na Ríochta Aontaithe i bhfeidhm (EUR 216,7 milliún). Áirítear leis sin freisin, na coigeartuithe ar na hasbhaintí a chuirtear san áireamh i gCuntais Bhliantúla an Aontais Eorpaigh, 2020, le haghaidh glanheartuithe airgeadais a bhaineann le 2014-2020 nó tréimhsí cláir roimhe sin agus ADT a bhaineann le 2020 agus arna chur ar fáil don Aontas in 2021 (EUR 2,4 milliún), agus coigeartú na hasbhaintí le haghaidh an neamh-fhorfheidhmithe mheasta (EUR 6,0 milliún).

Cuimsítear sa mhéid de EUR 58,5 milliún, arbh é sin an asbhaint iomlán le haghaidh glanheartuithe airgeadais a bhain le 2014-2020 nó le tréimhsí cláir roimhe sin, na méideanna a sonrasadh i Meán Fómhair 2021 nár cuireadh san áireamh go fóill i gcuntais bhliantúla 2020 (EUR 34,8 milliún, ar íoc an Ríocht Aontaithe EUR 12,8 milliún de seo sa tréimhse idir Deireadh Fómhair agus Nollaig 2021 agus EUR 22,0 milliún idir Eanáir agus Bealtaine 2022), coigeartú ar sciar na Ríochta Aontaithe de na méideanna seo (EUR 0,2 milliún) agus na méideanna atá le sonrasadh i Meán Fómhair 2022 agus atá le híoc idir Deireadh Fómhair agus Nollaig 2022 (EUR 23,5 milliún).

Cuimsítear sa mhéid de EUR 82,0 milliún, arbh é sin an asbhaint iomlán le haghaidh ADT a bhain le 2020 agus a cuireadh ar fáil don Aontas in 2021, na méideanna a sonrasadh i Meán Fómhair 2021 nár cuireadh san áireamh go fóill i gcuntais bhliantúla 2020 (EUR 16,7 milliún, ar íoc an Ríocht Aontaithe EUR 6,3 milliún de seo sa tréimhse idir Deireadh Fómhair agus Nollaig 2021 agus EUR 10,4 milliún idir Eanáir agus Bealtaine 2022), coigeartú ar sciar na Ríochta Aontaithe de na méideanna seo (EUR 0,1 milliún) agus na méideanna a sonrasadh in Aibreán 2022 (EUR 65,2 milliún).

Cuimsítear leis an méid atá le híoc laistigh de 12 mhí ón dáta tuairiscithe (EUR 11 556 milliún) an t-iarmhéid atá fágtha de shonrasc Mheán Fómhair 2021 (EUR 5 090 milliún), an méid a sonrasadh in Aibreán 2022 (EUR 4 029 milliún) agus an méid atá le sonrasadh i Meán Fómhair 2022 agus atá le híoc sa tréimhse idir Deireadh Fómhair agus Nollaig 2022 (EUR 2 437 milliún). Cuimsítear sa mhéid a sonrasadh in Aibreán 2022 EUR 3 280 milliún a bhaineann le sciar na Ríochta Aontaithe de cur chun feidhme measta RAL in 2022, EUR 65,2 milliún a bhaineann leis na hasbhaintí le haghaidh ADT, EUR 70,5 milliún a bhaineann leis an gcoigeartú ar sciar na Ríochta Aontaithe de na méideanna a sonrasadh in 2021, agus EUR 743,6 milliún a bhaineann leis an gcoigeartú ar sciar na Ríochta Aontaithe de RAL de bharr cur chun feidhme in 2021. Tá an méid atá le sonrasadh i Meán Fómhair 2022 agus atá le híoc sa tréimhse idir Deireadh Fómhair agus Nollaig 2022 comhdhéanta de EUR 2 460 milliún a bhaineann le sciar na Ríochta Aontaithe de chur chun feidhme measta RAL in 2022 agus EUR 23,5 milliún a bhaineann leis na hasbhaintí le haghaidh glanheartuithe airgeadais.

Tar éis réamhaisnéis oifigiúil an Choimisiúin maidir le saoradh an stoic fhoriomláin de RAL an 31 Nollaig 2020 a thabhairt cothrom le dáta, mhéadaigh méideanna na Ríochta Aontaithe a bhí dlite faoi EUR 337 milliún de bharr an neamh-fhorfheidhmithe mheasta a tugadh cothrom le dáta.

#### **Airteagal 142 – Dliteanais an Aontais ag deireadh 2020**

Tá gealltanais tugtha ag an Ríocht Aontaithe a sciar de dhliteanais an Aontais ag deireadh 2020 a íoc leis an Aontas cé is moite de dhliteanais: (a) ag a bhfuil sócmhainní comhfhreagracha agus (b) a bhaineann le hoibriú an bhuiséid agus bainistíocht acmhainní dílse (lena n-áirítear méideanna arna gcumhdach cheana féin ag na gealltanais le híoc, féach Airteagal 140 thuas). Baineann an príomh-mhéid seo le dliteanais sochair iar-fhostaíochta an Aontais (pinsin agus árachas breoiteachta) a bhí ann an 31 Nollaig 2020.

## Dlíteanais 2020 gan íoc faoi Airteagal 142 (6)

EUR milliún

|                                   | Scéim Pinsin Oifigigh Eorpacha | Comhscéim Árachais Breoiteachta Scéim | 31.12.2021    | 31.12.2020    |
|-----------------------------------|--------------------------------|---------------------------------------|---------------|---------------|
| <i>Dlíteanais 2020 gan íoc</i>    | 104 832                        | 9 675                                 | 114 507       | 113 676       |
| <b>Sciar na Ríochta Aontaithe</b> | <b>13 032</b>                  | <b>1 203</b>                          | <b>14 235</b> | <b>14 048</b> |
| <b>Ranníocaíochtaí PSEO/JSIS</b>  | <b>227</b>                     | <b>8</b>                              | <b>236</b>    | <b>0</b>      |
| <b>Foriomlán</b>                  | <b>13 260</b>                  | <b>1 211</b>                          | <b>14 471</b> | <b>14 048</b> |
| <i>Neamhreatha</i>                | 13 032                         | 1 203                                 | 14 235        | 14 048        |
| <i>Reatha</i>                     | 227                            | 8                                     | 236           | 0             |

De réir an mhodha mainneachtana íocaíochta a leagtar amach in Airteagal 142 (6), rannchuidíonn an Ríocht Aontaithe go bliantúil le glan-íocaíochtaí arna ndéanamh ó bhuiséad an Aontais sa bhliain roimhe sin le gach tairbhí de Scéim Pinsin Oifigigh an Aontais Eorpaigh (PSEO) agus le ranníocaíocht ghaolmhar bhuiséad an Aontais leis an gComhscéim Árachais Breoiteachta (JSIS) le haghaidh gach tairbhí agus duine a bhaineann tairbhe as trí thairbhí. Sceidealaítear íocaíocht na ranníocaíochtaí bliantúla seo ionas go dtosóidh siad ó Mheitheamh 2022 (agus bíonn gach tráthchuid bhliantúil le hóc i gceithre thráthchuid mhíosúla ó Mheitheamh go Meán Fómhair na bliana sin).

EUR 227 milliún agus EUR 8 milliún a bhí i sciar coigeartaithe na Ríochta Aontaithe de ghlan-íocaíochtaí ó bhuiséad an Aontais in 2021 le tairbhíthe PSEO agus JSIS faoi seach. Cuireadh na méideanna seo in iúl don Ríocht Aontaithe mar chuid de shonrasc Aibreán 2022 (agus tá sé sin le hóc i gceithre thráthchuid mhíosúla chothroma sa tréimhse idir Meitheamh agus Meán Fómhair 2022).

Ina theannta sin, amhail an 31 Nollaig 2021, EUR 13 032 milliún agus EUR 1 203 milliún a bhí i ndlíteanais gan íoc na Ríochta Aontaithe le haghaidh 2020 faoi Airteagal 142 (6), a bhaineann le Scéim Pinsin Oifigigh an Aontais Eorpaigh (PSEO) agus leis an gComhscéim Árachais Breoiteachta (JSIS) faoi seach (2020: EUR 12 450 milliún agus EUR 1 599 milliún). Ba é an cailteanas achtúireach ó athruithe ar thoimhdí airgeadais a spreag an méadú le haghaidh scéim PSEO go príomha – féach nóta 2.9 chun tuilleadh sonraí a fháil. Tugtar faoi deara, cé go mbíonn tionchar ag an gcaillteanas achtúireach ó athruithe ar thoimhdí airgeadais ar luach láithreach na ndlíteanais gan íoc ó 2020 arna ríomh ar bhonn IPSAS 39/EAR 12, ní athraíonn sé méid na sochar a bheidh le hóc ag an Aontas, nó, ar chúiseanna intuigthe, na ranníocaíochtaí ón Ríocht Aontaithe leis na híocaíochtaí seo a bheidh dlíte faoin sásra socraíochta mainneachtana d'Airteagal 142 (6).

Amhail an 31 Nollaig 2021, níl úsáid bainte ag an Ríocht Aontaithe as rogha na socraíochta luaithe le haghaidh íocaíocht na ndlíteanais PSEO agus JSIS gan íoc ó 2022, arna ríomh ag úsáid luachálacha achtúireacha a rinneadh i gcomhréir le IPSAS 39/EAR 12, i gcúig thráthchuid chothroma tar éis an nóis imeachta a leagtar amach san fhómhír dheireanach d'Airteagal 142 (6).

## Dlíteanais 2020 gan íoc faoi Airteagal 142 (5)

De réir Airteagal 142 (5), rannchuidíonn an Ríocht Aontaithe leis na dlíteanais a bhaineann le scéimeanna scoir (pinsin) eile mar a taifeadh iad i gcuntais chomhdhlúthaithe an Aontais le haghaidh na bliana airgeadais 2020 i 10 dtráthchuid a thosaigh an 31 Deireadh Fómhair 2021 (agus bhí gach tráthchuid bhliantúil le hóc in ocht dtráthchuid mhíosúla ó Dheireadh Fómhair go Bealtaine na bliana dár gcionn). EUR 2 344 billiún a bhí sna dlíteanais seo i gcuntais chomhdhlúthaithe an Aontais le haghaidh na bliana airgeadais 2020, as ar tháinig sciar coigeartaithe na Ríochta Aontaithe de EUR 291 milliún an 31 Nollaig 2020. Agus na méideanna, de EUR 11 milliún ar an iomlán, a tugadh isteach ón Ríocht Aontaithe le linn 2021 á gcur san áireamh, laghdaigh sciar na Ríochta Aontaithe gan íoc de na scéimeanna scoir (pinsin) eile go EUR 281 milliún amhail an 31 Nollaig 2021, agus tá EUR 29 milliún de sin le hóc laistigh de na 12 mhí tar éis dheireadh na bliana.

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis na scéimeanna um shochair fostaithe, féach nóta 1.5.10 agus nóta 2.9.

## Earraí eile

|                                    | EUR milliún    |                |
|------------------------------------|----------------|----------------|
|                                    | 31.12.2021     | 31.12.2020     |
| <b>Dlite ón Ríocht Aontaithe:</b>  |                |                |
| <i>Airteagal 136</i>               | 557            | 230            |
| <i>Airteagal 147</i>               | 53             | 46             |
|                                    | <b>610</b>     | <b>275</b>     |
| <b>Dlite don Ríocht Aontaithe:</b> |                |                |
| <i>Airteagal 141</i>               | (1 818)        | (1 766)        |
| <i>Airteagal 143</i>               | (163)          | (93)           |
| <i>Airteagal 144</i>               | (73)           | (46)           |
| <i>Airteagal 145</i>               | (148)          | (183)          |
| <i>Airteagal 146</i>               | (27)           | (33)           |
|                                    | <b>(2 229)</b> | <b>(2 122)</b> |
| <b>Foriomlán</b>                   | <b>(1 618)</b> | <b>(1 847)</b> |
| <i>Neamhreatha</i>                 | (711)          | (1 894)        |
| <i>Reatha</i>                      | (908)          | 47             |

*Airteagal 136 – Forálacha is infheidhme i ndáil le hacmhainní dílse*

Bunaítear le hAirteagal 136 na forálacha is infheidhme tar éis an 31 Nollaig 2020 i ndáil le hacmhainní dílse. Tá an Ríocht Aontaithe i dteideal a sciar a fháil, nó ceanglaítear air a sciar a íoc, ag brath ar an gcás, i gcás ina mbíonn na hacmhainní dílse a bhaineann leis na blianta airgeadais anuas go dtí 2020, agus an bhliain sin san áireamh, le cur ar fáil, le ceartú, nó faoi réir coigeartuithe tar éis 31 Nollaig 2020. Thairis sin, gheobhaidh sé a sciar de na coigeartuithe a bhaineann leis an gclásal um rogha gan a bheith páirteach le haghaidh na bliana 2020. Chomh maith leis sin, tá sé faoi réir aon choigeartú ar CBL agus OIN ar acmhainní dílse a bhaineann leis na blianta airgeadais anuas go dtí 2020, agus an bhliain sin san áireamh. Ríomhfar na coigeartuithe CBL agus OIN seo go bliantúil go dtí 31 Nollaig 2028. Nuair a thugtar ceartú na Ríochta Aontaithe le haghaidh 2018-2019 cothrom le dáta, caithfear é sin a chur san áireamh freisin.

Éilítear ar an Ríocht Aontaithe na hacmhainní dílse traidisiúnta arna mbailiú acu tar éis an 28 Feabhra 2021 a íoc, ach iad siúd a bhaineann leis na blianta 2020 agus roimhe sin. Ansin asbhaineann siad a sciar den iomlán arna chur ar fáil dóibh ón méid sin. Leachtófar an cuntas ar leithligh le haghaidh acmhainní dílse traidisiúnta ina iomláine an 31 Nollaig 2025.

EUR 557 milliún atá sa ghlanmhéid gan íoc atá dlite ón Ríocht Aontaithe an 31 Nollaig 2021, agus beidh EUR 544 milliún de sin le híoc leis an Ríocht Aontaithe laistigh de na 12 mhí tar éis dheireadh na bliana agus beidh EUR 1 101 milliún le híoc ag an Ríocht Aontaithe ina dhiaidh sin:

|  | EUR milliún |
|--|-------------|
| <b>Méid atá dlite ón Ríocht Aontaithe an 31.12.2020</b>                    | <b>230</b>  |
| <i>Coigeartú ar sciar na Ríochta Aontaithe</i>                             | (2)         |
| <i>Méid arna shonrascadh chuig an Ríocht Aontaithe i Meán Fómhair 2021</i> | 47          |
| <i>Íocaíochtaí a fuarthas in 2021</i>                                      | (247)       |
| <i>Ceartúchán na Ríochta Aontaithe</i>                                     | (497)       |
| <i>Rogha gan a bheith páirteach</i>  | (105)       |



|  | EUR milliún |
|--|-------------|
| Coigeartuithe CBL agus OIN (a bhaineann le 2020 agus roimhe sin)                       | 1 101       |
| Glanmhéid acmhainní dílse traidisiúnta na Ríochta Aontaithe tar éis an 28 Feabhra 2021 | 31          |
| <b>Méid atá dlite ón Ríocht Aontaithe an 31.12.2021</b>                                | <b>557</b>  |
| Neamhreatha  | 1 101       |
| Reatha   | (544)       |

#### Airteagal 141 – Fíneálacha

Tá an Ríocht Aontaithe i dteideal a sciar d'fhíneálacha roimh an 31 Nollaig 2020 agus na cinn siúd a chinneann an tAontas tar éis an 31 Nollaig 2020 i nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 92(1) nuair a bheidh siad seo cinntitheach. An méid d'fhíneálacha ábhartha na Ríochta Aontaithe nach raibh íoctha an 31 Nollaig 2021 ná EUR 13,8 billiún (2020: EUR 14., billiún). Baineann an laghdú de EUR 0,5 billiún den chuid is mó leis an méadú ar lagú fíneálacha de EUR 0,9 billiún, arna fhrithchothromú ag an nglanmhéadú ar fhíneálacha de EUR 0,3 billiún (EUR 1,7 billiún d'fhíneálacha arna n-eisiúint in 2021 lúide EUR 1,4 billiún d'fhíneálacha arna ndeimhniú agus arna n-íoc, arna laghdú nó arna gcur ar ceal ag cinntí cúirte le linn 2021). EUR 1,7 billiún atá i sciar coigeartaithe na Ríochta Aontaithe de na fíneálacha gan íoc seo an 31 Nollaig 2021 (2020 (sciar neamhchoigeartaithe): EUR 1,8 billiún), as a gcuirfear méid de EUR 80,8 milliún san áireamh i sonrasc Mheán Fómhair 2022 agus a íocfar leis an Ríocht Aontaithe sa tréimhse idir Deireadh Fómhair 2022 agus Bealtaine 2023. Anuas air sin, tá an Ríocht Aontaithe i dteideal sciar coigeartaithe na Ríochta Aontaithe d'fhíneálacha cinntitheacha nár sonrascadh go fóill (EUR 69,2 milliún, atá le cur san áireamh i sonrasc Mheán Fómhair 2022 chomh maith, agus atá le híoc leis an Ríocht Aontaithe sa tréimhse idir Deireadh Fómhair 2022 agus Bealtaine 2023), sciar neamhchoigeartaithe na Ríochta Aontaithe d'fhíneálacha cinntitheacha a sonrascadh i Meán Fómhair 2021 ach nach raibh íoctha faoi dheireadh na bliana (EUR 33,6 milliún, arna íoc leis an Ríocht Aontaithe sa tréimhse idir Eanáir agus Bealtaine 2022), agus an coigeartú ar sciar na Ríochta Aontaithe d'fhíneálacha a sonrascadh i Meán Fómhair 2021 (EUR 0,3 milliún, a cuireadh san áireamh i sonrasc Aibreán 2022 agus atá le híoc leis an Ríocht Aontaithe sa tréimhse idir Meitheamh agus Meán Fómhair 2022). Dá réir sin, EUR 1,8 billiún atá i sciar iomlán na Ríochta Aontaithe d'fhíneálacha (2020: EUR 1,8 billiún), agus as sin tá EUR 90,2 milliún le híoc laistigh de na 12 mhí tar éis an dáta tuairiscithe (2020: (sciar neamhchoigeartaithe): EUR 20 milliún).

#### Airteagal 143 – Dlíteanais airgeadais theagmhasacha: iasachtaí le haghaidh cúnaimh airgeadais, CEIS, CEFI agus ELM

Faoin airteagal seo beidh an Ríocht Aontaithe dlite a sciar de dhlíteanais theagmhasacha an Aontais a chistiú i ndáil le hiasachtaíocht, iasachtú agus gníomhaíochtaí ráthaíochta dá dtiocfaidís chun cinn agus mura gcumhdófaí iad le cistí ráthaíochta atá ann cheana – féach nóta 4.1 le haghaidh na ndlíteanais teagmhasach ábhartha. Aisíocfaidh an tAontas méideanna leis an Ríocht Aontaithe, méideanna atá ranníochta ag an Ríocht Aontaithe i leith cistí ráthaíochta nach bhfuil gá leo a thuilleadh. Tá sé de cheart ag an Ríocht Aontaithe ar athshreabha na n-oibríochtaí dá bhfuil sciar den dlíteanas aige. Amhail an 31 Nollaig 2021, EUR 163 milliún atá sa mhéid atá le híoc leis an Ríocht Aontaithe, laistigh de na 12 mhí seo chugainn (2020 (sciar neamhchoigeartaithe): EUR 93 milliún).

#### Airteagal 144 – Ionstraimí airgeadais

Faoin airteagal seo, tá gealltanais tugtha ag an Aontas go n-aisíocfaidh sé leis an Ríocht Aontaithe a sciar de na hathshreabha ó na hoibríochtaí airgeadais atá ceadaithe faoin dáta um tharraingt siar, chomh maith lena sciar d'eisíocaíochtaí arna ndéanamh le hoibríochtaí airgeadais a ceadaíodh tar éis an dáta um tharraingt siar. An 31 Nollaig 2021, EUR 73 milliún atá sa mhéid atá le híoc leis an Ríocht Aontaithe, laistigh de na 12 mhí seo chugainn (2020 (sciar neamhchoigeartaithe): EUR 46 milliún).

#### Airteagal 145 – An Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach faoi Leachtú (CEGC i.L.)

Tá an Ríocht Aontaithe i dteideal a sciar de na glansócmhainní ó CEGC faoi Leachtú amhail an 31 Nollaig 2020, atá le híoc ar ais i gcúig thráthchuid ón 30 Meitheamh gach bliain, ag tosú in 2021. EUR 1,5 billiún a bhí i nglansócmhainní CEGC faoi Leachtú amhail an 31 Nollaig 2020, agus EUR 184 milliún atá i sciar coigeartaithe na Ríochta Aontaithe den mhéid sin (2020 (sciar neamhchoigeartaithe): EUR 183 milliún). Tar éis íocaíochta na chéad thráthchoda de EUR 37 milliún in 2021, EUR 148 milliún atá sa mhéid gan íoc amhail an 31 Nollaig 2021, agus as sin tá EUR 37 milliún le híoc laistigh de na 12 mhí tar éis an dáta tuairiscithe.



*Airteagal 146 – Infheistíocht sa Chiste Eorpach Infheistíochta (CEI)*

Tá an Ríocht Aontaithe i dteideal a sciar d'infheistíocht an Aontais i scairchaipiteal íochta CEI amhail an 31 Nollaig 2020, atá le híoc ar ais i gcúig thráthchuid ón 30 Meitheamh gach bliain, ag tosú in 2021. EUR 267 milliún a bhí in infheistíocht an Aontais i scairchaipiteal íochta CEI amhail an 31 Nollaig 2020, agus EUR 33 milliún atá i sciar coigeartaithe na Ríochta Aontaithe den mhéid sin (2020 (sciar neamhchoigeartaithe): EUR 33 milliún). Tar éis íocaíocht na chéad tráthchoda de EUR 7 milliún, EUR 27 milliún atá sa mhéid gan íoc amhail an 31 Nollaig 2021, agus as sin tá EUR 7 milliún le híoc laistigh de na 12 mhí tar éis an dáta tuairiscithe.

*Airteagal 147 – Cásanna dlí*

Tá geallta ag an Ríocht Aontaithe go ranníocfaidh sé a sciar d'íocaíochtaí an Aontais a eascraíonn as cásanna dlí a bhaineann le leasanna airgeadais an Aontais a bheidh dlite, ar choinníoll go dtarlaíonn na fórais a chruthaíonn ábhar na gcásanna sin tráth nach déanaí ná 31 Nollaig 2020. Agus na soláthairtí agus fabhrúithe ag deireadh na bliana á gcur san áireamh, chomh maith le híocaíochtaí iarbhír arna ndéanamh ag an Aontas i leith cásanna dlí in 2021 (seachas na cinn siúd a tuairiscíodh don Ríocht Aontaithe agus atá íochta aige in 2021) EUR 53 milliún atá sa mhéid measta atá le híoc ag an Ríocht Aontaithe (2020 (sciar neamhchoigeartaithe): EUR 46 milliún), agus as sin tá EUR 6 milliún le híoc laistigh de na 12 mhí tar éis an dáta tuairiscithe.

## 2.6.1.3. Méideanna in-aisghabhála ó fhíneálacha iomaíochais

|  | <i>EUR milliún</i> |               |
|--|--------------------|---------------|
|  | 31.12.2021         | 31.12.2020    |
| <i>Méideanna in-aisghabhála ó ollmhéid na bhfíneálacha</i> | 14 922             | 14 503        |
| <i>Íocaíochtaí sealadacha</i>                              | (2 100)            | (3 023)       |
| <i>Lagú</i>  | (1 125)            | (186)         |
| <b>Foriomlán</b>   | <b>11 698</b>      | <b>11 295</b> |
| <i>Neamhreatha</i>   | —                  | —             |
| <i>Reatha</i>  | 11 698             | 11 295        |

Tá an rogha ag cuideachtaí ar gearradh fíneáil orthu agus a rinne achomharc, nó a bhfuil sé i gceist acu achomharc a dhéanamh, íocaíochtaí sealadacha a dhéanamh nó ráthaíochtaí bainc a thabhairt don Choimisiún. Maidir leis na fíneálacha nach raibh íochta faoi dheireadh na bliana, fuarthas EUR 2 100 milliún (2020: EUR 3 023 milliún) in íocaíochtaí sealadacha agus fuarthas EUR 11 067 milliún (2020: EUR 11 004 milliún) i ráthaíochtaí.

Léiríonn na méideanna atá scríofa síos de bharr lagú measúnú an Choimisiúin de réir an cháis ar mhéideanna fíneálacha nár íocadh nó nár cumhdaíodh le ráthaíocht, agus nach bhfuil súil ag an gCoimisiún go n-aisghabhfaidh sé iad.

Nochtar dliteanas teagmhasach le haghaidh na féidearthachta a bhaineann le híoc ar ais méideanna a íocadh go sealadach leis na cuideachtaí ar gearradh fíneálacha orthu – féach nóta **4.2.1**.

## 2.6.1.4. Ioncam fabhrúithe agus muirir iarchurtha

|  | <i>EUR milliún</i> |              |
|--|--------------------|--------------|
|  | 31.12.2021         | 31.12.2020   |
| <i>Ioncam fabhrúithe</i>   | 2 313              | 1 755        |
| <i>Muirir iarchurtha a bhaineann le hidirbhearta neamh-mhalairte</i> | 340                | 293          |
| <b>Foriomlán</b>   | <b>2 653</b>       | <b>2 048</b> |

|                    | EUR milliún |            |
|--------------------|-------------|------------|
|                    | 31.12.2021  | 31.12.2020 |
| <i>Neamhreatha</i> | 1 556       | 1 261      |
| <i>Reatha</i>      | 1 097       | 787        |

Áirítear le hioncam fabhraithe EUR 2 billiún (2020: EUR 1,7 billiún) agus tá sé i gceist ag an gCoimisiún go n-aisghabhfar é seo i réimse an chomhtháthaithe de thoradh scrúdú agus ghlacadh na gcuntas bliantúil arna gcur isteach ag na Ballstáit. Tá coinne leis go n-aisghabhfar an chuid is mó den mhéid seo (EUR 1,2 billiún) ag dúnadh na gclár foluiteach amháin (mar iarmhairt ar bhearta an Tionscnaimh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas) agus aicmítear é, dá bhrí sin, mar neamhreatha. Áirítear leis freisin EUR 0.3 billiún a bhaineann leis an gcás gearrluachála a luaitear i nóta **2.6.1.1**, go háirithe na meastacháin nach bhfuil íoctha go sealadach ag na Ballstáit go fóill.

#### 2.6.1.5. Méideanna in-aisghabhála eile

Aisghabhadh EUR 744 milliún a thagann as aistriú na gcistí NER300 neamhíochta chuig an gCiste don Nuálaíocht nár aisghabhadh ó BEI faoi dheireadh 2020, agus a áirítear le méideanna in-aisghabhála eile ag deireadh 2020, le linn 2021 – féach nóta **2.4.2.1**.

#### 2.6.2. Earraí infhaighte ó idirbhearta malairte

|   | EUR milliún  |              |
|---|--------------|--------------|
|   | 31.12.2021   | 31.12.2020   |
| <b>Neamhreatha</b>  |              |              |
| <i>Cuid infhaighte na ráthaíochta airgeadais</i>              | 2 630        | —            |
| <i>Ús na híocaíochtaí déanaí</i>                              | 3 052        | 1 641        |
| <i>Suimeanna infhaighte eile</i>                              | 68           | 44           |
|   | <b>5 750</b> | <b>1 685</b> |
| <b>Reatha</b>   |              |              |
| <i>Cuid infhaighte na ráthaíochta airgeadais</i>              | 485          | —            |
| <i>Custaiméirí</i>  | 302          | 324          |
| <i>Lagú ar earraí infhaighte ó chustaiméirí</i>               | (172)        | (188)        |
| <i>Muirir iarchurtha a bhaineann le hidirbhearta malairte</i> | 236          | 345          |
| <i>Ús na híocaíochtaí déanaí</i>                              | 1 127        | 1 085        |
| <i>Eile</i>   | 345          | 200          |
|   | <b>2 323</b> | <b>1 766</b> |
| <b>Foriomlán</b>  | <b>8 073</b> | <b>3 450</b> |

Baineann ús na híocaíochtaí déanaí neamhreatha le gearrluacháil cásanna a luaitear i nóta **2.6.1.1** (baineann EUR 1,8 billiún leis an Ríocht Aontaithe agus baineann an fuilleach de EUR 1,3 billiún atá leis na Ballstáit eile), fad a bhaineann ús na híocaíochta déanaí reatha le hioncam fabhraithe a eascraíonn as tuarascálacha iniúchta ADT agus ús fabhraithe ar ráthaíochtaí arna dtabhairt ag cuideachtaí ar gearradh fineálacha orthu den chuid is mó.

Léiríonn cuid infhaighte an conartha ráthaíochta airgeadais luach láithreach préimheanna atá le fáil mar luach saothair le haghaidh ráthaíochtaí arna dtabhairt ag an Aontas. Ní fhaightear luach saothair le haghaidh fhormhór ráthaíochtaí an Aontais nó ní fhóirdheonaítear iad. Dá bhrí sin, bíonn an t-earra infhaighte i bhfad níos lú ná dliteanas an chonartha ráthaíochta airgeadais (féach nóta **2.11.2**). Eisceacht a bhaineann leis an riail seo is ea an ráthaíocht CEIS a bhí mar 94 % de chuid infhaighte an chonartha ráthaíochta airgeadais in 2021, chomh maith le cuid shainordú iasachtaithe na hearnála príobháidí de ráthaíocht shainordú iasachtaithe sheachtraigh an Aontais le BEI (ELM) arbh ionann é in 2021 agus

EUR 106 milliún agus Fís 2020 le haghaidh EUR 59 milliún. As an méid iomlán de EUR 3 115 milliún de chuid infhaighte an chonartha ráthaíochta airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021, aicmítear EUR 3 113 milliún mar shócmhainní airgeadais a thomhaistear ag an luach cóir trí bharrachas nó easnamh (Luach cóir, leibhéal 3). I gcomparáid leis an iarmhéid tosaigh de EUR 3 484 milliún an 1 Eanáir 2021, tá an chuid infhaighte laghdaithe ar an iomlán faoi EUR 357 milliún de bharr socraíochtaí in 2021 agus faoi EUR 12 milliún eile de bharr níos lú préimheanna todhchaí ná mar a raibh coinne leo.

## 2.7. FARDAIL

|                   | EUR milliún |            |
|-------------------|-------------|------------|
|                   | 31.12.2021  | 31.12.2020 |
| Ábhair eolaíochta | 58          | 59         |
| Eile              | 26          | 21         |
| <b>Foriomlán</b>  | <b>84</b>   | <b>80</b>  |

## 2.8. AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉISÍ AIRGID THIRIM

|  | EUR milliún |               |               |
|--|-------------|---------------|---------------|
|  | Nóta        | 31.12.2021    | 31.12.2020    |
| Cuntais le Státhchistí agus Banc Cheannais               |             | 20 121        | 11 342        |
| Cuntais reatha   |             | 453           | 80            |
| Cuntais óinichiste                                       |             | 8             | 8             |
| Aistrithe (iompar airgid thirim)                         |             | —             | 0             |
| Cuntais bhainc le haghaidh chur chun feidhme an bhuiséid | 2.8.1       | <b>20 582</b> | <b>11 430</b> |
| NGEU   | 2.8.2       | <b>18 027</b> | —             |
| Ionstraimí airgeadais                                    | 2.8.3       | <b>2 838</b>  | <b>2 446</b>  |
| Fíneálacha   | 2.8.4       | <b>1 953</b>  | <b>1 458</b>  |
| Institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile      |             | <b>1 396</b>  | <b>1 362</b>  |
| Cistí Iontaobhais  |             | <b>65</b>     | <b>46</b>     |
| <b>Foriomlán</b>   |             | <b>44 860</b> | <b>16 742</b> |

### 2.8.1. Cuntais bhainc le haghaidh chur chun feidhme an bhuiséid

Cumhdaítear leis an gceannnteideal seo na cistí a choinníonn an Coimisiún ina chuntais bhainc i ngach Ballstát agus tír CSTE (státhchiste nó banc ceannais), chomh maith le cuntais reatha bainc thráchtála, cuntais óinichiste agus cuntais mhionairgid. Cuirtear iarmhéid an státhchiste ag deireadh 2021 chun cinn leis na príomhghnéithe a leanas:

- Méid de EUR 14,4 billiún nach bhfuil curtha chun feidhme ag deireadh na bliana, agus as sin baineann EUR 8,6 billiún le hioncam sannta, baineann EUR 1,4 billiún le creidiúintí NGEU agus baineann EUR 4,4 billiún le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí (lena n-áirítear EUR 1,4 billiún de CERT);
- Méid de EUR 2,2 billiún ar le státhchistí gníomhaireachtaí arna mbainistiú ag an gCoimisiún ach nach raibh caite faoi dheireadh na bliana;

- Méid de EUR 1,7 billiún in acmhainní dílse traidisiúnta breise a íocadh ach nár buiséadadh; agus
- Méid de EUR 1,1 billiún i bhfíneálacha cinntitheacha nach bhfuil buiséadaithe go fóill.

### 2.8.2. NGEU

Tá airgead tirim ag NGEU i gcuntas bainc ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE). Maidir le cur chun feidhme na straitéise cistiúcháin éagsúlaithe in ionstraim NGEU – féach nóta 2.11 – tá an t-iarhmhéid airgid thirim in ionstraim NGEU substaintiúil agus shroich sé EUR 18 mbilliún amhail an 31 Nollaig 2021. Coimeádtar an t-iarhmhéid airgid thirim ard agus é mar aidhm aige a áirithiú gur leordhóthanach na méideanna arna sealbhú ar chuntas bainc NGEU chun na riachtanais eisiócaíochta uile a thiocfaidh chun cinn a chomhlíonadh agus chun maolán sábháilteachta sainithe a choinneáil ar bun, agus aon iarhmhéid farasbairr á sheachaint an tráth céanna.

### 2.8.3. Ionstraimí airgeadais

Baineann méideanna a thaispeántar faoin gceannteideal seo le coibhéisí airgid thirim a bhainistíonn muinínigh thar ceann an Choimisiúin chun críoch fhorfheidhmiú clár ionstraimí airgeadais áirithe arna gcistiú ag buiséad an Aontais: EUR 1,8 billiún amhail an 31 Nollaig 2021, agus as sin baineann EUR 0,6 billiún le Saoráid Rátháíochta COSME – féach nóta 4.1.3. Áirítear leis freisin airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim a choimeádtar sa Chiste don Soláthar Coiteann agus nach bhfuil infheistithe go fóill in urrúis ag deireadh na bliana (EUR 1 billiún amhail an 31 Nollaig 2021) agus an t-airgead tirim ar leis an gCiste don Nuálaíocht é atá faoi bhainistíocht BEI – féach nóta 2.4.2.1. Ní chumhdaítear leis an gceannteideal seo maolán leachtachta ábhartha an Chiste don Soláthar Coiteann (EUR 91,6 milliún amhail an 31 Nollaig 2021), a choimeádtar i státchiste láir an Choimisiúin. Is iad na cláir lena mbaineann amháin ar féidir leo an t-airgead tirim de chuid na n-ionstraimí airgeadais a úsáid.

### 2.8.4. Fíneálacha

Is airgead tirim é seo go príomha a fhaightear i ndáil le fíneálacha arna n-eisiúint ag an gCoimisiún nuair a bhíonn an cás fós oscailte. Coinnítear na méideanna seo i gcuntais taisce shonracha nach n-úsáidtear le haghaidh gníomhaíochtaí eile. I gcás inar taisceadh achomharc nó i gcás nach fios an ndéanfaidh an chuideachta a ghearrtar fíneáil air achomharc, taispeántar an méid foluiteach mar dhliteanas teagmhasach i nóta 4.2.1. Ó 2010 i leith, tá na fíneálacha a íocadh go sealadach á mbainistiú ag an gCoimisiún sa chiste BUFI agus infheistítear iad in ionstraimí airgeadais atá aicmithe mar shócmhainní airgeadais ag neamhdhírthaigh FVSD (féach nóta 2.4.2). Baineann an méadú ar fhíneálacha a bhaineann le hairgead tirim ag deireadh 2021 le hiarmhéid airgid thirim ag BUFI i gcomparáid le deireadh 2020. Ba cheart a lua go bhfuil méid de EUR 1 060 milliún a bhí íoctha go sealadach ag Intel roimhe seo aisíochta ag an gCoimisiún i mí Feabhra 2022 tar éis breithiúnais ó Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh sa chás idir Intel Corporation agus an Coimisiún in Eanáir 2022.

## DLITEANAS

### 2.9. PINSEAN AGUS SOCHAIR EILE FOSTAITHE

#### 2.9.1. Dliteanas na scéime glansochair fostaithe

|                              | Scéim Pinsean Oifigigh Eorpacha | Scéimeanna sochair scoir eile | Comhscéim Árachais Breoiteachta | 31.12.2021 Iomlán | 31.12.2020 Iomlán |
|------------------------------|---------------------------------|-------------------------------|---------------------------------|-------------------|-------------------|
| Oibleagáid Sochair Shainithe | 109 679                         | 2 600                         | 10 647                          | 122 926           | 116 468           |
| Sócmhainní plean             | N/B                             | (74)                          | (386)                           | (460)             | (448)             |
| <b>Glandliteanas</b>         | <b>109 679</b>                  | <b>2 526</b>                  | <b>10 261</b>                   | <b>122 466</b>    | <b>116 020</b>    |

EUR milliún

Is mar gheall ar an méadú ar ghlandliteanas Scéim Pinsin Oifigigh Eorpacha (PSEO), an scéim is mó atá i bhfeidhm, atá méadú ar dhliteanas iomlán sochair fostaithe. Tá an dliteanas PSEO seo tar éis méadú mar gheall ar an gcaillteanas achtúireach de bharr athruithe sna toimhdí airgeadais foluiteacha (féach nóta 2.9.4). Tharla sé seo de bharr méadú ar an ráta boilscithe, as ar tháinig laghdú ar an bhfíor-ráta lascaine. Bhí an fíor-ráta lascaine diúltach don tríú bliain as a chéile – rud a chiallaíonn go mbeidh luach níos mó ag aon mhéid faoi leith sa todhchaí ná an luach atá aige sa lá atá inniu ann nuair a

thitfidh sé amach sa todhchaí. Ní mór a lua, cé go bhfuil tionchar ag laghdú ar an bhfíor-ráta lascaine ar mhéid an dliteanais, ní athraíonn sé líon na sochar a bheidh le híoc ó bhuiséad an Aontais leis na tairbhíthe sna blianta amach romhainn. Anuas air sin, tá na cearta a fabhraíodh le linn na bliana de bharr seirbhíse níos airde ná na sochair a íocadh amach le linn na bliana. Tá méadú ann freisin de bharr chostas an úis bhliantúil (leachtú an lascainithe dliteanais) chomh maith le caillteanais achtúreacha de bharr taithí.

### Scéim Pinsean Oifigigh Eorpacha

Léiríonn an oibleagáid sochair shainithe seo agus luach láithreach íocaíochtaí todhchaí a bhfuil coinne leo a cheanglófar ar an Aontas a íoc chun na hoibleagáidí pinsin a thagann as seirbhís fostaithe sna tréimhsí reatha agus i dtréimhsí roimhe a shocrú. Tá an scéim leanúnach, agus dá bharr sin, cuirtear gach íocaíocht, a n-éilítear go ndéanfaí ón scéim ar bhonn bliantúil, san áireamh i mbuiséad an Aontais gach bliain.

I gcomhréir le hAirteagal 83 de Rialachán na Foirne, cuimsíonn íocaíocht na sochar a ndéantar foráil dóibh i scéim pinsin na foirne muirear ar bhuiséad an Aontais. Cistítear an scéim go barúlach agus ráthaíonn na Ballstáit íocaíocht na sochar seo i gcomhpháirt. Asbhaintear ranníocaíocht éigeantach pinsin ó bhuntarastail ball gníomhach, 10,1 % atá ann faoi láthair. Caitear leis na ranníocaíochtaí seo mar ioncam buiséid na bliana agus rannchuidíonn siad le cistiú chaiteachas an Aontais go ginearálta, féach nóta 3.8 freisin.

Rinneadh measúnú ar dhliteanais na scéime pinsin ar bhonn líon na foirne PSEO (baill foirne ghníomhacha, daoine atá ar scor, na baill foirne a bhíodh gníomhach atá anois ar easláine agus cleithiúnaithe ball foirne éagtha) an 31 Nollaig 2021 agus ar rialacha na Rialachán Foirne a bhí i bhfeidhm ar an dáta sin. Rinneadh an luacháil seo i gcomhréir le forálacha cuntasáíochta IPSAS 39 (agus riail chuntasaíochta 12 an Aontais freisin dá bhrí sin).

### Scéimeanna sochair scoir eile

Tagraíonn sé seo don dliteanas a bhaineann leis na hoibleagáidí pinsin le haghaidh Comhaltaí agus Iar-Chomhaltaí an Choimisiúin, Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpach agus na Cúirte Iníúcháirí, na Comhairle, an Ombudsman Eorpach, agus an Mhaoirseora Eorpach ar Chosaint Sonraí. Cuimsítear faoin gceannteideal seo freisin dliteanais a bhaineann le pinsin Fheisirí Pharlaimint na hEorpa.

### Comhscéim Árachais Breoiteachta

Anuas ar na scéimeanna sochair scoir thuas, déantar luacháil maidir leis an dliteanas measta atá ag an Aontas maidir leis an gComhscéim Árachais Breoiteachta (JSIS) i ndáil le costais cúraim sláinte, nach mór a íoc le linn tréimhsí iarghníomhaíochta (glanmhéid a ranníocaíochtaí). Mar a luaitear i nóta 1.5.10, cuirtear san áireamh le ríomh an dliteanais seo an tréimhse seirbhíse iomlán ghníomhach, ag áirithiú go gcuirtear scéimeanna pinsin agus breoiteachta phlean iarfhostaíochta na foirne san áireamh go comhsheasmhach.

Agus an oibleagáid atá ann, chun tábhacht eacnamaíoch an cháis fholluitigh a léiriú go dílis mar a éilítear le EAR agus IPSAS, á cur san áireamh, níor léirmhíodh IPSAS 39 ar bhealach níos déine nuair a cheanglaítear na sochair leis na tréimhsí seirbhíse. Dá mbeadh an costas seirbhíse le fabhrú le haghaidh na scéime JSIS thar 10 mbliana i gcás gach oifigigh, seachas an tréimhse de sheirbhís ghníomhach an fhostaí, is méadú de EUR 3,1 billiún a bheadh i dtionchar chur chuige den sórt sin maidir leis an oibleagáid sochair shainithe ag deireadh na bliana. Mar sin féin, mar a tugadh le fios cheana féin, ní thiocfadh an cur chuige níos déine seo le saintréith cháilíochtúil an léirithe dhílis agus, dá bhrí sin, ní mheasfar go soláthródh sé faisnéis iontaofa i gcomhréir le EAR 1 agus Creat Coincheapúil IPSAS. Braitheann an meastachán seo go mór ar fhorbairt stádas riarachán na foirne reatha (go háirithe, maidir le líon na mball foirne ar chonarthaí ar théarma seasta a mheastar a bheidh ina n-oifigigh sa todhchaí).

#### 2.9.2. Gluaiseacht i luach láithreach oibleagáid sochair shainithe shochair na bhfostaithe

Is é luach láithreach oibleagáide sochair shainithe íocaíochtaí lascainithe todhchaí a bhfuil coinne leo a éilítear chun an oibleagáid a leanann as seirbhís fostaithe sna tréimhsí reatha agus i dtréimhsí roimhe a shocrú.

Cuirtear anailís ar ghluaiseacht na bliana reatha san oibleagáid sochair shainithe i láthair thíos:

| EUR milliún  |                                 |                               |                                 |                |
|--|---------------------------------|-------------------------------|---------------------------------|----------------|
|  | Scéim Pinsean Oifigigh Eorpacha | Scéimeanna sochair scoir eile | Comhscéim Árachais Breoiteachta | Foriomlán      |
| <b>Luach láithreach an 31.12.2020</b>                                  | <b>100 741</b>                  | <b>2 438</b>                  | <b>13 289</b>                   | <b>116 468</b> |
| <b>Sainaitheanta sa ráiteas ar fheidhmíocht airgeadais</b>             |                                 |                               |                                 |                |
| <i>Costas Seirbhíse Reatha</i>   | 4 095                           | 110                           | 363                             | 4 567          |
| <i>Costas úis</i>  | 401                             | 5                             | 66                              | 473            |
| <i>Costas Seirbhíse roimhe seo</i>                                     | —                               | —                             | —                               | —              |
| <b>Sainaitheanta i nglansócmhainní</b>                                 |                                 |                               |                                 |                |
| <i>Atomhais ar dhliteanais sochar fostaithe</i>                        |                                 |                               |                                 |                |
| <i>(Gnóthachain)/cailteanais achtúireacha ó taithí</i>                 | 1 457                           | 26                            | (209)                           | 1 273          |
| <i>(Gnóthachain)/cailteanais achtúireacha ó toimhdí déimeagrafacha</i> | —                               | —                             | —                               | —              |
| <i>(Gnóthachain)/cailteanais achtúireacha ó toimhdí airgeadais</i>     | 4 787                           | 90                            | (2 774)                         | 2 103          |
| <b>Eile</b>  |                                 |                               |                                 |                |
| <i>Sochair íochta</i>  | (1 801)                         | (69)                          | (88)                            | (1 957)        |
| <b>Luach láithreach an 31.12.2021</b>                                  | <b>109 679</b>                  | <b>2 600</b>                  | <b>10 647</b>                   | <b>122 926</b> |

Is é costas na seirbhíse reatha an méadú ar luach láithreach na hoibleagáide sochair shainithe a thagann as seirbhís fostaí reatha sa bhliain reatha.

Tagraíonn costas úis don mhéadú le linn na tréimhse ar luach láithreach oibleagáide sochair shainithe toisc go bhfuil na sochair tréimhse amháin níos gaire don tsocraíocht.

Tagraíonn gnóthachain agus cailteanais achtúireacha ó thaithí d'éifeachtaí na ndifríochtaí idir an méid a raibh coinne leis de réir na dtoimhdí a rinneadh anuraidh le haghaidh 2021 agus an méid a tharla i ndáiríre in 2021.

Maidir le gnóthachain agus cailteanais achtúireacha ó athruithe ar luachanna na dtoimhdí achtúireacha (athróna déimeagrafacha amhail an ráta athraithe fostaithe agus an ráta mortlaíochta agus athróna airgeadais amhail rátaí lascaine agus méaduithe ar thuarastail a bhfuil coinne leo), tagann siad chun cinn nuair a thugtar na toimhdí seo cothrom le dáta chun athruithe ar na dálaí atá ann a léiriú.

Íoctar sochair (mar shampla, pinsin nó aisíocaíochtaí a bhaineann le costais leighis) le linn na bliana de réir rialacha na scéime. Nuair a íoctar na sochair seo bíonn laghdú ar an oibleagáid sochair shainithe.

### 2.9.3. Sócmhainní plean

| EUR milliún                                |                               |                                 |            |
|--|-------------------------------|---------------------------------|------------|
|  | Scéimeanna sochair scoir eile | Comhscéim Árachais Breoiteachta | Foriomlán  |
| <b>Luach láithreach an 31.12.2020</b>      | <b>94</b>                     | <b>354</b>                      | <b>448</b> |
| <i>Glanghluaiseacht i sócmhainní plean</i> | (20)                          | 32                              | 12         |

EUR milliún

|                                       | Scéimeanna sochair scoir eile | Comhscéim Árachais Breoiteachta | Foriomlán  |
|---------------------------------------|-------------------------------|---------------------------------|------------|
| <b>Luach láithreach an 31.12.2021</b> | <b>74</b>                     | <b>386</b>                      | <b>460</b> |

## 2.9.4. Toimhdí achtúireacha – sochair fostaithe

Taispeántar na príomhthoimhdí achtúireacha a úsáidtear i luacháil an dá scéim sochair fostaithe de chuid an Aontais thíos:

|   | 2021     | 2020     |
|---|----------|----------|
| <b>Scéim Pinsean Oifigigh Eorpacha</b>                                  |          |          |
| Ráta lascaine ainmniúil   | 1,0 %    | 0,4 %    |
| An ráta boilscithe a bhfuil coinne leis                                 | 2,0 %    | 1,2 %    |
| An fíor-ráta lascaine   | (1,0) %  | (0,8) %  |
| An ráta, de mhéaduithe ar thuarastail amach anseo, a bhfuil coinne leis | 1,8 %    | 1,8 %    |
| Rátaí treochta maidir le costas leighis                                 | N/B      | N/A      |
| Aois scoir  | 63/64/66 | 63/64/66 |
| <b>Comhscéim Árachais Breoiteachta</b>                                  |          |          |
| Ráta lascaine ainmniúil   | 1,0 %    | 0,5 %    |
| An ráta boilscithe a bhfuil coinne leis                                 | 2,0 %    | 1,3 %    |
| An fíor-ráta lascaine   | (1,0) %  | (0,8) %  |
| An ráta, de mhéaduithe ar thuarastail amach anseo, a bhfuil coinne leis | 1,9 %    | 1,8 %    |
| Rátaí treochta maidir le costas leighis                                 | 2,5 %    | 2,6 %    |
| Aois scoir  | 63/64/66 | 63/64/66 |

Tá na rátaí mortlaíochta le haghaidh 2021 bunaithe ar an Tábla Basmhaireachta Státseirbhísigh an Aontais Eorpaigh – EULT 2018.

Cinntear an ráta lascaine ainmniúil mar luach táirgeachta chúpón nialasach an Euro (le haibíocht de 23 bliana amhail Nollaig 2021 le haghaidh PSEO, agus 25 bliana le haghaidh na Comhscéime Árachais Breoiteachta). Úsáidtear an ráta boilscithe mar an ráta boilscithe a bhfuil coinne leis thar an tréimhse choibhéiseach. Ní mór é a chinneadh go himpiriciúil, bunaithe ar luachanna ionchasacha arna léirmhíniú ag bannaí innéacsnaasctha ar mhargaí airgeadais na hEorpa. Ríomhtar an fíor-ráta lascaine ón ráta lascaine ainmniúil agus an ráta boilscithe fadtéarmach a bhfuil coinne leis.

Cé gur thosaigh rátaí ainmniúla ag téarnamh in 2021 tar éis an laghdaithe a chonacthas roimhe sin, frithchothromaíodh tionchar a mhéadaithe le méadú suntasach ar thoirimhde an ráta bhoilscithe. Mar gheall air seo bhí laghdú foriomlán ar an bhfíor-ráta lascaine, agus dá bhrí sin lean an treocht dhiúltach ar aghaidh agus chuir sé leis an gcaillteanas achtúireach ó thoirimhde airgeadais sa bhliain.

## 2.9.5. Anailís íogaireachta

Tá an anailís íogaireachta bunaithe ar ionsamhlúcháin, a athraíonn luach na dtoirimhde lena mbaineann, fad a fhanann gach rud eile cothrom.

**Íogaireacht Scéim Pinsin Oifigigh Eorpacha**

Bheadh na héifeachtaí a leanas ag athrú de dheich mbonnphointe (0,1 %) ar an ráta lascaine toimhdithe:

*EUR milliún*

|                                     | 2021        |              | 2020        |              |
|-------------------------------------|-------------|--------------|-------------|--------------|
|                                     | Méadú 0,1 % | Laghdú 0,1 % | Méadú 0,1 % | Laghdú 0,1 % |
| <i>Oibleagáid sochair shainithe</i> | (2 464)     | 2 544        | (2 247)     | 2 319        |

Bheadh na héifeachtaí a leanas ag athrú de dheich mbonnphointe (0,1 %) ar na méaduithe a bhfuil coinne leo ar thuarastail:

*EUR milliún*

|                                     | 2021        |              | 2020        |              |
|-------------------------------------|-------------|--------------|-------------|--------------|
|                                     | Méadú 0,1 % | Laghdú 0,1 % | Méadú 0,1 % | Laghdú 0,1 % |
| <i>Oibleagáid sochair shainithe</i> | 2 414       | (2 345)      | 2 206       | (2 143)      |

Bheadh na héifeachtaí a leanas ag athrú de bhliain amháin ar an aois scoir thiomhdithe:

*EUR milliún*

|                                     | 2021                    |                          | 2020                    |                          |
|-------------------------------------|-------------------------|--------------------------|-------------------------|--------------------------|
|                                     | Méadú de bhliain amháin | Laghdú de bhliain amháin | Méadú de bhliain amháin | Laghdú de bhliain amháin |
| <i>Oibleagáid sochair shainithe</i> | (1 155)                 | 1 527                    | (1 104)                 | 1 417                    |

**Íogaireacht na Comhscéime Árachais Breoiteachta**

Bheadh na héifeachtaí a leanas ag athrú de dheich mbonnphointe ar na rátaí treochta maidir le costais thiomhdithe leighis:

*EUR milliún*

|  | 2021        |              | 2020        |              |
|--|-------------|--------------|-------------|--------------|
|  | Méadú 0,1 % | Laghdú 0,1 % | Méadú 0,1 % | Laghdú 0,1 % |
| <i>Comhiomlán chomhchodanna an chostais seirbhíse reatha agus an chostais úis maidir le glanchostais leighis tráthrialta iarfhostaíochta</i> | 13          | (12)         | 15          | (14)         |
| <i>Oibleagáid sochair shainithe</i>  | 317         | (307)        | 397         | (385)        |

Bheadh na héifeachtaí a leanas ag athrú de dheich mbonnphointe (0,1 %) ar an ráta lascaine toimhdithe:



EUR milliún

|                              | 2021        |              | 2020        |              |
|------------------------------|-------------|--------------|-------------|--------------|
|                              | Méadú 0,1 % | Laghdú 0,1 % | Méadú 0,1 % | Laghdú 0,1 % |
| Oibleagáid sochair shainithe | (265)       | 274          | (348)       | 361          |

Bheadh na héifeachtaí a leanas ag athrú de dheich mbonnphointe (0,1 %) ar na méaduithe a bhfuil coinne leo ar thuarastail:

EUR milliún

|                              | 2021        |              | 2020        |              |
|------------------------------|-------------|--------------|-------------|--------------|
|                              | Méadú 0,1 % | Laghdú 0,1 % | Méadú 0,1 % | Laghdú 0,1 % |
| Oibleagáid sochair shainithe | (42)        | 41           | (38)        | 37           |

Bheadh na héifeachtaí a leanas ag athrú de bhliain amháin ar an aois scoir thiomhdithe:

EUR milliún

|                              | 2021                    |                          | 2020                    |                          |
|------------------------------|-------------------------|--------------------------|-------------------------|--------------------------|
|                              | Méadú de bhliain amháin | Laghdú de bhliain amháin | Méadú de bhliain amháin | Laghdú de bhliain amháin |
| Oibleagáid sochair shainithe | (317)                   | 334                      | (401)                   | 421                      |

## 2.10. SOLÁTHAIRTÍ

EUR milliún

|   | Iomlán an 31.12.2020 | Athbhreithniú ar EAR 11 | Forálacha breise | Méideanna neamhúsáidte arna bhfreaschur | Méideanna arna n-úsáid | Aistriú idir catagóirí | Athrú ar an meastachán | Iomlán an 31.12.2021 |
|---|----------------------|-------------------------|------------------|---|------------------------|------------------------|------------------------|----------------------|
| <i>Cásanna dlí:</i>                     |                      |                         |                  |   |                        |                        |                        |                      |
| <i>Talmhaíocht</i>                      | 170                  | —                       | 210              | (25)                                    | (1)                    | —                      | —                      | 354                  |
| <i>Eile</i>                             | 31                   | —                       | 5                | (14)                                    | (2)                    | —                      | 2                      | 22                   |
| <i>Díchóimeáil ar shuíomh núicléach</i> | 2 426                | —                       | —                | —                                       | (33)                   | —                      | 46                     | 2 440                |
| <i>Idirghabhálaithe</i>                 | 2 523                | (2 522)                 | 1                | —                                       | (1)                    | —                      | —                      | 1                    |
| <i>Eile</i>                             | 254                  | —                       | 284              | (26)                                    | (19)                   | —                      | 37                     | 530                  |
| <b>Foriomlán</b>                        | <b>5 405</b>         | <b>(2 522)</b>          | <b>500</b>       | <b>(65)</b>                             | <b>(55)</b>            | <b>—</b>               | <b>86</b>              | <b>3 348</b>         |
| <b>Neamhreatha</b>                      | <b>3 878</b>         | <b>(1 165)</b>          | <b>212</b>       | <b>(25)</b>                             | <b>(1)</b>             | <b>(35)</b>            | <b>86</b>              | <b>2 950</b>         |
| <b>Reatha</b>                           | <b>1 527</b>         | <b>(1 357)</b>          | <b>288</b>       | <b>(40)</b>                             | <b>(55)</b>            | <b>35</b>              | <b>(0)</b>             | <b>398</b>           |

Is méideanna a mheastar go beacht, a eascraíonn as teagmhais roimhe seo, iad soláthairtí ar dócha go n-íocfar ó bhuiséad an Aontais iad sa todhcháí.

## Cásanna dlí

Is é seo meastachán ar na méideanna is dócha a bheidh le híoc amach tar éis dheireadh na bliana i ndáil le roinnt cásanna leanúnacha dlí. Baineann an Talmhaíocht le gníomhaíochtaí dlíthiúla Ballstát in aghaidh chinntí imréitigh comhréireachta le haghaidh CERT agus CETFT.

## Díchoimeáil ar shuíomh núicléach

Amhail 2017, tugadh an bunús le haghaidh an tsoláthair cothrom le dáta de réir “JRC Decommissioning & Waste Management Programme Strategy (D&WMP) – Updated in 2017” [Straitéis JRC um an gClár um Dhíchoimisiúnú agus um Bainistíocht Dramhaíola – arna nuashonrú in 2017]. Rinneadh an t-athbhreithniú ar an straitéis seo, chomh maith le riachtanais an bhuiséid agus na foirne, in éineacht le Sainghrúpa neamhspleách D&WMP. Léiríonn sé an meastachán is fearr atá ar fáil maidir leis an mbuiséad agus an fhoireann a theastaíonn chun díchoimisiúnú láithreán JRC in Ispra, Geel, Karlsruhe agus Petten a thabhairt i gcrích.

I gcomhréir le rialacha cuntasáíochta an Aontais, tá an soláthar seo innéacsaithe le haghaidh boilsciú agus ansin tá sé lascainithe chuig a ghlanluach láithreach (ag úsáid an chuair bhabhtála Euro). Amhail an 31 Nollaig 2021, bhí soláthar de EUR 2 440 milliún ann, arna roinnt idir méideanna a raibh coinne lena n-úsaid in 2022 (EUR 35 milliún) agus ina dhiaidh sin (EUR 2 405 milliún).

Ní mór a lua go bhféadfadh éiginnteachtaí móra, a bhaineann go dlúth le pleanáil fhadtéarmach díchoimisiúnaithe núicléach, difear a dhéanamh don mheastachán seo, a d'fhéadfadh méadú go mór sa todhchaí. Baineann na príomhfhoinsí éiginnteachta le staid deiridh an láithreáin díchoimisiúnaithe, na n-ábhar núicléach, na ngnéithe a bhaineann le bainistíocht dramhaíola agus diúscairt, creataí rialála náisiúnta neamhiomlána, nó cinn nach bhfuil go hiomlán sainithe, próisis cheadúnaithe chasta fhadálacha agus forbairtí todhchaí maidir le margadh tionsclaíoch an díchoimisiúnaithe.

## Forálacha airgeadais

Go dtí 31 Nollaig 2020, glacadh le formhór na ráthaíochtaí airgeadais mar sholáthairtí nó nochtadh iad mar dhliteanais theagmhasacha, ag brath ar chomhdhóchúlacht an chailteanais. Amhail an 1 Eanáir 2021, le teacht i bhfeidhm Ionstraimí airgeadais EAR 11 leasaithe, rinneadh iad a athaicmiú mar Dhliteanais Ráthaíochta Airgeadais agus rinneadh iad a atomhas (féach nóta 1 agus nóta 2.11).

Baineann an t-iarmhéid atá fágtha an 31 Nollaig 2021 leis na cailteanais chreidmheasa ionchasacha le haghaidh gealltanais neamh-inchúlghairthe neamhtharraingthe.

### 2.11. DLITEANAS AIRGEADAIS

| <i>EUR milliún</i>   |         |                |               |
|--|---------|----------------|---------------|
|  | Nóta    | 31.12.2021     | 31.12.2020    |
| <b>Neamhreatha</b>   |         |                |               |
| <i>Dlíteanais airgeadais ar chostas amúchta</i>                      | 2.11.1  | 214 824        | 84 395        |
| <i>Dlíteanais airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh</i> | 2.4.2.2 | 5              | 4             |
| <i>Dlíteanais ráthaíochta airgeadais</i>                             | 2.11.2  | 146            | —             |
|  |         | <b>214 974</b> | <b>84 399</b> |
| <b>Reatha</b>  |         |                |               |
| <i>Dlíteanais airgeadais ar chostas amúchta</i>                      | 2.11.1  | 23 501         | 10 559        |
| <i>Dlíteanais airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh</i> | 2.4.2.2 | —              | 0             |

EUR milliún

|                                   | Nóta   | 31.12.2021     | 31.12.2020    |
|-----------------------------------|--------|----------------|---------------|
| Dlíteanais ráthaiochta airgeadais | 2.11.2 | 7 648          | 90            |
|                                   |        | <b>31 149</b>  | <b>10 649</b> |
| <b>Foriomlán</b>                  |        | <b>246 123</b> | <b>95 048</b> |

2.11.1. *Dlíteanais airgeadais ar chostas amúchta*

EUR milliún

|   | Nóta     | 31.12.2021     | 31.12.2020    |
|---|----------|----------------|---------------|
| Iasachtaíocht le haghaidh NGEU agus cúnamh airgeadais | 2.11.1.1 | 236 720        | 93 192        |
| Dlíteanais airgeadais eile                            | 2.11.1.2 | 1 605          | 1 761         |
| <b>Foriomlán</b>                                      |          | <b>238 325</b> | <b>94 954</b> |
| Neamhreatha   |          | 214 824        | 84 395        |
| Reatha  |          | 23 501         | 10 559        |

## 2.11.1.1. Iasachtaíocht le haghaidh NGEU agus cúnamh airgeadais

EUR milliún

|  | NGEU          | SURE          | EFSM          | Comhardú íocaíochtaí | MFA          | Euratom    | Foriomlán      |
|--|---------------|---------------|---------------|----------------------|--------------|------------|----------------|
| Iomlán an 31.12.2020                     |               | 39 503        | 47 396        | 201                  | 5 813        | 279        | 93 192         |
| Athbhreithniú ar EAR 11                  | —             | 420           | (114)         | (1)                  | 24           | 1          | 329            |
| Iasachtaíocht nua – ainmniúil            | 111 947       | 50 137        | 9 750         | —                    | 1 665        | 100        | 173 599        |
| Aisiócaíochtaí                           | (20 996)      | —             | (9 750)       | —                    | (14)         | (29)       | (30 789)       |
| Athruithe ar an luach de réir na leabhar | 49            | 507           | (144)         | 0                    | (24)         | —          | 388            |
| <b>Iomlán an 31.12.2021</b>              | <b>91 000</b> | <b>90 567</b> | <b>47 138</b> | <b>201</b>           | <b>7 464</b> | <b>351</b> | <b>236 720</b> |
| Neamhreatha                              | 70 960        | 90 502        | 43 969        | 200                  | 7 425        | 327        | 213 383        |
| Reatha                                   | 20 040        | 65            | 3 169         | 1                    | 39           | 24         | 23 338         |

Tagraíonn iasachtaíocht do bhannaí fadtéarmacha le haghaidh NGEU agus cláir um chúnamh airgeadais den chuid is mó, ach amháil 2021, áfach, tá billí an Aontais, ag a bhfuil aibíocht ghearr le haghaidh NGEU, á n-eisiúint ag an gCoimisiún (EUR 20 billiún amháil an 31 Nollaig 2021).

Maoiníonn iasachtaíocht NGEU iasachtaí RRF, tacaíocht neamh-inaisíochta RRF agus cláir CAI eile. Maidir le NGEU, ní fhaigheann an Coimisiún iasachtaí droim le droim ar bhonn docht i.e. chun iasachtaí sonracha a mhaoiniú. Tá plean iasachtaíochta bliantúil atá bunaithe ar eis-sreabhadh tuartha le haghaidh iasachtaí agus tacaíocht neamh-inaisíochta.

Leanann an Coimisiún straitéis de chistiú éagsúil agus úsáideann sé ionstraimí éagsúla um maoiniú fadtéarmach agus gearrthéarmach. Ligeann sé seo don Choimisiún iasachtaí fadtéarmacha a thairiscint ar théarmaí mealltacha do Bhallstáit thairbhíocha. Samntar na costais iasachtaíochta ansin – le cur chuige aontaithe aonair – do thairbhíthe na n-iasachtaí agus do bhuiséad an Aontais (le haghaidh tacaíocht neamh-inaisíochta).

Comhfhreagraíonn athruithe ar an luach de réir na leabhar don athrú ar ús fabhráithe agus don athrú ar phréimheanna/lascainí (préimheanna/lascainí nua agus amúchadh).

Ráthaíonn buiséad an Aontais aisíocaíocht na hiasachtaíochta thuas i ndeireadh na dála – féach nóta **4.1.2**, agus gach Ballstát dá réir sin freisin.

#### Rátaí úis éifeachtacha iasachtaíochta (arna léirmhíniú mar raon rátaí úis)

|                      | 31.12.2021        | 31.12.2020      |
|----------------------|-------------------|-----------------|
| NGEU                 | (0,95) % — 0,74 % | —               |
| SURE                 | (0,48) % — 0,77 % | 0,00 % — 0,30 % |
| EFSM                 | (0,03) % — 3,79 % | 0,50 % — 3,75 % |
| Comhardú íocaíochtaí | 2,95 %            | 2,88 %          |
| CAI                  | (0,14) % — 3,70 % | 0,00 % — 3,69 % |
| Euratom              | (0,08) % — 1,58 % | 0,00 % — 5,68 % |

Tagraíonn figiúirí 2020 do rátaí úis ainmniúla, agus tá figiúirí 2021 ina rátaí úis éifeachtacha i gcomhréir le EAR 11 athbhreithnithe.

#### 2.11.1.2. Dliteanais airgeadais eile

|  | EUR milliún  |              |
|--|--------------|--------------|
|  | 31.12.2021   | 31.12.2020   |
| <b>Neamhreatha</b>                           |              |              |
| Dliteanais léasa airgeadais                  | 1 017        | 1 130        |
| Foirgnimh a n-íoctar astu ina dtráthchodanna | 291          | 346          |
| Eile   | 133          | 136          |
|  | <b>1 441</b> | <b>1 612</b> |
| <b>Reatha</b>                                |              |              |
| Dliteanais léasa airgeadais                  | 103          | 101          |
| Foirgnimh a n-íoctar astu ina dtráthchodanna | 54           | 38           |
| Fíneálacha atá le haisíoc                    | —            | 8            |
| Eile   | 6            | 2            |
|  | <b>164</b>   | <b>149</b>   |
| <b>Foriomlán</b>                             | <b>1 605</b> | <b>1 761</b> |

## Dliteanais léasa airgeadais

EUR milliún

|   | Méideanna atá le híoc sa todhchaí |            |            |                  |
|---|-----------------------------------|------------|------------|------------------|
|   | < 1 bhliain                       | 1-5 bliana | > 5 bliana | Dliteanas Iomlán |
| Talamh agus foirgnimh   | 98                                | 471        | 537        | 1 105            |
| Sócmhainní seasta eile  | 6                                 | 9          | —          | 15               |
| <b>Iomlán an 31.12.2021</b>   | <b>103</b>                        | <b>480</b> | <b>537</b> | <b>1 120</b>     |
| Gné úis   | 41                                | 140        | 94         | 275              |
| <b>Iomlán na n-íocaíochtaí íosta léasa sa todhchaí amhail an 31.12.2021</b> | <b>145</b>                        | <b>619</b> | <b>631</b> | <b>1 395</b>     |
| <i>Iomlán na n-íocaíochtaí íosta léasa sa todhchaí amhail an 31.12.2020</i> | 151                               | 636        | 790        | 1 576            |

Beidh ar bhuiséid sa todhchaí méideanna a bhaineann le léasanna agus foirgnimh thuas a chistiú.

## 2.11.2. Dliteanais ráthaíochta airgeadais

EUR milliún

|  | 31.12.2021                       |                                  |
|--|----------------------------------|----------------------------------|
|  | Cuid infhaighte FGC (Nóta 2.6.2) | Ráthaíocht airgeadais dliteanais |
| <i>Cláir ráthaíocht bhuiséadach an Aontais</i> |                                  |                                  |
| Ráthaíocht CEIS                                | 2 917                            | 3 618                            |
| Ráthaíochtaí ELM BEI                           | 106                              | 2 569                            |
| Ráthaíocht CEFI                                | 2                                | 139                              |
| Ráthaíocht InvestEU                            | —                                | —                                |
| Ráthaíocht NDICI EU                            | —                                | 4                                |
|  | <b>3 024</b>                     | <b>6 330</b>                     |
| <i>Cláir ionstraimí airgeadais an Aontais</i>  |                                  |                                  |
| COSME  | 0                                | 780                              |
| Fís 2020                                       | 59                               | 410                              |
| CCS  | —                                | 110                              |
| Eile   | 32                               | 165                              |
|  | <b>90</b>                        | <b>1 464</b>                     |
| <b>Foriomlán</b>                               | <b>3 115</b>                     | <b>7 794</b>                     |
| Neamhreatha                                    | 2 630                            | 146                              |
| Reatha   | 485                              | 7 648                            |

Sna blianta roimhe seo, measadh nach raibh ach ráthaíochtaí ag a raibh luach saothair margadhbhunaithe ina gconarthaí ráthaíochta airgeadais, toisc gurbh é sin ráthaíocht CEIS ar an bpunann fiachais arna heisíoc ag BEI faoin ionú Nuálaíochta agus Bonneagair (IIW) agus fothacar beag de ráthaíocht Shainordú Iasachtaithe Sheachtraigh (ELM) teoranta d'iasachtaí BEI arna n-eisíoc faoi Thionscnamh Athléimneachta BEI (ERI).

Tar éis chur i bhfeidhm EAR 11 athbhreithnithe an 1 Eanáir 2021, rinneadh athaicmiú ar ráthaíochtaí airgeadais, ar sholáthairt iad roimhe sin, mar chonarthaí ráthaíochta airgeadais ("FGC"). Thairis sin, rinneadh na dliteanais ráthaíochta a atomhas i gcomhréir leis an bpeirspictíocht ionchasach nua um chailleadh creidiúintí. Maidir le tionchar chur i bhfeidhm EAR 11 athbhreithnithe féach nóta 1.

Amhail 2021, cuireann an tAontas olltíolacadh na gconarthaí ráthaíochta airgeadais i bhfeidhm, cás ina sainaitheann an t-ioncam atá le fáil go fóill faoin ráthaíocht mar chuid infhaighte FGC (arna chur i láthair faoi cheannteideal na n-earraí infhaighte malairte – féach nóta 2.6.2) agus sainaitheann dliteanas FGC mar ní a léiríonn dliteanas an Aontais as cumhdach éilimh ar ráthaíochtaí sa todhchaí. Roimhe seo, taispeánadh ráthaíochtaí CEIS agus ELM mar ghlanmhéideanna, i.e. glanluacháil earraí infhaighte ionchasacha agus dhliteanais na ráthaíochta.

Is é ráthaíocht CEIS an clár ráthaíochta airgeadais is suntasaí ó thaobh airgeadais de go fóill. Tá dliteanas conartha ráthaíochta airgeadais de EUR 3 618 milliún aige agus tagann ráthaíocht ELM ina dhiaidh le dliteanas de EUR 2 569 milliún. Cé go bhfuil an tAontas i dteideal luach saothair, a bhfuil coinne leis, de EUR 2 917 milliún a shainaitheann mar chonradh ráthaíochta airgeadais mar thoradh ar ráthaíocht CEIS – cumhdaíonn an t-earra infhaighte an dliteanas ar an mórgóir, EUR 106 milliún atá san earra infhaighte a bhfuil coinne leis le haghaidh ráthaíocht ELM, méid nach gcumhdaíonn ach cion bheag den ráthaíocht – tá sé seo amhlaidh mar gheall ar sciar ard d'fhóirdheonú an Aontais i ndáil le ELM.

Ní fhaightear luach saothair le haghaidh fhormhór chlár ráthaíochta an Aontais atá fágtha, go háirithe iad siúd a sholáthraítear le haghaidh cistiú a mbaineann riosca níos airde leis le haghaidh FBManna nó na hearnála nuálaíochta. Féach nóta 2.4.2.1 chun tuilleadh eolais a fháil maidir le ráthaíochtaí faoi chlár H2020 agus nóta 4.1.3 i ndáil le COSME.

## 2.12. SUIMEANNA INÍOCTHA

|  | EUR milliún   |                |                         |               |                |                         |
|--|---------------|----------------|-------------------------|---------------|----------------|-------------------------|
|  | Ollmhéid      | Coigeartuithe  | Glanmhéid an 31.12.2021 | Ollmhéid      | Coigeartuithe  | Glanmhéid an 31.12.2020 |
| <b>Costas na n-éileamh agus na sonrasc a fuarthas ó:</b>     |               |                |                         |               |                |                         |
| <i>Ballstáit</i>   |               |                |                         |               |                |                         |
| <i>CETFT agus ionstraimí forbartha tuaithe eile</i>          | 30            | (0)            | 30                      | 17            | —              | 17                      |
| <i>CFRE agus CC</i>  | 6 484         | (1 878)        | 4 606                   | 12 651        | (2 698)        | 9 954                   |
| <i>CSE</i>   | 3 311         | (596)          | 2 715                   | 3 479         | (370)          | 3 109                   |
| <i>RRF (NGEU)</i>  | 19 118        |                | 19 118                  | —             | —              | —                       |
| <i>Eile</i>  | 663           | (58)           | 605                     | 792           | (90)           | 701                     |
| <i>Eintitis phríobháideacha agus phoiblí</i>                 | 1 563         | (320)          | 1 244                   | 1 485         | (182)          | 1 302                   |
| <b>Costas iomlán na n-éileamh agus na sonrasc a fuarthas</b> | <b>31 169</b> | <b>(2 851)</b> | <b>28 318</b>           | <b>18 424</b> | <b>(3 341)</b> | <b>15 083</b>           |
| <b>CERT</b>  | <b>15 650</b> | <b>N/B</b>     | <b>15 650</b>           | <b>16 160</b> | <b>N/B</b>     | <b>16 160</b>           |
| <b>Suimeanna ilghnéitheacha iníoctha</b>                     | <b>2 068</b>  | <b>N/B</b>     | <b>2 068</b>            | <b>784</b>    | <b>N/B</b>     | <b>784</b>              |
| <b>Eile</b>  | <b>335</b>    | <b>N/B</b>     | <b>335</b>              | <b>381</b>    | <b>N/B</b>     | <b>381</b>              |

EUR milliún

|                  | Ollmhéid      | Coigeartuithe  | Glanmhéid an 31.12.2021 | Ollmhéid      | Coigeartuithe  | Glanmhéid an 31.12.2020 |
|------------------|---------------|----------------|-------------------------|---------------|----------------|-------------------------|
| <b>Foriomlán</b> | <b>49 223</b> | <b>(2 851)</b> | <b>46 372</b>           | <b>35 748</b> | <b>(3 341)</b> | <b>32 408</b>           |

Áirítear le méideanna iníochta sonraisc agus éilimh ar chostas a fuarthas ach nach bhfuil íochta faoi dheireadh na bliana. Saináithnítear iad ar dtús tráth fháil na sonrasc / na n-éileamh ar chostas le haghaidh na méideanna a iarrtar. Coigeartaítear na méideanna iníochta ansin ionas nach léireoidh siad ach na méideanna a nglactar leo tar éis athbheithníú na gcostas, agus na méideanna a mheastar a bheith incháilithe. Tá na méideanna a mheastar a bheith neamh-incháilithe sa cholún “Coigeartuithe”; baineann na méideanna is mó le gníomhaíochtaí struchtúracha.

Tá an méadú mór i gcomparáid le deireadh na bliana roimhe sin ann de bharr ionstraim RRF (NGEU) go príomha, ionstraim a thosaigh in 2021 agus ina raibh méideanna iníochta de EUR 19,1 billiún ann an 31 Nollaig 2021.

I gclárthréimhse 2014-2020, tuarann Rialachán na bhForálacha Coitianta 2013/1303 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(21)</sup> (CFRE) atá infheidhmithe maidir leis na Cistí Struchtúracha (CFRE agus CSE), leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) go bhfuil buiséad an Aontais cosanta trí bhíthin coinneáil chórasach de 10 % de na híocaíochtaí eatramhacha a dhéantar. Faoi mhí Feabhra tar éis dheireadh bhliain chuntasaíochta Rialachán na bhForálacha Coitianta (1 Iúil – 30 Meitheamh), bíonn an timhriall rialála tugtha i gcrích, trí fhíoruithe bainistíochta ag na húdaráis bhainistíochta agus iniúchtaí ag na húdaráis iniúcháireachta. Déanann an Coimisiún scrúdú ar na doiciméid dhearbhaithe agus na cuntais a sholáthraíonn na húdaráis ábhartha sna Ballstáit. Ní dhéantar íocaíocht / aisghabháil an iarmhéid dheiridh ach tar éis chríochnaíocht an mheasúnúcháin seo agus nuair a ghlactar leis na cuntais. EUR 10,4 billiún a bhí sa mhéid iomlán a coinníodh de réir an tsoláthair seo faoi dheireadh 2021. Meastar go bhfuil cuid den mhéid seo (EUR 2,1 billiún) neamh-incháilithe ar bhonn na faisnéise a sholáthair na Ballstáit ina gcuntais agus tá sé sa cholún “Coigeartuithe” chomh maith.

Ar an iomlán, mhéadaigh méideanna iníochta faoi EUR 14 billiún de bharr thosú RRF (NGEU) in 2021. Fritháiríodh é seo i bpáirt le laghdú ar mhéideanna iníochta a bhain le CFRE, a bhí ann go príomha mar thoradh ar mhéid níos ísle éilimh ar chostas a fuarthas i dtreo dheireadh 2021 i gcomparáid leis an gcás an bhliain roimhe sin.

Tá an méadú ar mhéideanna ilghnéitheacha iníochta ann de bharr íocaíochtaí sealadacha a fuarthas ó chuideachtaí ar gearradh fineálacha orthu, méideanna atá le haisíoc leis na cuideachtaí tar éis dheireadh na bliana.

### Iarrataí ar réamh-mhaoiniú

Anuas ar na méideanna thuas, faoi dheireadh 2021, bhí EUR 0,7 billiún faighte in iarrataí ar réamh-mhaoiniú agus ní raibh siad íochta faoi dheireadh na bliana. De réir rialacha cuntasaíochta an Aontais, ní ghearrtar na méideanna seo mar mhéideanna iníochta.

#### 2.1.3. MUIRIR FABHRAITHE AGUS IONCAM IARCHURTHA

EUR milliún

|                    | 31.12.2021    | 31.12.2020    |
|--------------------|---------------|---------------|
| Muirir fhabhráithe | 77 819        | 64 383        |
| Ioncam iarchurtha  | 126           | 128           |
| Eile               | 123           | 74            |
| <b>Foriomlán</b>   | <b>78 068</b> | <b>64 584</b> |

<sup>(21)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320).

Is é seo a leanas an scoilt i muirir fhabhráithe:

|  | <i>EUR milliún</i> |               |
|--|--------------------|---------------|
|  | 31.12.2021         | 31.12.2020    |
| RRF (NGEU)                                   | 8 263              | —             |
| CERT   | 25 241             | 24 599        |
| CETFT agus ionstraimí forbartha tuaithe eile | 19 245             | 18 622        |
| CFRE agus Ciste Comhtháthaithe               | 10 710             | 8 766         |
| CSE  | 3 499              | 3 009         |
| Eile   | 10 859             | 9 386         |
| <b>Foriomlán</b>                             | <b>77 819</b>      | <b>64 383</b> |

Tagraíonn muirir fhabhráithe do na costais atá sainaitheanta dá bhfuil an tAontas go fóill ag fanacht le héilimh ar chostas. Maidir leis an mbeartas comhtháthaithe, baineann an méadú ar mhuirir fhabhráithe CFRE agus Ciste Comhtháthaithe le forfheidhmiú thréimhse 2014-2020 go príomha. Níor thosaigh gníomhaíochtaí na hionstraime RRF (NGEU) go dtí 2021 agus is é sin an phríomhchúis leis an méadú mór ar fhabhráithe ó dheireadh na bliana roimhe sin.

#### GLANSÓCMHAINNÍ

##### 2.14. CÚLCHISTÍ

|                                 |        | <i>EUR milliún</i> |              |
|---------------------------------|--------|--------------------|--------------|
|                                 | Nóta   | 31.12.2021         | 31.12.2020   |
| Cúlchiste cóirluacha            | 2.14.1 | —                  | 496          |
| Cúlchiste an Chiste Ráthaíochta | 2.14.2 | —                  | 3 043        |
| Cúlchistí eile                  | 2.14.3 | 1 325              | 1 523        |
| <b>Foriomlán</b>                |        | <b>1 325</b>       | <b>5 062</b> |

##### 2.14.1. Cúlchiste cóirluacha

I gcomhréir leis an leagan roimhe seo de EAR 11, a raibh feidhm aige go dtí 31 Nollaig 2020, cuireadh an coigeartú chuig luach cóir sócmhainní airgeadais a bhí ar fáil le díol san áireamh tríd an gcúlchiste cóirluacha. Amhail an 1 Eanáir 2021, rinneadh na sócmhainní airgeadais a bhí ar fáil le díol a athaicmiú mar shócmhainní airgeadais ag FVSD – féach nóta 2.4. Scaoiltear an cúlchiste cóirluacha lena mbaineann leis an Toradh Carntha dá bhrí sin – féach nóta 1.

##### 2.14.2. Cúlchiste an Chiste Ráthaíochta

Go dtí 31 Nollaig 2020 sainaithníodh an spriocmhéid 9 % de na méideanna gan íoc arna ráthú ag buiséad an Aontais faoi shainordú iasachtaithe sheachtraigh BEI mar cúlchiste an Chiste Ráthaíochta i nglansócmhainní. Tar éis athbhreithniú EAR 11, tuigtear gur dliteanas ráthaíochta airgeadais é ráthaíocht sainordaithe iasachtaithe sheachtraigh BEI, arna cumhdach ag an gCiste Ráthaíochta do ghníomhaíochtaí seachtracha. Sainaithníodh an dliteanas le haghaidh glaonna ráthaíochtaí sa todhchaí faoi shainordú iasachtaithe sheachtraigh BEI ar an gclár comhardaithe dá bhrí sin – féach nóta 2.11.2 – agus scaoileadh cúlchiste an Chiste Ráthaíochta le toradh carntha – féach nóta 1.

##### 2.14.3. Cúlchistí eile

Baineann an méid seo go príomha le cúlchistí CEGC faoi Leachtú (EUR 997 milliún) le haghaidh shócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach, a cruthaíodh i gcomhthéacs dhíscaoileadh CEGC faoi Leachtú.



## 2.15. MÉIDEANNA A BHEIDH LE GLAO Ó NA BALLSTÁIT

|  | <i>EUR milliún</i> |
|--|--------------------|
| <b>Méideanna a bheidh le glao ó Bhallstáit an 31.12.2020</b>         | <b>38 480</b>      |
| <i>Tionchar EAR 11 athbhreithnithe (féach Nóta 1)</i>                | <i>(1 719)</i>     |
| <b>Iarmhéid amhail an 1.1.2021</b>                                   | <b>36 761</b>      |
| <i>Toradh bhuiséad 2020 curtha chun sochair na mBallstát</i>         | <i>1 769</i>       |
| <i>Gluaiseacht i gcúlchiste an Chiste Ráthaíochta</i>                | <i>—</i>           |
| <i>Atomhais ar dliteanais sochar fostaithe</i>                       | <i>3 257</i>       |
| <i>Eile</i>  | <i>(262)</i>       |
| <i>Toradh eacnamaíoch na bliana</i>                                  | <i>42 100</i>      |
| <b>Méideanna iomlána a bheidh le glao ó Bhallstáit an 31.12.2021</b> | <b>83 624</b>      |

Léiríonn an méid seo an chuid sin de na speansais arna dtabú ag an Aontas go dtí 31 Nollaig, méideanna nach mór do bhuiséid amach anseo a chistiú. Aithnítear go leor speansas faoi rialacha cuntasáíochta maidir le fabhrú i mbliain N cé go bhféadfaí iad a íoc i ndáiríre i mbliain N+1 (nó níos déanaí) agus, dá bhrí sin, go bhféadfaí iad a chistiú ó bhuiséad bhliain N+1 (nó níos déanaí). Toisc go gcuirtear na dliteanais seo san áireamh sna cuntais agus toisc go gcistítear na méideanna comhfhreagracha le buiséid amach anseo, bíonn dliteanais ann ag deireadh na bliana atá i bhfad níos mó na sócmhainní. Baineann na méideanna is mó atá le cur i dtábhacht le gníomhaíochtaí CERT agus dliteanais sochair fostaithe.

Ba cheart a lua nach bhfuil aon éifeacht ag an méid thuas ar thoradh an bhuiséid – ba cheart i gcónaí d'ioncam an bhuiséid a bheith cothrom le caiteachas an bhuiséad, nó ba cheart don ioncam a bheith níos mó ná an caiteachas, agus ba cheart aon fluúilleach ioncaim a thabhairt ar ais do na Ballstáit.

Baineann na hatomhais i ndlíteanais sochair fostaithe le gnóthachain agus cailteanais achtúireacha a eascraíonn as luacháil achtúireach na dliteanas sin.

Tharla an méadú suntasach ar na méideanna atá le glao ó na Ballstáit mar gheall ar an iasachtaíocht i ndáil le tacaíocht neamh-inaisíochta a fuarthas faoi NGEU in 2021 go príomha.

## 3. NÓTAÍ A GHABHANN LEIS AN RÁITEAS MAIDIR LE FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

**IONCAM**

IONCAM Ó IDIRBHEARTA NEAMH-MHALAIRTE: ACMHAINNÍ DÍLSE

## 3.1. ACMHAINNÍ OIN

Is é ioncam na n-acmhainní dílse príomhghné ioncam oibriúcháin an Aontais. EUR 115 955 milliún atá in ioncam OIN (oll-ioncam náisiúnta) le haghaidh 2021 (2020: EUR 125 393 milliún) agus is é an chatagóir is suntasaí é de na ceithre chatagóir d'acmhainní dílse. Toibhítear céatadán aonfhoirmeach ar OIN gach Ballstáit. Cothromaíonn ioncam OIN ioncam agus caiteachas, i.e. cistíonn sé an chuid den bhuiséad nach gcumhdaítear le foinsí eile ioncaim. Tharla an laghdú ar ioncam OIN idir 2021 agus 2020 toisc gur tugadh isteach acmhainn dhílis nua (bunaithe ar dhramhaíl pacáistíochta plaistí neamh-athchúrsáilte) agus mar gheall ar mhéadú ar ioncam eile.

## 3.2. ACMHAINNÍ DÍLSE TRADISIÚNTA

Baineann acmhainní dílse traidisiúnta le dleachtanna custaim go príomha, nuair a choinníonn Ballstáit, trí bhithin costais bhailiúcháin, 20 % de na méideanna. Mar sin de, is iad na figiúirí thuas glanmhéid na hasbhainte seo. D'fhan bailiúchán dleachtanna custaim ag leibhéal comhchosúil leis an mbliain seo caite.

## 3.3. ACMHAINNÍ CBL

Ríomhtar acmhainn dhílis CBL bunaithe ar bhoinn CBL na mBallstát, atá comhchuibhithe chun na críche sin i gcomhréir le rialacha an Aontais. Tá glaoirí aonfhoirmeach de 0.30 % i bhfeidhm maidir le méid iomlán gach Ballstáit in admhálacha CBL arna mbailiú le haghaidh na soláthairtí inchánaigh uile arna roinnt ar mheán ualaithe an ráta CBL. Tá uasteorainn de 50 % de OIN gach Ballstáit ar an mbonn CBL. D'fhan an acmhainn CBL ag leibhéal atá an-chosúil leis an mbliain seo caite.

### 3.4. ACMHAINNÍ DÍLSE BUNAITHE AR PHLAISTEACH

Tá feidhm ag glaoirata aonfhoirmeach de EUR 0,80 in aghaidh an chileagram maidir le meáchan na dramhaíola ó phacáistíocht phlaisteach arna giniúint i ngach Ballstát agus nach ndéantar a athchúrsáil. An dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach nach n-athchúrsáiltear i mbliain ar leith, ríomhtar í mar an difríocht idir an dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach a ghintear agus an dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach a athchúrsáiltear an bhliain sin i mBallstát. Tá an Bhulgáir, an Chipir, an Chróit, an Eastóin, an Ghréig, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Málta, an Pholainn, an Rómáin, an tSeicia, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Spáinn agus an Ungáir, i dteideal lagduithe cnapshuime bliantúla sonracha a fháil ina ranníocaíochtaí acmhainní dílse ó dhramhaíl phlaisteach faoi seach. Is acmhainn dhílis nua é seo a tugadh isteach in 2021 nuair a tháinig an Cinneadh nua maidir le hAcmhainní Dílse 2020/2053 i bhfeidhm.

IONCAM Ó IDIRBHEARTA NEAMH-MHALAIRTE: AISTRITHE

### 3.5. FÍNEÁLACHA

Baineann ioncam de EUR 1 990 milliún (2020: EUR 452 milliún) le fíneálacha atá gearrtha ag an gCoimisiún ar chuideachtaí mar gheall ar sháruithe ar rialacha iomaíochais an Aontais agus fíneálacha atá gearrtha ag an gCoimisiún ar Bhallstáit mar gheall ar sháruithe ar dhlí an Aontais. Aithníonn an Coimisiún ioncam ó fhíneálacha nuair a ghlacann sé an cinneadh chun fíneáil a ghearradh agus nuair a thugann sé fógra oifigiúil don seolaí. Baineann na méideanna seo le fíneálacha iomaíochais den chuid is mó (EUR 1 762 milliún). Baineann na cásanna is mó le sáruithe ar rialacha an Aontais in aghaidh trustaí, i.e. fíneálacha a forchuireadh ar BMW agus grúpa Volkswagen (Volkswagen, Audi agus Porsche) de mhéid iomlán de EUR 875 milliún as dul i gclaoipháirt maidir le forbairt theicniúil sa réimse glanadh ocsaíde nítrigine, chomh maith le fíneálacha a forchuireadh ar Nomura, UBS agus UniCredit, de mhéid iomlán de EUR 371 milliún, as rannpháirtíocht ghrúpa trádálaithe i gcairtéal sa mhargadh príomhúil agus tánaisteach le haghaidh Bannaí Rialtais Eorpacha.

### 3.6. AISGHABHÁIL SPEANSAS

|                          | EUR milliún  |              |
|--------------------------|--------------|--------------|
|                          | 2021         | 2020         |
| Bainistíocht chomhroinnt | 1 682        | 1 281        |
| Bainistíocht dhíreach    | 61           | 53           |
| Bainistíocht indíreach   | 51           | 21           |
| <b>Foriomlán</b>         | <b>1 794</b> | <b>1 355</b> |

Léiríonn an ceannteideal seo orduithe gnóthaithe arna n-eisiúint ag an gCoimisiún, den chuid is mó, a íoctar nó a fhritháirítear in aghaidh (i.e. a asbhaint as) íocaíochtaí ina dhiaidh sin a thairbhítear i gcóras cuntasáíochta an Choimisiúin. Eisítear na horduithe gnóthaithe chun caiteachas a íocadh amach as buiséad an Aontais roimhe seo a aisghabháil. Tá aisghabhálacha bunaithe ar rialuithe, iniúchtaí nó anailís incháilitheachta agus, dá bhrí sin, cosnaíonn na hoibríochtaí seo buiséad an Aontais ar chaiteachas arna thabht de shárú ar an dlí.

Áirítear leis sin orduithe gnóthaithe arna n-eisiúint ag Ballstáit do thairbhíthe chaiteachas CERT, chomh maith le héagsúlacht sna meastacháin ioncain fhábhráite ó dheireadh na bliana roimhe sin go dtí deireadh na bliana reatha.

Léiríonn na méideanna atá sa tábla thuas an t-ioncam arna shaothrú le heisiúint orduithe gnóthaithe. Mar gheall air sin, ní féidir leis na figiúirí seo na bearta ar fad a dhéantar chun buiséad an Aontais a chosaint a léiriú, agus ní léiríonn siad sin, go háirithe i gcás an bheartais chomhtháthaithe nuair a bhíonn sásraí sonracha i bhfeidhm chun ceartú an chaiteachais neamh-incháilithe a áirithiú, nach mbaineann le heisiúint ordú gnóthaithe den chuid is mó. Ní áirítear leis sin na méideanna a aisghabhatar le fritháireamh speansas, méideanna a aisghabhatar trí bhíthin aistarraingtí agus aisghabhálacha méideanna réamh-mhaoinithe.

Is iad aisghabhálacha bainistíochta comhpháirtí a dhéanann suas formhór an iomláin:

#### Talmhaíocht CERT agus forbairt tuaithe

Faoi chuimsiú CERT agus CETFT, is ceartúcháin airgeadais don bhliain agus aisiocaíochtaí arna ndearbhú ag Ballstáit agus arna n-aisghabháil le linn na bliana, chomh maith le glanmhéadú ar mhéideanna gan íoc atá le haisghabháil ag deireadh na bliana a bhaineann le calaois agus neamhréireachtaí atá dearbhaithe ag Ballstáit iad na méideanna a thugtar mar ioncam na bliana faoin gceannteideal seo.

### An beartas comhtháthaithe

Comhfhreagraíonn na príomh-mhéideanna a bhaineann leis an mbeartas comhtháthaithe d'ioncam fabhráithe de EUR 0,7 billiún (2020: EUR 0,4 billiún) agus tá sé i gceist ag an gCoimisiún go n-aisghabhfar é seo ó na Ballstáit. Déanfar an aisghabháil de thoradh scrúdú agus ghlacadh na gcuntas bliantúil arna gcur isteach ag na Ballstáit go luath in 2022. Go bunúsach, léiríonn na méideanna atá le haisghabháil an difríocht idir méideanna a dearbhaíodh de bheith incháilithe le linn na bliana cuntasáiochta agus na méideanna a deimhníodh de bheith incháilithe i gcuntais bhliantúla na mBallstát. Ciallaíonn méid íseal gur chumasaigh na rialuithe a bhí i bhfeidhm ar leibhéal na mBallstát brath méideanna neamh-incháilithe go luath sa phróiseas.

### 3.7. AN COMHAONTÚ UM THARRAINGT SIAR IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS AN RÍOCHT AONTAITHE

Baineann an t-ioncam seo leis na glanmhéideanna atá dlite ón Ríocht Aontaithe faoin gComhaontú um Tharraingt Siar a síníodh tar éis a himeachta ón Aontas in 2020 – féach nóta **2.6.1.2**.

### 3.8. IONCAM EILE Ó IDIRBHEARTA NEAMH-MHALAIRTE

|   | EUR milliún  |              |
|---|--------------|--------------|
|   | 2021         | 2020         |
| Ranníocaíochtaí ó Bhallstáit le haghaidh an Chiste don Nuálaíocht                                       | 2 187        | 2 080        |
| Cánacha agus ranníocaíochtaí na foirne  | 1 367        | 1 316        |
| Ranníocaíochtaí ó thríú tíortha   | 1 056        | 1 592        |
| Ranníocaíochtaí ó Bhallstáit le haghaidh na hIonstraimhe Tacáiochta Éigeandála agus cabhair sheachtrach | 199          | 1 073        |
| Aistriú sócmhainní  | 356          | 317          |
| Coigeartuithe buiséadacha   | 1 245        | 214          |
| Eile  | 326          | 524          |
| <b>Foriomlán</b>  | <b>6 737</b> | <b>7 116</b> |

Is ioncain a bhaineann go príomha le díol líuntais astaíochtaí atá le húsáid chun tacú le nuálaíocht i dteicneolaíochtaí ísealcharbóin iad ranníocaíochtaí ó Bhallstáit leis an gCiste don Nuálaíocht.

Baineann cánacha agus ranníocaíochtaí leis na hasbhaintí ó thuarastail na foirne go príomha. Léiríonn ranníocaíochtaí scoir agus cáin ioncain na méideanna substaintiúla laistigh den chatagóir.

Is ranníocaíochtaí ó thríortha de chuid CSTE (EUR 460 milliún) chomh maith le ranníocaíochtaí airgeadais ó thríú stáit le Fís Eorpach (EUR 379 milliún) agus le ERASMUS+ (EUR 119 milliún) iad ranníocaíochtaí ó thríú tíortha.

Tá EUR 166 milliún tugtha ag Ballstáit chun an tSaoráid do Dhéanaithe sa Tuirc a mhaoiniú.

Léiríonn na coigeartuithe buiséadacha an fuilleach buiséid de EUR 1 769 milliún (2020: EUR 3 218 milliún) a tógadh ón mbliain roimhe sin, agus fritháiríodh é leis an gcoigeartú bliantúil de CBL agus OIN de EUR 534 milliún (2020: EUR 3 165 milliún). Áirítear le hioncam eile ó idirbhearta neamh-mhalairte ranníocaíochtaí Thír Ósta agus Bhallraíocht ITER le Fuinneamh Comhleá, an Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fuinneamh Comhleá a Fhorbairt (EUR 135 milliún).

### IONCAM Ó IDIRBHEARTA MALAIRTE

#### 3.9. IONCAM AIRGEADAIS

|                      | EUR milliún |       |
|----------------------|-------------|-------|
|                      | 2021        | 2020  |
| Ús ar:               |             |       |
| Íocaíochtaí déanacha | 1 529       | 1 129 |
| Íasachtaí            | 1 160       | 1 167 |

|   | <i>EUR milliún</i> |              |
|---|--------------------|--------------|
|   | 2021               | 2020         |
| <i>Iasachtaí</i>  | 220                | —            |
| <i>Eile</i>   | 10                 | 63           |
| <i>Sciarbhisigh</i>   | 2                  | 674          |
| <i>Ioncam ó chonarthaí ráthaíochta airgeadais</i>                         | 987                | 258          |
| <i>Gnóthachain ar shócmhainní nó dliteanais airgeadais ag FVSD:</i>       |                    |              |
| <i>Neamhdhíorthaigh</i>   | 324                | —            |
| <i>Díorthaigh</i>   | 815                | 70           |
| <i>Gnóthachan réadaithe ar shócmhainní airgeadais atá ar fáil le díol</i> | —                  | 48           |
| <i>Díbhinní</i>   | 30                 | 22           |
| <i>Eile</i>   | 14                 | 3            |
| <b>Foriomlán</b>  | <b>5 092</b>       | <b>3 434</b> |

Eascraíonn ioncam úis ar íocaíochtaí déanacha as fineálacha agus ranníocaíochtaí acmhainní dílse atá dlite agus nach n-íoctar in am go príomha. Baineann na príomh-mhéideanna leis na cásanna gearrluachála dá dtagraítear i nóta **2.6.1.1** (EUR 1,4 billiún).

Baineann ioncam úis ar iasachtaí le hiasachtaí EFSM go príomha (EUR 1 billiún) ag a bhfuil an ráta úis is éifeachtaí – féach nóta **2.4.1**. Tagraíonn ioncam úis ó iasachtaíocht le NGEU agus SURE agus go príomha agus baineann sé leis na rátaí úis diúltacha éifeachtacha le haghaidh idirbheart faoi leith.

Lagdaigh na sciarbhisigh toisc go bhfuil siad á n-amúchadh thar shaolré na n-iasachtaí ag a bhfuil modh an ráta úis éifeachtaigh i gcomhréir le EAR 11 athbhreithnithe in ionad iad a shainathint go díreach sa ráiteas ar fheidhmíocht airgeadais, féach an mhír roimhe seo agus nóta **2.4.1**.

Baineann ioncam ó chonarthaí ráthaíochta airgeadais le hamúchadh na ndliteanas ráthaíochta airgeadais go príomha. Is féidir é a léirmhíniú mar scaoileadh an Aontais ó aon dliteanas ráthaíochta don tréimhse ina raibh an tAontas réidh le sealbhóirí na ráthaíochtaí a chúiteamh as a gcaillteanais chreidiúintí. Dá réir sin, léiríonn an tsainathint ioncaim le haghaidh ráthaíochtaí airgeadais imeacht ama agus an toirt ráthaithe. Tá feidhm ag na hamúchtaí maidir leis an dá chineál ráthaíochta, iad siúd a bhfaightear íocaíocht ina leith chomh maith leo siúd nach ngearrann an tAontas aon luach saothair ná luach saothair ainmniúil ina leith (féach nóta **2.11.2**). As na ráthaíochtaí a bhfaightear íocaíocht astu, sholáthair an ceann is suntasaí i ráthaíocht CEIS do BEI um punann fiachais an Ionú Bonneagair agus Nuálaíochta (“IIW”) (féach nóta **4.1.1**). In 2021, EUR 320 milliún a bhí san ioncam arna shaothrú ag an ráthaíocht CEIS i ndáil le punann fiachais IIW.

Fritháirítear an t-ioncam a bhaineann le dliteanais ráthaíochta airgeadais de EUR 987 le cailteanais lagaithe le haghaidh dliteanais ráthaíochta airgeadais de EUR 947 milliún a bhaineann le glaonna ráthaíochta aisghabhálacha (EUR 276 milliún) agus cailteanais lagaithe neamhréadaithe de EUR 671 milliún (féach nóta **3.15**). Anuas air sin, d’fhóirdheonaigh an Coimisiún Eorpach clár ráthaíochta airgeadais (EUR 233 milliún) nuair nár ghearr sé aon phréimh ráthaíochta nó nuair a ghearr sé préimheanna ráthaíochta a bhí faoi bhonn ráta an mhargaidh (nóta **3.15**). San iomlán, is easnamh de EUR 193 milliún é glantoradh na gclár ráthaíochta airgeadais.

### 3.10. IONCAM EILE Ó IDIRBHEARTA MALAIRTE

|   | <i>EUR milliún</i> |      |
|---|--------------------|------|
|   | 2021               | 2020 |
| <i>Ioncam ó tháillí le haghaidh soláthar seirbhísí (gníomhaireachtaí)</i> | 689                | 640  |
| <i>Gnóthachain malairte eachtraí</i>                                      | 299                | 370  |

|  | EUR milliún  |              |
|--|--------------|--------------|
|  | 2021         | 2020         |
| Díol earraí  | 53           | 48           |
| Sciar de ghlantoradh CEI   | 169          | 38           |
| Ioncam ó tháillí agus ioncam préimhe a bhaineann le hionstraimí airgeadais | 1            | 34           |
| Ioncam a bhaineann le sócmhainní seasta                                    | 2            | 5            |
| Eile   | 284          | 269          |
| <b>Foriomlán</b>   | <b>1 497</b> | <b>1 404</b> |

Áirítear le hioncam ó tháillí le haghaidh soláthar seirbhísí táillí údaraithe margaíochta arna ngearradh ag an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach agus táillí trádmharcanna arna mbailiú ag Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh.

## SPEANSAIS

### 3.11. BAINISTÍOCHT CHOMHPHÁIRTEACH

|   | EUR milliún    |                |
|---|----------------|----------------|
| Arna cur chun feidhme ag na Ballstáit   | 2021           | 2020           |
| An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta   | 40 829         | 40 461         |
| An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus ionstraimí forbartha tuaithe eile | 15 451         | 14 467         |
| Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe                       | 46 932         | 41 118         |
| Ciste Sóisialta na hEorpa   | 16 727         | 13 677         |
| Eile  | 4 835          | 2 701          |
| <b>Foriomlán</b>  | <b>124 774</b> | <b>112 425</b> |

Baineann an méadú seo leis an mbeartas comhtháthaithe (CFRE, an Ciste Comhtháthaithe) go príomha ina mbaineann nach mór gach speansas le clárthréimhse 2014-2020, agus na gníomhaíochtaí á gcur chun cinn. Tharla an méadú seo mar thoradh ar rátaí cómhaoinithe níos airde a cuireadh i bhfeidhm don bhliain chuntasaíochta 2020-2021 i gcomhthéacs phacáiste CRII+.

Áirítear le speansais eile go príomha: Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (EUR 1,7 billiún), an Ciste Tearmainn agus Imirce (EUR 0,6 billiún), an Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (EUR 0,6 billiún), Slándáil Inmheánach (EUR 0,4 billiún), Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (EUR 0,8 billiún) agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh (EUR 0,7 billiún).

### 3.12. BAINISTÍOCHT DHÍREACH

|   | EUR milliún   |               |
|---|---------------|---------------|
|   | 2021          | 2020          |
| Arna chur chun feidhme ag an gCoimisiún                             | 48 265        | 11 429        |
| ar a n-áirítear RRF (NGEU)  | 42 940        | —             |
| Arna chur chun feidhme ag Gníomhaireachtaí Feidhmiúcháin an Aontais | 14 232        | 10 029        |
| Arna gcur chun feidhme ag Cistí Iontaobhais                         | 503           | 636           |
| <b>Foriomlán</b>  | <b>63 000</b> | <b>22 094</b> |

Seachas speansais RRF (EUR 43 billiún), baineann an chuid eile de na méideanna le cur chun feidhme an Bheartais Taighde (EUR 8,1 billiún), an Ionstraim um Comhar agus Forbairt (EUR 1,1 billiún), Beartas Comharsanachta na hEorpa (EUR 1,3 billiún) agus an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, an ciste bonneagair choiteann chun líonraí cliste a chur in úsáid i réimse an iompair, an fhuinnimh agus na teileachumarsáide (EUR 2,1 billiún).

Eascaíonn an méadú ar speansais bainistíochta díri arna bhforfheidhmiú ag Gníomhaireachtaí feidhmiúcháin an Aontais as aistriú gníomhaíochtaí ó sheirbhísí an Choimisiúin go dtí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin i réimse an taighde go príomha.

### 3.13. BAINISTÍOCHT INDÍREACH

|  | <i>EUR milliún</i> |               |
|--|--------------------|---------------|
|  | 2021               | 2020          |
| <i>Arna chur chun feidhme ag gníomhaíochtaí agus comhlachtaí eile an Aontais</i> | 3 154              | 3 530         |
| <i>Arna chur chun feidhme ag tríú tíortha</i>                                    | 890                | 559           |
| <i>Arna chur chun feidhme ag eagraíochtaí idirnáisiúnta</i>                      | 3 622              | 3 619         |
| <i>Arna chur chun feidhme ag eintitis eile</i>                                   | 3 225              | 3 257         |
| <b>Foriomlán</b>   | <b>10 891</b>      | <b>10 965</b> |

Faoi speansais bhainistíochta indíri, baineann EUR 3,9 billiún le gníomhaíochtaí seachtracha (go príomha réimsí an réamhaontachais, na cabhrach daonnúla, an chomhair idirnáisiúnta agus na comharsanachta). Baineann EUR 4,7 billiún eile le hiomaíochas na hEorpa a ardú (i réimsí amhail, taighde, cláir spáis agus oideachas).

### 3.14. COSTAIS FOIRNE AGUS PINSIN

|                       | <i>EUR milliún</i> |               |
|-----------------------|--------------------|---------------|
|                       | 2021               | 2020          |
| <i>Costais foirne</i> | 7 377              | 7 028         |
| <i>Costais pinsin</i> | 5 040              | 4 967         |
| <b>Foriomlán</b>      | <b>12 417</b>      | <b>11 995</b> |

Léiríonn costais pinsin gnéithe de na gluaiseachtaí a d'eascair as luacháil achtúireach na ndliteanas sochair fostaithe seachas na cinn siúd a shainaithnítear i nGlansócmhainní. Ní léiríonn siad, dá bhrí sin, íocaíochtaí pinsin iarbhrí na bliana, atá i bhfad níos ísle ag EUR 2,2 billiún.

### 3.15. COSTAIS AIRGEADAIS

|                              | <i>EUR milliún</i> |       |
|------------------------------|--------------------|-------|
|                              | 2021               | 2020  |
| <i>Speansais úis:</i>        |                    |       |
| <i>  Iasachtaí</i>           | 1 209              | 1 160 |
| <i>  Iasachtaí</i>           | 146                | —     |
| <i>  Léasanna airgeadais</i> | 56                 | 62    |
| <i>  Eile</i>                | 103                | 24    |
| <i>Costais eisiúna</i>       | —                  | 672   |

|  | EUR milliún  |              |
|--|--------------|--------------|
|  | 2021         | 2020         |
| Conarthaí ráthaíochta airgeadais – luach saothair fóirdheonaithe   | 233          | —            |
| Glan-chailteanais lagaithe an:                                     |              |              |
| Conarthaí ráthaíochta airgeadais                                   | 947          | 70           |
| Iasachtaí agus suimeanna infhaighte                                | 1 244        | 110          |
| Sócmhainní airgeadais ar fáil le díol                              | —            | 41           |
| Cailteanas ar shócmhainní nó dliteanais airgeadais ag FVSD:        |              |              |
| Neamhdhíorthaigh   | 210          | —            |
| Díorthaigh   | 40           | 21           |
| Cailteanas réadaithe ar shócmhainní airgeadais atá ar fáil le díol | —            | 5            |
| Eile   | 13           | 22           |
| <b>Foriomlán</b>   | <b>4 201</b> | <b>2 188</b> |

Comhfhreagraíonn an méid de speansas úis ar iasachtaíocht d'idirbhearta EFSM go príomha (EUR 1 billiún), i gcomhréir le hioncam úis ó iasachtaí (idirbhearta droim le droim). Tagraíonn speansais úis ó iasachtaí do SURE go príomha agus baineann sé leis na rátaí úis diúltacha éifeachtacha le haghaidh idirbheart faoi leith.

Laghdaigh na costais eisiúna toisc go bhfuil siad á n-amúchadh thar shaolré na hiasachtaíochta ag a bhfuil modh an ráta úis éifeachtaigh i gcomhréir le EAR 11 athbhreithnithe in ionad iad a shainaitheint go díreach sa ráiteas ar fheidhmíocht airgeadais, féach nóta 2.4.1.

Chun tuilleadh sonraí a fháil maidir le speansais a bhaineann le ráthaíochtaí airgeadais, féach nóta 3.9.

### 3.16. SPEANSAIS EILE

|   | EUR milliún  |              |
|---|--------------|--------------|
|   | 2021         | 2020         |
| Speansais riaracháin agus TF                                | 2 105        | 1 984        |
| Coigeartú na soláthairtí                                    | 583          | 1 390        |
| Speansais a bhaineann le sócmhainní seasta                  | 1 205        | 1 319        |
| Speansais a bhaineann le bainistíocht talún agus foirgneamh | 591          | 661          |
| Cailteanais malairte eachtraí                               | 171          | 578          |
| Speansais léasa oibriúcháin                                 | 447          | 423          |
| Eile  | 660          | 593          |
| <b>Foriomlán</b>  | <b>5 762</b> | <b>6 946</b> |

Is mar seo a leanas atá an méid comhiomlán de chaiteachas um thaighde agus forbairt a aithnítear mar speansas le linn 2021:

|                 | EUR milliún |      |
|-----------------|-------------|------|
|                 | 2021        | 2020 |
| Costais taighde | 401         | 402  |

|  | EUR milliún |            |
|--|-------------|------------|
|  | 2021        | 2020       |
| <i>Costais forbartha neamhchaipitlithe</i> | 122         | 118        |
| <b>Foriomlán</b>                           | <b>523</b>  | <b>520</b> |



3.17. TUAIRISCIÚ TEASCÁN CHEANNTÉIDEAL AN CHREATA AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL (CAI)

EUR milliún

|  | An Margadh Aonair, an Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha | Comhtháthú agus Luachanna | Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol | Imirce agus Bainistiú Teorainneacha | Athléimneacht, Slándáil agus Cosaint | An Chomhar-sanacht agus an Domhan | An Riarachán Poiblí Eorpach | Neamhshannta do cheannteideal CAI (1) | Foriomlán      |
|--|---|---------------------------|--------------------------------------|-------------------------------------|--------------------------------------|-----------------------------------|-----------------------------|---------------------------------------|----------------|
| Acmhainní OIN  | —   | —                         | —                                    | —                                   | —                                    | —                                 | —                           | 115 955                               | 115 955        |
| Acmhainní dílse traidisiúnta   | —   | —                         | —                                    | —                                   | —                                    | —                                 | —                           | 20 590                                | 20 590         |
| CBL  | —   | —                         | —                                    | —                                   | —                                    | —                                 | —                           | 18 340                                | 18 340         |
| Acmhainní dílse nua  | —   | —                         | —                                    | —                                   | —                                    | —                                 | —                           | 5 831                                 | 5 831          |
| Fíneálacha   | —   | —                         | —                                    | —                                   | —                                    | —                                 | —                           | 1 990                                 | 1 990          |
| Aisghabháil speansas   | 24  | 809                       | 893                                  | 8                                   | 0                                    | 27                                | 0                           | 34                                    | 1 794          |
| An Comhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe   | —   | —                         | —                                    | —                                   | —                                    | —                                 | —                           | 1 122                                 | 1 122          |
| Eile   | 384   | 132                       | 46                                   | —                                   | —                                    | 41                                | 1 559                       | 4 574                                 | 6 737          |
| <b>Ioncam ó idirbhearta nach idirbhearta arna dtrádáil ar an stocmhalartán iad</b> | <b>408</b>  | <b>941</b>                | <b>939</b>                           | <b>8</b>                            | <b>0</b>                             | <b>68</b>                         | <b>1 559</b>                | <b>168 434</b>                        | <b>172 357</b> |
| Ioncam airgeadais  | 1 913   | 45                        | 0                                    | —                                   | 0                                    | 217                               | 1                           | 2 916                                 | 5 092          |
| Eile   | 257   | (16)                      | (18)                                 | 0                                   | (5)                                  | 8                                 | 329                         | 941                                   | 1 497          |
| <b>Ioncam ó idirbhearta malairte</b>   | <b>2 170</b>  | <b>29</b>                 | <b>(17)</b>                          | <b>0</b>                            | <b>(5)</b>                           | <b>225</b>                        | <b>330</b>                  | <b>3 857</b>                          | <b>6 589</b>   |
| <b>Ioncam iomlán</b>   | <b>2 578</b>  | <b>970</b>                | <b>922</b>                           | <b>8</b>                            | <b>(5)</b>                           | <b>293</b>                        | <b>1 889</b>                | <b>172 291</b>                        | <b>178 946</b> |
| <i>Speansais arna gcur chun feidhme ag Ballstáit:</i>                              |   |                           |                                      |                                     |                                      |                                   |                             |                                       |                |
| CERT   | —   | —                         | (40 829)                             | —                                   | —                                    | —                                 | —                           | —                                     | (40 829)       |
| CETFT agus ionstraimí forbartha tuaithe eile                                       | —   | —                         | (15 451)                             | —                                   | —                                    | —                                 | —                           | —                                     | (15 451)       |
| CFRE agus CC   | —   | (46 932)                  | —                                    | —                                   | —                                    | —                                 | —                           | —                                     | (46 932)       |
| CSE  | —   | (16 727)                  | —                                    | —                                   | —                                    | —                                 | —                           | —                                     | (16 727)       |
| Eile   | —   | 24                        | (710)                                | (837)                               | (101)                                | (233)                             | —                           | (2 979)                               | (4 835)        |

EUR milliún

|   | An Margadh Aonair, an Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha | Comhtháthú agus Luachanna | Acmhainní Nádirtha agus an Comhshaol | Imirce agus Bainistiú Teorainneacha | Athléimneacht, Slándáil agus Cosaint | An Chomhar-sanacht agus an Domhan | An Riarachán Poiblí Eorpach | Neamhshannta do cheannteideal CAI <sup>(1)</sup> | Foriomlán        |
|---|---|---------------------------|--------------------------------------|-------------------------------------|--------------------------------------|-----------------------------------|-----------------------------|--|------------------|
| <i>Arna chur chun feidhme ag an gCoimisiún Eorpach, gníomhaireachtaí feidhmiúcháin agus cistí iontaobhais</i> | (12 207)  | (45 753)                  | (662)                                | (289)                               | (244)                                | (3 954)                           | (24)                        | 132  | (63 000)         |
| <i>Arna chur chun feidhme ag gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile an Aontais</i>                            | (2 374)   | (703)                     | (77)                                 | (680)                               | (359)                                | (15)                              | (312)                       | 1 365  | (3 154)          |
| <i>Arna chur chun feidhme ag tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta</i>                                 | (243)   | 37                        | 113                                  | (171)                               | (213)                                | (4 025)                           | (3)                         | (7)  | (4 512)          |
| <i>Arna chur chun feidhme ag eintitis eile</i>  | 573   | (3 301)                   | 73                                   | (7)                                 | (103)                                | (460)                             | (0)                         | 0  | (3 225)          |
| <i>Costais foirme agus pinsin</i>   | (453)   | (9)                       | (1)                                  | (0)                                 | (1)                                  | (136)                             | (10 487)                    | (1 330)  | (12 417)         |
| <i>Costais airgeadais</i>   | (771)   | (43)                      | (24)                                 | (0)                                 | (0)                                  | (445)                             | (95)                        | (2 823)  | (4 201)          |
| <i>Speansais eile</i>   | (1 609)   | (134)                     | (251)                                | (5)                                 | (52)                                 | (240)                             | (3 069)                     | (401)  | (5 762)          |
| <b>Speansais iomlána</b>  | <b>(17 083)</b>   | <b>(113 541)</b>          | <b>(57 820)</b>                      | <b>(1 990)</b>                      | <b>(1 071)</b>                       | <b>(9 507)</b>                    | <b>(13 990)</b>             | <b>(6 042)</b>                                   | <b>(221 046)</b> |
| <b>Toradh eacnamaíoch na bliana</b>   | <b>(14 505)</b>   | <b>(112 571)</b>          | <b>(56 899)</b>                      | <b>(1 982)</b>                      | <b>(1 076)</b>                       | <b>(9 215)</b>                    | <b>(12 101)</b>             | <b>166 249</b>                                   | <b>(42 100)</b>  |

<sup>(1)</sup> Áirítear le “neamhshannta do cheannteideal CAI” forfheidhmiú buiséid agus díothú comhdhlúthaithe na n-eintiteas comhdhlúthaithe, oibríochtaí seachbhuiséadacha agus cláir neamh-leithdháilte ag a bhfuil méideanna neamhábhartha aonaracha.

Tá an t-ioncam agus na speansais faoi cheannteideal CAI bunaithe ar mheastachán toisc nach bhfuil gach gealltanais nasctha le ceannteideal CAI.

## 4. DLITEANAIS AGUS SÓCMHAINNÍ TEAGMHASACHA

Is oibleagáidí íocaíochtaí todhchaí féideartha don Aontas iad dliteanas theagmhasacha agus féadfaidh siad eascairt as teagmhais a tharla roimhe seo nó gealltanais atá ceangailteach ó thaobh dlí de a rinneadh ach a bhraithfidh ar theagmhais sa todhchaí nach bhfuil faoi smacht iomlán an Aontais. Baineann siad go príomha le ráthaíochtaí a tugadh agus le rioscaí dlí. **Bheadh gach dliteanas teagmhasach, seachas na cinn siúd a bhaineann le fineálacha, ráthaíochtaí agus ionstraimí airgeadais suas go dtí an leibhéal a chumhdaítear le cistí (féach nóta 2.4.2.1) maoinithe, dá mbeidís dlíte, ag buiséad an Aontais (agus Ballstáit an Aontais dá réir sin) sna blianta amach romhainn.**

## 4.1. RÁTHAÍOCHTAÍ ARNA DTABHAIRT AG BUISÉAD AN AONTAIS

## 4.1.1. Ráthaíochtaí a thugtar faoi chláir ráthaíocht bhuiséadach an Aontais (ainmniúil)

EUR milliún

|  | 31.12.2021                  |               |               |   |
|--|-----------------------------|---------------|---------------|---|
|  | Ráthaíochtaí arna dtabhairt |               |               | Sócmhainní a ndéantar foráil dóibh <sup>(1)</sup> |
|  | Uasteorainn                 | Sínithe       | Eisíochta     |   |
| Ráthaíochtaí BEI maidir leis an sainordú iasachtaithe sheachtraigh | 33 026                      | 33 026        | 20 835        | 2 700   |
| Ráthaíocht CEIS  | 25 826                      | 24 730        | 20 358        | 8 602   |
| Ráthaíocht CEFI  | 1 391                       | 611           | 535           | 796   |
| Ráthaíocht do ghníomhaíochtaí seachtracha NDICI                    | 200                         | 200           | 200           | —   |
| <b>Foriomlán</b>   | <b>60 442</b>               | <b>58 566</b> | <b>41 928</b> | <b>12 098</b>                                     |

<sup>(1)</sup> Cumhdaítear le EUR 2,7 billiún de shócmhainní, a ndéantar foráil dóibh le haghaidh ráthaíocht BEI maidir leis an sainordú iasachtaithe sheachtraigh, iasachtaíocht faoi MFA agus Euratom chomh maith (féach nóta 4.1.2).

EUR milliún

|  | 31.12.2020                  |               |               |   |
|--|-----------------------------|---------------|---------------|---|
|  | Ráthaíochtaí arna dtabhairt |               |               | Sócmhainní a ndéantar foráil dóibh <sup>(1)</sup> |
|  | Uasteorainn                 | Sínithe       | Eisíochta     |   |
| Ráthaíochtaí BEI maidir leis an sainordú iasachtaithe sheachtraigh | 35 372                      | 32 530        | 20 050        | 2 813   |
| Ráthaíocht CEIS  | 25 543                      | 23 831        | 18 590        | 8 028   |
| Ráthaíocht CEFI  | 1 370                       | 438           | 34            | 804   |
| <b>Foriomlán</b>   | <b>62 285</b>               | <b>56 799</b> | <b>38 673</b> | <b>11 645</b>                                     |

<sup>(1)</sup> Cumhdaítear le EUR 2,8 billiún de shócmhainní, a ndéantar foráil dóibh le haghaidh ráthaíocht BEI maidir leis an sainordú iasachtaithe sheachtraigh, iasachtaíocht faoi MFA agus Euratom chomh maith (féach nóta 4.1.2).

Taispeántar sna táblaí thuas a mhéad atá buiséad an Aontais neamhchosanta ar íocaíochtaí féideartha sa todhchaí atá nasctha le ráthaíochtaí arna dtabhairt don ghrúpa BEI nó d'institiúidí airgeadais eile. Léiríonn méideanna eisíochta na méideanna atá tugtha do thairbhíthe críochnaitheacha cheana féin agus áirítear le méideanna sínithe an t-airgead eisíochta seo móide comhaontuithe le tairbhíthe nó idirghabhálaithe airgeadais a síníodh nó nár eisíocadh go fóill (EUR 16 638 milliún). Léiríonn an uasteorainn an ráthaíocht iomlán a gealladh le buiséad an Aontais, agus a Bhallstáit

dá réir sin, go gcumhdóidh siad iad, ós rud é nach mór oibríochtaí atá údaraithe lena síniú ach nach bhfuil sínithe go fóill (EUR 1 876 milliún) a chur san áireamh chun an neamhchosaint uasta a bheidh os comhair an Aontais an 31 Nollaig 2021 a nochtadh. I gcás na bliana airgeadais 2020, cuirtear na méideanna i láthair glan ar fhorálacha airgeadais nó ar dhliteanais airgeadais a aithnítear do na cláir sin.

Tugtar tacaíocht do chlár ráthaíochta buiséadaí le soláthair a dhéantar de réir a chéile ón mbuiséad agus a choinnítear sa Chiste don Soláthar Coiteann (“CPF”) mar chúlchiste leachtachta chun glaonna ráthaíochta sa todhchaí a chumhdach (féach nóta 2.4.2.1). EUR 12 098 milliún a bhí sna méideanna a soláthraíodh amháil an 31 Nollaig 2021. Féach nóta 6.2 le haghaidh na mbeart a cuireadh i bhfeidhm chun a áirithiú go bhfuil an soláthar leordhóthanach chun na glaonna ráthaíochta a chumhdach sa mheántearma. Bheadh ar aon bhuiséad sa todhchaí aon chaillteanais a thabhaítear faoi na cláir ráthaíochta buiséadaí, os cionn an tsoláthair a chuirtear ar leataobh, a chumhdach.

### Ráthaíochtaí BEI maidir leis an sainordú iasachtaithe sheachtraigh

Ráthaíonn buiséad an Aontais iasachtaí arna síniú agus arna ndeónú ag BEI ó acmhainní dílse BEI le tríú tíortha. Amháil an 31 Nollaig 2021, EUR 20 835 milliún a bhí i méid na n-iasachtaí gan íoc agus a bhí cumhdaithe ag ráthaíocht an Aontais. Ráthaíonn buiséad an Aontais:

- EUR 20 268 milliún trí urrann an Chiste Ráthaíochta do ghníomhaíochtaí seachtracha de CPF; agus
- EUR 567 milliún díreach le haghaidh iasachtaí arna ndeónú do Bhallstáit roimh aontachas.

Tá ráthaíocht shainordú iasachtaithe sheachtraigh an Aontais a bhaineann le hiasachtaí arna ndeónú ag BEI teoranta do 65 % de na hiarmhéideanna gan íoc le haghaidh comhaontuithe a síníodh tar éis 2007 (sainorduithe 2007-2013 agus 2014-2021). Maidir le comhaontuithe a rinneadh roimh 2007, tá ráthaíocht an Aontais teoranta do chéatadán d’uasteorainn na línte creidmheasa a údaraítear, 65 % i bhformhór na gcásanna, ach d’fhéadfadh 70 %, 75 % nó 100 % a bheith i geist freisin. I gcás nach sroichte an uasteorainn, cumhdaíonn ráthaíocht an Aontais an méid iomlán.

Le Cinneadh (AE) 2018/412 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>(22)</sup>, cuireadh sainordú iasachta earnála príobháidí le haghaidh tionscadail, a bhfuil sé mar aidhm acu cur le hathléimneacht eacnamaíoch fhadtéarmach dídeanaithe, imirceach, pobail aíochta agus pobail idirthurais, faoi Thionscnamh Athléimneachta BEI (“ERI”). Íoctar le buiséad an Aontais as an riosca a thógtar i ndáil le ráthaíochtaí a dheonaítear le haghaidh oibríochtaí maoinithe BEI faoi Shainordú Príobháideach ERI, a mhíníonn an phréimh infhaighte le haghaidh ráthaíocht ELM, ar ráthaíocht nach n-íoctar luach saothair ina leith seachas sin (féach nóta 2.11.2).

Chuaigh an tréimhse a údaraíodh le haghaidh shíniú na n-oibríochtaí nua faoi ELM 2014-2020 in éag in 2021 agus, mar sin de, chuaigh an uasteorainn a bhí ar fáil faoin ráthaíocht le haghaidh aon mhéid neamh-úsáidte as feidhm. Tá sé beartaithe go mbeidh sainordú nua BEI cumhdaithe ag an Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha arna cur ar bun ag Rialachán NDICI (féach thíos), ach níl sé sínithe go fóill, áfach.

Déantar íocaíochtaí ráthaíocht an Aontais ó urrann an Chiste Ráthaíochta do ghníomhaíochtaí seachtracha de CPF: le linn 2021, íocadh EUR 93 milliún i nglonna ráthaíochta amach (2020: EUR 52 milliún).

### Ráthaíocht an Chiste Eorpaigh le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS)

Is tionscnamh é CEIS a bhfuil sé mar aidhm aige acmhainn rioscúil Ghrúpa BEI a mhéadú trí bhíthin BEI a chumasú a infheistíochtaí san Aontas a leathnú. Is é is cuspóir do CEIS tacaíocht a thabhairt d’infheistíochtaí breise san Aontas agus rochtain ar airgeadas do chuideachtaí beaga. Soláthraíonn buiséad an Aontais ráthaíocht de suas le EUR 26 billiún (ráthaíocht CEIS agus an Aontais) faoi chomhaontú idir an tAontas agus BEI, dá ngairtear “Comhaontú CEIS” anseo feasta, chun BEI a chosaint ar chaillteanais fhéideartha a d’fhéadfadh a bheith acu de bharr a oibríochtaí airgeadais agus infheistíochta.

Déantar oibríochtaí CEIS laistigh de dhá ionú: an tIonú Bonneagair agus Nuálaíochta (IIW) arna chur chun feidhme ag BEI (ráthaíocht CEIS agus an Aontais de EUR 19 250 milliún) agus Tairseach FBM (SMEW) arna chur chun feidhme ag CEI (ráthaíocht CEIS agus an Aontais de EUR 6 750 milliún), a bhfuil punann fiachais agus punann gnáthscaireanna acu araon. Gníomhaíonn CEI faoi chomhaontú le BEI ar bhonn ráthaíocht BEI, a fhrithráthaítear faoi Ráthaíocht CEIS agus an Aontais faoi Chomhaontú CEIS.

<sup>(22)</sup> Cinneadh (AE) 2018/412 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2018 lena leasaítear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE lena dtugtar ráthaíocht ó AE don Bhanc Eorpach Infheistíochta in aghaidh cailteanas de thoradh oibríochtaí um maoiniú a thacaíonn le tionscadail infheistíochta lasmuigh den Aontas (IO L 76, 19.3.2018, lch. 30).

Tá ról faoi leith ag an Aontas agus BEI laistigh de CEIS. Tá CEIS bunaithe laistigh de BEI, a mhaoiníonn na hoibríochtaí (fiachas agus infheistíochtaí cothromais), agus a fhaigheann na cistí a bhfuil gá leo ar mhargaí caipitil ar iasacht chun é sin a dhéanamh. Déanann Grúpa BEI na cinní infheistíochtaí go neamhspleách agus bainistíonn sé oibríochtaí i gcomhréir lena rialacha agus a nósanna imeachta. Soláthraíonn an tAontas an rátháíocht le haghaidh na n-oibríochtaí sin, agus cumhdaíonn sé na cailleanais a thabhaíonn BEI suas le huasteorainn na rátháíochta seo.

Chun a áirithiú go mbíonn na hinfeistíochtaí a dhéantar faoi CEIS dírithe ar an gcuspóir sonracha a bhaineann le dul i ngleic le teipeanna margaidh agus chun a áirithiú go bhfuil siad incháilithe do chosaint rátháíocht an Aontais, cuireadh struchtúr rialachais tiomnaithe i bhfeidhm, lena n-áirítear Coiste Infheistíochta de shaineolaithe neamhspleácha a dhéanann scrúdú ar gach tionscadal a mholann BEI faoi IIW maidir lena incháilitheacht i leith chumhdach rátháíochta an Aontais agus Bord Stiúrtha CEIS a áirithíonn formhaoirseacht ar an gclár.

Toisc nach gcomhlíontar na critéir rialála agus na ceanglais chuntasaíochta le haghaidh comhdhlúthúcháin faoi rialacha cuntasaíochta an Aontais (agus IPSAS), ní chuirtear na sócmhainní ráthaithe ábhartha san áireamh i gcuntais bhliantúla chomhdhlúthaithe an Aontais.

Cuirtear rátháíocht an Aontais a dheonaítear do Ghrúpa BEI faoi CEIS san áireamh mar dhliteanas rátháíochta airgeadais i leith phunann fiachais IIW agus phunann fiachais SMEW (féach nóta 2.11.2) agus mar dhíorthach (sócmhainn airgeadais nó dliteanas airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh) i gcás an dá phunann gnáthscaireanna (féach nóta 2.4.2.2). Áirítear le rátháíocht CEIS a thugtar oibríochtaí chlár COSME, H2020, CCS LGF agus EaSI don chuid a chumhdaítear le rátháíocht CEIS agus an Aontais faoi phunann fiachais SMEW.

Le linn 2021, níor íocadh aon ghlaio rátháíochta amach ó urrann an Chiste Rátháíochta CEIS de CPF (2020: EUR 1 milliún).

### **An Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe (CEFI)**

Is tionscnamh é an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe, arna bhunú le Rialachán CEFI, a bhfuil sé mar aidhm aige tacaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí san Afraic agus i gComharsanacht na hEorpa mar bhealach chun cur le baint amach na forbartha inbhuanaithe agus chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna socheacnamaíochta sonracha a bhaineann leis an imirce. Faoi Rialachán CEFI, ba cheart don Aontas rátháíochtaí de EUR 1,5 billiún a chur ar fáil (méadaithe tuilleadh le ranníocaíochtaí seachtracha) do chomhpháirtithe cur chun feidhme le haghaidh a n-oibríochtaí infheistíochta agus maoinithe, chun a rioscaí infheistíochta a laghdú. Tacaíonn CPF le Rátháíocht CEFI – féach nóta 2.4.2.1. Amhail an 31 Nollaig 2021, bhí 16 comhaontú rátháíochta CEFI i bhfeidhm agus bhí teorann cumhdaigh rátháíochta iomlán de EUR 1 391 milliún ann, agus EUR 611 milliún a bhí i méid iomlán na n-oibríochtaí a shínigh na contrapháirtithe agus a rátháigh an tAontas faoi na comhaontuithe sin.

### **Rátháíocht do ghníomhaíochtaí seachtracha NDICI**

Le Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(23)</sup> bunaíodh an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda (an “Ionstraim”), lena n-áirítear an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus (“CEFI+”) agus an Rátháíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha, don tréimhse 2021-2027 de CAI. Tá sé mar aidhm ag Rialachán NDICI comhleanúnachas agus éifeachtacht ghníomhaíochtaí seachtracha an Aontais a mhéadú agus, ar an gcaoi sin, feabhas a chur ar chur chun feidhme na mbeartas éagsúil gníomhaíochta seachtraí.

Tacaíonn an Rátháíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha le hoibríochtaí CEFI+ a chumhdaítear le rátháíochtaí buiséadacha, cúnaimh macrairgeadais agus iasachtaí do thríú tíortha.

An 31 Nollaig 2021, bhí comhaontú rátháíochta buiséadaí amháin sínithe, le haghaidh uasteorainn iomlán de EUR 200 milliún.

<sup>(23)</sup> Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lgh. 1–78).

## Rátháíocht InvestEU

Déantar foráil i Rialachán InvestEU (Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017<sup>(24)</sup>) maidir le rátháíocht de EUR 26,2 billiún ón Aontas a thacaíonn le maoiniú agus infheistíochtaí comhpháirtithe cur chun feidhme a rannchuidíonn le cuspóirí bheartais inmheánacha an Aontais i gceithre ionú beartais: Bonneagar inbhuanaithe, Taighde, Nuálaíocht agus digitiú, Cuideachtaí beaga agus meánmhéide, agus Infheistíocht shóisialta agus scileanna. Tá airgead á chur ar leataobh de réir a chéile ag an Aontas (“soláthar”) ó bhuiséad InvestEU chun maolán caipítal a chruthú le haghaidh glaonna rátháíochta. Tá an ráta soláthair socraithe ag Rialachán InvestEU ag 40 % den rátháíocht le haghaidh urrann InvestEU an Aontais. Is é EUR 300 milliún, atá infheistithe in CPF, an méid atá ann faoi láthair (féach nóta 2.4.2.1). Síníodh an chéad chomhaontú rátháíochta faoi InvestEU i Márta 2022 lenar sholáthair Grúpa BEI le haghaidh rátháíocht an Aontais suas le huasteorainn EUR 19,6 billiún. Tá lamháil ag Rialachán InvestEU do na ranniocaíochtaí ó na Ballstáit (faoi urrann na mBallstát) agus ó thrú tíortha.

## Oibleagáidí na Ríochta Aontaithe a eascraíonn as a himeacht ón Aontas

I gcomhréir le hAirteagal 143 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, beidh an Ríocht Aontaithe faoi dhliteanas maidir leis an Aontas as a sciar de dhliteanais airgeadais theagmhasacha a bhaineann le CEIS, CEFI agus oibríochtaí sainordaithe iasachtaithe sheachtraigh BEI arna gceadú faoi dháta an tarraingthe siar, 31 Eanáir 2020. Ceanglaítear le hAirteagal 143, i gcás glao rátháíochta le haghaidh oibríocht airgeadais a ceadáíodh roimh dháta na tarraingthe siar, go mbeadh an Ríocht Aontaithe faoi dhliteanas maidir leis an Aontas as a sciar de na híocaíochtaí arna ndéanamh ag an Aontas faoi na hoibríochtaí sin, murarbh fhéidir sciar na Ríochta Aontaithe den soláthar a choinnítear sa chiste rátháíochta, i gcás ina bhfuil sé seo ábhartha, a chumhdach.

Maidir le hiasachtaí a bhaineann le sainordú iasachtaithe sheachtraigh BEI (ELM), EUR 33,7 billiún a bhí i luach rátháíocht bhuiséadach an Aontais ar dháta na tarraingthe siar, le haghaidh na n-oibríochtaí a ceadáíodh faoi dháta na tarraingthe siar. An 31 Nollaig 2021 bhí sé seo athraithe go EUR 27,6 billiún. EUR 3,4 billiún atá i sciar na Ríochta Aontaithe den dliteanas teagmhasach seo an 31 Nollaig 2021 dá réir sin. Mar a luaitear thuas, áfach, cumhdaítear aon mhainneachtain maidir leis na hiasachtaí seo le hurrann an Chiste Rátháíochta do ghníomhaíochtaí seachtracha de CPF agus ní ghlaofaí méideanna ón Ríocht Aontaithe ach amháin mura mbeadh soláthar na Ríochta Aontaithe don chiste seo, EUR 338 milliún an 31 Nollaig 2021, leordhóthanach.

Maidir le hoibríochtaí CEIS, EUR 23,5 billiún a bhí i luach rátháíocht bhuiséadach an Aontais ar dháta na tarraingthe siar, le haghaidh na n-oibríochtaí a ceadáíodh faoi dháta na tarraingthe siar. An 31 Nollaig 2021 bhí sé seo athraithe go EUR 18,8 billiún. EUR 2,3 billiún atá i sciar na Ríochta Aontaithe den dliteanas teagmhasach seo an 31 Nollaig 2021 dá réir sin. Cumhdaítear aon ghlaó rátháíochta faoi CEIS le hurrann an chiste rátháíochta CEIS de CPF ar dtús, agus ní ghlaofaí méideanna ón Ríocht Aontaithe ach amháin mura mbeadh soláthar na Ríochta Aontaithe don chiste seo, EUR 1,1 billiún an 31 Nollaig 2021, leordhóthanach.

Toisc nach raibh aon oibríocht ceadaithe ag na comhpháirtithe cur chun feidhme i ndáil le Rátháíocht CEFI roimh dháta na tarraingthe siar, níl aon oibleagáid ag an Ríocht Aontaithe anseo.

EUR 47 milliún (EUR 35 milliún le haghaidh CEIS agus EUR 12 milliún le haghaidh ELM) a bhí i sciar na Ríochta Aontaithe de na híocaíochtaí in 2021 le haghaidh na n-oibríochtaí a ceadáíodh ar dháta na tarraingthe siar, nó ina dhiaidh, agus suas go dtí an 31 Nollaig 2021, rud a laghdaigh soláthar na Ríochta Aontaithe go comhfhreagrach. Tá an méid atá dlite don Ríocht Aontaithe in 2022, EUR 163 milliún (féach nóta 2.6.1.2) ann mar gheall ar sciar na Ríochta Aontaithe d'aisghabhálacha agus glanioncam a bailíodh in 2021 (EUR 70 milliún), ón bhfuilleach sa soláthar (EUR 92 milliún) chomh maith le tionchar ríomh cinntitheach sciar na Ríochta Aontaithe i ndáil leis na méideanna a bhí dlite in 2021 (“cúiteamh”).

### 4.1.2. Rátháíochtaí a tugadh chun NGEU agus iasachtaíocht cúnaimh airgeadais a chumhdach

|      | EUR milliún |            |
|------|-------------|------------|
|      | 31.12.2021  | 31.12.2020 |
| NGEU | 91 002      | —          |
| SURE | 89 702      | 39 503     |
| EFSM | 47 270      | 47 396     |

(24) IO L 107, 26.3.2021, lch. 30.

|                             | <i>EUR milliún</i> |               |
|-----------------------------|--------------------|---------------|
|                             | 31.12.2021         | 31.12.2020    |
| <i>Comhardú íocaíochtaí</i> | 201                | 201           |
| <i>CAI</i>                  | 7 466              | 5 813         |
| <i>Euratom</i>              | 350                | 279           |
| <b>Foriomlán</b>            | <b>235 991</b>     | <b>93 193</b> |

Is iad na méideanna iasachtaíochta sa tábla seo na méideanna ainmniúla agus na húis fhabhráithe. Ráthaíonn buiséad an Aontais an iasachtaíocht a eisíonn an Coimisiún le haghaidh ionstraim NGEU agus na gclár cúnaimh airgeadais. As iasachtaíocht NGEU gan íoc amhail an 31 Nollaig 2021, tá EUR 18 mbilliún eisíochta mar iasachtaí RRF, tá EUR 46,4 milliún eisíochta mar thacaíocht RRF neamh-inaisíochta agus tá EUR 7,2 billiún eisíochta mar ranníocaíochtaí le cláir CAI, agus níl na EUR 19,4 billiún atá fágtha eisíochta go fóill agus tá siad ann in airgead tirim agus coibhéisí airgid (féach nóta 2.8).

Dá mbeadh mainneachtain ann i ndáil leis na hiasachtaí a tugadh amach leis an iasachtaíocht seo, bheadh ar bhuiséad an Aontais costas iomlán an mhéid ar mainneachtain:

- Is é buiséad an Aontais amháin a rathaíonn iasachtaíocht NGEU agus iasachtaíocht a bhaineann le hiasachtaí EFSM, BOP agus Euratom le Ballstáit;
- Ráthaítear iasachtaíocht a bhaineann le SURE le buiséad an Aontais agus tá ráthaíochtaí Ballstát de EUR 25 billiún mar bhonn taca fúthu (25 % de mhéid uasta an chúnaimh airgeadais de EUR 100 billiún); agus
- Cumhdaítear iasachtaíocht MFA agus Euratom le haghaidh iasachtaí chuig tríú tíortha le hurrann an Chiste Ráthaíochta do ghníomhaíochtaí seachtracha de CPF ar dtús (féach nóta 2.4.2) agus ansin le buiséad an Aontais.

#### **Oibleagáidí na Ríochta Aontaithe a eascraíonn as a himeacht ón Aontas**

I gcomhréir le hAirteagal 143 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, beidh an Ríocht Aontaithe faoi dhliteanas maidir leis an Aontas as a sciar de dhliteanas airgeadais theagmhasacha a bhaineann leis na hiasachtaí le haghaidh cúnaimh airgeadais (EFSM, MFA, BOP agus Euratom) a ceadáíodh/a cinneadh ag dáta na tarraingthe siar, 31 Eanáir 2020. Ceanglaítear le hAirteagal 143, i gcás mainneachtain ar iasacht le haghaidh cúnaimh airgeadais a ceadáíodh roimh dháta na tarraingthe siar, go mbeadh an Ríocht Aontaithe faoi dhliteanas maidir leis an Aontas as a sciar de na híocaíochtaí arna ndéanamh ag an Aontas faoin oibríocht ar mainneachtain, murarbh fhéidir sciar na Ríochta Aontaithe den soláthar a choimeádtar in urrann an Chiste Ráthaíochta do ghníomhaíochtaí seachtracha de CF, i gcás ina bhfuil sé seo ábhartha, a chumhdach (*i.e.* iasachtaí MFA agus Euratom i dtríú tíortha) – féach nóta 4.1.1.

EUR 53,9 billiún a bhí i ndlíteanas teagmhasach an Aontais a bhain leis na hiasachtaí thuas i gcomhair cúnaimh airgeadais ar dháta na tarraingthe siar. Tar éis aisíocaíochtaí ón dáta sin i leith, EUR 53,0 billiún a bhí i luach na n-iasachtaí seo a chumhdaítear le ráthaíocht an Aontais an 31 Nollaig 2021 – EUR 6,6 billiún atá i sciar na Ríochta Aontaithe den mhéid sin.

#### **4.1.3. Ráthaíochtaí a thugtar faoi chlár ionstraimí airgeadais an Aontais (ainmniúil)**

|  | <i>EUR milliún</i> |
|--|--------------------|
|  | 31.12.2021         |
| <i>Fís 2020</i>                            | 2 590              |
| <i>An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa</i> | 568                |
| <i>COSME</i>                               | 782                |
| <i>Eile</i>                                | 653                |
| <b>Foriomlán</b>                           | <b>4 593</b>       |



|                                       | EUR milliún  |
|---------------------------------------|--------------|
|                                       | 31.12.2020   |
| Fís 2020                              | 1 860        |
| An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa   | 579          |
| An tSaoráid Airgeadais Roinnte Riosca | 37           |
| Eile                                  | 49           |
| <b>Foirmlián</b>                      | <b>2 524</b> |

Mar a luaitear in Airteagal 210(1) RA, sárófar leis an gcaiteachas buiséadach atá nasctha le hionstraim airgeadais agus le dliteanas airgeadais an Aontais **i gcás ar bith méid an ghealltanais bhuiséadaigh ábhartha a rinneadh ina leith**, agus eisiafar ar an gcaoi sin dliteanas a d'fhéadfadh a bheith ann do bhuiséad an Aontais. Sa chleachtas, ciallaíonn sé sin go bhfuil contrapháirtí ag na dliteanas seo ar thaobh sócmhainní an chláir chomhardaithe nó go gcumhdaítear iad le gealltanais bhuiséadacha gan íoc nár cláraíodh mar speansas go fóill.

Tugann na méideanna amhail an 31 Nollaig 2021 méideanna ainmniúla gan íoc na ráthaíochtaí, fad a thaispeántar na dliteanas theagmhasacha amhail an 31 Nollaig 2020 glan de na soláthair airgeadais agus dliteanas airgeadais a aithnítear le haghaidh na n-ionstraimí seo – féach nóta **2.10** agus nóta **2.11.2**.

Cuimsítear le Saoráid Ráthaíochta Iasachta COSME (LGF) ráthaíochtaí a bhfuil uasteorainneacha orthu le haghaidh punann lena ngabhann maoiniú fiachais de riosca níos airde (iasachtaí den chuid is mó) arna dtairiscint ag idirghabhálaithe airgeadais do FBManna. Cuireann CEI LGF COSME chun feidhme thar ceann an Aontais.

Chun tuilleadh sonraí a fháil maidir le Fís 2020 agus an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa féach nóta **2.4.2.1** freisin.

### Oibleagáidí na Ríochta Aontaithe a eascraíonn as a himeacht ón Aontas

Maidir le dliteanas theagmhasacha an Aontais as méideanna a ceadáíodh faoi dháta an tarraingt siar i ndáil le hionstraimí airgeadais an Aontais, lena n-áirítear iad siúd a thugtar thuas, dá dtiocfadh aon cheann de na theagmhais sin chun cinn, bheidís cumhdaithe le buiséad an Aontais ag úsáid airgid a choimeádtar i gcuntais mhúiníneacha. Dá réir sin, i bprionsabal, ní ghlaofaí aon mhéid ón Ríocht Aontaithe seachas a sciar i RAL buiséad a dtugtar breac-chuntas air faoi Airteagal 140 den Chomhaontú um Tharraingt Siar – féach nóta **2.6.1.2**.

## 4.2. DLITEANAS THEAGMHASACHA A BHAINNEANN LE CÁSANNA DLÍ

### 4.2.1. Cásanna dlí i réimse na bhfíneálacha

EUR 2 111 milliún a bhí sna dliteanas theagmhasacha a bhain le fíneálacha amhail an 31 Nollaig 2021 (2020: EUR 2 985 milliún). Baineann na méideanna seo go príomha le fíneálacha arna ngearradh ag an gCoimisiún mar gheall ar shárúithe ar rialacha iomaíochais atá íoctha go sealadach ag na cuideachtaí, ar gearradh fíneálacha orthu, agus i gcás inar taisceadh achomharc nó i gcás nach eol cé acu a rinneadh achomharc nó nach ndearnadh. Coinneofar an dliteanas teagmhasach go dtí go mbeidh cinneadh ón gCúirt Bhreithiúnais críochnaitheach nó go dtí dul in éag na tréimhse le haghaidh achomhairc. Tá ús a shaothraítear ar íocaíochtaí sealadacha san áireamh i dtoradh eacnamaíoch na bliana agus mar dhliteanas teagmhasach freisin chun éiginnteacht theidlíocht an Choimisiúin i ndáil leis na méideanna seo a léiriú.

Dá gcaillfeadh an tAontas aon cheann de na cásanna a bhaineann le fíneálacha a ghearrtar, tabharfar na méideanna a fuarthas go sealadach ar ais do na cuideachtaí gan tionchar buiséadach. Ní aithnítear méid na bhfíneálacha mar ioncam buiséadach go dtí go bhfuil na fíneálacha cinntitheach (Airteagal 107 FR).

### 4.2.2. Cásanna dlí eile

|             | EUR milliún |            |
|-------------|-------------|------------|
|             | 31.12.2021  | 31.12.2020 |
| Talmhaíocht | 79          | 66         |
| Comhtháthú  | 210         | 341        |



|                  | <i>EUR milliún</i> |              |
|------------------|--------------------|--------------|
|                  | 31.12.2021         | 31.12.2020   |
| <i>Eile</i>      | 1 153              | 2 169        |
| <b>Foriomlán</b> | <b>1 443</b>       | <b>2 576</b> |

### Talmhaíocht

Is dliteanais theagmhasacha maidir leis na Ballstáit iad seo atá nasctha le CERT agus cinní comhréireachta forbartha tuaithe ar feitheamh breithiúnais ón gCúirt Bhreithiúnais. Braithfidh cinneadh mhéid críochnaitheach an dliteanais agus an bhliain ina ngearrfar éifeacht na n-achomharc rathúil ar an mbuiséad ar fhad an nóis imeachta os comhair na Cúirte.

### Comhtháthú

Is dliteanais theagmhasacha maidir leis na Ballstáit iad sin a bhaineann le gníomhaíochtaí faoin mbeartas comhtháthaithe atá ag feitheamh le dáta éisteachta béil nó ar feitheamh breithiúnais ón gCúirt Bhreithiúnais.

### Cásanna dlí eile

Baineann an ceanteideal seo le caingne i leith damáistí atá á dtógáil in aghaidh an Aontais i láthair na huairé, díospóidí dlí agus costais mheasta dlí eile. Ba cheart a thabhairt faoi deara i gcás caingne i leith damáistí faoi Airteagal 340 CFAE, nach mór don iarratasóir sárú atá tromchúiseach go leor ar thaobh na hinstitiúide ar an smacht reachta atá ceaptha chun cearta a thabhairt do dhaoine, fiordhíobháil arna fulaingt ag an iarratasóir, agus nasc cúisíoch díreach idir an ghníomhaíocht neamhdhleathach agus an díobháil a léiriú. Baineann an laghdú suntasach ó dheireadh na bliana roimhe sin le héileamh ar dhamáistí arna dhéanamh in aghaidh an Choimisiúin le haghaidh chinneadh toirmisceithe cónasctha a dhíbh an Chúirt sa deireadh.

### Oibleagáidí na Ríochta Aontaithe a eascraíonn as a himeacht ón Aontas

Faoi Airteagal 147 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, beidh an Ríocht Aontaithe faoi dhliteanas as a sciar de na híocaíochtaí a éilítear chun dliteanais theagmhasacha an Aontais a bheidh dlite i ndáil le cásanna dlí a bhaineann le leasanna airgeadais an Aontais a dhíscaoileadh, ar choinníoll nár tharla na fíorais atá mar bhonn faoi ábhar na gcásanna sin tráth nach déanaí ná 31 Nollaig 2020. EUR 179 milliún atá i neamhchosaint uasta mheasta na Ríochta Aontaithe (2020: EUR 318 milliún). Maidir le cásanna dlí ina meastar gur dócha go n-íocfaí méideanna ó bhuiséad an Aontais (féach nóta 2.10), cuirtear sciar na Ríochta Aontaithe san áireamh mar chuid den mhéid foriomlán atá dlite ón Ríocht Aontaithe – féach sonraí faoi nóta 2.6.1.2.

### 4.3. SÓCMHAINNÍ TEAGMHASACHA

|                                     | <i>EUR milliún</i> |            |
|-------------------------------------|--------------------|------------|
|                                     | 31.12.2021         | 31.12.2020 |
| <i>Ráthaíochtaí a fuarthas:</i>     |                    |            |
| <i>Ráthaíochtaí feidhmíochta</i>    | 287                | 318        |
| <i>Ráthaíochtaí eile</i>            | 8                  | 8          |
| <i>Sócmhainní teagmhasacha eile</i> | 98                 | 58         |
| <b>Foriomlán</b>                    | <b>393</b>         | <b>384</b> |

Iarrtar ráthaíochtaí um fheidhmíocht lena áirithiú go gcomhlíonann tairbhíthe chistiúchán an Aontais oibleagáidí a gcuid conarthaí leis an Aontas.

## 5. GEALLTANAS BHUISÉADACHA AGUS DHLÍTHIÚLA

Soláthraítear leis an nóta seo faisnéis maidir leis an nós imeachta buiséadach agus riachtanais cistiúcháin sa todhchaí agus ní sholáthraítear leis faisnéis maidir le dliteanais atá ann amhail an 31 Nollaig 2021.

Sainítear leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI), arna chomhaontú ag na Ballstáit, na cláir agus leagtar amach leis uasteorainneacha ceanteidil le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus an méid iomlán le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a bhféadfaidh an tAontas gealltanais bhuiséadacha agus dhlíthiúla a dhéanamh laistigh díobh, agus íocaíochtaí a dhéanamh ar feadh tréimhse 7 mbliana – féach tábla 1.1 sna nótaí a ghabhann leis na tuarascálacha ar an gcur chun feidhme buiséadach.

Comhfhreagraíonn gealltanais dhlíthiúla do chláir, tionscadail, comhaontuithe nó conarthaí a shínítear, lena mbíonn an tAontas ceangailte ó thaobh dlí de. Is gníomh é gealltanais dlíthiúil lena ndéanann an t-oifigeach údarúcháin oibleagáid, nó lena mbunaíonn sé oibleagáid, (don Aontas) a bhíonn muirear mar thoradh air (Airteagal 2(37) RA).

I bprionsabal, déantar gealltanais buiséadach roimh an ngealltanais dlíthiúil, ach i gcás roinnt clár/tionscadal ilbhliantúil a mhalairt atá ann agus déantar na gealltanais bhuiséadacha ábhartha i dtráthchodanna bliantúla, thar bhlianta iomadúla, nuair a dhéanann an bunghníomh foráil dó sin. Mar shampla, ar mhaithe le comhtháthú, déanann Airteagal 86 de Rialachán na bhForálacha Coitianta (RFC) (Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(25)</sup>) foráil gur gealltanais dlíthiúil de réir bhrí an Rialacháin Airgeadais a bheidh i gcinneadh an Choimisiúin a ghlacann clár ach go ndéanfar gealltanais bhuiséadacha an Aontais i leith gach cláir i dtráthchodanna bliantúla le haghaidh gach ciste le linn na tréimhse idir 1 Eanáir 2021 agus 31 Nollaig 2027. D'fhéadfadh bunús dlí eile a bheith i bhforálacha den chineál céanna. Ar an gcúis seo, d'fhéadfaí go mbeadh méideanna ann, a bhfuil gealltanais dlíthiúil tugtha ag an Aontas iad a íoc, ach nach bhfuil an gealltanais buiséadach tugtha go fóill – féach nóta 5.2 thíos.

Má tá an gealltanais buiséadach tugtha ach nach bhfuil na híocaíochtaí déanta fós, tugtar “*Reste à Liquider*” (RAL) ar mhéid na ngealltanais le híoc. Is féidir leis seo cláir nó tionscadail a léiriú, cinn ilbhliantúla go minic, a shínítear agus dá ndéanfar íocaíochtaí sna blianta sa todhchaí. Léiríonn siad oibleagáidí íocaíochta do na blianta sa todhchaí. Toisc go n-ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhráithe, cé go n-ullmhaítear tuarascálacha ar an gcur chun feidhme buiséadach ar bhonn airgid thirim, tá cuid de na méideanna foriomlána atá le híoc (RAL) cláraithe mar speansas agus aithnítear é mar dhliteanas ar an gclár comhardaithe (féach nóta 2.12 agus nóta 2.13). Tá ríomh na speansas seo bunaithe ar éilimh ar chostas/ar shonraisc a fuarthas nó ar chur chun feidhme measta cláir nó tionscadail i gcás nach bhfuil aon fhógra tugtha maidir le héilimh don Aontas faoin dáta tuairiscithe – féach nóta 5.1 thíos. Nuair a bheidh na híocaíochtaí a bhaineann le RAL déanta, dí-aithneofar an dliteanas ar an gclár comhardaithe. Ní chuirtear an chuid de RAL nach bhfuil cláraithe mar speansas go fóill san áireamh faoi dhliteanais. Nochtar é thíos ina ionad sin.

Léiríonn na nochtuithe thíos na méideanna amhail an 31 Nollaig 2021, méideanna a bhfuil gealltanais tugtha ag an Aontas ina leith chun iad a íoc bunaithe ar chomhlíonadh comhaontuithe conarthacha agus tá sé beartaithe, dá bhrí sin, iad a chistiú le buiséad an Aontais sa todhchaí.

| EUR milliún   |      |                |                |
|---|------|----------------|----------------|
|   | Nóta | 31.12.2021     | 31.12.2020     |
| <i>Gealltanais bhuiséadacha le híoc nach bhfuil cláraithe mar speansas go fóill</i> | 5.1  | 266 526        | 249 309        |
| <i>Gealltanais dhlíthiúla shuntasacha</i>   | 5.2  | 135 181        | 14 481         |
| <b>Foriomlán</b>  |      | <b>401 707</b> | <b>263 790</b> |

<sup>(25)</sup> Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Immheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

## 5.1. GEALLTANAIIS BHUISÉADACHA LE HÍOC NACH BHFUIL CLÁRAITHE MAR SPEANSAS GO FÓILL

EUR milliún

|   | 31.12.2021 | 31.12.2020 |
|---|------------|------------|
| <i>Gealltanais bhuiséadacha le híoc nach bhfuil cláraithe mar speansas go fóill</i> | 266 526    | 249 309    |

Is é RAL (“*Reste à Liquider*”) de EUR 341 634 milliún an méid a nochtar thuas (féach tábla 6.4 sna nótaí a bhaineann leis na tuarascálacha ar an gcur chun feidhme buiséadach), lúide na méideanna ábhartha a cuireadh san áireamh mar dhliteanais ar an gclár comhardaithe agus mar speansais sa ráiteas ar fheidhmíocht airgeadais. Is méid atá in RAL buiséadach a léiríonn na gealltanais oscailte nach ndearnadh íocaíochtaí agus/nó saoradh ina leith go fóill. Gnáth-iarmhairt de na cláir ilbhliantúla é sin.

Ba cheart a lua gur EUR 93,4 billiún a bhí i réamhíocaíochtaí réamh-mhaoinithe gan íoc an 31 Nollaig 2021 – féach nóta 2.5. Léiríonn sé seo gealltanais bhuiséadacha a íocadh, lenar laghdaíodh RAL, ach i gcás ina meastar gur leis an Aontas agus nach leis an tairbhí iad na méideanna íoctha, go dtí go mbeidh na hoibleagáidí conarthacha ábhartha comhlíonta. Dá réir sin, níl siad cláraithe mar speansas, mar an gcéanna le RAL nocht thuas.

## 5.2. GEALLTANAIIS DHLÍTHIÚLA SHUNTASACHA

EUR milliún

|  | 31.12.2021     | 31.12.2020    |
|--|----------------|---------------|
| <i>Gealltanais tacaíochta neamh-inaisíochta RRF (NGEU)</i> | 99 530         | —             |
| <i>ITER</i>  | 6 121          | 6 837         |
| <i>CETFT <sup>(1)</sup></i>                                | 17 662         | —             |
| <i>Cláir Spáis</i>   | 4 189          | —             |
| <i>Comhaontuithe iascaigh</i>                              | 412            | 172           |
| <i>HorizonEU</i>   | 382            | —             |
| <i>EURATOM</i>   | 445            | —             |
| <i>Cúlchiste Coigeartaithe Brexit</i>                      | 3 072          | —             |
| <i>An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa</i>                 | —              | 4 140         |
| <i>Gealltanais maidir le léas oibriúcháin</i>              | 2 492          | 2 547         |
| <i>Gealltanais chonarthacha eile</i>                       | 876            | 785           |
| <b>Foriomlán</b>   | <b>135 181</b> | <b>14 481</b> |

<sup>(1)</sup> Leathnaíodh an creat airgeadais le haghaidh CETFT chun an tréimhse síos go dtí 2022 a chumhdach (Rialachán (AE) 2020/2220).

Léiríonn na méideanna seo na gealltanais dhlíthiúla fhadtéarmacha nár cumhdaíodh leis na leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí sa bhuiséad ag deireadh na bliana. Déanfar na hoibleagáidí ceangailteacha sin a bhuiséadú agus a íoc sna blianta amach romhainn.

Féadfar cláir thábhachtacha áirithe (féach thíos) a chur chun feidhme le tráthchodanna bliantúla de réir Airteagal 112(2) RA. Ligeann sé seo don Aontas gealltanais dhlíthiúla a dhéanamh (comhaontuithe deontais a shíniú, comhaontuithe tarmligin agus conarthaí soláthair) de bhreis ar leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí a bhíonn ar fáil i mbliain faoi leith. Dá bhrí sin, d’fhéadfaí go mbeadh méid suntasach den leithdháileadh foriomlán le haghaidh CAI reatha geallta cheana féin. Tá feidhm aige sin go háirithe i gcás na gclár a thuairiscítear thíos:

### Gealltanais tacaíochta neamh-inaisíochta NGEU (RFF)

Is príomhchlár de NGEU é RFF, Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh. Bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 í<sup>(26)</sup>. Maoinítear léi athchóirithe agus infheistiúcháin sna Ballstáit ó thús phaindéim an choróinvíris i mí Feabhra 2020 go dtí 2026. Tagraíonn an méid a nochtar anseo don chuid de na gealltanais dhlíthiúla le haghaidh thacaíochta neamh-inaisíochta RFF nach raibh cumhdaithe le gealltanais bhuiséadacha faoi dheireadh 2021. Údaraítear le hAirteagal 23 de Rialachán (AE) 2021/241 úsáid tráthchodanna bliantúla.

### ITER – Imoibreoir Trialach Teirmeánúcléach Idirnáisiúnta

Tá sé beartaithe go gcumhdódh na gealltanais seo riachtanais cistiúcháin shaoráidí ITER síos go dtí 2027. Tugtar ranníocaíocht an Aontais (Euratom) le ITER Idirnáisiúnta tríd an nGníomhaireacht um Fhuinneamh Comhleá, lena n-áirítear na ranníocaíochtaí ó na Ballstáit agus ón Eilvéis. Léiríonn an méid seo an maoiniú ionchasach faoi CAI 2021-2027 a bhunaítear le Cinneadh (Euratom) 2021/281 ón gComhairle<sup>(27)</sup> an 22 Feabhra 2021 lena leasaítear Cinneadh 2007/198/Euratom lena mbunaítear an Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt a údaraíonn úsáid tráthchodanna bliantúla. Cruthaíodh ITER chun saothrú saoráidí ITER a bhainistiú agus a spreagadh, chun an tuiscint phoiblí ar fhuinneamh comhleá a chur cinn, chomh maith le glacadh an phobail leis, agus chun aon gníomhaíocht eile a bhfuil gá léi chun a chuspóir a bhaint amach a dhéanamh. Tá an tAontas agus tíortha éagsúla eile páirteach in ITER.

### CETFT

Is oibleagáidí dlíthiúla iad seo a bhfuil gealltanais tugtha ag an Aontas chun iad a íoc nuair a ghlacar clár CETFT a chumhdaíonn an tréimhse 2014-2022 de réir Rialachán (AE) 2020/2220 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>(28)</sup>. Is éard atá sa chinneadh ón gCoimisiún lena nglactar clár oibríochtaí cinneadh maoinithe de réir bhrí Airteagal 110 RA agus a luaithe a thabharfar fógra ina leith don Bhallstát lena mbaineann, gealltanais dlíthiúil de réir bhrí an Rialacháin sin.

### Clár Spáis

Cuimsítear sa chlár spáis na comhphárteanna a leanas: Galileo, EGNOS, Copernicus, Govsatcom agus SSA. Ar na cinn is suntasaí díobh seo tá Galileo, atá ag forbairt Chóras Domhanda na hEorpa um Loingseoireacht Satailíte, agus Copernicus, a bhaineann le faireachán Eorpach na Cruinne. Tá na gealltanais sin déanta don tréimhse síos go dtí 2027. Bunaithe ar Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>(29)</sup>, shínigh an Coimisiún comhaontuithe tarmligin leis an nGníomhaireacht Eorpach Spáis (GES), EUMETSAT, Mercator agus an Lárionad Eorpach do Réamhaisnéisí Aimsire Meánraoin. Údaraítear le hAirteagal 11.6 de Rialachán (AE) 2021/696 úsáid tráthchodanna bliantúla.

### Comhaontuithe iascaigh

Léiríonn siad sin gealltanais a rinneadh le tríú tíortha le haghaidh oibríochtaí faoi chomhaontuithe iascaigh idirnáisiúnta síos go dtí 2026. Tá na gealltanais a dhéantar bunaithe ar chinntí an Choimisiúin le haghaidh gach tríú tír (e.g. Comhaontú idir an tAontas agus Poblacht na Séiséal agus an Prótacal Forfheidhmiúcháin a ghabhann leis; IO L 60, 28.2.2020) agus féachtar orthu mar chonarthaí idirnáisiúnta sonracha ag a bhfuil cearta agus oibleagáidí ilbhliantúla.

<sup>(26)</sup> Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

<sup>(27)</sup> Cinneadh (Euratom) 2021/281 ón gComhairle an 22 Feabhra 2021 lena leasaítear Cinneadh 2007/198/Euratom lena mbunaítear an Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt agus lena dtugtar buntáistí dó (IO L 62, 23.2.2021, lch. 41).

<sup>(28)</sup> Rialachán (AE) 2020/2220 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leagtar síos forálacha idir-thréimhseacha áirithe le haghaidh tacaíocht ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus ón gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) sna blianta 2021 agus 2022 agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013, (AE) Uimh. 1306/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus cur i bhfeidhm sna blianta 2021 agus 2022 agus Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus le leithdháileadh tacaíocht den sórt sin i leith na mblianta 2021 agus 2022 (IO L 437, 28.12.2020, lch. 1).

<sup>(29)</sup> Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69).

## Fís Eorpach

Is méideanna iad seo a ghealltar do chlár Fhís Eorpach le haghaidh gníomhaíochtaí réamhtheachtacha agus iartheachacha le haghaidh na n-urrann éagsúil spáis. Tá na gealltanais seo déanta don tréimhse síos go dtí 2027. Ar bhonn Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>(30)</sup>, shínigh an Coimisiún comhaontú tarmiligin le CCE agus shínigh sé ceann eile le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA). Údaraítear le hAirteagal 12.8 de Rialachán (AE) 2021/695 úsáid tráthchodanna bliantúla.

## Euratom

Is cuibhreannas tairbhí ainmnithe de Shaotharlanna agus institiúidí an Aontais, a bhfuil sé mar mhisean acu an bealach a dhéanamh amach le haghaidh imoibreoirí cumhachta comhleá, é EUROfusion (Cuibhreannas na hEorpa um Fhorbairt an Fhuinnimh Chomhleá). Chun déanamh amhlaidh, cistíonn an cuibhreannas taighde 30 comhalta dá chuid ar bhonn “European Roadmap to the Realisation of Fusion Energy” [Treochlár na hEorpa um Fhuinneamh Comhleá a bhaint amach] mar chlár comhpháirteach laistigh de Chomhpháirtíocht Eorpach Cómhaoinithe Euratom. An bunús dlí leis is ea Rialachán (Euratom) 2021/765 ón gComhairle<sup>(31)</sup> an 10 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (Euratom) don tréimhse 2021-2025 lena gcomhlánaítear Fís Eorpach, lena dtuairtar úsáid na tráthchoda bliantúla in Airteagal 4.

## Cúlchiste Coigeartaithe Brexit

Tá sé mar aidhm ag Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (BAR) na hiarmhairtí eacnamaíocha agus sóisialta a bhaineann le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach i bhFeabhra 2020 a chomhrac. Bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>(32)</sup>. Léiríonn an méid a nochtar na gealltanais dhlíthiúla atá le cur chun feidhme go fóill mar chuid de na bearta a dtugann Cúlchiste Coigeartaithe Brexit tacaíocht dóibh. Ní nochtar ach an chuid de na gealltanais dhlíthiúla nach bhfuil cumhdaithe le gealltanais bhuiséadacha go fóill anseo.

## An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE)

Tugann SCE cúnaimh airgeadais do líonraí Tras-Eorpacha chun tacaíocht a thabhairt do thionscadail leasa choitinn in earnálacha an iompair, na teileachumarsáide agus na mbonneagar fuinnimh. Cumhdaítear leis na gealltanais dhlíthiúla le haghaidh chlár SCE tréimhse cur chun feidhme a théann idir 2014 agus 2024 le haghaidh Iompar SCE agus síos go dtí 31 Nollaig 2025 le haghaidh Fhuinneamh SCE. Bunús dlí na ngealltanais seo is ea Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 680/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 67/2010 (IO L 348, 20 Nollaig 2013) lena dtuairtar úsáid na tráthchoda bliantúla in Airteagal 19. Ag deireadh 2021, tá na gealltanais dhlíthiúla cumhdaithe ina n-iomláine le gealltanais dhlíthiúla.

## Gealltanais maidir le léas oibriúcháin

Is mar a leanas atá na méideanna íosta ar gealladh go n-íocfar iad de réir na gconarthaí foluiteacha le linn an téarma atá fágtha sna conarthaí léasa seo:

EUR milliún

|                              | Íocaíochtaí íosta léasa |              |              |              |
|------------------------------|-------------------------|--------------|--------------|--------------|
|                              | < 1 bhliain             | 1 – 5 bliana | > 5 bliana   | Foriomlán    |
| Foirgnimh                    | 414                     | 953          | 1 074        | 2 442        |
| Ábhair TF agus trealamh eile | 14                      | 27           | 9            | 50           |
| <b>Foriomlán</b>             | <b>428</b>              | <b>980</b>   | <b>1 083</b> | <b>2 492</b> |

<sup>(30)</sup> Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1).

<sup>(31)</sup> Rialachán (Euratom) 2021/765 ón gComhairle an 10 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach don tréimhse 2021-2025 lena gcomhlánaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht agus lena leasaítear Rialachán (Euratom) 2018/1563 (IO L 167 I, 12.5.2021, lch. 81).

<sup>(32)</sup> Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1).

I mí an Mhárta 2019, i gcomhthéacs fhógra na Ríochta Aontaithe maidir lena rún chun tarraingt siar ón Aontas, agus mar thoradh ar Rialachán (AE) 2018/1718 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(33)</sup> an 14 Samhain 2018 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 726/2004, aistríodh láthair shuíomh na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí ó Londain go hAmstardam. An 2 Iúil 2019, rinne an Ghníomhaireacht comhaontú lena tiarna talún agus tá an t-áitreabh ligthe ar fholéas le fothionónta de réir coinníollacha a thagann leis na cinn siúd atá sa phríomhléas, lena n-áirítear téarma an fholéasa a mhairfidh go dtí éag phríomhléas na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí i Meitheamh 2039.

Áirítear leis na méideanna a nochtar sa tábla thuas EUR 383 milliún atá dlite go fóill faoi chonradh an phríomhléasa. Tá coinne leis go bhfaighidh an fothionónta méid cothrom d'íocaíochtaí faoin bhfoléas nach féidir a chealú.

### Gealltanais chonartha eile

Comhfhreagraíonn na méideanna atá sa nochtadh seo do na méideanna, ar tugadh gealltanais ina leith go n-íocfaí iad le linn théarma na gconarthaí. Baineann an méid is suntasaí atá anseo le conradh foirgnimh (JMO2 ón gCoimisiún i Lucsamburg (EUR 393 milliún).

#### 6. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS

Baineann na nochtuithe seo a leanas i dtaca le bainistíocht riosca airgeadais an Aontais leis an méid a leanas:

- Gníomhaíochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe le haghaidh cúnaimh airgeadais arna ndéanamh ag an gCoimisiún trí ghníomhaíochtaí NGEI, EFSM, BOP, MFA, SURE agus Euratom;
- Na hoibríochtaí státhiste arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun buiséad an Aontais a chur chun feidhme, lena n-áirítear fáil fineálacha;
- Sócmhainní a choimeádtar sa Chiste don Soláthar Coiteann le haghaidh ráthaíochtaí buiséadacha, agus in CEGC faoi leachtú;
- Ionstraimí airgeadais arna maoiniú ag buiséad an Aontais; agus
- Cláir ráthaíochtaí buiséadacha an Aontais.

Le tosú NGEU in 2021, cheap an Coimisiún Príomhoifigeach Riosca, bunaigh sé struchtúr rialachais iomchuí agus ghlac sé beartas riosca a chumhdaíonn gníomhaíochtaí NGEU.

#### 6.1. CINEÁLACHA RIOSCA

**Is é riosca margaidh** an riosca a luaineoidh luach cóir nó sreafaí airgid thirim sa todhchaí d'ionstraim airgeadais mar thoradh ar athruithe ar phraghsanna margaidh. Cuimsítear le riosca margaidh, an poitéinseal a bhaineann le caillteanas agus an poitéinseal a bhaineann le gnóthachain. Cuimsítear leis *riosca airgeadra*, *riosca an ráta úis* agus *praghasriosca eile* (amhail riosca cothromais):

- Is é *riosca airgeadra* an riosca go ndéanfaidh athruithe sna rátaí malairte difear d'oibríochtaí nó do luach infheistíochtaí an Aontais. Eascraíonn an riosca seo as an athrú i bpraghas airgeadra amháin i gcomparáid le hairgeadra eile;
- Is é *riosca an ráta úis* an fhéidearthacht go mbeadh laghdú ar luach urrúis, banna go háirithe, a tharlaíonn mar thoradh ar mhéadú ar rátaí úis. Go ginearálta, beidh praghsanna níos ísle de bhannaí rátaí seasta ann de bharr rátaí úis níos airde, agus *vice versa*; agus
- Is é *riosca praghas eile* an riosca go luaineoidh luach cóir nó sreafaí airgid thirim todhchaí ionstraim airgeadais de thoradh athruithe i bpraghsanna margaidh (seachas iad sin a eascraíonn as riosca ráta úis nó riosca airgeadra), cibé acu a tharlaíonn nó nach dtarlaíonn na hathruithe sin i ngeall ar fhachtóirí a bhaineann go sonrach leis an ionstraim airgeadais aonair nó lena eisitheoir, nó i ngeall ar fhachtóirí a dhéanann difear do na hionstraimí airgeadais comhchosúla uile a thrádáiltear sa mhargadh.

<sup>(33)</sup> Rialachán (AE) 2018/1718 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 maidir le láthair shuíomh na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí (OJ L 291, 16.11.2018, p. 3).



Is é **riosca creidmheasa** an riosca cailteanais de bharr neamh-íocaíocht féichiúnaí / iasachtaí i ndáil le hiasacht nó líne chreidmheasa eile (an bunairgead nó an t-ús nó an dá cheann acu) nó mainneachtain eile oibleagáid chonartha a chomhlíonadh. Áirítear leis na teagmhais mhainneachtana moill ar aisíocaíochtaí, athstruchtúru aisíocaíochtaí an iasachtaí agus féimheacht.

Is é **riosca leachtachta** an riosca go mbeidh deacracht ar eintiteas de chuid an Aontais oibleagáidí a bhaineann le dliteanais airgeadais a réitítear trí sholáthar airgid thirim nó sócmhainne airgeadais eile a chomhlíonadh.

## 6.2. BEARTAIS UM BAINISTÍOCHT RIOSCA

### Tomhas ionstraimí airgeadais

Ní dhéantar na haicmí a leanas de shócmhainní agus dliteanais airgeadais a thomhas ar luach cóir: airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, iasachtaí, earraí infhaighte malairte seachas earraí infhaighte conartha ráthaíochta airgeadais nuair a aicmítear é mar shócmhainní airgeadais ag FVSD, iasachtaíocht, conarthaí ráthaíochta airgeadais agus dliteanais airgeadais eile arna dtomhas ar an gcostas amúchta. Meastar gur neastachán réasúnach ar luach cóir na sócmhainní airgeadais agus na dliteanais airgeadais é a luach de réir na leabhar.

### Gníomhaíochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe le haghaidh cúnamh airgeadais

Déanann an tAontas gníomhaíochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe de réir na Rialachán faoi seach ón gComhairle, na gCinntí faoi seach ón gComhairle agus ó Pharlaimint na hEorpa agus, más infheidhme, treoirlínte inmheánacha faoi seach. Forbraíodh lámhleabhair i scríbhinn maidir le nósanna imeachta a chumhdaíonn réimsí sonracha amhail iasachtaíocht agus iasachtaí agus úsáideann na haonaid oibriúcháin ábhartha iad. Maoinítear oibríochtaí trína dtugtar iasachtaí seachas NGEU le hiasachtaíocht “droim le droim”, nach ngineann aon ráta oscailte úis ná suíomhanna airgeadra.

Ní leanann na hiasachtaí arna soláthar faoi NGEU cur chuige droim le droim mar a leantar le hionstraimí eile um chúnamh airgeadais. Ina ionad sin, forbraíodh straitéis cistiúcháin éagsúlaithe agus thiomsaithe do NGEU lena gceanglaítear réimse leathan ionstraimí cistiúcháin. Éilítear leis an straitéis éagsúlaithe thiomsaithe forbairt agus cur chun feidhme treoirlínte agus nósanna imeachta éifeachtúla um bainistíocht riosca le haghaidh ionstraim NGEU a théann i ngleic leis na rioscaí ábhartha ar bhonn laethúil.

### Státchiste

Leagtar síos na rialacha agus na prionsabail maidir le bainistíocht oibríochtaí státchiste an Choimisiúin i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle (arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2016/804 ón gComhairle <sup>(34)</sup>) agus sa Rialachán Airgeadais.

De thoradh na rialachán thuas, tá feidhm ag na príomhphrionsabail a leanas:

- Íocann Ballstáit acmhainní dílse le cuntais a osclaíodh chun na críche sin in ainm an Choimisiúin leis an státchiste nó an banc ceannais náisiúnta. Féadfaidh an Coimisiún tarraingt anuas ó na cuntais thuas chun a riachtanais airgid thirim a chumhdach amháin;
- Íocann na Ballstáit acmhainní dílse ina n-airgeadraí náisiúnta féin, agus ainmnítear íocaíochtaí an Choimisiúin in EUR den chuid is mó;
- Ní fhéadfar cuntais bhainc a osclaítear in ainm an Choimisiúin a rótharraingt. Níl feidhm ag an srian seo maidir le cuntais acmhainní dílse an Choimisiúin i gcás mainneachtain ar iasachtaí a tógadh nó a ráthaíodh de bhun rialacháin agus cinní Chomhairle an Aontais, agus faoi choinníollacha áirithe i gcás ina mbíonn riachtanais na n-acmhainní airgid thirim níos mó ná an t-airgead tirim atá sna cuntais sin; agus
- Úsáidtear cistí, a choimeádtar i gcuntais bhainc, agus a ainmnítear in airgeadra seachas EUR le haghaidh íocaíochtaí sna hairgeadraí céanna nó déantar iad a chomhshó go EUR go tráthrialta.

<sup>(34)</sup> IO L 132, 21.5.2016, lch. 85.

I dteannta na gcuntas acmhainní dílse, osclaíonn an Coimisiún cuntais bhainc eile le bainc cheannais agus bainc thráchtála chun íocaíochtaí a dhéanamh agus fáiltais a fháil seachas na ranníocaíochtaí a dhéanann na Ballstáit leis an mbuiséad.

Tá oibríochtaí státchiste agus íocaíochta uathoibrithe go mór agus bíonn siad ag brath ar chórais faisnéise nua-aimseartha. Cuirtear nósanna imeachta sonracha i bhfeidhm ar shlándáil córais ráthaíochta agus chun leithscaradh dualgas a áirithiú i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, le caighdeáin rialaithe inmheánaigh an Choimisiúin agus le prionsabail iniúchóireachta.

Rialaíonn tacar treoirlínte agus nósanna imeachta i scríbhinn bainistíocht oibríochtaí státchiste agus íocaíochtaí an Choimisiúin agus é mar chuspóir an riosca oibriúcháin agus airgeadais a theorannú agus leibhéal rialaithe leordhóthanach a áirithiú. Cumhdaítear réimsí éagsúla na hoibríochta leo (mar shampla: forfheidhmiú íocaíochta agus bainistíocht airgid thirim, réamhaisnéis sreafa airgid, leanúnachas gnó, etc.) agus déantar comhlíontacht leis na treoirlínte agus na nósanna imeachta a sheiceáil go tráthrialta.

## Fíneálacha

*Fíneálacha a íoctar go sealadach: taiscí*

Coinnítear méideanna a fuarthas roimh 2020 i gcuntais bhainc agus roghnaítear bainc go sonracha le haghaidh thaisceadh na fíneálacha a íocadh go sealadach. Roghnaítear na bainc i gcomhréir le nósanna imeachta tairisceana a shainítear leis an Rialachán Airgeadais. Cinntear láithriú cistí le bainc shonracha leis an mbeartas inmheánach um bainistíocht riosca a shainíonn na riachtanais rátála creidmheasa agus méid na gcistí arbh fhéidir a láithriú i gcomhréir le cothromas a chontrapháirtí. Aithnítear rioscaí airgeadais agus oibriúcháin, agus déantar meastóireacht orthu, agus seiceáiltear comhlíontacht le beartais agus nósanna imeachta inmheánacha go tráthrialta.

*Fíneálacha a íoctar go sealadach: Punann BUFI*

Déantar fíneálacha, a ghearrtar agus a íoctar go sealadach ó 2010 i leith, a infheistiú i bpunann a cruthaíodh go sonracha, BUFI. Is iad príomhchuspóirí na punainne laghdú na rioscaí a bhaineann le margáí airgeadais agus cóireáil chothrom gach eintitis trí fháltas ráthaithe a ríomhtar ar an mbonn céanna leis an méid ainmniúil d'fhíneálacha a chur i bhfeidhm. Déantar íostearainn de nialas a leagan síos le haghaidh fáltas ráthaithe a chuirtear i bhfeidhm maidir le heintitis ar gearradh fíneáil orthu roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin Airgeadais nua i Lúnasa 2018. Déanann an Coimisiún an bhainistíocht sócmhainní le haghaidh fíneálacha a íocadh go sealadach i gcomhréir le treoirlínte inmheánacha um bainistíocht sócmhainní. Forbraíodh lámhleabhair maidir le nósanna imeachta a chumhdaíonn réimsí sonracha amhail bainistíocht státchistí agus úsáideann na haonaid oibriúcháin ábhartha iad. Aithnítear rioscaí airgeadais agus oibriúcháin, agus déantar meastóireacht orthu, agus seiceáiltear comhlíontacht le treoirlínte agus nósanna imeachta inmheánacha go tráthrialta.

Is é is cuspóir do na gníomhaíochtaí bainistíochta sócmhainní na fíneálacha a íocadh go sealadach leis an gCoimisiún a infheistiú ar bhealach:

- chun a áirithiú go mbíonn fáil éasca ar na cistí, fad
- atá sé mar aidhm brabús atá i gcomhréir le brabús chostais dhiúltacha Thagarmharc BUFI a thabhaítear, faoi na gnáthdhálaí, a sheachadadh fad a choinnítear an méid ainmniúil le haghaidh na bhfíneálacha.

Teorannaítear infheistiúcháin do na catagóirí a leanas go bunúsach: taiscí téarma le bainc cheannais na mBallstát, gníomhaireachtaí fiachais náisiúnta, bainc atá faoi úinéireacht iomlán an Stáit nó bainc a ráthaíonn an Stát iad nó institiúidí fornáisiúnta, agus bannaí, billí agus deimhnithe de thaisce arna n-eisiúint ag institiúidí náisiúnta nó fornáisiúnta.

*Ráthaíochtaí airgeadais arna bhfáil*

Coimeádann an Coimisiún méideanna suntasacha de ráthaíochtaí arna n-eisiúint ag institiúidí airgeadais i ndáil le fíneálacha a ghearrann sé ar chuideachtaí a sháraíonn rialacha iomaíochais an Aontais – féach nóta **2.6.1.3**. Tugann cuideachtaí, a ngearrtar fíneálacha orthu, na ráthaíochtaí seo mar mhalairt ar íocaíochtaí sealadacha. Bainistítear na ráthaíochtaí i gcomhréir leis an mbeartas inmheánach um bainistíocht riosca. Aithnítear rioscaí airgeadais agus oibriúcháin, agus déantar meastóireacht orthu, agus seiceáiltear comhlíontacht le beartais agus nósanna imeachta inmheánacha go tráthrialta.

## Cláir ráthaíocht buiséadach an Aontais

Tá coimircí iomadúla cuimsithe ag an Rialachán Airgeadais, ina Theideal X, chun buiséad an Aontais a chosaint ar rioscaí airgeadais a cruthaíodh trí úsáid ráthaíochtaí buiséadacha. Is féidir iad a ghrúpáil ina gceithre phríomhchatagóir:



### 1. Bearta chun méid na ndliteanas teagmhasach a theorannú

I dtús báire, is riail é go gcuirtear uasteorainn ar mhéid ráthaíocht an Aontais ar bhealach a shainítear go soiléir. Deir an Rialachán Airgeadais nach féidir leis an dliteanas airgeadais agus na glaníocaíochtaí comhiomlána ón mbuiséad a bheith níos mó ná méid na ráthaíochta buiséadaí, arna údarú ag a mbunghníomh. Ní féidir dliteanas teagmhasach arna ghiniúint ag ráthaíocht bhuiséadach a bheith níos mó ná na sócmhainní airgeadais arna soláthar chun dliteanas airgeadais an Aontais a chumhdach ach amháin má dhéantar foráil dó seo sa bhunghníomh foluiteach agus faoi na coinníollacha sonracha a shocraíonn sé.

Ar an dara dul síos, cinntear próifíl riosca inmhianaithe na n-oibríochtaí/na dtáirgí airgeadais arna ráthú ag an Aontas, a mhéid is féidir, *ex-ante*, i.e. an tráth céanna le síniú na gcomhaontuithe ráthaíochta.

### 2. Bearta a bhaineann le roghnú na gcomhpháirtithe cur chun feidhme

Cuirtear cláir ráthaíochta buiséadaí chun feidhme le comhpháirtithe iontaofa a bhfuil measúnú colúin déanta orthu. Áirithítear leis seo iontaofacht, *inter alia*, chórais chuntasaíochta, airgeadais agus bainistíochta riosca na gcomhpháirtithe cur chun feidhme seo. Thairis sin, ní mór do na comhpháirtithe cur chun feidhme seo a n-acmhainní dílse a gheallúint agus leanann ailíniú leasanna leis an Aontas air sin.

### 3. Bearta chun acmhainn bhuiséadach *ex-ante* leordhóthanach a áirithiú chun glaonna ráthaíochta a iompar

Tacaíonn soláthair a choinnítear in CPF le cláir ráthaíochtaí buiséadaí. Socraítear an ráta soláthair, i mbunghníomh gach cláir, ag leibhéal faoi leith a cheadaíonn go mbeadh clársceidealú leithreasuithe buiséadacha ina soláthar a cheadódh iompar cailteanas gan suaithéadh buiséadach. Bíonn an soláthar leordhóthanach, dá bhrí sin, chun déileáil leis na cailteanais a mbíonn coinne leo agus, go pointe, leis na cailteanais nach mbíonn coinne leo, a bhaineann leis na ráthaíochtaí buiséadacha seo.

Mar thoradh air seo, áiritheoidh an Coimisiún (go bliantúil) go gcomhlíonann an méid soláthair leis an ráta soláthair a shainítear sa bhunghníomh agus go mbíonn sé i gcomhréir le prionsabail an Rialacháin Airgeadais agus leis an gclársceidealú airgeadais.

### 4. Bearta chun déileáil le cailteanais réadaithe atá níos mó ná an meastachán *ex-ante*

Tugtar isteach leis an Rialachán Airgeadais dhá thairseach luathrabhaidh (i.e. nuair a bhíonn 50 % agus 30 % de sprioc an tsoláthair ar fáil). Ligeann na tairseacha rabhaidh sin don Choimisiún a bheith ag súil le hídiú féideartha an tsoláthair roimh dheireadh na ráthaíochta buiséadaí agus ligeann siad don Choimisiúin meastóireacht a dhéanamh lena fháil amach arbh fhéidir leis soláthar breise a chur ar fáil, i gcás eisceachtúil.

Ina theannta sin, déantar athbhreithniú tráthrialta ar oiriúnacht an ráta soláthair (gach 3 bliana ar a laghad). Áirithítear leis an athbhreithniú seo leordhóthanacht an ráta soláthair in aghaidh phróifíl riosca iarbhír na ndliteanas gan íoc.

I gcás ina mbíonn gá le soláthar breise, tá dhá nós imeachta i bhfeidhm chun a áirithiú go bhfuil leachtacht leordhóthanach (aistrithe idir urranna CPF agus úsáid leachtacht láir an státchiste) agus spás buiséadach (gealltanais agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí) ar fáil.

Thairis sin, cuireadh Coiste Stiúrtha um Dhliteanais Theagmhasacha, a d'eascair as Ráthaíochtaí Buiséadacha, ar bun faoi údarás an Choimisinéara um Buiséad in 2020. Déanann sé idiragairt in ábhair a bhaineann le ráthaíochtaí buiséadacha agus cúnaimh airgeadais lena gcruthaítear dliteanais bhuiséadacha a ghabhann leis an mbuiséad arna ghiniúint ó chur chun feidhme Theideal x den Rialachán Airgeadais, lena n-áirítear na forálacha a leagtar síos sna Rialacha Inmheánacha maidir le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais. Áirítear leis sin an creat bainistíochta riosca, forálacha cothrománacha coiteanna ábhartha de na comhaontuithe caighdeánacha agus tuairisciú comhtháite chun ceanglais chorparáideacha a bhunú le haghaidh bhainistíochta inbhuanaithe na ndliteanas teagmhasach.

### Ciste don Soláthar Coiteann

Le Cinneadh C(2020)1896 ón gCoimisiún an 25 Márta 2020 maidir le treoirlínte bainistíochta sócmhainní don chiste don soláthar coiteann (AMG), tarmligeadh dualgais agus cúraimí bhainisteoir airgeadais CPF chuig Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid (AS an Bhuiséid). Coinnítear an ciste ar leithligh ó na punanna eile atá á mbainistiú ag AS an Bhuiséid. Ní ann don Chiste mar eintiteas dlítheanach ar leithligh.

Bainistítear CPF de réir na dtreoirlínte bainistíochta sócmhainní. Is é is cuspóir dó seo an leachtacht a theastaíonn chun gach eis-sreabhadh a éilítear a chomhlíonadh, a áirithiú, amhail glaonna ráthaíochta, ina n-iomláine agus go pras, agus chun an caipiteal a chaomhnú thar thréimhse infheistíochta ionchasach an chiste, le leibhéal ard muiníne.

Chun an cuspóir ginearálta a thuairiscítear thuas a bhaint amach, bainisteoidh bainisteoir CPF na sócmhainní i gcomhréir le rialacha stuamachta agus prionsabail na bainistíochta fóna airgeadais agus i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta a leagann oifigeach cuntasáíochta an Choimisiúin amach. Forbraíodh lámhleabhair i scríbhinn maidir le nósanna imeachta a chumhdaíonn réimsí sonracha amhail bainistíocht státchistí agus úsáideann na haonaid oibríochta ábhartha iad. Aithnítear rioscá airgeadais agus oibriúcháin, agus déantar meastóireacht orthu, agus seiceáiltear comhlíontacht le treoirlínte agus nósanna imeachta inmheánacha go tráthrialta.

Déanfar punann CPF a chomhdhéanamh chun a áirithiú go bhfuil leibhéal ard éagsúlachta i measc aicmí sócmhainní incháilithe, limistéir gheografacha, eisitheoirí agus aibíochtaí chun luaineachtaí i luachanna punainne a bhainistiú.

Sainítear leis na treoirlínte bainistíochta sócmhainní agus straitéisí riosca agus infheistíochta, teorainneacha agus srianta faoi leith chun an neamhchosaint ar riosca creidmheasa na punainne, atá teoranta don ghrád infheistíochta, a theorannú, ach amháin nochtadh Bhallstáit an Aontais.

Toisc gurb é Banque de France an contrapháirtí aonair le haghaidh gach réamhairgeadra gan íoc amhail an 31 Nollaig 2021, ní chuirtear aon fheabhsú creidmheasa, amhail comhthaobhacht, comhaontuithe glanluachála, nó ráthaíochtaí i bhfeidhm ón dáta seo ar aghaidh. Tá an neamhchosaint uasta ar riosca creidmheasa le haghaidh díorthaigh malairte eachtraí ag a bhfuil luach cóir dearfach ag deireadh na tréimhse tuairiscithe cothrom leis an luach de réir na leabhar ar an gclár comhardaithe.

### Clár ionstraimí airgeadais

Bhraith cur chun feidhme bhuiséad an Aontais ar úsáid na gclár ionstraimí airgeadais le blianta anuas. Chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis na méideanna lena mbaineann – féach nóta 2.4.2.

An rud atá i gcoiteann ag formhór na n-ionstraimí airgeadais is ea an fíoras go dtarmilgítear an cur chun feidhme chuig grúpa BEI (lena n-áirítear CEI) nó chuig institiúidí airgeadais eile bunaithe ar an gcomhaontú idir an gCoimisiún agus an institiúid airgeadais. Áirítear leis na comhaontuithe a shínítear leis na hinstiúidí airgeadais seo coinníollacha diana maidir leis na hidirghabhálaithe chun a áirithiú go mbainistítear airgead an Aontais go hiomchuí agus go ndéantar é a thuairisciú. Nuair a bheidh gealltanais tugtha do ranníocaíocht airgeadais le ceann de na hionstraimí, aistrítear na cistí chuig cuntas bainc a cruthaíodh go sonracha agus a d'oscail an institiúid airgeadais ina ainm ach thar ceann an Choimisiúin (i.e. cuntas muiníneach). Féadfaidh an institiúid airgeadais, ag brath ar an ionstraim i gceist, na cistí sa chuntas muiníneach seo a úsáid chun iasachtaí a chur ar fáil, ionstraimí fiachais a eisiúint, ionstraimí cothromais a infheistiú nó glaonna ráthaíochta a chumhdach. Ní mór fáiltais ó ionstraimí airgeadais a aisíoc le buiséad an Aontais mar rial ginearálta.

Tá an riosca maidir leis na hionstraimí airgeadais seo teoranta don uasteorainn mar a thugtar le fios sna comhaontuithe foluiteacha, arb é sin an méid tuartha a ndéantar buiséadú dó don ionstraim. Toisc go n-íompraíonn an Coimisiún “an chuid chéadchailteanais” go minic agus ós rud é go bhfuil sé beartaithe go maoineodh ionstraimí tairbhíthe a mbaineann riosca níos mó leo (tairbhíthe ag a bhfuil deacrachtaí chun cistiúchán a fháil ó iasachtóirí tráchtála), is dócha, dá bhrí sin, go mbeidh roinnt cailteanais ag buiséad an Aontais.

### 6.3. RIOSCA AIRGEADRA

#### Riosca airgeadra amhail an 31 Nollaig 2021

#### Neamhchosaint ionstraimí airgeadais an Aontais ar riosca airgeadais ag deireadh na bliana – suíomh glan

EUR milliún

|  | 31.12.2021 |     |     |     |      |     |           |
|--|------------|-----|-----|-----|------|-----|-----------|
|  | USD        | GBP | PLN | SEK | Eile | EUR | Foriomlán |
| <b>Sócmhainní airgeadais</b>                           |            |     |     |     |      |     |           |
| Sócmhainní airgeadais ag costas amúchta <sup>(1)</sup> | 63         | 18  | —   | —   | 7    | 88  | 176       |

EUR milliún

|   | 31.12.2021     |            |              |             |              |                |                |
|---|----------------|------------|--------------|-------------|--------------|----------------|----------------|
|   | USD            | GBP        | PLN          | SEK         | Eile         | EUR            | Foriomlán      |
| <i>Sócmhainní airgeadais ag FVSD:</i>             |                |            |              |             |              |                |                |
| <i>Neamhdhíorthaigh</i>                           | 934            | 51         | —            | 23          | 75           | 23 141         | 24 223         |
| <i>Díorthaigh</i>                                 | (646)          | —          | —            | —           | —            | 1 474          | 828            |
| <i>Earraí infhaighte <sup>(1)</sup></i>           | 109            | 98         | 108          | 4           | 88           | 7 372          | 7 780          |
| <i>Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim</i> | 85             | 24         | 1 014        | 591         | 1 692        | 41 455         | 44 860         |
|   | <b>545</b>     | <b>192</b> | <b>1 121</b> | <b>618</b>  | <b>1 862</b> | <b>73 529</b>  | <b>77 866</b>  |
| <b><i>Dliteanais airgeadais</i></b>               |                |            |              |             |              |                |                |
| <i>Dliteanas ráthaíochta airgeadais</i>           | (1 047)        | (0)        | (62)         | (19)        | (248)        | (6 418)        | (7 794)        |
| <i>Dliteanais airgeadais ag FVSD</i>              | (1)            | —          | —            | —           | (4)          | —              | (5)            |
|   | <b>(1 048)</b> | <b>(0)</b> | <b>(62)</b>  | <b>(19)</b> | <b>(251)</b> | <b>(6 418)</b> | <b>(7 798)</b> |
| <b>Foriomlán</b>                                  | <b>(503)</b>   | <b>192</b> | <b>1 059</b> | <b>599</b>  | <b>1 611</b> | <b>67 111</b>  | <b>70 068</b>  |

<sup>(1)</sup> Gan iasachtaí le haghaidh RRF (NGEU) agus cúnamh airgeadais san áireamh.<sup>(2)</sup> Gan muirir iarchurtha san áireamh.

Dá mbeadh neartú 10 % ar EUR in aghaidh airgeadraí eile, bheadh an tionchar a leanas aige sin:

EUR milliún

|                           | 2021 |      |      |      |
|---------------------------|------|------|------|------|
|                           | USD  | GBP  | PLN  | SEK  |
| <i>Toradh eacnamaíoch</i> | 46   | (17) | (96) | (54) |

Dá mbeadh lagú 10 % ar EUR in aghaidh na n-airgeadraí seo, bheadh an tionchar a leanas aige sin:

EUR milliún

|                           | 2021 |     |     |     |
|---------------------------|------|-----|-----|-----|
|                           | USD  | GBP | PLN | SEK |
| <i>Toradh eacnamaíoch</i> | (56) | 21  | 118 | 67  |

**Gníomhaíochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe le haghaidh NGEU agus cúnamh airgeadais**

Tá sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais in EUR amháin faoi láthair agus, dá bhrí sin, ní aon riosca airgeadra eachtraigh ag an Aontas.

## Státchiste

Coinnítear acmhainní dílse arna n-íoc ag Ballstáit in airgeadraí seachas EUR sna cuntais acmhainní dílse i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle (arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2016/804 ón gComhairle). Aistrítear iad go EUR nuair a éilítear le haghaidh íocaíochtaí iad. Leagtar síos na nósanna imeachta a chuirtear i bhfeidhm le haghaidh bhainistíocht na gcistí seo leis an rialachán a luaitear thuas. I líon teoranta cásanna, úsáidtear na cistí seo go díreach le haghaidh íocaíochtaí atá le déanamh sna hairgeadraí céanna.

Coimeádann an Coimisiún roinnt cuntas in airgeadraí an Aontais seachas EUR, lena n-áirítear USD, GBP agus CHF, le bainc thráchtála chun na críche íocaíochtaí a fhorfheidhmiú a ainmnítear sna hairgeadraí céanna sin. Athshlánaítear na cuntais seo ag brath ar líon na n-íocaíochtaí atá le déanamh, agus mar iarmhairt air sin, ní léiríonn a n-iarmhéideanna neamhchosaint ar riosca airgeadra.

Nuair a fhaightear admhálacha ilchineálacha (admhálacha seachas acmhainní dílse) in airgeadraí seachas EUR, aistrítear iad chuig cuntais an Choimisiúin a choimeádtar sna hairgeadraí céanna, má éilítear iad chun forfheidhmiú íocaíochtaí a chumhdach, nó comhshóitear go EUR iad agus aistrítear go cuntais a choimeádtar in EUR iad. Athshlánaítear cuntais óincheiste a choimeádtar in airgeadraí seachas EUR ag brath ar na riachtanais áitiúla ghearrthéarmacha measta sna hairgeadraí céanna. Coinnítear iarmhéideanna na gcuntas seo laistigh dá n-uasteorainneacha faoi seach.

## Fíneálacha

Gearrtar gach fíneáil, agus íoctar nó cumhdaítear go sealadach iad, in EUR agus dá bhrí sin ní haon neamhchosaint ar riosca airgeadra iad nuair a choimeádtar iad i gCiste BUFI.

## Ráthaíochtaí buiséadacha

Ní chuirtear síneadh le ráthaíochtaí buiséadacha mar riail agus bíonn caidhp uasta a shainítear in EUR acu. Mar sin féin, d'fhéadfaí roinnt oibríochtaí foluiteacha a ainmniú in airgeadraí eile (USD nó airgeadraí áitiúla eile).

Tá riosca airgeadra mar chuid den bhreithniú a dhéantar nuair a chinntear na riachtanais soláthair.

## Ciste don Soláthar Coiteann

Feidhmíonn CPF in EUR agus USD faoi láthair. Bainistítear riosca airgeadra le déanamh conarthaí díorthacha (réamhchonarthaí malairte eachtraí) a fhálaíonn luach margaidh na bpunann infheistíochtaí USD. Tá an teorainn le haghaidh na neamhchosanta uasta neamhfháilithe malairte seachtraí socraithe ag 1 % de luach iomlán na punainne laistigh den tagarmharc agus leithdháilte straitéise bliantúla. Dá bhrí sin, spreagfadh gluaiseachtaí suas nó síos i luach margaidh infheistíochtaí USD os cionn na teorainn 1 %, nó faoina bun, trádáil athchothromúcháin (réamhchonradh nua ag a bhfuil an treo céanna nó treo mhalartach), lena gcoigeartofaí nó lena malartófaí an suíomh fáilithe dá réir.

Déantar na hiasachtaí a sheachaítear ar an Aontas mar thoradh ar ghlaonna ar an gciste tar éis mainneachtain íocaíochta tairbhí iasachta – féach nóta **2.4.1.2** – ina n-airgeadra bunaidh agus, dá bhrí sin, déantar an tAontas a neamhchosaint ar riosca airgeadra. Maidir leis na hiasachtaí seachaithe, níl aon ghníomhaíocht ann chun athruithe san airgeadra eachtrach a chúiteamh (gníomhaíochtaí “fálaithe”) de bharr éiginnteachta maidir le hionú aisíocaíocht na n-iasachtaí.

## Riosca airgeadra amhail an 31 Nollaig 2020

Neamhchosaint ionstraimí airgeadais an Aontais ar riosca airgeadais ag deireadh na bliana – suíomh glan

EUR milliún

|  | 31.12.2020 |     |     |     |        |      |           |
|--|------------|-----|-----|-----|--------|------|-----------|
|  | USD        | GBP | DKK | SEK | EUR    | Eile | Foriomlán |
| <b>Sócmhainní airgeadais</b>                 |            |     |     |     |        |      |           |
| <i>Sócmhainní airgeadais ar fáil le díol</i> | 593        | 42  | 15  | 14  | 18 904 | 20   | 19 587    |

EUR milliún

|  | 31.12.2020 |              |             |            |                 |              |                 |
|--|------------|--------------|-------------|------------|-----------------|--------------|-----------------|
|  | USD        | GBP          | DKK         | SEK        | EUR             | Eile         | Foriomlán       |
| <i>Sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh</i> | (417)      | —            | —           | —          | 616             | —            | 199             |
| <i>Iasachtaí <sup>(1)</sup></i>                                      | 21         | 40           | —           | —          | 46              | 9            | 116             |
| <i>Earraí infhaighte agus méideanna in-aisghabhála</i>               | 22         | 1 208        | 116         | 176        | 72 233          | 738          | 74 493          |
| <i>Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim</i>                    | 115        | 64           | 178         | 367        | 14 429          | 1 589        | 16 742          |
|  | <b>334</b> | <b>1 353</b> | <b>310</b>  | <b>557</b> | <b>106 228</b>  | <b>2 356</b> | <b>111 137</b>  |
| <b>Dliteanais airgeadais</b>   |            |              |             |            |                 |              |                 |
| <i>Dliteanais airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh</i> | —          | —            | —           | —          | (1)             | (4)          | (4)             |
| <i>Suimeanna iníoctha</i>  | (3)        | (0)          | (19)        | (1)        | (32 366)        | (19)         | (32 408)        |
|  | <b>(3)</b> | <b>(0)</b>   | <b>(19)</b> | <b>(1)</b> | <b>(32 367)</b> | <b>(22)</b>  | <b>(32 412)</b> |
| <b>Foriomlán</b>   | <b>331</b> | <b>1 353</b> | <b>291</b>  | <b>556</b> | <b>73 861</b>   | <b>2 333</b> | <b>78 725</b>   |

<sup>(1)</sup> Gan iasachtaí droim le droim le haghaidh cúnaimh airgeadais san áireamh.

Dá mbeadh neartú 10 % ar EUR in aghaidh airgeadraí eile, bheadh an tionchar a leanas aige sin:

EUR milliún

|                           | 2020 |       |      |      |
|---------------------------|------|-------|------|------|
|                           | USD  | GBP   | DKK  | SEK  |
| <i>Toradh eacnamaíoch</i> | (13) | (119) | (27) | (49) |
| <i>Glansócmhainní</i>     | (17) | (4)   | (1)  | (1)  |

Dá mbeadh lagú 10 % ar EUR in aghaidh na n-airgeadraí seo, bheadh an tionchar a leanas aige sin:

EUR milliún

|                           | 2020 |     |     |     |
|---------------------------|------|-----|-----|-----|
|                           | USD  | GBP | DKK | SEK |
| <i>Toradh eacnamaíoch</i> | 16   | 146 | 33  | 60  |
| <i>Glansócmhainní</i>     | 21   | 5   | 2   | 2   |

#### 6.4. PRIACAL AN RÁTA ÚIS

Léirítear sa tábla a leanas íogaireacht ráta úis urrúis fiachais nuair a thiomhdítear athrú féideartha ar rátaí úis de +/- 100 bonnphointe (1 %).

EUR milliún

|  | Méadú (+) / laghdú (-) ar bhonnphointí | Toradh eacnamaíoch |
|--|--|--------------------|
| 2021: Sócmhainní airgeadais ag FVSD:         | +100                                   | (622)              |
|  | -100                                   | 660                |
| 2020: Sócmhainní airgeadais ar fáil le dtíol | +100                                   | (479)              |
|  | -100                                   | 513                |

Méadaíonn íogaireacht i ndáil le hathruithe ar rátaí úis punann faoi leith d'ionstraimí margaidh airgid agus bannaí lena bhfad. Tugtar tuairisc thíos ar fhad na bpríomhphunann sócmhainní arna mbainistiú ag an gCoimisiún.

### Gníomhaíochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe le haghaidh NGEU agus cúnamh airgeadais

De bharr chineál a ghníomhaíochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe, tá sócmhainní agus dliteanais shuntasacha ag a bhfuil ús ag an Aontas. Maidir leis na hionstraimí cúnamh airgeadais seachas NGEU, áfach, níl aon riosca ráta úis ann toisc go bhfritháirítear an iasachtaíocht le hiasachtaí coibhéiseacha ar na téarmaí agus coinníollacha céanna (droim le droim).

Ní chuirtear i bhfeidhm le hionstraim NGEU cur chuige docht “droim le droim” agus, dá bhrí sin, ní mór riosca ráta úis a chumhdach le cur chun feidhme nósanna imeachta agus sásraí a mhaolaíonn an riosca ráta úis. Is é an prionsabal foluiteach taobh thiar de straitéis éagsúlaithe cistiúcháin NGEU costas an chistiúcháin agus gach costas eile a bhaineann le NGEU a leithdháileadh ar thairbhíthe (i gcás iasachtaí) agus ar bhuiséad an Aontais (i gcás tacaíocht neamh-inaisíochta) ar bhealach trédhearcach. Treoraítear clár NGEU leis na prionsabail d'aisghabháil an chostais iomláin agus oibriúcháin neamhbhrabúsach. Dá bhrí sin, cuireann an tAontas an cistiú a fhaigheann sé sa mhargadh ar aghaidh ar an mbealach is éifeachtaí ó thaobh costais de agus is cothroime bunaithe ar ríomhanna an úis laethúil. Áirithítear leis sin go n-íocann na Ballstáit gach costas a bhaineann leis an iasacht arna thabhuú ag an Aontas.

Coinníonn NGEU airgead tirim chun maolán sábháilteachta sainithe a choinneáil ar bun mar chuid de straitéis éagsúlaithe cistiúcháin fad a sheachnaítear aon iarmhéideanna iomarcacha. Coinnítear airgead tirim NGEU ag an mBanc Ceannais Eorpach. Bunaithe ar chomhaontú frithpháirteach, tá an t-iarmhéid airgid thirim gan íoc os cionn EUR 20 billiún faoi réir ús diúltach ag ráta saoráide taise an Bhainc Ceannais Eorpaigh, a bhí ag - 0,5 % in 2021. Coinnítear airgead tirim NGEU ag an mBanc Ceannais Eorpach.

### Státchiste

Cé is moite den iasachtaíocht a bhaineann le clár NGEU, ní fhaigheann an Coimisiún airgead ar iasacht chun a chaiteachas oibriúcháin a chistiú. Lasmuigh den neamhchosaint ar ráta úis le NGEU, ríomhtar ús ar iarmhéideanna a choimeádtar ar na cuntais bhainc dhifriúla. Chuir an Coimisiún bearta i bhfeidhm, dá bhrí sin, chun a áirithiú go léiríonn ús a thuilltear (dearfach nó diúltach) ar a chuntais bhainc go tráthrialta na rátaí úis sa mhargadh chomh maith leis an luaineacht a d'fhéadfadh tarlú leo.

Tá cuntais a osclaítear le státchistí Ballstát chun acmhainní dílse a fháil neamhúsmahar agus saor in aisce. Féadfar íocaíocht a fháil i leith cuntais leis na bainc cheannais náisiúnta (acmhainní dílse agus eile) ar na rátaí oifigiúla a chuireann gach institiúid i bhfeidhm. Mar gheall ar an timpeallacht reatha i ndáil le hús diúltach, d'fhéadfadh roinnt de na híocaíochtaí a chuirtear i bhfeidhm maidir leis na cuntais seo a bheith diúltach faoi láthair. Tá nósanna imeachta bainistíochta airgid thirim i bhfeidhm chun na hiarmhéideanna atá á gcoinneáil ar na cuntais seo agus urramaítear na huasteorainneacha iomchuí de réir choinníollacha na mbanc. Tá cuntais acmhainní dílse cosanta ar aon tionchar ó ús diúltach i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle (arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2016/804 ón gComhairle).

Tuilleann iarmhéideanna thar oíche arna sealbhú i gcuntais i mbainc thráchtála ús ar bhonn laethúil. Tá sé seo bunaithe ar rátaí margaidh athraithe a gcuirtear corrlach conarthach (deimhneach nó diúltach) i bhfeidhm ina leith. Cuirtear íosteorainn de nialas i bhfeidhm go ginearálta maidir le rátaí a chuireann bainc thráchtála i bhfeidhm i ndáil le hiarmhéideanna oibriúcháin suas le huasteorainn shonraithe.

### Fíneálacha

Déantar na fíneálacha a íoctar go sealadach a infheistiú i bpunann d'ionstraimí margaidh airgid agus bannaí fadtéarmacha ag a bhfuil meánfhad punainne de 1,75 bliain.

### Ciste don Soláthar Coiteann

Déantar na cistí in CPF a infheistiú i bpunann d'ionstraimí margaidh airgid agus bannaí fadtéarmacha ag a bhfuil meánfhad iomlán punainne de 3,10 bliain.

**CEGC faoi leachtú**

Déantar méideanna CEGC faoi leachtú a infheistiú i bpunann d'ionstraimí margaidh airgid agus bannaí fadtéarmacha ag a bhfuil meánfhad punainne de 3,24 bliain.

**6.5. PRIACAL CREIDMHEASA****Riosca creidmheasa amhail an 31 Nollaig 2021****Uas-neamhchosaint ar riosca creidmheasa**

|   | EUR milliún    |
|---|----------------|
|   | 31.12.2021     |
| <b>Sócmhainní airgeadais</b>  |                |
| <i>Iasachtaí</i>  | 163 568        |
| <i>Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim</i>                         | 44 860         |
| <i>Earraí infhaighte arna dtrádáil ar an stocmhalartán <sup>(1)</sup></i> | 7 780          |
| <i>Sócmhainní airgeadais ag FVSD – urrúis fiachais</i>                    | 19 326         |
| <i>Sócmhainní airgeadais ag FVSD – díorthaigh</i>                         | 828            |
| <b>Ráthaíochtaí arna dtabhairt</b>  |                |
| <i>Conarthaí ráthaíochta airgeadais</i>                                   | 55 267         |
| <b>Iomlán an 31.12.2021</b>   | <b>291 628</b> |

<sup>(1)</sup> gan muirir iarchurtha san áireamh

**Iasachtaí: cáilíocht creidmheasa**

|  | EUR milliún    |              |           |           |                |
|--|----------------|--------------|-----------|-----------|----------------|
|  | 31.12.2021     |              |           |           |                |
|  | Céim 1         | Céim 2       | Céim 3    | POCI      | Foriomlán      |
| <b>Gníomhaireacht rátála</b>                                   |                |              |           |           |                |
| <i>Grád prímhe agus ardghrád</i>                               | 10 379         | —            | —         | —         | 10 379         |
| <i>Meánghrád uasta</i>   | 58 991         | —            | —         | —         | 58 991         |
| <i>Meánghrád íseal</i>   | 79 672         | —            | —         | —         | 79 672         |
| <i>Grád neamhinfeistíochta (lena n-áirítear mainneachtain)</i> | 8 819          | 5 965        | 29        | 48        | 14 860         |
| <b>Oll-luach de réir na leabhar</b>                            | <b>157 861</b> | <b>5 965</b> | <b>29</b> | <b>48</b> | <b>163 903</b> |
| <i>Lúide liúntas caillteanais</i>                              | (10)           | (299)        | (26)      | —         | (336)          |
| <b>Suim ghlanluacha</b>  | <b>157 851</b> | <b>5 665</b> | <b>3</b>  | <b>48</b> | <b>163 568</b> |

Tá na ceithre chatagóir riosca a luaitear thuas bunaithe i bprionsabal ar chatagóirí rátála gníomhaireachtaí rátála seachtracha agus freagraíonn siad don mhéid a leanas:

- Príomhghrád agus ardghrád: Moody's P-1, Aaa – Aa3; S&P A-1+, A-1, AAA – AA -; Fitch F1+, F1, AAA – AA- agus a choibhéis
- Meánghrád uasta: Moody's P-2, A1 – A3; S&P A-2, A+ – A-; Fitch F2, A+ – A- agus a choibhéis
- Meánghrád íseal: Moody's P-3, Baa1 – Baa3, S&P A-3, BBB+ – BBB-; Fitch F3, BBB+ – BBB- agus a choibhéis
- Grád neamhinfeistíochta: Moody's neamh-phríomhghrád, Ba1 – C; S&P B, C, D, BB+ – D; Fitch B, C, D, BB+ – D agus a choibhéis
- Úsáideann an tAontas catagóirí na ngníomhaireachtaí rátála seachtracha seo mar phointe tagartha i ndáil le hionstraimí airgeadais agus bainc thráchtála, ach féadfaidh sé, tar éis dó a anailís féin a dhéanamh ar chásanna faoi leith, méideanna a choimeád i gceann de na catagóirí riosca thuas cé go bhféadfaí go mbeadh an contrapháirtí comhfhreagrach íosghrádaithe ag ceann amháin nó níos mó de na gníomhaireachtaí rátála a luaitear thuas.

Baineann na méideanna a thaispeántar thuas faoi iasachtaí a aicmítear sa ghrád neamhinfeistíochta le hiasachtaí um chúnamh airgeadais arna n-eisíoc ag an gCoimisiún le tíortha comhpháirtíochta atá i gcruachás airgeadais. Tá gach iasacht le Ballstáit i gCéim 1. Is iad iasachtaí POCI na hiasachtaí seachaithe ó chláir CEIS agus ELM.

### Gníomhaíochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe le haghaidh NGEU agus cúnaimh airgeadais

Bainistítear neamhchosaint ar riosca creidmheasa trí bhíthin ráthaíochtaí stáit a fháil i gcás Euratom (féach nóta 2.4.1.1).

Mar thaca ag iasachtaí arna soláthar do na Ballstáit faoin ionstraim SURE tá córas ráthaíochtaí saorálacha ó Bhallstáit arb ionann iad agus 25 % den uasteorainn atá ar fáil le haghaidh an chúnamh airgeadais lena mbaineann.

I gcás mhainneachtain na bhféichiúnaithe, agus chun aon fhiachas lena mbaineann atá dlite a sheirbhísiú, féadfaidh an Coimisiún tarraingt ar na sócmhainní a choimeádtar in CPF (iasachtaí le tríú tíortha i gcás MFA agus Euratom) agus glaoch ar Bhallstáit, fad a urramaítear a n-uasteorainneacha féin maidir le hacmhainní dílse (féach nóta 6.6).

### Iasachtaí: Gluaiseacht sa liúntas cailleanais lagaithe

|  | <i>EUR milliún</i> |            |           |          |            |
|--|--------------------|------------|-----------|----------|------------|
|  | Céim 1             | Céim 2     | Céim 3    | POCI     | Foriomlán  |
| <b>Liúntas cailleanais an 1.1.2021</b>   | 49                 | 6          | 19        | —        | 73         |
| Aistriú chuig Céim 1                     | 0                  | —          | —         | —        | 0          |
| Aistriú chuig Céim 2                     | (41)               | 41         | —         | —        | —          |
| Aistriú chuig Céim 3                     | (0)                | (1)        | 1         | —        | (0)        |
| Iasachtaí nua                            | 4                  | 69         | 0         | —        | 73         |
| Dí-aithint – aisíocaíochtaí              | (0)                | (0)        | (0)       | —        | (0)        |
| Dí-aithint – díscríobh                   | —                  | —          | —         | —        | —          |
| Atomhas an liúntais cailleanais          | (1)                | 185        | 6         | —        | 189        |
| Eile                                     | (0)                | —          | 0         | —        | (0)        |
| <b>Liúntas cailleanais an 31.12.2021</b> | <b>10</b>          | <b>299</b> | <b>26</b> | <b>—</b> | <b>336</b> |

### Iasachtaí: Measúnú céimnithe

Mar a thagraítear dó sna beartais chuntasaíochta shuntasacha, braitheann an liúntas cailleanais le haghaidh na sócmhainní airgeadais ar an gcostas amúchta seachas earraí infhaighte ar an gcéim lena n-aicmítear sócmhainn airgeadais.



Braitheann an leithdháileadh ar chéimeanna ar rátáil chreidmheasa an chontrapháirtí. Braitheann an tsamhail chéimnithe ar mheasúnú ábhartha ar riosca creidmheasa, eadhon, féadfaidh iasachtaí éagsúla a bheith ag an Aontas leis an gcontrapháirtí céanna i gcéimeanna éagsúla, ag brath ar riosca creidmheasa an chontrapháirtí ag an túsphointe. Agus a stádas uathúil institiúideach aige, tugann an tAontas airgead ar iasacht dá Bhallstáit nó do thíortha ceannasacha atá i gcruachás. Dá thoradh sin, cuireann an tAontas measúnú cáilíochtúil ar an riosca creidmheasa i bhfeidhm bunaithe ar fhaireachán chás eacnamaíoch na n-iasachtaí i gcruachás.

#### *Céim 1 – gan méadú suntasach ar riosca creidmheasa*

Maidir le hiasachtaí le contrapháirtithe ag a bhfuil rátálacha creidmheasa sa ghrád infheistíochta (i.e. idir AAA (Aaa) agus BBB- (Baa3) ar scála rátála S&P/Fitch (Moody's) nó a choibhéis seachtrach nó rátáil inmheánach) ar an dáta maidir le tuairisciú, meastar gur iasachtaí iad seo a mbaineann riosca creidmheasa íseal leo agus, dá bharr sin, coimeádtar iad i gcéim 1, ach amháin má bhíonn siad dlite os cionn 30 lá (féach Céim 2). Anuas air sin, aicmítear aon iasacht, nár tharla méadú suntasach ar riosca creidmheasa ina leith, mar a shainmhínítear thíos, ar Chéim 1. Maidir leis na sócmhainní airgeadais i gcéim 1, tomhaistear an liúntas cailteanais ag leibhéal na gcaillteanas creidmheasa ionchasach 12 mhí ("ECL").

#### *Céim 2 – Méadú suntasach ar an rátáil chreidmheasa*

Chun a chinneadh an raibh méadú suntasach ar an riosca creidmheasa ón túsphointe, agus chun a chinneadh an mbíonn feidhm maidir le haistriú chuig Céim 2, cuireann an tAontas comhdhéanamh de mheasúnuithe cainníochtúla agus cáilíochtúla i bhfeidhm.

Aistrítear gach iasacht dá mbíonn íocaíochtaí conarthacha dlite os cionn idir 31 agus 90 lá go Céim 2.

Maidir le contrapháirtithe ag a bhfuil rátálacha creidmheasa idir AAA (Aaa) agus BB- (Ba3) ar an dáta aitheanta tosaigh: Mura bhfuil feidhm ag cás an riosca íseal (thuas i gCéim 1), meastar go bhfuil an meathlúchán suntasach má bhíonn an difríocht idir an rátáil ag an túsphointe agus ar an dáta maidir le tuairisciú cothrom le 3 scór nó os a chionn sin.

Maidir le contrapháirtithe ag a bhfuil rátálacha creidmheasa de B+ (B1) nó B (B2) ar an dáta aitheanta tosaigh: Meastar go bhfuil an meathlú suntasach má bhíonn an difríocht idir an rátáil tosaigh agus an rátáil reatha cothrom le 2 scór nó os a chionn sin.

Maidir le contrapháirtithe ag a bhfuil rátálacha creidmheasa de B- (B3) nó níos ísle (i raon CCC/Caa): Meastar go bhfuil an meathlú suntasach má bhíonn an difríocht idir an rátáil tosaigh agus an rátáil reatha ar an dáta maidir le tuairisciú cothrom le 1 scór nó os a chionn sin.

Maidir le hiasachtaí a tionscnaíodh roimh an aistriú chuig EAR 11 athbhreithnithe (i.e. 1 Eanáir 2021), nach bhfuil aon fhaisnéis maidir le riosca creidmheasa tráth na haitheanta tosaigh ar fáil gan costas ná iarracht mhíchuí, aicmítear iad ar chéim 2.

Maidir le hiasachtaí i gCéim 2, tomhaistear an liúntas cailteanais ag leibhéal na gcaillteanas creidmheasa ionchasach saolré.

#### *Céim 3 – Iasachtaí a bhfuil fadhbanna creidmheasa acu*

Aicmítear iasachtaí i gCéim 3 nuair a bhíonn siad os cionn 90 lá dlite thar téarma nó nuair is amhlaidh gur tharla teagmhas amháin nó níos mó ag a raibh tionchar díobhálach ar shreafaí airgid thirim measta na todhchaí de chuid na sócmhainne airgeadais sin tar éis thúsphointe an iasachta. Mar shampla, aicmítear iasacht ar Chéim 3, má bhíonn na nithe a leanas fíor:

- Éiríonn sé dóchúil go rachaidh t-iasachtaí faoi fhéimheacht nó faoi atheagrú airgeadais eile;
- Tá aicme rátála de D, arna foilsiú ag gníomhaireacht rátála sheachtrach, ag an iasachtaí; agus
- Tá an t-iasachtaí ar mainneachtain faoi aon oibleagáid airgeadais don Aontas, nó i gcás iasachtaí le haghaidh cúnaimh airgeadais, má bhíonn an t-iasachtaí ar mainneachtain aon eagraíocht idirnáisiúnta eile a mhaoiníonn an clár.

Maidir le hiasachtaí i gCéim 3, tomhaistear an liúntas cailteanais ag leibhéal na gcaillteanas creidmheasa ionchasach saolré.

*Arna cheannach agus arna thionscnamh agus fadhbanna le creidmheas ann (“POCI”)*

Tá iasachtaí “arna gceannach agus arna dtionscnamh agus fadhbanna le creidmheas iontu” (“POCI”) i seilbh an Aontais. Is iasachtaí ráthaithe ar mainneachtain iad seo ar íoc an tAontas glao ráthaíochta leis an gcomhpháirtí cur chun feidhme orthu. Maidir leis na hiasachtaí seo, tá gach ceart seachaithe don Aontas. Aithníonn an tAontas iad ar a chlár comhardaithe ag luach cóir tráth na haitheanta tosaigh. Aicmíonn an tAontas iad mar iasachtaí POCI agus ríomhann sé liúntas lagaithe bunaithe ar shaolré ECL. Faoi na comhaontuithe ábhartha idir an tAontas agus na comhpháirtithe cur chun feidhme, déantar imeachtaí aisghabhála thar ceann an Aontais agus é mar aidhm aige aon mhéid atá dlite a aisghabháil.

**Iasachtaí: Tomhas ECL**

Is é tomhas ECL meastachán, arna ualú de réir dóchúlachta, ar an difríocht idir sreafaí airgid thirim conarthacha agus na sreafaí airgid thirim a bhfuil coinne leo. Úsáideann an tAontas na paraiméadair a leanas i ndáil le riosca creidmheasa don mheastachán seo:

- Dóchúlacht mainneachtana (“PD”);
- Caillteanas i gcás mainneachtana (“LGD”); agus
- Neamhchosaint ar mhainneachtain (“EAD”).

Is céatadán é PD agus léiríonn sé an dóchúlacht go mainneodh contrapháirtí ar a oibleagáid airgeadais, sna chéad 12 mhí eile (a úsáidtear le haghaidh “ECL 12 mhí”), nó thar shaolré na hoibleagáide atá fágtha (a úsáidtear le haghaidh “ECL saolré”).

Is céatadán é LGD a thaispeánann an t-easnamh airgid thirim a bhfuil coinne leis *i.e.* an chuid den neamhchosaint a bhfuil coinne lena cailleadh tar éis mainneachtana, nuair a chuirtear aisghabhálacha agus comhthaobhachtaí san áireamh. Chun LGD ar neamhchosaintí ceannasacha a mheas, cuireann an tAontas a rogha stádais creidiúnaí *de facto* san áireamh.

Is é EAD an neamhchosaint (méid) gan íoc tráth na mainneachtana.

Déantar na sreafaí airgid thirim measta thar shaolré ionchasach na sócmhainne airgeadais a lascainiú ar an ráta úis éifeachtach.

Measann an tAontas faisnéis réamhbhreathnaitheach réasúnach a bhfuil údar leis, atá ar fáil gan chostas ná iarracht mhíchuí, agus coigeartaíonn sé paraiméadair na samhla nuair is gá.

**Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim: cáilíocht creidmheasa**

|                                     | <i>EUR milliún</i> |
|-------------------------------------|--------------------|
|                                     | 31.12.2021         |
| <b>Gníomhaireacht rátála</b>        |                    |
| <i>Grád préimhe agus ardghrád</i>   | 40 716             |
| <i>Meánghrád uasta</i>              | 3 650              |
| <i>Meánghrád íseal</i>              | 306                |
| <i>Grád neamhinfheistíochta</i>     | 189                |
| <b>Oll-luach de réir na leabhar</b> | <b>44 860</b>      |
| <i>Lúide liúntas cailleanais</i>    | —                  |
| <b>Suim ghlanluacha</b>             | <b>44 860</b>      |

**Státchiste**

Baineann na méideanna airgid thirim agus coibhéisí airgid thirim sa tábla thuas go príomha leis an airgead tirim a bhainistíonn státchiste an Choimisiúin. Coimeádtar formhór acmhainní státchiste an Choimisiúin i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle (arna leasú le Rialachán 804/2016 ón gComhairle) ar acmhainní dílse, sna cuntais arna n-oscailt ag Ballstáit le haghaidh íoc a ranníocaíochtaí acmhainní dílse (OIN, CBL agus ADT go príomha). Coimeádtar gach cuntas den sórt sin le státchistí nó bainc cheannais náisiúnta Ballstát. Tá an riosca creidmheasa (nó contrapháirtí) is ísle don Choimisiún ag gabháil leis na hinstiúidí seo toisc gur leis na Ballstáit a bhíonn an

neamhchosaint. Maidir le cuid acmhainní státchiste an Choimisiúin a choimeádtar le bainc thráchtála, chun forfheidhmiú íocaíochtaí a chumhdach, déantar na cuntais seo a athshlánú ar bhonn díreach in am agus bainistíonn córas bainistíochta airgid thirim an státchiste go huathoibríoch é. Maidir le leibhéal íosta airgid thirim, a chuireann san áireamh an meánmhéid íocaíochtaí laethúla a fhorfheidhmítear uaidh, coinnítear ar gach cuntas iad. Mar thoradh air sin, bíonn an méid iomlán a choinnítear thar oíche ar na cuntais seo ag leibhéal ísle i gcónaí (níos lú ná EUR 54 milliún ar an meán, ar an iomlán, thar 25 chuntas) agus, dá bhrí sin, áirithítear go bhfuil teorainn le neamhchosaint an Choimisiúin ar riosca. Ba cheart na méideanna seo a mheas i ndáil leis na hiarmhéideanna laethúla foriomlána ciste a luainigh in 2021 idir EUR 1 billiún agus EUR 38 mbilliún, agus an méid foriomlán íocaíochtaí arna ndéanamh ó chuntais bhainc an Choimisiúin in 2021 a bhí níos mó ná EUR 170 billiún.

Ina theannta sin, cuirtear treoirilínte sonracha i bhfeidhm maidir le roghnú na mbanc tráchtála chun an riosca contrapháirtí a íoslaghdú tuilleadh, riosca ar a bhfuil an Coimisiún neamhchosanta:

- Déantar gach banc tráchtála a roghnú le glao ar thairiscintí. Is é an rátáil chreidmheasa fhadtéarmach íosta a éilítear le haghaidh iontráil chuig na nósanna imeachta tairisceana S&P A- nó a choibhéis. Féadfar glacadh le leibhéal níos ísle i gcásanna sonracha a bhfuil údar cuí leo;
- Déantar faireachán ar rátálacha creidmheasa na mbanc tráchtála ina bhfuil cuntais ag an gCoimisiún ar bhonn tráthrialta; agus
- I dtoscaireachtaí lasmuigh den Aontas, coimeádtar cuntais óinchiste le bainc áitiúla a roghnaítear le nós imeachta tairisceana simplithe. Braitheann ceanglais rátála ar an gcás áitiúil agus féadfaidh siad a bheith an-éagsúil ag brath ar an tír. Chun an neamhchosaint ar riosca a theorannú, coinnítear iarmhéideanna sna cuntais seo ar na leibhéil is ísle is féidir (agus riachtanais oibriúcháin á gcur san áireamh), déantar iad a athshlánú go tráthrialta, agus déantar athbhreithniú ar na huasteorainneacha a chuirtear i bhfeidhm ar bhonn bliantúil.

## NGEU

Maidir le hionstraimí iasachtaithe agus iasachtaíochta le haghaidh cúnaimh airgeadais, ní choinníonn siad aon iarmhéid airgid thirim gan íoc go ginearálta mar gheall ar phrionsabal foluiteach droim le droim iasachtaí cúnaimh airgeadais. Mar sin féin, le cur chun feidhme straitéis chistiúcháin éagsúlaithe in ionstraim NGEU, coimeádtar NGEU airgead tirim agus é mar aidhm aige a áirithiú gur leordhóthanach na méideanna arna sealbhú ar chuntas bainc NGEU chun na riachtanais eisíocaíochta uile a thíocfaidh chun cinn a chomhlíonadh agus chun maolán sábháilteachta sainithe a choinneáil ar bun, agus aon iarmhéid farasbairr á sheachaint an tráth céanna. Cuirtear an t-airgead tirim i gcuntas bainc ag an mBanc Ceannais Eorpach agus, dá bhrí sin, tá an riosca creidmheasa an-íseal.

## Fíneálacha a íoctar go sealadach: taiscí

Maidir le bainc a choimeádtar taiscí le haghaidh fíneálacha a íocadh go sealadach roimh 2010, roghnaítear le nós imeachta tairisceana iad i gcomhréir leis an mbeartas bainistíochta riosca a shainíonn na ceanglais rátála creidmheasa agus méid na gcistí arbh fhéidir a láithriú i gcomhréir le cothromas an chontrapháirtí.

I gcás bainc thráchtála a roghnaíodh go sonracha le haghaidh taisceadh fíneálacha a íocadh go sealadach, éilítear rátáil fhadtéarmach íosta de A- (S&P nó a choibhéis) le dhá ghníomhaireacht rátála mar riail ghinearálta. Cuirtear bearta sonracha i bhfeidhm i gcás ina mbíonn bainc sa ghrúpa seo faoi réir íosghrádúcháin. Anuas air sin, tá an méid a chuirtear i dtaisce i ngach banc teoranta do chéatadán faoi leith dá gcistí dílse, a bhíonn éagsúil ag brath ar leibhéal rátála gach institiúide. Cuirtear san áireamh le ríomh teorainneacha den sórt sin freisin méid na ráthaíochtaí gan íoc arna n-eisiúint ag an institiúid chéanna don Choimisiún. Déantar athbhreithniú tráthrialta ar chomhlíontacht na dtaiscí gan íoc leis na ceanglais iomchuí beartais.

## Earraí infhaighte: cáilíocht creidmheasa

EUR milliún

31.12.2021

|                                     | Gan a bheith dlite | Thar téarma | Thar téarma | Thar téarma       | Thar téarma | Foriomlán |
|-------------------------------------|--------------------|-------------|-------------|-------------------|-------------|-----------|
|                                     |                    | 0-30 lá     | 31-90 lá    | 91 lá – 1 bhliain | > 1 bhliain |           |
| <b>Oll-luach de réir na leabhar</b> | 2 785              | 15          | 9           | 578               | 1 453       | 4 840     |

EUR milliún

31.12.2021

|                            | Gan a bheith dlite | Thar téarma | Thar téarma | Thar téarma       | Thar téarma  | Foriomlán    |
|----------------------------|--------------------|-------------|-------------|-------------------|--------------|--------------|
|                            |                    | 0-30 lá     | 31-90 lá    | 91 lá – 1 bhliain | > 1 bhliain  |              |
| Lúide liúntas caillteanais | (2)                | (1)         | (4)         | (18)              | (147)        | (173)        |
| <b>Suim ghlanluacha</b>    | <b>2 783</b>       | <b>14</b>   | <b>5</b>    | <b>560</b>        | <b>1 305</b> | <b>4 667</b> |

Ní áirítear leis na méideanna sa tábla seo na muirir iarchurtha agus cuid infhaighte FGC arna tomhas ag FVSD (féach nóta 2.6.2), toisc nach bhfuil siad faoi réir cheanglais lagaithe.

An 10 Iúil 2020 agus an 8 Iúil 2021, ghlac an Coimisiún cinntí chun a forálacha inmheánacha maidir le haisghabháil méideanna infhaighte a leasú chun tionchar phaindéim COVID-19 ar fhéichiúnaithe an Choimisiúin a mhaolú. Chuir an cinneadh síneadh leis na sprioc-amanna le haghaidh íocaíochtaí fiachas nua go sealadach agus fágadh gurbh fhéidir am breise a thabhairt le haghaidh íocaíocht na bhfiachas sin a bhí le feitheamh.

### Sócmhainní airgeadais ag FVSD – urrúis fiachais: Cáilíocht creidmheasa

*Ciste don Soláthar Coiteann*

Is é A- (S&P nó a choibhéis) rátáil chreidmheasa meáin ualaithe phunann CPF.

*Fíneálacha a íoctar go sealadach: Punann BUFI*

Maidir le hinfeistíochtaí fiachais ceannasacha ó fhíneálacha a íoctar go sealadach agus a gearradh ó 2010, glacann an Coimisiún an neamhchosaint ar riosca creidmheasa. Baineann an tiúchan is airde neamhchosanta leis an Spáinn, arb ionann é agus 10 % den phunann. Léiríonn na cúig thír ag a bhfuil an neamhchosaint is airde (an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an Isiltír, an Spáinn) 30 % den phunann infheistíochta. Is é A (S&P nó a choibhéis) rátáil chreidmheasa meáin ualaithe na punainne.

*Ráthaíochtaí airgeadais arna bhfáil*

An beartas bainistíochta riosca a chuirtear i bhfeidhm i ndáil le glacadh le ráthaíochtaí den sórt sin, áiríthítear leis cáilíocht chreidmheasa ard don Choimisiún. Áirítear leis an mbeartas neamhchosaint creidmheasa uasta ar eintiteas faoi leith san earnáil airgeadais a shainiú bunaithe ar a rátáil chreidmheasa agus leibhéal chaipiteal an eintitis mar atá i ráitis airgeadais IFRS. Déantar athbhreithniú tráthrialta ar chomhlíontacht na ráthaíochtaí gan íoc leis na ceanglais iomchuí beartais.

*CEGC faoi leachtú*

Sainítear leis na treoirlínte bainistíochta sócmhainní agus straitéisí riosca agus infheistíochta, teorainneacha agus srianta faoi leith chun an neamhchosaint ar riosca creidmheasa na punainne, atá teoranta don ghrád infheistíochta, a theorannú, ach amháin neamhchosaint Bhallstáit an Aontais. Is é BBB+ (S&P nó a choibhéis) rátáil chreidmheasa meáin ualaithe na punainne.

### Sócmhainní airgeadais ag FVSD – díorthaigh: Cáilíocht creidmheasa

Baineann na sócmhainní díorthacha leis na ráthaíochtaí ar phunanna gnáthscaireanna agus le réamhchonarthaí airgeadra den chuid is mó. Dá bhrí sin, tá an riosca creidmheasa teoranta don riosca contrapháirtí. Socrófar an ráthaíocht ar chothromas le comhpháirtí cur chun feidhme de chuid an Aontais, Grúpa BEI, atá rátáilte mar AAA. Is é Banque de France an contrapháirtí aonair le haghaidh gach réamhairgeadra gan íoc amháil an 31 Nollaig 2021 agus, dá bharr sin, ní chuirtear aon fheabhsú creidmheasa, amháil comhthaobhacht, comhaontuithe glanluachála, nó ráthaíochtaí i bhfeidhm ón dáta seo ar aghaidh.

**Conarthaí ráthaíochta airgeadais: cáilíocht creidmheasa**

EUR milliún

|   | 31.12.2021   |               |               |
|---|--------------|---------------|---------------|
|   | Céim 1       | Céim 2        | Foriomlán     |
| <b>Rátáil fhadtéarmach</b>                          |              |               |               |
| Príomhghrád agus ardghrád                           | 0            | 1             | 1             |
| Meánghrád uasta                                     | 2            | —             | 2             |
| Meánghrád íseal                                     | 219          | —             | 219           |
| Grád neamhinfheistíochta                            | 3 964        | 51 079        | 55 043        |
| Arna bhainistiú ar bhonn comhchoiteann / gan rátáil | 2            | —             | 2             |
| <b>Foriomlán</b>                                    | <b>4 187</b> | <b>51 080</b> | <b>55 267</b> |

**Conarthaí ráthaíochta airgeadais: Gluaiseacht sa liúntas cailteanais**

EUR milliún

|  | Céim 1     | Céim 2       | Foriomlán    |
|--|------------|--------------|--------------|
| <b>Liúntas cailteanais an 1.1.2021</b>   | 859        | 5 143        | 6 002        |
| Aistriú chuig Céim 2   | (494)      | 494          | 0            |
| Aistriú chuig Céim 1   | —          | —            | —            |
| Breiseanna   | 8          | 623          | 630          |
| Scaoileadh ráthaíochtaí  | (0)        | (0)          | (0)          |
| Atomhas  | 112        | 789          | 900          |
| <b>Liúntas cailteanais an 31.12.2021</b>   | <b>485</b> | <b>7 048</b> | <b>7 533</b> |
| <b>Luach de réir na leabhar an dliteanais ráthaíochta airgeadais an 31.12.2021</b> | <b>610</b> | <b>7 183</b> | <b>7 794</b> |

Tomhaistear aistrithe ó chéim 1 / ó chéim 2, agus chucu, ar liúntas lagaithe an iarmhéid tosaigh, ach tá athruithe an mhéid a eascraíonn as athrú na céime (i.e. atomhas ar **chailteanais chreidmheasa ionchasacha (ECL)** ag 12 mhí nó ar feadh na saolré) mar chuid den atomhas.

**Conarthaí ráthaíochta airgeadais: beartais chéimnithe**

Is é rátáil chreidmheasa an fhiachais ráthaithe an príomhtháscaire riosca le haghaidh an conradh ráthaíochta airgeadais (FGC) a leithdháileadh ar chéimeanna. Cuireann an tsamhail chéimnithe an rátáil chreidmheasa ag an túsphointe leis an rátáil chreidmheasa ar an dáta maidir le tuairisciú. Maidir le ráthaíochtaí punainne, meastar rátáil chreidmheasa meáin ualaithe na punainne ráthaithe.

**Céim 1 – gan méadú suntasach ar riosca chreidmheasa**

Maidir le FGC ag a bhfuil rátálacha chreidmheasa sa ghrád infheistíochta (i.e. idir AAA (Aaa) agus BBB- (Baa3) ar scála rátála S&P/Fitch (Moody's) nó a choibhéis seachtrach nó rátáil inmheánach) ar an dáta maidir le tuairisciú, meastar go mbaineann riosca chreidmheasa íseal leo sin agus iad neamhspleách ar an rátáil chreidmheasa tosaigh agus coimeádtar iad i gcéim 1. Anuas air sin, aicmítear aon FGC, nár tharla méadú suntasach ar riosca chreidmheasa ina leith, mar a shainmhínítear thíos, ar Céim 1. Maidir le FGC i gCéim 1, tomhaistear an liúntas cailteanais ag leibhéal ECL 12 mhí.

## Céim 2 – Méadú suntasach ar an rátáil chreidmheasa

Meastar go bhfuil an meathlú rátála creidmheasa suntasach agus déantar FGC a athaicmiú do Chéim 2 de thoradh air:

- Maidir le ráthaíochtaí ag a bhfuil rátáil chreidmheasa idir AAA (Aa1) agus BB- (Ba3) ar scála rátála S&P/Fitch (Moody's) nó ar choibhéis sheachtrach nó rátáil inmheánach tráth na haitheanta tosaigh, meastar go bhfuil meathlú rátála suntasach má bhíonn an difríocht idir an rátáil tosaigh agus an rátáil ar an dáta maidir le tuairisciú cothrom le 3 scór, nó os a chionn sin, i gcás ráthaíochtaí a bhaineann le hionstraim aonair fiachais agus cothrom le 2 scór, nó os a chionn sin, le haghaidh ráthaíochtaí a bhaineann le punann fiachais.
- Maidir le ráthaíochtaí ag a bhfuil rátáil chreidmheasa idir B+ (B1) agus B (B2) tráth na haitheanta tosaigh, meastar go bhfuil meathlú rátála suntasach má bhíonn an difríocht idir an rátáil tosaigh agus an rátáil ar an dáta maidir le tuairisciú cothrom le 2 scór, nó os a chionn sin, i gcás ráthaíochtaí a bhaineann le hionstraim aonair fiachais agus cothrom le 1 scór, nó os a chionn sin, le haghaidh ráthaíochtaí a bhaineann le punann fiachais; agus
- Maidir le ráthaíochtaí ag a bhfuil rátáil chreidmheasa idir B- (B3) nó níos ísle tráth na haitheanta tosaigh, meastar go bhfuil meathlú rátála suntasach má bhíonn an difríocht idir an rátáil tosaigh agus an rátáil ar an dáta maidir le tuairisciú cothrom le 1 scór, nó os a chionn sin (fiachas aonair agus punann).

Mura bhfuil aon fhaisnéis maidir leis an rátáil chreidmheasa ar fáil ach má tá meastachán déanta tráth na haitheanta tosaigh ar na héilimh bhliantúla a bhfuil coinne leo, meastar gur táscaire riosca réasúnta le haghaidh mheasúnú SICR é leibhéal iarbhair na n-éileamh i gcomparáid leis an bpleanáil tosaigh freisin.

Anuas ar na critéir thuas, féadfaidh an tAontas measúnú cáilíochtúil a dhéanamh ar SICR bunaithe ar fhaisnéis bhreise réasúnta, a bhfuil údar cuí léi, atá ar fáil.

Maidir le FGC a tionscnaíodh roimh an aistriú chuig EAR 11 athbhreithnithe (i.e. roimh 1 Eanáir 2021), nach bhfuil aon fhaisnéis maidir le riosca creidmheasa tráth na haitheanta tosaigh ar fáil gan costas nó iarracht míchuí, aicmítear iad ar Chéim 2.

Maidir le FGC i gCéim 2, tomhaistear an líuntas cailteanais ag leibhéal na gcaillteanas creidmheasa ionchasach saolré.

Níl feidhm ag aicmiú le Céim 3 ná POCI maidir le FGC.

## Ráthaíochtaí buiséadacha

Tá an tAontas neamhchosanta ar riosca creidmheasa mar gheall ar na hoibríochtaí a ráthaíonn sé, den chuid is mó. Nuair a mheathlaíonn cáilíocht chreidmheasa na n-oibríochtaí foluiteacha, bíonn níos mó dóchúlachta ag baint le teagmhais mhaineachtana, chomh maith le glaonna ar ráthaíochtaí an Aontais dá bharr sin.

Chun faireachán a dhéanamh ar an riosca seo, agus chun é a bhainistiú, braitheann an Coimisiún ar Shamhail Riosca Creidmheasa chun measúnú a dhéanamh ar chailteanais ionchasacha, ag úsáid, *inter alia*, na hionchuir a sholáthraíonn na Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme. Léirmhíneáir aschur na samhlaigh sin agus cuirtear le breithiúnas saineolach iad chun measúnú riosca atá comhleanúnach le substaint an idirbhirt agus na dálaí ábhartha eacnamaíocha a bhaint amach.

## Riosca creidmheasa amhail an 31 Nollaig 2020

## Anailís ar aois sócmhainní airgeadais nach bhfuil lagaithe

EUR milliún

| 31.12.2020  |                |                                     |                               |               |            |
|---|----------------|-------------------------------------|-------------------------------|---------------|------------|
|   | Foriomlán      | Nach bhfuil thar téarma ná lagaithe | Thar téarma ach neamhlagaithe |               |            |
|   |                |                                     | < 1 bhliain                   | 1-5 bliana    | > 5 bliana |
| Iasachtaí   | 93 309         | 93 308                              | 0                             | —             | —          |
| Earraí infhaighte agus méideanna in-aisghabhála               | 74 493         | 59 702                              | 505                           | 14 030        | 257        |
| Sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh | 199            | 199                                 | —                             | —             | —          |
| <b>Iomlán an 31.12.2020</b>                                   | <b>168 001</b> | <b>153 209</b>                      | <b>505</b>                    | <b>14 030</b> | <b>257</b> |

## Cáilíocht chreidmheasa sócmhainní airgeadais nach bhfuil thar téarma ná lagaithe

EUR milliún

| 31.12.2020  |                    |  |               |   |               |                |
|---|--------------------|--|---------------|---|---------------|----------------|
|   | AFS <sup>(1)</sup> | Sócmhainní airgeadais ag FVSD <sup>(2)</sup> | Iasachtaí     | Earraí infhaighte agus méideanna in-aisghabhála | Airgead       | Foriomlán      |
| <b>Contrapháirtithe le rátáil chreidmheasa sheachtrach</b>  |                    |  |               |   |               |                |
| Príomhghrád agus ardghrád                                   | 9 005              | 199  | 2 040         | 52 817  | 13 896        | 77 956         |
| Meánghrád uasta   | 3 415              | —  | 35 040        | 1 535   | 1 011         | 41 001         |
| Meánghrád íseal   | 2 133              | —  | 48 139        | 1 886   | 1 651         | 53 809         |
| Grád neamhinfheistíochta                                    | 310                | —  | 7 964         | 142   | 165           | 8 580          |
|   | <b>14 862</b>      | <b>199</b>                                   | <b>93 182</b> | <b>56 380</b>                                   | <b>16 723</b> | <b>181 347</b> |
| <b>Contrapháirtithe gan rátáil chreidmheasa sheachtrach</b> |                    |  |               |   |               |                |
| Féichiúnaithe gan mainneachtainí roimhe seo                 | —                  | —  | 126           | 3 318   | 19            | 3 463          |
| Féichiúnaithe le mainneachtainí roimhe seo                  | —                  | —  | —             | 4   | —             | 4              |
|   | —                  | —  | <b>126</b>    | <b>3 322</b>                                    | <b>19</b>     | <b>3 466</b>   |
| <b>Foriomlán</b>  | <b>14 862</b>      | <b>199</b>                                   | <b>93 309</b> | <b>59 702</b>                                   | <b>16 742</b> | <b>184 814</b> |

<sup>(1)</sup> Sócmhainní airgeadais ar fáil le díol (gan infheistíochtaí i gcistí airgid margaidh agus infheistíochtaí cothromais san áireamh).<sup>(2)</sup> Sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh.

## 6.6. RIOSCA LEACHTACHTA

## Riosca leachtachta amháil an 31 Nollaig 2021

## Anailís aibíochta ar dhliteanais airgeadais neamhdhíorthacha de réir na haibíochta conarthachta atá fágtha

EUR milliún

| 31.12.2021                  |   |                 |                  |                  |                  |
|-----------------------------|---|-----------------|------------------|------------------|------------------|
|                             | Sreafaí airgid thirim conarthachta neamhscainithe |                 |                  |                  | Suim ghlanluacha |
|                             | < 1 bhliain                                       | 1-5 bliana      | > 5 bliana       | Foriomlán        |                  |
| Iasachtaí                   | (23 769)  | (45 030)        | (180 660)        | (249 459)        | (236 720)        |
| Suimeanna iníochta          | (46 372)  | —               | —                | (46 372)         | (46 372)         |
| Eile                        | (218)   | (830)           | (890)            | (1 938)          | (1 605)          |
| <b>Iomlán an 31.12.2021</b> | <b>(70 358)</b>                                   | <b>(45 860)</b> | <b>(181 550)</b> | <b>(297 769)</b> | <b>(284 697)</b> |

## Anailís aibíochta ar dhliteanais airgeadais dhíorthacha de réir na haibíochta conarthachta atá fágtha

EUR milliún

| 31.12.2021                                     |   |            |            |            |                  |
|--|---|------------|------------|------------|------------------|
|  | Sreafaí airgid thirim conarthachta neamhscainithe |            |            |            | Suim ghlanluacha |
|  | < 1 bhliain                                       | 1-5 bliana | > 5 bliana | Foriomlán  |                  |
| Cuid íocaíochta díorthaí                       | (646)   | (5)        | —          | (651)      |                  |
| Cuid earraí infhaighte díorthacha              | 648   | —          | —          | 648        |                  |
| <b>Glansreafaí airgid thirim an 31.12.2021</b> | <b>2</b>  | <b>(5)</b> | <b>—</b>   | <b>(3)</b> | <b>(3)</b>       |

## Anailís aibíochta ar chonarthaí ráthaíochta airgeadais arna n-eisiúint faoin tráth is luaithe inar féidir an ráthaíocht a ghlaoch

EUR milliún

| 31.12.2021                       |                           |              |            |                 |                          |
|----------------------------------|---------------------------|--------------|------------|-----------------|--------------------------|
|                                  | Méid uasta na ráthaíochta |              |            |                 | Luach de réir na leabhar |
|                                  | < 1 bhliain               | 1-5 bliana   | > 5 bliana | Foriomlán       |                          |
| Conarthaí Ráthaíochta Airgeadais | (55 381)                  | (878)        | (1)        | (56 259)        | (7 794)                  |
| <b>Iomlán an 31.12.2021</b>      | <b>(55 381)</b>           | <b>(878)</b> | <b>(1)</b> | <b>(56 259)</b> | <b>(7 794)</b>           |

## Gníomhaíochtaí iasachtaíochta le haghaidh NGEU agus cúnamh airgeadais

Is é an chéad iontaoibh i ndáil le haisíocaíocht iasachtaíochta le haghaidh cúnamh airgeadais bailiúchán tráthúil aisíocaíochtaí iasachtaí an chúnamh airgeadais ábhartha agus NGEU. Tá coimircí breise ann, áfach, ar féidir iad a chur i bhfeidhm i gcás mainneachtain ar íocaíocht nó moilleanna íocaíochta iasachtaithe.



Maidir le hiasachtaí MFA agus Euratom chuig tríú tíortha, déanann Ciste Ráthaíochta do ghníomhaíochtaí seachtracha de CPF foráil le haghaidh cúlchiste leachtachta. Dá bhrí sin, d'úsáidfidh sócmhainní an Chiste Ráthaíochta atá ar fáil ar dtús chun an iasachtaíocht ábhartha a aisíoc (tar éis na chéad iontaoibhe do ráthóirí tríú páirtí le haghaidh Euratom amháin, áfach – féach nóta 6.4). Dá bhfaighfí, tráth ar bith, nach bhfuil na sócmhainní atá ar fáil leordhóthanach chun na cailteanais iarbhrí a chumhdach, cuirfidh an Coimisiún bearta i bhfeidhm chun acmhainní breise a sholáthar (e.g. dul ar iontaoibh úsáid shealadach leachtacht stáitchiste an Choimisiúin, dul ar iontaoibh aistrithe sealadacha agus/nó caiteachais bhreise ó bhuiséad an Aontais).

Maidir le NGEU, féadfaidh an Coimisiún bainistíocht airgid thirim ghníomhach agus iasachtaíocht ghearrthéarmach a chur i bhfeidhm chun fiachais an Aontais a sheirbhísiú, agus i gcás SURE, féadfaidh an Coimisiún an iasachtaíocht chomhlachaithe a ndearnadh conradh ina leith thar ceann an Aontais a thar-rolladh.

Maidir le gach iasachtaíocht cúnamh airgeadais chomh maith le hiasachtaíocht NGEU, féadfaidh an Coimisiún acmhainní a ghlaos suas le teorainn na nAcmhainní Dílse atá ar fáil chun fiachais an Aontais a sheirbhísiú. Socraítear le reachtaíocht acmhainní dílse an uasteorainn le haghaidh acmhainní dílse chun leithreasuithe bliantúla a chumhdach le haghaidh íocaíochta ag 1,40 % de OIN na mBallstát, chomh maith le méadú sealadach breise de 0,6 pointe céatadáin le haghaidh NGEU. Áiríodh le buiséad 2021 méid acmhainní dílse chun caiteachas 1,12 % OIN a mhaoiniú. Ciallaíonn sé sin gurbh ann do chorrach de 0,88 % a bhí ar fáil chun a dhliteanais a chumhdach an 31 Nollaig 2021. Chun na críche sin, tá an tAontas i dteideal a iarraidh ar Bhallstáit comhlíontacht le hoibleagáid dhlíthiúil an Aontais i ndáil lena iasachtóirí a áirithiú.

Ar deireadh, mar thaca ag iasachtaí arna soláthar do na Ballstáit faoin ionstraim SURE tá córas ráthaíochtaí saorálacha ó Bhallstáit arb ionann iad agus 25 % den uasteorainn atá ar fáil le haghaidh an chúnamh airgeadais lena mbaineann. Sula nglaofaí isteach ráthaíochtaí arna soláthar ag na Ballstáit, ní mór don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar an raon feidhme i ndáil le tarraingt ar an gcorrlach atá ar fáil faoi uasteorainn na n-acmhainní dílse le haghaidh leithreasú íocaíochtaí a mhéid a mheasann an Coimisiún a bheith inbhuanaithe, ag féachaint, *inter alia*, do dhliteanais theagmhásacha iomlána an Aontais agus inbhuanaitheacht bhuiséad ginearálta an Aontais. Ní dhéanfaidh scrúdú den sórt sin difear do chineál neamh-inchúlghairthe neamhchoinníollach ar éileamh na ráthaíochtaí a sholáthraítear.

### Stáitchiste

Áirithítear le prionsabail bhuiséad an Aontais go mbíonn na hacmhainní airgid foriomlána do bhliain faoi leith leordhóthanach i gcónaí chun gach íocaíocht a dhéanamh. Go deimhin is ionann ranníocaíochtaí iomlána na mBallstát chomh maith leis an ioncam ilchineálach agus an méid leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a dhéantar don bhliain bhuiséadach. Faightear ranníocaíochtaí na mBallstát, áfach, i 12 thráthchuid mhíosúla i rith na bliana agus tá siad bunaithe ar an mbuiséad a ghlactar, fad a bhíonn íocaíochtaí faoi réir riachtanais oibriúcháin. Thairis sin, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle (maidir leis na modhanna agus an nós imeachta chun acmhainní dílse a chur ar fáil, arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2016/804 ón gComhairle), ní bhíonn ranníocaíochtaí Ballstát a bhaineann le buiséid leasaitheacha a fhorhmheastar i mí faoi leith (N) ar fáil go dtí an chéad lá oibre i mí N+1 (má fhorhmheastar é roimh an 16ú lá i mí faoi leith) nó an chéad lá oibre de mhí N+2 (má fhorhmheastar é ar an 16ú lá i mí faoi leith, nó ina dhiaidh), ach bíonn na leithreasuithe ábhartha faoi chomhair íocaíochtaí ar fáil láithreach.

Chun a áirithiú go mbíonn acmhainní an stáitchiste atá ar fáil leordhóthanach i gcónaí chun na híocaíochtaí a bheidh le déanamh in aon mhí ar leith a chumhdach, tá nósanna imeachta maidir le tuar airgid thirim tráthrialta i bhfeidhm. Is féidir acmhainní dílse nó cistiú breise a ghlaoch isteach ó Bhallstáit roimh ré más gá, suas le teorainneacha ar leith agus faoi choinníollacha ar leith a ndéantar foráil dóibh faoi Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2016/804 ón gComhairle. Tá méadú ar an riachtanas le haghaidh fhaireachán rithim na n-íocaíochtaí le linn na bliana mar gheall ar riachtanais oibriúcháin agus srianta buiséadacha foriomlána le blianta beaga anuas. I dteannta an mhéid thuas, i gcomhthéacs oibríochtaí stáitchiste laethúla an Choimisiúin, áirithíonn uirlisí bainistíochta airgid uathoibríche go mbíonn leachtacht leordhóthanach ar fáil ar gach ceann de chuntais bhainc an Choimisiúin, ar bhonn laethúil.

### Fíneálacha

Bainistítear ciste BUFI, ina ndéantar fíneálacha a íocadh go sealadach a infheistiú, de réir an phrionsabail go bhfuil céim leordhóthanach leachtachta agus gluaiseachta ag sócmhainní i ndáil leis na gealltanais ábhartha. Tá urrúis thar a bheith leachtach is féidir a dhíol chun sreafaí airgid thirim gearrthéarmacha a chomhlíonadh sa phunann. Anuas air sin, tá an sciar d'airgead tirim, coibhéisí airgid thirim agus urrúis a théann in aibíocht laistigh de bhliain amháin os cionn 50 %.

### Ráthaíochtaí buiséadacha

Cuirtear an anailís aibíochta le haghaidh ráthaíochtaí airgeadais i láthair ag úsáid an chur chuige stuama, faoina leithdháiltear méid uasta na ráthaíochta ar an tréimhse is luaithe inar féidir an ráthaíocht a ghlaoch isteach. Toisc go bhfuil formhór ráthaíochtaí an Aontais ar éileamh, leithdháiltear méid suntasach ar an gcéad bhanda ama. Mar sin féin, ní dócha go nglaofaí ar an Aontas le haghaidh gach ráthaíochta don mhéid iomlán sa chéad tréimhse. Thairis sin, is minic a bhíonn

an méid, a bhfuil coinne leis an Aontas go gcaillfidh sé é, i bhfad níos ísle ná an uasteorainn ráthaíochta agus, dá bhrí sin, ní mór go mbeadh méid an riosca leachtachta i gcomhréir le luach de réir na leabhar na ndliteanas ráthaíochta.

Ceann de phríomhchuspóirí le creat bainistíochta riosca na ndliteanas teagmhasach is ea a áirithiú gur féidir leis an Aontas, tráth ar bith, seasamh lena oibleagáidí gan cur isteach ar ghnáthchur chun feidhme an bhuiséid. Cuimsítear leis seo freisin maolú an riosca leachtachta a bhaineann le ráthaíochtaí buiséadacha, i.e. an riosca nach mbeadh cistí leordhóthanacha ag an Aontas chun a oibleagáidí íocaíochta a bhaineann le ráthaíochtaí a chomhlíonadh go tráthúil (rud a d'fhéadfadh brú amach costas eile a spreagadh nó a d'fhágfadh go gcuirfí íocaíochtaí siar go dtí na blianta buiséadacha dar gcionn).

Chuirge sin, tacaítear le gach ráthaíocht bhuiséadach le soláthar leordhóthanach a íoctar le CPF chun a áirithiú go mbíonn leachtacht leordhóthanach ann i gcónaí chun glaonna ar ráthaíochtaí a íoc go tráthúil.

Déanann an tAontas faireachán ar leordhóthanacht ráta soláthair gach cláir ráthaíochta buiséadaí ar bhonn tráthrialta agus tuairiscíonn sé <sup>(35)</sup> gach bliain ar a mheastachán maidir le leordhóthanacht na méideanna sin chun an riosca a chumhdach sna 5 bliana amach ansin le leibhéal sainithe cinnteachta.

Thairis sin, tá nósanna imeachta coimirce breise i bhfeidhm (aistrithe sealadacha idir urranna CPF agus úsáid leachtacht láir an státchiste) chun a áirithiú go bhfuil leachtacht leordhóthanach ar fáil.

### Ciste don Soláthar Coiteann

Bainistítear CPF de réir an phrionsabail go bhfuil céim leordhóthanach leachtachta agus gluaiseachta ag sócmhainní i ndáil leis na gealltanais ábhartha. Tá sócmhainní leachtacha is féidir a dhíol chun sreafaí airgid thirim gearrthéarmacha a chomhlíonadh sa phunann más gá. Anuas air sin, tá an sciar d'airgead tirim, coibhéisí airgid thirim agus urrúis a théann in aibíocht laistigh de bhliain amháin ag 26 %.

Tá socrú na gconarthaí díorthacha san áireamh agus tá sé bunaithe ar a n-aibíocht chonartha. Seastar le hoibleagáidí le díol sócmhainní a ainmnítear in USD agus/nó idirbhearta babhtála, inar féidir go n-eascródh eis-sreabhadh airgid thirim as dífríochtaí ráta malairte eachtraí. Níl gá le haon bhainistíocht leachtachta maidir le ceanglais chomhthaobhachta nó chorrluacha, toisc go nglacann an contrapháirtí fáilithe reatha go n-oibreoidh sé leis an gCoimisiún gan aon cheanglas le haghaidh glaonna comhthaobhachta nó corrlaigh.

### Riosca leachtachta amhail an 31 Nollaig 2020

#### Anailís aibíochta ar dhliteanais airgeadais de réir na haibíochta conarthachta atá fágtha

EUR milliún

| 31.12.2020                               |                 |                 |                 |                  |
|--|-----------------|-----------------|-----------------|------------------|
|  | < 1 bhliain     | 1-5 bliana      | > 5 bliana      | Foriomlán        |
| <i>Iasachtaí</i>                         | (10 410)        | (20 230)        | (62 553)        | (93 192)         |
| <i>Suimeanna iníochta</i>                | (32 408)        | —               | —               | (32 408)         |
| <i>Dlíteanais ráthaíochta airgeadais</i> | (90)            | —               | —               | (90)             |
| <i>Dlíteanais airgeadais eile</i>        | (149)           | (665)           | (947)           | (1 761)          |
| <b>Foriomlán an 31.12.2020</b>           | <b>(43 057)</b> | <b>(20 895)</b> | <b>(63 500)</b> | <b>(127 451)</b> |

<sup>(35)</sup> Mar shampla, i nDoiciméad Oibre XI atá i gceangal leis an Dréachtbhuiséad a chuireann cur chun feidhme na Ráthaíochtaí Buiséadacha i láthair, chomh maith leis an gCiste don Soláthar Coiteann agus an measúnú ar inbhuanaitheacht na ndliteanas teagmhasach a eascraíonn as ráthaíochtaí buiséadacha agus cúnaimh airgeadais de bhun Airteagal 41(5) den Rialachán Airgeadais.

**Ionstraimí airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh**

EUR milliún

| 31.12.2020                                     |             |            |            |           |
|--|-------------|------------|------------|-----------|
|  | < 1 bhliain | 1-5 bliana | > 5 bliana | Foriomlán |
| Cuid íocaíochta díorthaí                       | (417)       | (4)        | (1)        | (421)     |
| Cuid earraí infhaighte díorthacha              | 423         | —          | —          | 423       |
| <b>Glansreafaí airgid thirim an 31.12.2020</b> | <b>5</b>    | <b>(4)</b> | <b>(1)</b> | <b>1</b>  |

**6.7. PRAGHASRIOSCA EILE**

Amhail an 31 Nollaig 2021, tá an tAontas neamhchosanta ar phraghasrioscaí eile (riosca gnáthscuireanna) a eascraíonn as infheistíochtaí cothromais neamhluaithe (amhail caipiteal riosca agus cistí infheistíochta eile), cistí margaidh airgid (amhail Ciste Aonadach BEI) agus infheistíochtaí i bpunanna comhthiomsaithe (féach nóta 2.4.2.1), chomh maith le ráthaíochtaí a chumhdaíonn cothromas neamhluaithe agus infheistíochtaí cuasachothromais, a gcaitear leo mar dhíorthaigh ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh (féach nóta 2.4.2.2).

Tagraíonn praghasriosca cothromais don riosca go n-athróidh luachanna córa na n-infheistíochtaí cothromais de thoradh na luaineachtaí i leibhéal na bpragsanna cothromais agus/nó ar luach na n-infheistíochtaí cothromais ráthaithe. Is mar a leanas a bheadh an éifeacht ar bharrachas nó easnamh de mhéadú nó laghdú 10 % ar luach na n-ionstraimí a luaitear thuas:

EUR milliún

|   | 10 %       | (10) %       |
|---|------------|--------------|
| Infheistíochtaí cothromais  | 238        | (238)        |
| Cistí margaidh airgid agus infheistíochtaí i bpunanna comhthiomsaithe | 251        | (251)        |
| Ráthaíochtaí ar chothromas <sup>(1)</sup>                             | 415        | (415)        |
| <b>Iomlán an 31.12.2021</b>   | <b>905</b> | <b>(905)</b> |

<sup>(1)</sup> Tá an riosca ráthaíochtaí ar chothromas bunaithe ar an méid barúlach atá cumhdaithe ag an ráthaíocht.

Déanann an tAontas infheistíocht i sócmhainní neamhluaithe nach bhfuil a luachanna ar fáil go poiblí, nó ráthaíonn sé iad. Cuirtear formhór na n-ionstraimí airgeadais seo i bhfeidhm leis na heintitis iontaoibhe ar saineolaithe sa tionscal iad, agus déanann siad measúnú agus faireachán ar na sócmhainní sin ar bhonn tráthrialta.

**7. NOCHTUITHE PÁIRTITHE GAOLMHARA****7.1. PÁIRTITHE GAOLMHARA**

Is iad páirtithe gaolmhara an Aontais eintitis chomhdhlúthaithe an Aontais, comhlaigh agus príomhphearsanra bainistíochta na n-eintiteas sin. Tarlaíonn na hidirbhearta idir na heintitis sin mar chuid de ghnáthoibríochtaí an Aontais agus toisc gurb amhlaidh an cás, níl gá le ceanglais shonracha maidir le nochtadh le haghaidh na n-idirbheart sin i gcomhréir le rialacha cuntasáíochta an Aontais.

**7.2. TEIDLÍOCHTAÍ PRÍOMHBHAINISTÍOCHTA**

Ar mhaithe le faisnéis maidir le hidirbhirt páirtithe gaolmhara a bhaineann le príomhphearsanra bainistíochta an Aontais a chur i láthair, taispeántar na cineálacha daoine seo faoi chúig chatagóir anseo:

**Catagóir 1:** Uachtarán na Comhairle Eorpaí, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh agus Uachtarán Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

**Catagóir 2:** Leas-Uachtarán an Choimisiúin agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus Leas-Uachtaráin eile an Choimisiúin

**Catagóir 3:** Ardrúnaí na Comhairle, Comhaltaí an Choimisiúin, Breithiúna agus Abhcóidí Ginearálta Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, Uachtarán agus Comhaltaí na Cúirte Ginearálta, an tOmbudsman agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí

**Catagóir 4:** Uachtarán agus Comhaltaí Chúirt Iniúchóirí na hEorpa

**Catagóir 5:** státseirbhísigh is ardchéimiúla na nInstitiúidí agus na nGníomhaireachtaí

Tugtar achoimre ar a dteidlíochtaí thíos – is féidir tuilleadh eolais a fháil sna Rialacháin Foirne a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin Europa arb é an doiciméad oifigiúil é ina dtugtar tuairisc ar chearta agus oibleagáidí oifigigh uile an Aontais. Níl aon iasacht fhabhrach faighte ag príomhphearsanra bainistíochta ón Aontas.

### TEIDLÍOCHTAÍ AIRGEADAIS PRÍOMHBHAINISTÍOCHTA

EUR

| Teidlíocht (in aghaidh an fhostaí)          | Catagóir 1      | Catagóir 2               | Catagóir 3               | Catagóir 4               | Catagóir 5               |
|---|-----------------|--------------------------|--------------------------|--------------------------|--------------------------|
| <b>Buntuarastal (in aghaidh na míosa)</b>   | 29 205,17       | 26 453,96 –<br>27 512,13 | 21 163,17 –<br>23 808,57 | 22 856,23 –<br>24 337,65 | 13 456,68 –<br>21 163,17 |
| <b>Liúntas cónaitheach/easaoránachta</b>    | 15 %            | 15 %                     | 15 %                     | 15 %                     | 0-4 %-16 %               |
| <b>Liúntais teaghlaigh:</b>                 |                 |                          |                          |                          |                          |
| Teaghlach (% tuarastail)                    | 2 % + 196,44    | 2 % + 196,44             | 2 % + 196,44             | 2 % + 196,44             | 2 % + 196,44             |
| Leanbh cleithiúnach                         | 429,24          | 429,24                   | 429,24                   | 429,24                   | 429,24                   |
| Réamhscoil                                  | 104,86          | 104,86                   | 104,86                   | 104,86                   | 104,86                   |
| Oideachas, nó                               | 291,24          | 291,24                   | 291,24                   | 291,24                   | 291,24                   |
| Oideachas lasmuigh den ionad oibre          | 582,48          | 582,48                   | 582,48                   | 582,48                   | 582,48                   |
| <b>Liúntas na mbreithiúna ceannais</b>      | N/B             | N/B                      | 668,22                   | N/B                      | N/B                      |
| <b>Liúntas ionadaíochta</b>                 | 1 582,67        | 1 017,17                 | 668,22                   | N/B                      | N/B                      |
| <b>Costais taistil bhliantúla</b>           | N/B             | N/B                      | N/B                      | N/B                      | Aisíochta                |
| <b>Aistrithe chuig Ballstát:</b>            |                 |                          |                          |                          |                          |
| Liúntas oideachais (!)                      | Tá              | Tá                       | Tá                       | Tá                       | Tá                       |
| % den tuarastal (!)                         | 5 %             | 5 %                      | 5 %                      | 5 %                      | 5 %                      |
| % de thuarastal gan cc                      | 25 % ar a mhéad | 25 % ar a mhéad          | 25 % ar a mhéad          | 25 % ar a mhéad          | 25 % ar a mhéad          |
| <b>Speansais ionadaíochta</b>               | Aisíochta       | Aisíochta                | Aisíochta                | N/B                      | N/B                      |
| <b>Dul i mbun dualgais:</b>                 |                 |                          |                          |                          |                          |
| Costais suiteála                            | 58 410,36       | 52 907,93 –              | 42 326,35 –              | 45 712,46 –              | Aisíochta                |
| (Catagóir 1-4: 2 mhí den bhuntuarastal)     |                 | 55 024,27                | 47 617,14                | 48 675,31                |                          |
| Speansais taistil teaghlaigh                | Aisíochta       | Aisíochta                | Aisíochta                | Aisíochta                | Aisíochta                |
| Caiteachais aistrithe                       | Aisíochta       | Aisíochta                | Aisíochta                | Aisíochta                | Aisíochta                |
| <b>Ag fágáil an phoist:</b>                 |                 |                          |                          |                          |                          |
| Caiteachais athlonnúcháin                   | 29 205,17       | 26 453,96 –              | 21 163,17 –              | 22 856,23 –              | Aisíochta                |
| (Catagóir 1-4: mí amháin den bhuntuarastal) |                 | 27 512,13                | 23 808,57                | 24 337,65                |                          |

EUR

| Teidlíocht (in aghaidh an fhostaí)           | Catagóir 1      | Catagóir 2      | Catagóir 3      | Catagóir 4      | Catagóir 5      |
|--|-----------------|-----------------|-----------------|-----------------|-----------------|
| Speansais taistil teaghlaigh                 | Aisíochta       | Aisíochta       | Aisíochta       | Aisíochta       | Aisíochta       |
| Caiteachais aistrithe                        | Aisíochta       | Aisíochta       | Aisíochta       | Aisíochta       | Aisíochta       |
| Aistriú (% tuarastail) <sup>(1)</sup>        | 40 % – 65 %     | 40 % – 65 %     | 40 % – 65 %     | 40 % – 65 %     | N/B             |
| Árachas breoiteachta                         | Cumhdaithe      | Cumhdaithe      | Cumhdaithe      | Cumhdaithe      | Cumhdaithe      |
| <b>Pinsean (% tuarastal, roimh cháin)</b>    | 70 % ar a mhéid | 70 % ar a mhéid | 70 % ar a mhéid | 70 % ar a mhéid | 70 % ar a mhéid |
| <b>Asbhaintí:</b>                            |                 |                 |                 |                 |                 |
| Cáin an phobail                              | 8 % – 45 %      | 8 % – 45 %      | 8 % – 45 %      | 8 % – 45 %      | 8 % – 45 %      |
| <b>Árachas breoiteachta (% tuarastail)</b>   | 1,7 %           | 1,7 %           | 1,7 %           | 1,7 %           | 1,7 %           |
| Tobhach speisialta ar thuarastal             | 7 %             | 7 %             | 7 %             | 7 %             | 6-7 %           |
| Asbhaint phinsin                             | N/B             | N/B             | N/B             | N/B             | 10,1 %          |
| <b>Líon na ndaoine ag deireadh na bliana</b> | <b>3</b>        | <b>8</b>        | <b>93</b>       | <b>27</b>       | <b>118</b>      |

<sup>(1)</sup> Agus comhéifeacht cheartúcháin ("CC") curtha i bhfeidhm.

<sup>(2)</sup> arna íoc do na chéad 3 bliana tar éis imeachta

## 8. TEAGMHAIS TAR ÉIS DÁTA AN CHLÁIR CHOMHARDAITHE

Ar dháta shíniú na gcuntas seo, seachas an t-ábhar a mhínítear thíos, ní raibh aon saincheist ábhartha tagtha ar aire nó tuairiscithe d'Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin lena gceanglófaí nochtadh ar leithligh faoin roinn sin. Ullmhaíodh na cuntais agus na nótaí gaolmhara ag úsáid na faisnéise is déanaí a bhí ar fáil agus léirítear é sin san fhaisnéis a chuirtear i láthair.

### An Úcráin

I gcomhréir le riail chuntasaíochta 19 an Aontais, Teagmhais tar éis an Dáta Tuairiscithe, féachtar ar an gcogadh san Úcráin, a thosaigh i mí Feabhra 2022, mar theagmhas neamhchoigeartaithe, rud nach n-éilíonn dá réir sin aon choigeartú a dhéanamh ar aon mhéid sna ráitis airgeadais seo an 31 Nollaig 2021. Mar a léirítear i nóta **2.4**, tá iasachtaí gan íoc ag an Aontas (arna gcistiú le hiasachtaíocht, féach nóta **2.11**) de EUR 4,7 billiún (luach barúlach) an 31 Nollaig 2021 leis an Úcráin faoi chlár MFA agus Euratom.

Bunaithe ar Chinneadh (AE) 2022/313 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Feabhra 2022, dheonaigh an Coimisiún EUR 1,2 billiún eile in iasachtaí don Úcráin faoi chlár MFA agus as sin bhí EUR 600 milliún eisíochta i Márta agus EUR 600 milliún eile i mí na Bealtaine 2022.

Anuas air sin, bhí iasachtaí ar luach EUR 2,1 billiún deonaithe ag BEI don Úcráin (bunairgead gan íoc arna eisíoc an 31 Nollaig 2021) faoina Shainordú Iasachtaí Sheachtraigh, atá ráthaithe ag buiséad an Aontais – féach nóta **4.1**. Déantar measúnú ar na méideanna lena mbaineann bunaithe ar an gcás ag deireadh na bliana, ní tráth ullmhaithe na ráiteas airgeadais seo.

Bunaithe ar na fíoras agus ar imthosca tráth ullmhaithe na ráiteas airgeadais seo, go háirithe toisc an cás a bheith ag athrú de shíor, ní féidir éifeacht airgeadais an chogaidh san Úcráin ar chúrsaí airgeadais an Aontais a mheas go hiontaofa.

## 9. RAON FEIDHME AN CHOMHDHLÚTHAITHE

### A. EINTITIS RIALAITHE (55)

#### 1. Institiúidí agus comhlachtaí comhairleacha (11)

Parlaimint na hEorpa

An Chomhairle Eorpach

An Coimisiún Eorpach

Cúirt Iniúchóirí na hEorpa

Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí

An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí

Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

An tOmbudsman Eorpach

Coiste Eorpach na Réigiún

Comhairle an Aontais Eorpaigh

## 2. Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh (42)

### 2.1. Gníomhaireachtaí Feidhmiúcháin (7)

An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr (EACEA)

An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Thomhaltóirí, Sláinte, Talmhaíocht agus Bia (CHAFEA) (suas go dtí 31 Márta 2021)

An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digiú (HaDEA) (amhail an 1 Aibreán 2021)

An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde (REA)

Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (EISMEA)

Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde (ERCEA)

An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA)

### 2.2. Gníomhaireachtaí Díláraithe (35)

An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA)

An Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA)

An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA)

An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE)

An Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA)

An tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE)

An Oifig Tacáíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (EASO)

Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándaíl (ENISA)

Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL)

Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA)

Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust)

An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA)

An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC)

An Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop)

Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER)

Gníomhaireacht Tacáíochta Chomhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (Oifig BEREC)

An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (FRONTEX)

An tÚdarás Eorpach Saothair (ELA) (amhail ón 26 Bealtaine 2021)

An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA)

Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (ERA)

An Oifig Comhphobail um Chineálacha Plandaí (CPVO)  
 An Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (EFCA)  
 Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)  
 Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA)  
 An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA)  
 An Fhondúireacht Eorpach Oiliúna (ETF)  
 An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound)  
 An Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí (EMCDDA)  
 Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (EUROPOL)  
 Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA)  
 An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC)  
 Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh  
 An Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt (Fuinneamh Comhleá)  
 Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a Dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA)  
 Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) (amhail ón 24 Meitheamh 2021)

### 3. Eintitis eile faoi rialú (2)

An Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach faoi Leachtú (CEGC i.L.)  
 An Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT)

### B. COMHLAIGH (1)

An Ciste Eorpach Infheistíochta (CEI)

### MION-EINTITIS

Níl na heintitis a liostaítear thíos comhdhlúthaithe ag úsáid an mhodha chothromais i ráitis airgeadais chomhdhlúthaithe 2021 an Aontais ar bhonn neamh-ábharthachta:

### MION-EINTITIS (8)

An Comhghnóthas um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe (CBE JU) (comharba dlíthiúil agus uilíoch an Chomhghnóthais Tionscail Bhithbhunaithe)

An Comhghnóthas um Eitlíocht Ghlan (CAJU) (comharba dlíthiúil agus uilíoch an Chomhghnóthais “Spéir Ghlan 2”)

An Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan (Comhghnóthas “H2 Glan”) (comharba dlíthiúil agus uilíoch an Chomhghnóthais um Chealla Breosla agus um Hidrigin 2)

Comhghnóthas um Iarnród na hEorpa (EU-RAIL JU) (comharba dlíthiúil agus uilíoch Chomhghnóthais Shift2Rail)

Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach (IHI JU) (comharba dlíthiúil agus uilíoch an Chomhghnóthais maidir leis an Tionscnaimh um Míochaine Nuálaíoch 2 a chur chun feidhme)

An Comhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha (KDT JU) (comharba dlíthiúil agus uilíoch Chomhghnóthais ECSEL)

Comhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair (SESAR 3 JU) (comharba dlíthiúil agus uilíoch Chomhghnóthais SESAR)

Comhghnóthas Ríomhaireachta Ardfeidhmiúchta Eorpach (EuroHPC)

Tá cuntais bhliantúla na n-eintiteas thuas ar fáil go poiblí ar a suíomhanna gréasáin faoi seach.



TUARASCÁIL AR AN gCUR CHUN FEIDHME BUISÉADACH AGUS NÓTAÍ MÍNIÚCHÁIN <sup>(36)</sup>

## AN CLÁR

|  | <i>Leathanach</i> |
|--|-------------------|
| 1. TORADH BHUISÉAD AN AONTAIS . . . . .  | 148               |
| 2. RÁITIS CHOMPARÁIDE AN BHUISÉID AGUS MÉIDEANNA IARBHÍR . . . . .   | 149               |
| 3. NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA TUARASCÁLACHA AR AN gCUR CHUN FEIDHME BUISÉADACH . . . . .                                 | 153               |
| 3.1. CREAT BUISÉID AN AONTAIS EORPAIGH . . . . .   | 153               |
| 3.2. CREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL 2021-2027 . . . . .   | 153               |
| 3.3. CEANNTÉIDIL MHIONSONRAITHE CAI (CLÁIR) . . . . .  | 155               |
| 3.4. NextGenerationEU . . . . .  | 155               |
| 3.5. BUISÉAD BLIANTÚIL . . . . .   | 156               |
| 3.6. IONCAM . . . . .  | 157               |
| 3.7. RÉITEACH AN TORAIDH EACNAMÁÍOCH LE TORADH BUISÉID . . . . .   | 158               |
| 4. CUR CHUN FEIDHME BHUISÉAD 2021 AN AONTAIS . . . . .   | 160               |
| 5. CUR CHUN FEIDHME IONCAM BHUISÉAD AN AONTAIS . . . . .   | 161               |
| 5.1. ACHOIMRE AR CHUR CHUN FEIDHME IONCAM BHUISÉAD AN AONTAIS . . . . .  | 161               |
| 6. CUR CHUN FEIDHME CHAITEACHAS BHUISÉAD AN AONTAIS . . . . .  | 162               |
| 6.1. CAI: MIONDEALÚ AGUS ATHRUITHE AR LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR GEALLTANAS AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ . . . . .               | 162               |
| 6.2. CAI: LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR GEALLTANAS A CHUR CHUN FEIDHME . . . . .  | 163               |
| 6.3. CAI: LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR ÍOCAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME . . . . .  | 164               |
| 6.4. CAI: GLUAISEACHTAÍ I nGEALLTANAIS LE hÍOC (RAL) . . . . .   | 165               |
| 6.5. CAI: GEALLTANAIS LE hÍOC DE RÉIR NA BLIANA TIONSCANTA . . . . .   | 166               |
| 6.6. CAI: GEALLTANAIS LE hÍOC DE RÉIR AN CHINEÁIL LEITHREASUITHE . . . . .   | 167               |
| 6.7. CAI MIONSONRAITHE: MIONDEALÚ AGUS ATHRUITHE AR LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR GEALLTANAS AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ . . . . . | 168               |
| 6.8. CAI MIONSONRAITHE: LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR GEALLTANAS A CHUR CHUN FEIDHME . . . . .                          | 178               |
| 6.9. CAI MIONSONRAITHE: LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR ÍOCAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME . . . . .                          | 188               |
| 6.10. CAI MIONSONRAITHE: GLUAISEACHTAÍ I nGEALLTANAIS LE hÍOC (RAL) . . . . .  | 198               |
| 6.11. CAI MIONSONRAITHE: GEALLTANAIS LE hÍOC DE RÉIR NA BLIANA TIONSCANTA . . . . .                                    | 207               |
| 6.12. CAI MIONSONRAITHE: GEALLTANAIS LE hÍOC DE RÉIR AN CHINEÁIL LEITHREASUITHE . . . . .                              | 213               |
| 7. BUISÉAD Á CHUR CHUN FEIDHME AG INSTITIÚID . . . . .   | 222               |
| 7.1. IONCAM BUISÉID Á CHUR CHUN FEIDHME . . . . .  | 222               |

<sup>(36)</sup> Ba cheart a thabhairt ar aird i ngeall ar shlánú na bhfigiúirí go dtí na milliún euro, go bhféadfadh an chuma a bheith air nach bhfuil roinnt sonraí airgeadais sna táblaí thíos suimithe i gceart.



|   | <i>Leathanach</i> |
|---|-------------------|
| 7.2. LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR GEALLTANAS A CHUR CHUN FEIDHME . . . . .                      | 224               |
| 7.3. LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR ÍOCAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME . . . . .                      | 225               |
| 8. BUISÉID NA nGNÍOMHAIREACHTAÍ A CHUR CHUN FEIDHME . . . . .                                   | 226               |
| 8.1. IONCAM BUISÉID . . . . .   | 226               |
| 8.2. LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR GEALLTANAS AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ DE RÉIR GNÍOMHAIREACHTA . . . . . | 228               |

## 1. TORADH BHUISÉAD AN AONTAIS

| Nóta   | EUR milliún  |              |
|--|--------------|--------------|
|  | 2021         | 2020         |
| a Ioncam don bhliain airgeadais  | 239 596      | 174 306      |
| b Íocaíochtaí in aghaidh leithreasuithe na bliana reatha                         | (226 175)    | (171 721)    |
| c Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí arna dtabhairt anonn chuig bliain N+1 | (4 244)      | (2 086)      |
| d Cealú leithreasuithe neamhúsáidte arna dtabhairt anonn ó bhliain N-1           | 265          | 78           |
| e Forbairt ioncaim shannta (B)-(A)   | (6 338)      | 1 398        |
| <i>Leithreasuithe neamhúsáidte ag deireadh na bliana reatha (A)</i>              | 14 032       | 7 694        |
| <i>Leithreasuithe neamhúsáidte ag deireadh na bliana roimhe sin (B)</i>          | 7 694        | 9 092        |
| f Difríochtaí sa ráta malairte don bhliain                                       | 126          | (207)        |
| <b>Toradh buiséid</b>  | <b>3 230</b> | <b>1 768</b> |

Tugtar toradh buiséad an Aontais ar ais do na Ballstáit in 2021 trí asbhaint na méideanna atá dlite. Ríomhtar é i gcomhréir le hAirteagal 1(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 608/2014 ón gComhairle <sup>(37)</sup> lena leagtar síos bearta cur chun feidhme le haghaidh chóras acmhainní dílse. Is féidir breis eolais a fháil faoi roinn **1.5** Ríomh thoradh an buiséid.

- Ioncam don bhliain airgeadais: tábla 5.1 “Achoimre ar chur chun feidhme Ioncam buiséad an Aontais Eorpaigh”, colún 8 “Ioncam Iomlán”.
- Íocaíochtaí in aghaidh leithreasuithe na bliana reatha: tábla 6.3 “CAI – Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a chur chun feidhme”, colún 2 “Íocaíochtaí arna ndéanamh ón mbuiséad glactha” agus colún 4 “Íocaíochtaí arna ndéanamh ó ioncam sannta”.
- Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí arna dtabhairt anonn chuig bliain N+1: tábla 6.3 “CAI – Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a chur chun feidhme”, colún 7 tabhairt anonn uathoibríoch móide colún 8 tabhairt anonn de réir cinnidh.
- Cealú leithreasuithe neamhúsáidte faoi chomhair íocaíochtaí arna dtabhairt anonn ó bhliain N-1: cuirtear san áireamh leis méid na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí arna dtabhairt anonn (go huathoibríoch agus de réir cinnidh) ag deireadh na bliana roimhe sin agus “Íocaíochtaí arna ndéanamh ó thabhairt anonn” na bliana reatha mar atá i gcolún 3 de thábla 6.3 “CAI – Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a chur chun feidhme”.
- Forbairt na leithreasuithe ioncaim iomlána sannta ag deireadh na bliana: ríomhtar leis an difríocht i méid na leithreasuithe ioncaim shannta ag deireadh na bliana roimhe sin (móide) méid na leithreasuithe ioncaim shannta ag deireadh na bliana reatha (mar atá i gcolún 9 de thábla 6.3 “CAI – Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a chur chun feidhme” – lúide) chun an ghlan-inathraitheacht ioncam sannta sa bhliain reatha a fháil.
- Áirítear le difríochtaí sa ráta malairte difríochtaí réadaithe agus neamhréadaithe sa ráta malairte.

<sup>(37)</sup> IO L 168, 7.6.2014, lch. 29.

## 2. RÁITIS CHOMPARÁIDE AN BHUISÉID AGUS MÉIDEANNA IARBHÍR

## Ioncam buiséid

EUR milliún

|   | Buiséad tosaigh glactha | Buiséad críochnaitheach glactha | Teidlíochtaí bunaithe | Ioncam         |
|---|-------------------------|---------------------------------|-----------------------|----------------|
| 1 Acmhainní dílse   | 156 867                 | 156 993                         | 160 869               | 158 632        |
| 11 – Tobhaigh siúcra  | 0                       | 0                               | 1                     | 1              |
| 12 – Dleachtanna custaim  | 17 606                  | 17 348                          | 21 274                | 19 037         |
| 13 – CBL  | 17 967                  | 17 941                          | 17 934                | 17 934         |
| 14 – OIN  | 121 294                 | 115 858                         | 115 819               | 115 819        |
| 16 – Laghdú na ranníocaíochta bunaithe ar OIN arna deonú do Bhallstáit faoi leith | 0                       | —                               | 11                    | 11             |
| 17 – Dramhaíl phacáistíochta plaistí  | 0                       | 5 847                           | 5 831                 | 5 831          |
| 2 Barrachais, iarmhéideanna agus coigeartuithe                                    | 0                       | 1 769                           | 1 779                 | 1 772          |
| 3 Ioncam riaracháin   | 1 726                   | 1 726                           | 2 306                 | 2 230          |
| 4 Ioncam airgeadais, ús mainneachtana agus fíneálacha                             | 119                     | 515                             | 18 494                | 1 633          |
| 5 Ráthaíochtaí buiséadacha, oibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe          | 0                       | 0                               | 55 501                | 55 501         |
| 6 Ioncam, ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí a bhaineann le beartais an Aontais  | 7 348                   | 7 008                           | 26 114                | 19 827         |
| <b>Foriomlán</b>  | <b>166 060</b>          | <b>168 011</b>                  | <b>265 063</b>        | <b>239 596</b> |
| <i>ar a n-áirítear Next Generation EU (NGEU)</i>                                  | —                       | —                               | 55 501                | 55 501         |

## Caiteachas buiséid: gealltanais faoi cheannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil (CAI)

EUR milliún

| Ceannteideal CAI   | Buiséad tosaigh glactha | Buiséad críochnaitheach glactha | Foriomlán leithreasáí ar fáil | Gealltanais déanta |
|--|-------------------------|---------------------------------|-------------------------------|--------------------|
| 1 An Margadh Aonair, an Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha                            | 20 817                  | 20 817                          | 34 960                        | 25 683             |
| 2 Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna   | 52 862                  | 53 219                          | 452 326                       | 151 947            |
| 2a. Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach                                 | 48 191                  | 48 191                          | 106 413                       | 48 468             |
| 2b. Athléimneacht agus luachanna   | 4 671                   | 5 029                           | 345 913                       | 103 479            |
| 3 Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol   | 58 569                  | 58 574                          | 79 377                        | 59 723             |
| ar a n-áirítear: Caiteachas a bhaineann leis an margadh agus íocaíochtaí díreacha    | 40 368                  | 40 371                          | 41 518                        | 40 818             |
| 4 Imirce agus Bainistiú Teorainneacha  | 2 279                   | 2 303                           | 2 368                         | 1 644              |
| 5 Slándáil agus Cosaint  | 1 709                   | 1 706                           | 1 741                         | 1 625              |
| 6 An Chomharsanacht agus an Domhan   | 16 097                  | 17 031                          | 17 474                        | 15 372             |
| 7 An Riarachán Poiblí Eorpach  | 10 448                  | 10 443                          | 11 404                        | 10 930             |
| ar a n-áirítear: Caiteachas riaracháin na n-institiúidí                              | 4 313                   | 4 307                           | 4 879                         | 4 590              |
| O Lasmuigh den CAI   | —                       | —                               | 3 922                         | 199                |
| S Sásraí dlúthpháirtíochta laistigh agus lasmuigh den Aontas (Ionstraimí speisialta) | 1 471                   | 2 739                           | 2 759                         | 1 223              |
| <b>Foriomlán</b>   | <b>164 251</b>          | <b>166 833</b>                  | <b>606 331</b>                | <b>268 345</b>     |
| ar a n-áirítear Next Generation EU (NGEU)  | —                       | —                               | 421 070                       | 143 525            |

## Caiteachas buiséid: íocaíochtaí faoi cheannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil (CAI)

EUR milliún

| Ceannteideal CAI   | Buiséad tosaigh glactha | Buiséad críochnaitheach glactha | Foriomlán leithreasá ar fáil | Íocaíochtaí déanta |
|--|-------------------------|---------------------------------|------------------------------|--------------------|
| 1 An Margadh Aonair, an Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha                            | 17 192                  | 16 670                          | 22 478                       | 18 532             |
| 2 Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna   | 66 154                  | 67 614                          | 131 414                      | 126 454            |
| 2a. Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach                                 | 61 868                  | 63 855                          | 79 628                       | 75 591             |
| 2b. Athléimneacht agus luachanna   | 4 286                   | 3 758                           | 51 787                       | 50 863             |
| 3 Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol   | 56 804                  | 56 021                          | 58 310                       | 56 831             |
| ar a n-áirítear: Caiteachas a bhaineann leis an margadh agus íocaíochtaí díreacha    | 40 354                  | 40 303                          | 41 467                       | 40 760             |
| 4 Imirce agus Bainistiú Teorainneacha  | 2 686                   | 2 519                           | 2 734                        | 2 547              |
| 5 Slándáil agus Cosaint  | 671                     | 714                             | 726                          | 708                |
| 6 An Chomharsanacht agus an Domhan   | 10 811                  | 11 455                          | 12 258                       | 10 935             |
| 7 An Riarachán Poiblí Eorpach  | 10 450                  | 10 444                          | 12 368                       | 10 705             |
| ar a n-áirítear: Caiteachas riaracháin na n-institiúidí                              | 4 313                   | 4 307                           | 5 492                        | 4 436              |
| O Lasmuigh den CAI   | —                       | —                               | 3 931                        | 61                 |
| S Sásraí dlúthpháirtíochta laistigh agus lasmuigh den Aontas (lonstraimí speisialta) | 1 293                   | 2 574                           | 2 593                        | 1 223              |
| <b>Foriomlán</b>   | <b>166 060</b>          | <b>168 011</b>                  | <b>246 812</b>               | <b>227 996</b>     |
| ar a n-áirítear Next Generation EU (NGEU)  | —                       | —                               | 55 501                       | 53 618             |

## Caiteachas buiséid: gealltanais le hóc faoin gceannteideal airgeadais ilbhliantúil (CAI)

EUR milliún

| Ceannteideal CAI   | Gealltanais le hóc<br>arna dtabhairt<br>anonn ó 2020 | Leachtú gealltanais le<br>hóc arna dtabhairt<br>anonn ó 2020 | Gealltanais nua le<br>hóc ó 2021 | Gealltanais iomlán le<br>hóc |
|--|--|--|----------------------------------|------------------------------|
|  | 1  | 2  | 3                                | 4=1+2+3                      |
| 1 An Margadh Aonair, an Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha                            | 42 361   | (14 410)   | 20 766                           | 48 717                       |
| 2 Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna   | 183 747  | (70 192)   | 95 478                           | 209 033                      |
| 2a. Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach                                 | 180 084  | (68 550)   | 41 305                           | 152 839                      |
| 2b. Athléimneacht agus luachanna   | 3 662  | (1 641)  | 54 174                           | 56 195                       |
| 3 Acmhainní Nádurtha agus an Comhshaol   | 40 860   | (15 330)   | 18 161                           | 43 691                       |
| ar a n-áirítear: Caiteachas a bhaineann leis an margadh agus íocaíochtaí díreacha    | 286  | (86)   | 133                              | 333                          |
| 4 Imirce agus Bainistiú Teorainneacha  | 4 950  | (1 872)  | 901                              | 3 980                        |
| 5 Slándáil agus Cosaint  | 1 503  | (521)  | 1 415                            | 2 397                        |
| 6 An Chomharsanacht agus an Domhan   | 28 785   | (8 507)  | 12 257                           | 32 535                       |
| 7 An Riarachán Poiblí Eorpach  | 981  | (981)  | 1 075                            | 1 076                        |
| ar a n-áirítear: Caiteachas riaracháin na n-institiúidí                              | 627  | (627)  | 684                              | 684                          |
| O Lasmuigh den CAI   | 11   | (4)  | 140                              | 147                          |
| S Sásraí dlúthpháirtíochta laistigh agus lasmuigh den Aontas (Ionstraimí speisialta) | 0  | (0)  | —                                | —                            |
| <b>Foriomlán</b>   | <b>303 197</b>                                       | <b>(111 816)</b>   | <b>150 194</b>                   | <b>341 575</b>               |
| ar a n-áirítear Next Generation EU (NGEU)  | —  | —  | 89 907                           | 89 907                       |
| nach mbaineann Next Generation EU (NGEU) leis  | 303 197  | (111 816)  | 60 288                           | 251 668                      |

## 3. NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA TUARASCÁLACHA AR AN gCUR CHUN FEIDHME BUISÉADACH

## 3.1. CREAT BUISÉID AN AONTAIS EORPAIGH

Coimeádtar na chuntais bhuiséadacha i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais (FR). Is é an buiséad ginearálta an ionstraim a dhéanann foráil d'ioncam agus do chaiteachas an Aontais, agus a údaraíonn é, gach bliain, laistigh de na huasteorainneacha agus na forálacha eile a leagtar amach sa CAI i gcomhréir leis na gníomhartha reachtacha a bhaineann le cláir ilbhliantúla a glacadh faoin gcreat sin.

## 3.2. CREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL 2021-2027

|   | EUR milliún<br>ina phraghsanna reatha |                |                |                |                |                |                |                  |
|---|---------------------------------------|----------------|----------------|----------------|----------------|----------------|----------------|------------------|
|   | 2021                                  | 2022           | 2023           | 2024           | 2025           | 2026           | 2027           | Foirmlán         |
| 1. An Margadh Aonair, an Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha                        | 20 919                                | 21 288         | 21 125         | 20 984         | 21 272         | 21 847         | 22 077         | 149 512          |
| 2. Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna                                       | 52 786                                | 55 314         | 57 627         | 60 761         | 63 387         | 66 536         | 70 283         | 426 694          |
| 2a. Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach                              | 48 191                                | 49 739         | 51 333         | 53 077         | 54 873         | 56 725         | 58 639         | 372 577          |
| 2b. Athléimneacht agus Luachanna  | 4 595                                 | 5 575          | 6 294          | 7 684          | 8 514          | 9 811          | 11 644         | 54 117           |
| 3. Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol   | 58 624                                | 56 519         | 56 849         | 57 003         | 57 112         | 57 332         | 57 557         | 400 996          |
| ar a n-áirítear: Caiteachas a bhaineann leis an margadh agus íocaíochtaí díreacha | 40 368                                | 41 257         | 41 518         | 41 649         | 41 782         | 41 913         | 42 047         | 290 534          |
| 4. Imirce agus Bainistiú Teorainneacha  | 2 467                                 | 3 043          | 3 494          | 3 697          | 4 218          | 4 315          | 4 465          | 25 699           |
| 5. Slándáil agus Cosaint  | 1 805                                 | 1 868          | 1 918          | 1 976          | 2 215          | 2 435          | 2 705          | 14 922           |
| 6. An Chomharsanacht agus an Domhan   | 16 247                                | 16 802         | 16 329         | 15 830         | 15 304         | 14 754         | 15 331         | 110 597          |
| 7. An Riarachán Poiblí Eorpach  | 10 635                                | 11 058         | 11 419         | 11 773         | 12 124         | 12 506         | 12 959         | 82 474           |
| ar a n-áirítear: Caiteachas riaracháin na n-institiúidí                           | 8 216                                 | 8 528          | 9              | 9 006          | 9 219          | 9 464          | 9 786          | 62 991           |
| <b>Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí</b>                                   | <b>163 483</b>                        | <b>165 892</b> | <b>168 761</b> | <b>172 024</b> | <b>175 632</b> | <b>179 725</b> | <b>185 377</b> | <b>1 210 894</b> |
| <b>Iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí</b>                         | <b>166 140</b>                        | <b>167 585</b> | <b>165 542</b> | <b>168 853</b> | <b>172 230</b> | <b>175 674</b> | <b>179 187</b> | <b>1 195 211</b> |

Glacadh Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle, lena leagtar síos CAI 2021-2027, an 17 Nollaig 2020<sup>(38)</sup>. An 18 Nollaig 2020, ghlac an Coimisiún Teachtaireacht maidir le coigeartú teicniúil an chreata airgeadais ilbhliantúil don bhliain 2021<sup>(39)</sup>. Taispeánann an tábla thuas uasteorainneacha CAI ag na praghsanna reatha, i gcomhréir leis an díbhóilsceoir bliantúil seasta de 2% a leagtar amach in Airteagal 4(2) de Rialachán CAI. Ba é 2021 an chéad bhliain airgeadais a cumhdaíodh le CAI 2021-2027. EUR 163 483 milliún a bhí san uasteorainn fhoirmlán le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanais in 2021, agus EUR 166 140 milliún a bhí san uasteorainn chomhfhreagrach le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

<sup>(38)</sup> Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11).

<sup>(39)</sup> Coigeartú teicniúil an chreata airgeadais le haghaidh 2021 i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027, COM(2020) 848 final, 18.12.2020.

De bhun Airteagal 312(3) CFAE, cinntear le CAI méideanna na n-uasteorainneacha bliantúla le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanais de réir na catagóire caiteachais (“ceannteidil”) agus uasteorainneacha bliantúla le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí. Comhfhreagraíonn ceannteidil CAI do mhór-earnálacha gníomhaíochta an Aontais. D’athraigh struchtúr agus ábhar na gceannteidil go suntasach i gcomparáid le CAI 2014-2020 roimhe sin. Tugtar míniú ar cheannteidil éagsúla CAI 2021-2027 thíos.

EUR 1 211 billiún (EUR 1 074 billiún i bpraghsanna 2018) a bheidh in CAI 2021-2027, lena n-áirítear an Ciste Eorpach Forbraíochta (CEF). Ina theannta sin, soláthróidh NextGenerationEU méid breise de EUR 806,9 billiún (EUR 750 billiún i bpraghsanna 2018) suas go dtí 2023 i ngealltanais agus 2026 in íocaíochtaí.

Maidir leis an nós imeachta buiséid bhliantúil, déantar ainmniú an bhuiséid a struchtúrú tuilleadh le “braislí” beartais, rud a thugann níos mó soiléireachta maidir leis an mbealach a rannchuidíonn clár chaiteachais aonair le spriocanna beartais an Aontais.

### Ceannteideal 1 – An Margadh Aonair, an Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha

Áirítear leis an gceannteidil seo príomhchlár an Aontais a thacaíonn le réimsí an taighde agus na nuálaíochta, an chlaohlaith dhigitigh, an bhonneagair straitéisigh, neartú an mhargaidh aonair agus tionscadail straitéiseacha spáis. Áirítear leis na clár faoin gceannteidil seo Fís Eorpach, Ciste InvestEU, an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, clár an mhargaidh aonair agus clár spáis na hEorpa.

Is iad seo a leanas na clár a fhaigheann ranníocaíochtaí ó NGEU (ioncam arna shannadh go seachtrach) sa cheannteidil seo: Fís Eorpach agus Ciste InvestEU.

### Ceannteideal 2 – Fás inbhuanaithe: acmhainní nádúrtha

Tá an ceannteidil seo roinnte ina dhá cheannteidil: Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach (2a), agus Athléimneacht agus luachanna (2b).

Tá sé d’aidhm ag an gcaiteachas faoin gceannteidil seo athléimneacht agus comhtháthú Bhallstáit an Aontais a neartú. Cabhraíonn an cistiú seo le héagothromaíochtaí i réigiúin san Aontas agus idir réigiúin an Aontais a laghdú, agus laistigh de na Ballstáit agus ar fud na mBallstát, agus cuirtear forbairt inbhuanaithe críche chun cinn (Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus). Tacaíonn sé freisin le dlúthpháirtíocht agus comhar an Aontais i ndáil lena ullmhacht agus freagairt ar thubaistí (an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta agus rescEU). Ina theannta sin, tá sé d’aidhm ag na clár faoin gceannteidil seo an tAontas a dhéanamh níos athléimní i ndáil le dúshlán reatha agus todhchaí trí infheistíocht a dhéanamh in aistriú glas agus digiteach, daoine óga (Erasmus), sláinte (EU4Health) agus gníomhaíocht chun luachanna an Aontais a chosaint (Ceartas, Cearta agus Luachanna) agus éagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn (Eoraip na Cruthaitheachta).

Áirítear faoin gceannteidil seo RRF, arna chumhachtú ag formhór mór an chistiúcháin arna sholáthar ag NGEU le linn na tréimhse 2021-2023. I measc na gclár eile a fhaigheann ranníocaíochtaí ó NGEU (ioncam arna shannadh go seachtrach) sa cheannteidil seo tá: REACT-EU, an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (rescEU).

EUR milliún

| Clár CAI                                      | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanais | Gealltanais arna ndéanamh | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanais | Íocaíochtaí déanta | Gealltanais le híoc ag deireadh 2021 |
|---|--|---------------------------|--|--------------------|--------------------------------------|
| Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) | 31 458                                   | 24 038                    | 6 058                                    | 4 926              | 19 112                               |
| Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE)               | 19 161                                   | 15 435                    | 2 267                                    | 2 081              | 13 354                               |
| <b>Pacáiste iomlán REACT-EU</b>               | <b>50 620</b>                            | <b>39 473</b>             | <b>8 325</b>                             | <b>7 007</b>       | <b>32 466</b>                        |

### Ceannteideal 3 – Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaoil

Leis an gcaiteachas faoin gceannteidil seo déantar infheistíocht i dtalmhaíocht inbhuanaithe (comhbheartas talmhaíochta) agus in iascaigh agus beartas muirí (an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe), chomh maith le clár atá tiomnaithe do chosaint chomhshaoil agus gníomhaíocht ar son na haeráide (an clár LIFE, an Ciste um Aistriú Cóir).



Is iad seo a leanas na cláir a fhaigheann ranníocaíochtaí ó NGEU (ioncam arna shannadh go seachtrach) sa cheannteideal seo: forbairt tuaithe, An Ciste um Aistriú Cóir.

#### **Ceannteideal 4 – Imirce agus Bainistiú Teorainneacha**

Tá sé d'aidhm ag cláir (Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha) agus gníomhaireachtaí díláraithe (amhail an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann) a mhaoiniú faoin gceannteideal seo dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le himirce agus bainistiú teorainneacha seachtracha an Aontais agus cosaint an chórais tearmainn laistigh den Aontas.

#### **Ceannteideal 5 – Slándáil agus Cosaint**

Léiríonn an ceannteideal seo an gá méadaithe atá ann le haghaidh comhair ar leibhéal an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí slándála agus chun a neamhspleáchas straitéiseach a mhéadú. Áirítear leis cláir arb é d'aidhm acu slándáil agus sábháilteacht shaoránaigh na hEorpa a fheabhsú (an Ciste Slándála Inmheánaí), inniúlacht cosanta na hEorpa a neartú (an Ciste Eorpach Cosanta), agus na uirlisí a theastaíonn chun freagairt do dhúshláin slándála inmheánacha agus sheachtracha a sholáthar.

#### **Ceannteideal 6 – An Chomharsanacht agus an Domhan**

Neartaíonn cláir faoin gceannteideal seo tionchar socheacnamaíoch an Aontais ina chomharsanacht, i dtíortha i mbéal forbartha agus ar fud an domhain. Cumashtar leis an Ionstraim nua um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI-an Eoraip Dhomhanda) roinnt ionstraimí airgeadais seachtracha an Aontais a bhí ann cheana, lena n-áirítear comhar le tíortha san Afraic, sa Mhuir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC) arna mhaoiniú roimhe sin leis an gCiste Eorpach Forbraíochta. Tá cúnaimh do thíortha atá ag ullmhú le dul isteach san Aontas (cúnaimh réamhaontachais) agus clár cabhair dhaonnúil an Aontais san áireamh sa cheannteideal seo freisin.

#### **Ceannteideal 7 – Riarachán Poiblí Eorpach**

Cumhdaítear faoin gceannteideal seo caiteachas riaracháin le haghaidh na n-institiúidí agus na bpinsean uile agus na Scoileanna Eorpacha.

#### **Ceannteideal 9 – Ionstraimí speisialta**

Cumasaítear don Aontas le sásraí solúbthachta i mbuiséad an Aontais na cistí is gá chun freagairt do theagmhais nach raibh coinne leo amhail géarchéimeanna agus cásanna éigeandála a chur chun úsáide. San ainmníocht bhuiséadach bhliantúil agus ina cur chun feidhme, sainaithnítear iad faoi “cheannteideal 9” cé gur féidir iad a chur chun úsáide thar uasteorainneacha caiteachais CAI. Déantar foráil i Rialachán CAI agus sa Chomhaontú Idirinstitiúideach dá raon feidhme, dá leithdháileadh airgeadais agus dá módúlachtaí oibriúcháin. Áirithítear leo gur féidir le hacmhainní buiséadacha freagairt do thosaíochtaí a fhorbraíonn de shíor, ionas go n-úsáidtear gach euro sa chás ina mbíonn an gá is mó leis.

### **3.3. CEANNTÉIDIL MHIONSONRAITHE CAI (CLÁIR)**

Bristear ceannteidil CAI síos tuilleadh ina gceanntéidil mhionsonraithe, a chomhfhreagraíonn do na príomhchláir chaiteachais (e.g. Fis 2020, Erasmus+ etc.). Glactar bunúis dlí fholuiteacha le haghaidh chur chun feidhme an bhuiséid ar leibhéal an chláir. Is iad cláir an struchtúr a úsáidtear de ghnáth chun tuairisciú ar an gcur chun feidhme agus ar thorthaí. Tá táblaí de réir cláir ar fáil sna tuarascálacha ar an gcur chun feidhme buiséadach (féach táblaí **6.7** – **6.12** thíos).

### **3.4. NextGenerationEU**

Agus buiséad de EUR 421,1 billiún aige le haghaidh tacaíocht neamh-inaisíochta (deontais), beidh tionchar mór ag NGEU ar bhuiséid iomlána bhliantúla an Aontais idir 2021 agus 2026 agus ar an gcur chun feidhme. In 2021, inscríobhadh an méid seo go hiomlán mar leithreasuithe sannta faoi chomhair ioncain. Beidh na gealltanais uile le haghaidh na tacaíochta neamh-inaisíochta tugtha isteach faoin 31 Nollaig 2023 agus urramófar iad trí bhíthin íocaíochtaí faoin 31 Nollaig 2026, i gcomhréir le hAirteagal 3(4) agus Airteagal 3(9) de Rialachán EURI<sup>(40)</sup>.


Chun forbhreathnú cuimsitheach ar ghníomhaíochtaí NGEU a fháil, féach roinn **2.2** agus roinn **2.3** de Phríomhphointí Airgeadais na Bliana.

<sup>(40)</sup> Rialachán (AE) 2020/2094.

### 3.5. BUISÉAD BLIANTÚIL

Leagtar síos le hAirteagal 314 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh an nós imeachta um ghlacadh an bhuiséid. Cuirtear i láthair leis an léaráid a leanas na sprioc-amanna chomh maith leis na céimeanna a bhaineann le glacadh an bhuiséid.

#### Tráthchlár conartha <sup>(1)</sup>



<sup>(1)</sup> Sa chleachtas, féachann na trí institiúid lena ndoiciméid faoi seach a chur i láthair níos luaithe sa bhliain chun an próiseas a réiteach.

<sup>(2)</sup> Tá an Coiste Idir-Réitigh comhdhéanta de chomhaltaí den Chomhairle nó a n-ionadaithe agus den líon céanna comhaltaí a dhéanann ionadaíocht do Pharlaimint na hEorpa. Glacann an Coimisiún páirt in imeachtaí an Choiste Idir-Réitigh agus déanann sé gach tionscnamh is gá chun seasamh Pharlaimint na hEorpa agus seasamh na Comhairle a thabhairt ar aon uaim le chéile.

<sup>(3)</sup> i.e. formheasann Parlaimint na hEorpa an téacs comhphárteach agus ansin, laistigh de 14 lá ó dhiúltú na Comhairle, cinneann sí (trí thromlach a comhaltaí comhphárteacha agus 3/5 de na vótaí a chaitear) na leasuithe go léir nó cuid díobh a dheimhniú.

Cuimsítear le struchtúr an bhuiséid don Choimisiún leithreasáí faoi chomhair riaracháin agus oibríochtaí. Níl ach leithreasuithe faoi chomhair riaracháin ag na hInstitiúidí eile. Thairis sin, déanann an buiséad idirdhealú idir dhá chineál leithreasuithe: leithreasuithe neamhdhifreáilte agus difreáilte. Úsáidtear leithreasuithe neamhdhifreáilte chun oibríochtaí bliantúla a mhaoiniú (a chomhlíonann prionsabal na bliantúlachta). Úsáidtear leithreasuithe difreáilte chun prionsabal na bliantúlachta a réiteach leis an ngá chun oibríochtaí ilbhliantúla a bhainistiú. Roinntear leithreasuithe difreáilte ina leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí:

— leithreasuithe faoi chomhair gealltanais: cumhdaítear leo costas iomlán na n-oibleagáidí dlíthiúla, arna ndéanamh don bhliain reatha airgeadais, le haghaidh oibríochtaí a shíneann thar roinnt blianta. Féadfar gealltanais bhuiséadacha maidir le bearta ar faide iad ná aon bhliain airgeadais amháin a roinnt ina dtráthchodanna bliantúla thar roinnt blianta áfach, i gcás ina bhforáiltear amhlaidh sa bhunghníomh.

- leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí: cumhdaítear leo caiteachas a eascraíonn as gealltanais a rinneadh sa bhliain airgeadais reatha agus/nó i mblianta airgeadais roimhe sin.

Sna cuntais, grúpáiltear na cineálacha cistiúcháin in dhá phríomh-mhír:

- Leithreasuithe buiséid críochnaitheacha glactha; agus
- Leithreasuithe breise ina bhfuil:
  - Tabhairt anonn ón mbliain roimhe (ceadaítear leis an Rialachán Airgeadais, i líon teoranta cásanna, méideanna nár caitheadh a thabhairt anonn ón mbliain roimhe go dtí an bhliain reatha); agus
  - Ioncam sannta a eascraíonn as aisíocaíochtaí, ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe/tíortha le cláir an Aontais agus obair arna déanamh do thríú páirtithe; sanntar iad seo go díreach do na línte buiséid caiteachais chomhfhreagraigh agus is iad sin tríú colún an chistiúcháin.

Is iad gach cineál cistiúcháin le chéile a dhéanann na leithreasuithe atá ar fáil.

### 3.6. IONCAM

#### 3.6.1. Ioncam acmhainní dílse

Tagann formhór mór an ioncaim ó acmhainní dílse, lena gcuimsítear na catagóirí a leanas:

- (1) Acmhainní dílse traidisiúnta (ADT): bhain siad seo le thart ar 12 % d'ioncam acmhainní dílse in 2021.
- (2) Acmhainn bunaithe ar cháin bhreisluacha (CBL): bhain sé seo le thart ar 11 % d'ioncam acmhainní dílse in 2021.
- (3) Acmhainn bunaithe ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach nach bhfuil atchúrsáilte: bhain sé seo le thart ar 4 % d'ioncam acmhainní dílse in 2021.
- (4) Acmhainn bunaithe ar ollioncam náisiúnta (OIN): bhain sé seo le thart ar 73 % d'ioncam acmhainní dílse in 2021.

Sonraítear le Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh (Cinneadh 2020 maidir le hAcmhainní Dílse) na catagóirí d'acmhainní dílse agus leagtar síos leis na modhanna lena ríomh. Tháinig an cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2021 agus cuireadh i bhfeidhm go cúlghabhálach é ón 1 Eanáir 2021.

Sainordaítear le Cinneadh 2020 maidir le hAcmhainní Dílse nach mbeidh méid iomlán na n-acmhainní dílse a leithdháiltear ar an Aontas chun leithreasuithe bliantúla faoi chomhair íocaíochtaí a chumhdach níos mó ná 1,40 % de shuim OIN na mBallstát uile. Anuas air sin, cumhachtaítear leis an gcinneadh don Choimisiún ar bhonn eisceachtúil EUR 750 billiún i bpraghsanna 2018 a fháil ar iasacht shealadach ar mhargaí caipitil thar ceann an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí phaindéim COVID-19 tríd an ionstraim aisghabhála, NextGenerationEU. An uasteorainn acmhainní dílse le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, méadófar é go sealadach faoi 0,6 pointe céatadáin chun gach dliteanas a eascraíonn as an iasachtaíocht seo a chumhdach.

Ó 2021 i leith, áirítear le hioncaim eile bhuiséad an Aontais na ranníocaíochtaí airgeadais ón Ríocht Aontaithe chun a dliteanas i ndáil leis an Aontas agus dliteanas an Aontais i ndáil leis an Ríocht Aontaithe a eascraíonn as tréimhse 2014-2020 a chumhdach.

#### 3.6.2. Acmhainní dílse traidisiúnta (ADT)

Is éard is ADT ann dleachtanna custaim arna ngearradh ar allmhairí ó thríú tíortha, a mbailíonn Ballstáit iad thar ceann an Aontais. Coinníonn Ballstáit 25 % de sin, áfach, chun na costais bhailiúcháin a chumhdach. Ní mór gach méid ADT suite a chur isteach i gceann de na cuntais a leanas, arna gcoimeád ag na húdaráis inniúla:

- Sna gnáthchuntais a fhoráiltear in Airteagal 6(3) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle: gach méid a aisghabhatar nó a ráthaítear.
- Sna cuntais ar leithligh a fhoráiltear san Airteagal céanna: gach méid nach bhfuil aisghafa agus/nó ráthaithe go fóill; féadfár méideanna a ráthaítear, ach a cheistítear, a chur sa chuntas seo freisin.

Ní mór do Bhallstáit ADT a chur sa leabhar i gcutas an Choimisiúin tríd a státchistí nó a mbainc cheannais náisiúnta tráth nach déanaí ná an chéad lá oibre tar éis an 19ú lá sa dara mí tar éis na míosa inar bunaíodh an teidlíocht (nó inar aisghabhadh i gcás an chuntais ar leithligh).

### 3.6.3. Cáin bhreisluacha (CBL)

Ríomhtar acmhainn dhílis CBL bunaithe ar bhoinn CBL na mBallstát, atá comhchuibhithe chun na críche sin i gcomhréir le rialacha an Aontais. Tá glaoirí aonfhoirmeach de 0,30 % i bhfeidhm maidir le méid iomlán gach Ballstáit in admhálacha CBL arna mbailiú le haghaidh gach soláthair inchánaigh arna roinnt ar mheán ualaithe an ráta CBL. Tá uasteorainn de 50 % de OIN gach Ballstáit ar an mbonn CBL.

### 3.6.4. Dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte

Tá feidhm ag glaoirí aonfhoirmeach de EUR 0,80 in aghaidh an chileagram maidir le meáchan na dramhaíola ó phacáistíocht phlaisteach arna giniúint i ngach Ballstát agus nach ndéantar a athchúrsáil. An dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach nach n-athchúrsáiltear i mbliain ar leith, ríomhtar í mar an difríocht idir an dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach a ghintear agus an dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach a athchúrsáiltear an bhliain sin i mBallstát. Tá an Bhulgáir, an Chipir, an Chróit, an Eastóin, an Ghréig, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Málta, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSeicia, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Spáinn agus an Ungáir, i dteideal laghduithe cnapshuime bliantúla sonracha a fháil ina ranníocaíochtaí acmhainní dílse ó dhramhaíl phlaisteach faoi seach.

### 3.6.5. Ollioncam Náisiúnta (OIN)

Úsáidtear an acmhainn bunaithe ar ollioncam náisiúnta (OIN) chun an chuid sin den bhuiséad nach gcumhdaítear le foinsí eile ioncaim a mhaoiniú. Gearrtar glaoirí aonfhoirmeach ar OIN gach Ballstáit, a bhunaítear i gcomhréir le rialacha an Aontais.

Cinntear acmhainní atá bunaithe ar CBL agus OIN ar bhonn réamhaisnéisí de bhoinn ábhartha a dhéantar nuair a ullmhaítear an dréachtbhuiséad. Déantar na réamhaisnéisí seo a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta le linn na bliana airgeadais lena mbaineann, trí bhíthin buiséad leasaitheach. Maidir le difríochtaí idir na méideanna atá dlíte ó na Ballstáit i ndáil leis na boinn iarbhair, agus na méideanna arna n-íoc ar bhonn na réamhaisnéisí (athbhreithnithe), dearfach nó diúltach, glaonn an Coimisiún iad sin isteach ó na Ballstáit don chéad lá oibre de mhí an Mheithimh sa dara bliain tar éis na bliana airgeadais lena mbaineann. Féadfar ceartúcháin a dhéanamh fós ar na boinn iarbhair CBL agus OIN le linn na 4 bliana ina dhiaidh, mura n-eisítear forchoimeádas. Léiríonn na forchoimeádas seo na héilimh fhéideartha ar na Ballstáit i ndáil le méideanna éiginnte, toisc nach féidir meastachán cruinn a dhéanamh ar an tionchar airgeadais. Nuair is féidir an méid beacht a chinneadh, glaoitear na hacmhainní comhfhreagracha atá bunaithe ar CBL agus OIN isteach i ndáil le cleachtas na n-iarmhéideanna CBL agus OIN nó le glaoirí aonair ar chistí.

### 3.6.6. Oll-laghdú

Don tréimhse 2021-2027, baineann na Ballstáit a leanas tairbhe d'oll-laghdú ar a ranníocaíochtaí bliantúla bunaithe ar OIN: EUR 377 milliún don Danmhairg, EUR 3 671 milliún don Ghearmáin, EUR 1 921 milliún don Ísiltír, EUR 565 milliún don Ostair agus EUR 1 069 milliún don tSualainn. Tomhaistear na holl-laghduithe seo i bpraghsanna 2020 agus maoiníonn na Ballstáit uile iad.

## 3.7. RÉITEACH AN TORAIDH EACNAMAÍOCH LE TORADH BUISÉID

|   | EUR milliún     |                 |
|---|-----------------|-----------------|
|   | 2021            | 2020            |
| <b>TORADH EACNAMAÍOCH NA BLIANA</b>   | <b>(42 100)</b> | <b>57 416</b>   |
| <b>Ioncam</b>   |                 |                 |
| <i>Teidlíochtaí arna mbunú sa bhliain reatha ach nár bailíodh go fóill</i>          | (7 068)         | (1 295)         |
| <i>Teidlíochtaí arna mbunú blianta roimhe seo agus a bailíodh sa bhliain reatha</i> | 64 356          | 3 886           |
| <i>(Glan) Ioncam fabhráithe</i>   | (5 434)         | (48 762)        |
|   | <b>51 854</b>   | <b>(46 171)</b> |

|   | EUR milliún    |                |
|---|----------------|----------------|
|   | 2021           | 2020           |
| <b>Speansais</b>  |                |                |
| <i>(Glan) speansais fhabhráithe</i>   | 53 108         | 8 258          |
| <i>Speansais na bliana roimhe arna n-íoc sa bhliain reatha</i>  | (1 046)        | (457)          |
| <i>Glan-éifeacht réamh-mhaoiniúcháin</i>  | (47 608)       | (17 547)       |
| <i>Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí arna dtabhairt anonn chuig an mbliain dár gcionn</i>                    | (4 449)        | (2 268)        |
| <i>Íocaíochtaí arna ndéanamh ó thabhairt anonn agus cealú leithreasuithe neamhúsáidte faoi chomhair íocaíochtaí</i> | (4 047)        | 3 248          |
| <i>Gluaiseacht i bhforálacha</i>  | 1 032          | 3 873          |
| <i>Eile</i>   | (3 577)        | (4 441)        |
|   | <b>(6 587)</b> | <b>(9 334)</b> |
| <b>Toradh eacnamaíoch, Gníomhaireachtaí agus CEGC i.L.</b>  | <b>61</b>      | <b>(142)</b>   |
| <b>TORADH BUISÉID NA BLIANA</b>   | <b>3 230</b>   | <b>1 768</b>   |

I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, ríomhtar toradh eacnamaíoch na bliana ar bhonn phrionsabail chuntasaíochta fhabhráithe agus Rialacha Cuntasaíochta an Aontais, fad a bhunaítear toradh an bhuiséid ar rialacha coigeartaithe um chuntasaíocht airgid thirim. Toisc go gcumhdaíonn an toradh eacnamaíoch agus an toradh buiséid na hidirbhearta foluiteacha céanna – ach amháin foinsí (neamhbhúisíochta) eile ioncaim agus caiteachais na ngníomhaireachtaí agus CEGC faoi Leachtú a chuimsítear sa toradh eacnamaíoch amháin – is seiceáil úsáideach comhsheasmhachta é réiteach thoradh eacnamaíoch na bliana le toradh buiséid na bliana.

### Míreanna réitigh – Ioncam

Comhfhreagraíonn ioncam iarbhír buiséadach le haghaidh bliain airgeadais leis an ioncam a bailíodh ó theidlíochtaí arna mbunú le linn na bliana agus méideanna a bailíodh ó theidlíochtaí arna mbunú i mblianta roimhe seo. Dá bhrí sin, déanfar na teidlíochtaí arna mbunú sa bhliain reatha ach nár bailíodh go fóill a asbhaint ón toradh eacnamaíoch chun críocha réitigh, toisc nach bhfuil siad mar chuid den ioncam buiséadach. I gcodarsnacht leis sin, na teidlíochtaí arna mbunú blianta roimhe sin agus arna mbailiú sa bhliain reatha ní mór iad a chur leis an toradh eacnamaíoch chun críocha réitigh.

Cuimsítear leis an ioncam fabhraíthe go príomha ioncam fabhraíthe a bhaineann le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas, ceartuithe airgeadais, acmhainní dílse, úis agus díbhinní. Ní chuirtear san áireamh ach an ghlan-éifeacht amháin, i.e. an t-ioncam fabhraíthe don bhliain reatha lúide aisiompú an ioncaim fhabhráithe ón mbliain roimhe sin.

### Míreanna réitigh – Caiteachas

Cuimsítear leis na speansais fhabhráithe go príomha fabhraíthe arna ndéanamh chun críocha scoite deireadh bliana, i.e. speansais incháilithe arna dtabhú ag tairbhíthe chistí an Aontais ach nár tuairiscíodh don Choimisiún go fóill. Ní chuirtear san áireamh ach amháin an ghlan-éifeacht, i.e. na speansais fhabhráithe don bhliain reatha lúide aisiompú speansais fhabhráithe ón mbliain roimhe sin. Tá na híocaíochtaí a dhéantar sa bhliain reatha a bhaineann le sonraisc a cláraíodh sna blianta roimhe seo mar chuid de chaiteachas buiséadach na bliana reatha agus, dá bhrí sin, ní mór iad a chur leis an toradh eacnamaíoch chun críocha réitigh.

Is é atá i nglan-éifeacht an réamh-mhaoiniúcháin meascán de (1) mhéideanna réamh-mhaoiniúcháin nua a íocadh sa bhliain reatha agus a aithnítear mar chaiteachas buiséadach na bliana agus (2) imréiteach an réamh-mhaoiniúcháin trí chostais incháilithe a glacadh le linn na bliana reatha. Léiríonn na costais incháilithe sin speansais i dtéarmaí fabhraíthe nach bhfuil sna cuntais bhúisíochta ó tharla go raibh íocaíocht an réamh-mhaoiniúcháin thosaigh curtha san áireamh cheana féin mar chaiteachas buiséadach tráth ar íocadh é.

Chomh maith leis na híocaíochtaí arna ndéanamh in aghaidh leithreasuithe na bliana, caithfear na leithreasuithe don bhliain sin a thugtar anonn chuig an mbliain dar gcionn a chur san áireamh agus an toradh buiséid don bhliain á ríomh (i gcomhréir le hAirteagal 1(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 608/2014). Tá an rud céanna i gceist i ndáil le híocaíochtaí buiséadacha arna ndéanamh sa bhliain reatha ó na leithreasuithe a tugadh anonn ó bhlianta roimhe sin, agus cealú na leithreasuithe neamhúsáidte faoi chomhair íocaíochtaí.

Baineann an ghluaiseacht sa soláthar le meastacháin ag deireadh na bliana a dhéantar sna ráitis airgeadais (sochair fostaithe den chuid is mó) nach ndéanann difear do na cuntais bhuiséadacha. Cuimsítear le méideanna imréitigh eile gnéithe éagsúla amhail amúchadh/dímheas sócmhainní, éadáil sócmhainní, íocaíochtaí léasa airgeadais agus rannpháirtíochtaí airgeadais dá mbíonn cóireálacha cuntasáíochta buiséadaí agus fabhráithe éagsúil.

### **Mír imréitigh – Toradh eacnamaíoch, Gníomhaireachtaí agus CEGC faoi Leachtú**

Is figiúr neamhchomhdhlúite é toradh buiséid na bliana agus ní chuimsítear leis foinsí eile (neamhbhuiséadacha) ioncaim agus caiteachais na ngníomhaireachtaí comhdhlúite agus CEGC faoi Leachtú. (féach nóta 6). Chun toradh eacnamaíoch na bliana a imréiteach – figiúr comhdhlúite lena n-áirítear na méideanna seo – le toradh buiséadach na bliana, cuirtear toradh eacnamaíoch iomlán comhdhlúite na bliana a bhaineann leis na gníomhaireachtaí agus CEGC i.L. i láthair mar mhír imréitigh.

#### **4. CUR CHUN FEIDHME BHUISÉAD 2021 AN AONTAIS**

Féach roinn 4, “Achoimre ar chur chun feidhme an bhuiséid” i bPríomhphointí Airgeadais na Bliana le haghaidh nótaí míniúcháin ar chur chun feidhme bhuiséad 2021 le haghaidh ioncaim agus caiteachais, gealltanais le híoc agus an toradh buiséid.

5. CUR CHUN FEIDHME IONCAM BHUISÉAD AN AONTAIS

5.1. ACHOIMRE AR CHUR CHUN FEIDHME IONCAM BHUISÉAD AN AONTAIS

EUR milliún

| Teideal   | Leithreasuithe ioncain  |                                 | Teidlíochtaí bunaithe |                   |                | Ioncam                            |                               |                | Fáltais mar % den bhuiséad | Gan íoc       |
|---|-------------------------|---------------------------------|-----------------------|-------------------|----------------|-----------------------------------|-------------------------------|----------------|----------------------------|---------------|
|   | Buiséad tosaigh glactha | Buiséad críochnaitheach glactha | Bliain reatha         | Méid tugtha anonn | Foriomlán      | Ar theidlíochtaí na bliana reatha | Ar theidlíochtaí tugtha anonn | Foriomlán      |                            |               |
|   | 1                       | 2                               | 3                     | 4                 | 5=3+4          | 6                                 | 7                             | 8=6+7          |                            |               |
| 1 Acmhainní dílse   | 156 867                 | 156 993                         | 158 629               | 2 241             | 160 869        | 158 624                           | 8                             | 158 632        | 101 %                      | 2 237         |
| 11 – Tobhaigh siúcra  | 0                       | 0                               | 1                     | —                 | 1              | 1                                 | —                             | 1              | —                          | (0)           |
| 12 – Dleachtanna custaim  | 17 606                  | 17 348                          | 19 033                | 2 241             | 21 274         | 19 028                            | 8                             | 19 037         | 110 %                      | 2 237         |
| 13 – CBL  | 17 967                  | 17 941                          | 17 934                | —                 | 17 934         | 17 934                            | —                             | 17 934         | 100 %                      | —             |
| 14 – OIN  | 121 294                 | 115 858                         | 115 819               | —                 | 115 819        | 115 819                           | —                             | 115 819        | 100 %                      | —             |
| 16 – Laghdú na ranníocaíochta bunaithe ar OIN arna deonú do Bhallstáit faoi leith | 0                       | —                               | 11                    | —                 | 11             | 11                                | —                             | 11             | —                          | —             |
| 17 – Dramhail ó phacáistíocht phlaisteach   | 0                       | 5 847                           | 5 831                 | —                 | 5 831          | 5 831                             | —                             | 5 831          | 100 %                      | —             |
| 2 Barrachais, iarmhéideanna agus coigeartuithe                                    | 0                       | 1 769                           | 1 772                 | 7                 | 1 779          | 1 772                             | —                             | 1 772          | 100 %                      | 7             |
| 3 Ioncam riaracháin   | 1 726                   | 1 726                           | 2 254                 | 52                | 2 306          | 2 195                             | 35                            | 2 230          | 129 %                      | 76            |
An ráta a dhéanann lascainiú ar fháltais nó íocaíochtaí airgid thirim mheasta na todhchaí le linn shaolré ionchasach na sócmhainne airgeadais nó an dliteanais airgeadais chuig glanluach de réir na leabhar de chuid na sócmhainne nó an dliteanais.

### **Sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais ar chostas amúchta**

Gach sócmhainn airgeadais agus dliteanais airgeadais atá de réir Chaighdeán Idirnáisiúnta Chuntasaíochta na hEarnála Poiblí arna dtomhas ar chostas amúchta.

## Sócmhainní airgeadais nó dliteanas airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh

Gach sócmhainn airgeadais nó dliteanas airgeadais atá de réir Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta na hEarnála Poiblí arna dtomhas ar luach cóir agus lena bhfuil na hathruithe ar luach cóir le haithint i mbarrachas nó easnamh na tréimhse (i.e. díorthaigh).

### Ceartú airgeadais

Is é cuspóir na gceartuithe airgeadais buiséad an Aontais a chosaint ó ualach an chaiteachais neamhrialta. Maidir le caiteachas faoi bhainistíocht chomhpháirteach, is faoin mBallstát go príomha an cúram maidir le hiocaíochtaí neamhrialta a aisghabháil.

Ghlac an Ballstát lena mbaineann ceartú airgeadais “deimhnithe”. Glacadh ceartú airgeadais “cinntithe” trí chinneadh ón gCoimisiún agus is glanheartú a bhíonn ann i gcónaí, i gcás inar gá don Bhallstát cistí neamhrialta a aisíoc le buiséad an Aontais, a mbíonn laghdú cinntitheach ar an imchlúdach leithdháilte chuig an mBallstát lena mbaineann dá thoradh. Tuairiscítear ceartuithe airgeadais deimhnithe agus cinntithe san fhoilseachán seo mar chatagóir amháin.

Cheartaigh ceartú airgeadais “curtha chun feidhme” an neamhrialtacht bhreathnaithe.

### Bainistíocht indíreach

Modh cur chun feidhme an bhuiséid. Faoi bhainistíocht indíreach tugann an Coimisiún cúraimí chur chun feidhme buiséid do chomhlachtaí dlí an Aontais nó an dlí náisiúnta.

### Bristí agus fionraithe

Má shuíonn an Coimisiún, bunaithe ar a chuid oibre féin nó ar an bhfaisnéis arna tuairisciú ag údaráis iniúchta, gur theip ar Bhallstát easnaimh thromchúiseacha sna córais bainistithe agus rialaithe a leigheas agus/nó caiteachas neamhrialta a cheartú a dearbhaíodh agus a deimhníodh, d’fhéadfadh sé cur isteach ar íocaíochtaí nó iad a chur ar fionraí.

### Neamhrialtacht

Gníomh is ea neamhrialtacht nach gcomhlíonann rialacha an Aontais nó na rialacha náisiúnta is infheidhme agus ag a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ar leasanna airgeadais an Aontais. Neamhrialtachtaí, a d’fhéadfadh a bheith mar thoradh ar iompar tairbhíthe a éilíonn cistí nó iompar na n-údarás atá freagrach as íocaíochtaí a dhéanamh. Tá nóisean na neamhrialtachta níos leithne ná nóisean na calaoise, a thagraíonn d’iompar a d’fhéadfadh cáiliú mar chion coiriúil.

### Leithreasuithe ag dul as feidhm

Leithreasuithe neamhúsáidte a bheidh le cealú ag deireadh na bliana airgeadais. Ciallaíonn dul as feidhm cealú an údaraithe ar fad nó cuid d’údarú chun caiteachais a dhéanamh agus/nó dliteanas a thabhtú a léirítear le leithreasú. Le haghaidh Comhghnóthais amháin, mar a shonraítear ina Rialacha Airgeadais, is féidir aon leithreasú neamhúsáidte a iontráil sa mheastachán ioncaim agus caiteachais suas le 3 bliana airgeadais ina dhiaidh sin (riail “N+3” mar a thugtar uirthi). Dá bhrí sin, d’fhéadfaí leithreasuithe ag dul as feidhm le haghaidh Comhghnóthas a athghníomhachtú go dtí an bhliain airgeadais “N+3”

### Gealltanais gan íoc

Mar *Reste à Liquidier (RAL)*, léiríonn siad an méid ina ndearnadh gealltanais buiséadach ach nach bhfuil an íocaíocht ina dhiaidh sin déanta go fóill. Léiríonn siad oibleagáidí íocaíochta le haghaidh an Aontais le haghaidh blianta sa todhchaí agus tagann siad go díreach as clár ilbhliantúla arb ann dóibh agus an díthiomsú idir leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

### Acmhainní dílse

An phríomhfhoinse ioncam le haghaidh buiséad an Aontais. Liostaítear na hacmhainní dílse difriúla sa Chinneadh maidir le hAcmhainní Dílse is infheidhme (Cinneadh ón gComhairle (AE, Euratom) 2020/2053) agus is acmhainní dílse traidisiúnta iad, acmhainn dhílis CBL-bhunaithe, acmhainn dhílis OIN-bhunaithe agus acmhainn dhílis bunaithe ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte.

### Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí

Cumhdaíonn leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí caiteachas atá dlite sa bhliain reatha, ag eascairt as gealltanais dhlíthiúla a iontráladh sa bhliain reatha agus/nó blianta níos luaithe.

### Réamh-mhaoiniú

Tá sé i gceist leis an íocaíocht cúlchnap a chur ar fáil don tairbhí. Féadfar é a dheighilt i roinnt tráthchodanna i gcomhréir le forálacha an chonartha fholuitigh, an chinnidh, an chomhaontaithe nó an ghnímh bhunúsáigh dlí. Úsáidtear an cúlchnap nó an réamhíocaíocht don chríoch dár soláthraíodh é le linn na tréimhse a shainítear sa chomhaontú nó aisíoctar é.

**Bearta coisctheach**

Bearta coisctheacha, atá ar fáil don Choimisiún chun buiséad an Aontais a chosaint i gcás ina bhfuil sé ar an eolas faoi easnaimh fhéideartha, áirítear orthu íocaíochtaí a chur ar fionraí nó cur isteach ar íocaíochtaí ó bhuiséad an Aontais leis an gclár oibriúcháin.

**Reste à Liquider (RAL)**

Mar *ghealltanais le hÍoc*, léiríonn sé an méid i gcás ina ndearnadh gealltanais buiséadach ach nach bhfuil an íocaíocht ina dhiaidh sin déanta go fóill. Léiríonn siad oibleagáidí íocaíochta le haghaidh an Aontais le haghaidh blianta sa todhchaí agus tagann siad go díreach as clár ilbhliantúla arb ann dóibh agus an díthiomsú idir leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

**Bainistíocht chomhroinnte**

Modh cur chun feidhme an bhuiséid. Faoi bhainistíocht chomhpháirteach, tarmligtear cúraimí cur chun feidhme buiséid do Bhallstáit. Tagann thart ar trí cheathrú de chaiteachas an Aontais faoin modh cur chun feidhme sin.

**Acmhainní dílse traidisiúnta**

Sainmhínítear acmhainní dílse traidisiúnta sa Chinneadh maidir le hAcmhainní Dílse is infheidhme (Cinneadh ón gComhairle (AE, Euratom) 2020/2053) agus is éard atá iontu go príomha dleachtanna custaim agus tobhaigh siúcra.

**Aistrithe (idir línte buiséid)**

Tugann aistrithe idir línte buiséid athshocrú leithreasuithe ó líne buiséid amháin go líne buiséid eile le fios, le linn na bliana airgeadais, agus dá bhrí sin is ionann iad agus eisceacht maidir le prionsabal buiséadach na sonraíochta. Tá siad údaraithe go sainráite, áfach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán Airgeadais. Saináithnítear sa Rialachán Airgeadais na cineálacha difriúla aistrithe ag brath ar an bhfuil siad idir nó laistigh de theidil, chaibidil, airteagail nó cheannteidil buiséid agus éilítear leibhéil difriúla údaraithe leo.



## LIOSTA GIORRÚCHÁN

|                                     |   |
|-------------------------------------|---|
| AAR                                 | Tuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí                          |
| AC                                  | Costas Amúchta  |
| AFS                                 | Ar fáil le díol   |
| CTIL                                | An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht                 |
| AOD                                 | Oifigigh Údarúcháin trí Tharmligean                               |
| UMB                                 | Bainistíocht Aerthrachta  |
| Comhardú<br>íocaíochtaí             | Comhardú na nÍocaíochtaí  |
| Ciste BUFI                          | Ciste Fíneálacha Buiséid  |
| CBT                                 | Comhbheartas Talmhaíochta   |
| CCS LGF                             | Saoráid Ráthaíochta Earnáil an Chultúir agus na Cruthaitheachta   |
| SCE                                 | An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa                               |
| CEF DI                              | Ionstraim Fiachais na Saoráide um Chónascadh na hEorpa            |
| CC                                  | An Ciste Comhtháthaithe   |
| CIP                                 | Clár Réime Iomaíochais agus Nuálaíochta                           |
| COM                                 | An Coimisiún Eorpach  |
| COSME                               | Iomaíochas na bhFiontar agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide    |
| COSO                                | Coiste Eagraíochtaí Spóirt Choimisiún Treadway                    |
| CPF                                 | Ciste don Soláthar Coiteann                                       |
| RFC                                 | Rialachán na bhForálacha Coiteanna                                |
| CRII+                               | Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas Plus |
| D&WM                                | Díchoimisiúnú agus Bainistíocht Dramhaíola                        |
| EAD (risíocht ar<br>mhainneachtain) | Risíocht ar Mhainneachtain  |
| CETFT                               | An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe                |
| CERT                                | An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta                       |
| EAR                                 | Riail Chuntasaíochta an Aontais Eorpaigh                          |
| EaSI                                | Fostaíocht agus Nuálaíocht Shóisialta                             |

---

|           |   |
|-----------|---|
| BEAF      | Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha                                |
| CIE       | Cúirt Iniúchóirí na hEorpa  |
| BCE       | An Banc Ceannais Eorpach  |
| ECL       | Cailteanais Chreidmheasa Ionchasacha  |
| ECOFIN    | Comhairle Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais                             |
| ECSC i.L. | An Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach faoi Leachtú                     |
| CEF       | An Ciste Eorpach Forbraíochta   |
| EDIF      | Saoráid Ráthaíochta faoi na Balcáin Thiar                                   |
| LEE       | An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch  |
| SEGS      | An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí                                |
| CEFI      | An Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe                                  |
| EFSE      | An Ciste Eorpach le haghaidh Oirdheisceart na hEorpa                        |
| EFSE      | An tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais                              |
| CEIS      | Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha                    |
| EFSM      | An Sásra Cobhsaíochta Airgeadais Eorpach                                    |
| EFTA      | Comhlachas Saorthrádála na hEorpa   |
| EGNOS     | Breis-seirbhís na hEorpa um Loingseoireacht Gheochobhsaí                    |
| BEI       | An Banc Eorpach Infheistíochta  |
| BEI       | An Ciste Eorpach Infheistíochta   |
| ElectriFI | An Tionscnamh um Maoiniú Leictriúcháin                                      |
| ELM       | Sainordú um Iasachtú Seachtrach   |
| CEMI      | An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh  |
| AEA       | Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta                                      |
| ENEF      | Ciste um Leathadh Fiontair  |
| ENIF      | An Ciste Nuálaíochta Fiontair   |
| ENPI      | Ionstraim um an mBeartas Eorpach um Chomharsanacht agus um Chomhpháirtíocht |

---

|   |   |
|---|---|
| PE  | Parlaimint na hEorpa  |
| CFRE                                      | Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa                                    |
| ERI                                       | An Tionscnamh Athléimneachta BEI  |
| ESA                                       | An Ghníomhaireacht Eorpach Spáis  |
| CSE                                       | Ciste Sóisialta na hEorpa   |
| ESIF                                      | Cistí Struchtúrtha agus Infheistíochta na hEorpa                          |
| SCE                                       | An Sásra Cobhsaíochta Eorpach   |
| ETF                                       | Saoráid Tosaithe Teicneolaíochta Eorpach 1998                             |
| AE  | An tAontas Eorpach  |
| EUMETSAT                                  | An Eagraíocht Eorpach chun Sochar a Bhaint as Satailítí Meitéareolaíochta |
| Euratom                                   | An Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach                              |
| TITA                                      | Is túisce isteach is túisce amach   |
| FP7                                       | An 7ú Clár Réime um Thaighde agus um Fhorbairt Teicneolaíochta            |
| FR  | Rialachán Airgeadais an Aontais Eorpaigh                                  |
| FSDA                                      | Plé agus Anailís um Ráiteas Airgeadais                                    |
| FVNA                                      | Luach Cóir trí Ghlan sócmhainní/Chothromas                                |
| FVSD                                      | Luach Cóir trí Bharrachas nó Easnamh                                      |
| OTI                                       | Olltáirgeacht Intíre  |
| OIN                                       | Ollioncam Náisiúnta   |
| GNSS                                      | Córais Dhomhanda um Loingseoireacht Satailíte                             |
| H2020                                     | Fís 2020  |
| IIW                                       | Fuinneog Bonneagair agus Nuálaíochta                                      |
| CAI                                       | An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta                                     |
| IPSAS                                     | Caighdeán Idirnáisiúnta Chuntasaíochta na hEarnála Poiblí                 |
| IF  | An Ciste don Nuálaíocht   |
| IT  | Teicneolaíocht Faisnéise  |
| ITER                                      | Imoibreoir Trialach Teirmeánúicléach Idirnáisiúnta                        |
| an tAirmheán<br>Comhphairteach<br>Taighde | An tAirmheán Comhpháirteach Taighde                                       |
| JU  | Comhghnóthas  |
| LGD                                       | Ráta Caillteanais i gcás Mainneachtana                                    |
| LGTT                                      | Ionstraim Ráthaíochta Iasachta le haghaidh tionscadail TEN-T              |

---

|   |  |
|---|--|
| MAP   | Clár Ilbhliantúil – Clár Cuimsithe Airgeadais Fiontair Mheánmhéide                 |
| FPE   | Feisire de Pharlaimint na hEorpa   |
| MFA   | Cúnamh Macrairgeadais  |
| CAI   | An Creat Airgeadais Ilbhliantúil   |
| MFBM  | Micrifhiontar, Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide                                    |
| An Ionstraim um Chomhar-sanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta | Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta |
| NGEU  | NextGenerationEU   |
| ORD   | Cinneadh maidir le hAcmhainní Dílse  |
| TBT   | Tionscnamh Bannaí Tionscadal   |
| PD  | Dóchúlacht Mainneachtana   |
| PF4EE   | Ionstraim maidir le Maoiniú Príobháideach le haghaidh Éifeachtúlacht Fuinnimh      |
| PGF   | Ciste um Ráthaíocht Rannpháirtithe   |
| PCC   | Comhpháirtíocht Phoiblí-Phríobháideach   |
| PSEO  | Scéim Pinsin Oifigigh an Aontais Eorpaigh  |
| RAL   | “Reste à Liquider” (Gealltanais le hÍoc)   |
| RSFF  | An tSaoráid Airgeadais Roinnte Riosca  |
| RRF   | An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta  |
| Taighde agus Forbairt Theicneolaíoch                                | Taighde, Forbairt Theicneolaíoch agus Léiriú                                       |
| S&P   | Standard & Poor’s Financial Services LLC   |
| SANAD   | Ciste MENA le haghaidh Micrifhiontar, Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide             |
| SAPARD  | Clár Aontachais Speisialta um Thalmhaíocht agus Forbairt Tuaithe                   |

---

|       |  |
|-------|--|
| SEMED | Clár Cuimsithe Airgeadais Micrifhiontair, Fiontair Mheánmhéide na Meánmhara Theas agus Thoir |
| SICR  | Méadú Suntasach ar Riosca Creidmheasa  |
| SIUGI | Ionstraim Ráthaíochta um Thionscnamh Neamh-chaidhpeáilte FBM                                 |
| FBM   | Fionta(i)r B(h)eag(a) agus M(h)eánmhéide   |
| SMEW  | Fuinneog FBM (Fuinneog Fiontar Beag agus Meánmhéide)   |
| SURE  | Tacaíocht chun Rioscaí Dífhostaíochta a mhaolú i gcás Éigeandála                             |
| CFAE  | An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh  |
| ADT   | Acmhainní dílse traidisiúnta   |
| TRDI  | Ionstraim Shealadach le haghaidh Forbairt Tuaithe  |
| CBL   | Cáin Bhreislúacha  |

---

**Ráiteas Dearbhaithe na Cúirte Iniúcháirí arna sholáthar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle –  
Tuarascáil an iniúcháora neamhspleách**

(2022/C 399/02)

**Tuairim**

I. Tá iniúcháireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

- (a) cuntais chomhdhlúite an Aontais Eorpaigh, atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais chomhdhlúite<sup>(1)</sup> agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid<sup>(2)</sup> don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2021, arna bhformheas ag an gCoimisiún an 28 Meitheamh 2022;
- (b) dlíthiúlacht agus rialtacht na *n-idirbheart* is bun leis na cuntais sin, mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

**Beachtas na gcuntas**

**Tuairim maidir le beachtas na gcuntas**

II. Is é ár dtuairim go dtugann cuntais chomhdhlúite an Aontais Eorpaigh (AE) don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 léargas fíorcheart, ar gach slí ábharthach, ar staid airgeadais an Aontais amhail an 31 Nollaig 2021, ar *thorthaí* a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasáiochta atá bunaithe ar chaighdeáin chuntasáiochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

**Dlíthiúlacht agus rialtacht na *n-idirbheart* is bun leis na cuntais**

**Ioncam**

*Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim*

III. Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bonn leis na cuntais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 dlíthiúl agus rialta ar gach slí ábharthach.

**Caiteachas**

IV. Le haghaidh 2021, tugaimid dhá thuairim ar leithligh maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais. Léiríonn sé seo an fíoras gur ionstraim shealadach atá sa *tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF)* atá á tabhairt i gcrích agus á maoiniú ar shlí atá an-difriúil ó ghnáthchaiteachas an bhuiséid faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI).

*Tuairim neamhfhabhrach maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim*

V. Is é ár dtuairim, mar gheall ar shuntasacht an ábhair a bhfuil cur síos air faoi “Bunús don tuairim neamhfhabhrach maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht chaiteachas an bhuiséid”, go bhfuil difear ábharthach déanta ag earráid do chaiteachas an bhuiséid atá glactha sna cuntais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021.

<sup>(1)</sup> Tá na ráitis airgeadais chomhdhlúite comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d’achóimre ar bheartais chuntasáiochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile (lena n-áirítear tuairisciú teascán).

<sup>(2)</sup> Tá nótaí míniúcháin sna tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid chomh maith.

*Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht chaiteachas RRF*

VI. Is é ár dtuairim go bhfuil caiteachas RRF is bonn leis na cuntais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

*Bunús don tuairim*

VII. Tá ár n-iniúcháireacht déanta againn i gcomhréir le Caighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) agus Cóid Eitice Chónaidhm Idirnáisiúnta na gCuntasóirí (IFAC) agus Caighdeán Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúcháireachta (ISSAInna) de chuid INTOSAI. Tá cur síos níos mionsonraithe ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin agus na cóid sin sa roinn “Freagrachtaí an iniúcháora” dár dtuarascáil. Sa roinn sin, tugaimid tuilleadh faisnéise faoin mbunús dár dtuairim maidir leis an ioncam (féach mír **XXXV**) agus maidir le caiteachas RRF (féach mír **XXXVII**). Tá na ceanglais maidir le neamhspleáchas agus ár n-oibleagáidí eiticíúla comhlíonta againn faoi Chód Eitice do Chuntasóirí Proifisiúnta de chuid Bhord na gCaighdeán Idirnáisiúnta Eitice do Chuntasóirí. Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta atá faighte againn leordhóthanach agus oiriúnach le bheith mar bhunús dár dtuairimí.

*Bunús don tuairim neamhfhabhrach maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht chaiteachas an bhuiséid*

VIII. Is é an leibhéal earráide measta do chaiteachas an bhuiséid atá glactha sna cuntais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ná 3,0 %. Tá difear ábharthach déanta ag earráid do sciar substainteach den chaiteachas sin. Baineann sé sin go príomha le caiteachas bunaithe ar eisíocaíochtaí, ina bhfuil an leibhéal earráide measta ag 4,7 %. Mhéadaigh caiteachas den sórt sin go dtí EUR 90,1 billiún in 2021, rud a sheasann do 63,2 % dár bpobal iniúcháireachta <sup>(3)</sup>. Dá bhrí sin, tá éifeachtaí na n-earráidí a d'aimsíomar ábharthach agus freisin forleatach i gcás an chaiteachais ar glacadh leis don bhliain.

**Príomhábhair iniúcháireachta****Rinneamar measúnú ar an dliteanas maidir le pinsean agus sochair fostaithe eile**

IX. I gclár comhardaithe an Aontais, tá dliteanas maidir le pinsean agus sochair fostaithe eile de luach EUR 122,5 billiún ann amhail ag deireadh 2021 (2020: EUR 116,0 billiún), a sheasann do bheagnach an ceathrú cuid de na dliteanais iomlána do 2021 atá ag EUR 496,4 billiún (2020: EUR 313,5 billiún).

X. Baineann formhór an dliteanais maidir le pinsean agus sochair fostaithe eile le Scéim Pinsin Oifigigh agus Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh (PSEO), arb ionann é sin agus EUR 109,7 billiún (2020: EUR 100,7 billiún). Is éard atá sa dliteanas atá taifeadta sna cuntais ná meastachán den luach reatha atá ag íocaíochtaí a meastar a bheidh ar an Aontas a dhéanamh sa todhchaí chun a chuid oibleagáidí pinsin a shocrú.

XI. Déantar na sochair a íoctar faoin scéim pinsin a chur chun dochair do bhuiséad an Aontais. Cé nach bhfuil ciste pinsin ar leith cruthaithe ag an Aontas chun costas na n-oibleagáidí pinsin sa todhchaí a chlúdach, tugann na Ballstáit, go comhpháirteach, ráthaíocht maidir le híoc na sochar agus rannchuidíonn oifigigh leis an tríú cuid de chostas maoinithe na scéime. Ríomhann Eurostat an dliteanas sin go bliantúil thar ceann oifigeach cuntasáíochta an Choimisiúin ag baint úsáid as paraiméadair amhail próifíl aoise agus ionchas saoil oifigigh an Aontais agus toimhdí i dtaobh coinníollacha eacnamaíocha sa todhchaí. Déanann comhairleoirí aachtúreacha an Choimisiúin measúnú freisin ar na paraiméadair agus na toimhdí sin.

XII. Is ann don mhéadú sa dliteanas pinsean in 2021 go príomha mar gheall ar laghdú sa ráta lascaine ainmniúil, a bhfuil tionchar imeartha ag rátaí úis domhanda air <sup>(4)</sup>.

<sup>(3)</sup> Tugaimid tuilleadh faisnéise i míreanna 1.22-1.27 de Thuarascáil bhliantúil 2021 uainn.

<sup>(4)</sup> Cuntais bhliantúla AE 2021, nóta 2.9.

XIII. Is é an dara cuid is mó den dliteanas maidir le pinsean agus sochair fostaithe eile ná dliteanas measta an Aontais i leith na Comhscéime Árachais Breoiteachta (JSIS), arbh fhiú EUR 10,3 billiún é ag deireadh 2021 (2020: EUR 12,9 billiún). Baineann an dliteanas seo le costais cúraim sláinte fhoireann an Aontais agus tá sé iníoctha i rith tréimhsí iar-ghníomhaíochta (glan ar a gcuid ranníocaíochtaí).

XIV. Mar chuid dár n-iniúcháireacht, déanaimid measúnú ar na toimhdí achtúireacha a rinneadh do na scéimeanna sin agus ar an luacháil a bhí mar thoradh air sin. Bunaímid ár meastóireacht ar obair a rinne saineolaithe achtúireacha seachtracha, neamhspleácha. Seiceálaimid na sonraí bunúsacha is bun leis na ríomhanna, na paraiméadair achtúireacha agus ríomh an dliteanais. Scrúdaímid freisin cur i láthair na ndliteanas sa chlár comhardaithe comhdhlúite agus sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite.

XV. Tagaimid ar an gconclúid go dtugann an meastachán don dliteanas foriomlán maidir le pinsean agus sochair fostaithe eile atá luaite sa chlár comhardaithe comhdhlúite léargas fíorcheart agus go bhfuil sé beacht.

### Rinneamar measúnú ar mheastacháin shuntasacha deiridh bliana a cuireadh i láthair sna cuntais

XVI. Amhail ag deireadh 2021, ba é an luach measta a bhí ag speansais incháilithe tabhaithe a bhí dlite do thairbhíthe ach nach raibh éilithe fós ná EUR 129,9 billiún (2020: EUR 107,8 billiún). Rinneadh na méideanna sin a thaifeadh mar speansais fhabhráithe<sup>(5)</sup>.

XVII. Baineann an méadú sa mheastachán sin go príomha le RRF, arb é sin an chuid lárnach de *NextGenerationEU* (NGEU) – an ionstraim shealadach téarnaimh atá ann chun cuidiú le caoi a chur ar an damáiste eacnamaíoch agus sóisialta láithreach atá déanta ag paindéim COVID-19. Is de réir próifíl tráthchodanna réamhshainithe suas go dtí 2026 a dhéantar íocaíochtaí leis na Ballstáit faoin tsaoráid seo. Amhail ag deireadh 2021, is EUR 12,3 billiún a bhí sa chaiteachas a bhí fhabhráithe faoi RRF.

XVIII. Chun na meastacháin deiridh bliana sin a mheasúnú, scrúdaíomar an córas a bhí curtha ar bun ag an gCoimisiún le haghaidh na ríomhanna do scoithphointí chun a áirithiú go raibh sé ceart agus iomlán sna hardstúirthóireachtaí ina dtabhaítear formhór na speansas. Le linn ár n-obair iniúcháireachta ar an sampla de shonraisc agus íocaíochtaí réamh-mhaoinithe, scrúdaíomar na ríomhanna ábhartha do scoithphointí chun aghaidh a thabhairt ar an riosca go mbeadh míráiteas i gceist leis na fabhruithe. Lorgaíomar soiléiriú ó sheirbhísí cuntaisíochta an Choimisiúin maidir leis an modheolaíocht ghinearálta chun na meastacháin sin a shuíomh.

XIX. Tagaimid ar an gconclúid go dtugtar léargas fíorcheart sa chlár comhardaithe comhdhlúite ar an meastachán don mhéid foriomlán de mhuirir agus airleacain eile atá fhabhráithe chuig na Ballstáit.

### Rinneamar athbhreithniú ar an tsócmhainn a gineadh de dhroim phróiseas tarraingt siar na Ríochta Aontaithe

XX. Ar an 1 Feabhra 2020, scoir an Ríocht Aontaithe de bheith ina Bhallstát den Aontas Eorpach. Faoin gcomhaontú um tharraingt siar, gheall an Ríocht Aontaithe a bheith dílis dá cuid oibleagáidí airgeadais go léir faoi na CAInna roimhe sin a bhí ag éirí as í a bheith ina Ballstát den Aontas. I gcaitheamh na hidirthréimhse, a chríochnaigh an 31 Nollaig 2020, lean an Ríocht Aontaithe de bheith ag ranníoc le Buiséad an Aontais, agus de bheith ag tairbhiú den Bhuiséad sin, amhail is gur Bhallstát a bhí inti.

XXI. I ndiaidh dheireadh na hidirthréimhse, bhí oibleagáidí frithpháirteacha eile ann, ar thaobh an Aontais agus ar thaobh na Ríochta Aontaithe, a bhí ina dtrúig le dliteanais agus infháiltas áirithe don Aontas. Ní foláir na hoibleagáidí sin a léiriú i gcuntais bhliantúla an Aontais. Ba é meastachán an Choimisiúin, amhail ag dáta an chlár comhardaithe, ná gur léirigh cuntais an Aontais glansuim infhaighte dlite ón Ríocht Aontaithe de EUR 41,8 billiún (2020: EUR 47,5 billiún), a meastar go mbeidh EUR 10,9 billiún de sin íoctha sna 12 mhí i ndiaidh an dáta tuairiscithe.

<sup>(5)</sup> Tá siad sin comhdhéanta de mhuirir fhabhráithe de EUR 77,8 billiún ar thaobh an dliteanais den chlár comhardaithe agus, ar thaobh na sócmhainní, EUR 52,1 billiún a laghdaíonn luach an réamh-mhaoinithe.



XXII. Tá an sásra íocaíochta atá le cur i bhfeidhm maidir leis na hoibleagáidí frithpháirteacha faoin gcomhaontú um tharraingt siar leagtha amach in Airteagal 148 (“Íocaíochtaí tar éis 2020”) den chomhaontú. In 2021, is é EUR 11,9 billiún a bhí sa mhéid a tuairiscíodh a bheith dlite ón Ríocht Aontaithe faoi Airteagal 136 agus Airteagail 140 go 147. Is é EUR 6,8 billiún an méid a bhí i gceist leis na híocaíochtaí iomlána ón Ríocht Aontaithe in 2021. Bhí an t-iarmhéid ag deireadh na bliana, arb ionann é agus EUR 5,1 billiún, iníoctha i gcúig thráthchuid mhíosúla chothroma ó Eanáir go Bealtaine 2022, na míonna sin san áireamh, i gcomhréir leis an sásra a leagtar amach in Airteagal 148 den chomhaontú um tharraingt siar.

XXIII. Mar chuid dár ngnáthnósanna imeachta iniúchóireachta, bhí plé againn leis an gCoimisiún i dtaobh sceideal ama, chruinneas agus iomláine na sócmhainne atá aitheanta agus na híocaíochtaí atá déanta. Rinneamar athríomh ar na méideanna atá i gceist, rinneamar iad a réiteach leis na taifid bhunúsacha agus sheiceáladar cé chomh hiomchuí a bhí aon cheann de na toimhdí a úsáideadh.

XXIV. Tháingamar ar an gconclúid go dtugtar léargas fíorcheart sna cuntais bhliantúla chomhdhlúite ar an tsócmhainn iomlán atá aitheanta i ndáil leis an bpróiseas um tharraingt siar na Ríochta Aontaithe.

### **Rinneamar measúnú ar an tionchar a bhí ag ionradh na Rúise ar an Úcráin ar na cuntais**

XXV. An 24 Feabhra 2022, rinne an Rúis ionradh ar an Úcráin. Ós rud é go dtugann an tAontas Eorpach cúnaimh don Úcráin i bhfoirm iasachtaí agus deontas, rinneamar measúnú ar ríomhanna an Choimisiúin i dtaca leis an neamhchosaint ghaolmhar ar riosca airgeadais don Aontas, chomh maith leis an mbun leo sin, chun a áirithiú go raibh iarmhairtí an teagmhais shuntasach sin á léiriú go hiomchuí i gcuntais an Aontais. Rinneamar measúnú ar ríomhanna an Choimisiúin i gcomparáid lenár ríomhanna féin agus le sonraí atá ann ar an ábhar seo.

XXVI. Tháingamar ar an gconclúid go bhfuil sé iomchuí déileáil le hionradh na Rúise ar an Úcráin mar theagmhas neamhchoigeartúcháin i ndiaidh dháta an chláir chomhordaithe. Tá a thionchar foilsithe go hiomchuí agus tugtar léargas fíorcheart air sna cuntais bhliantúla chomhdhlúite.

### **Rinneamar measúnú ar an tionchar a bhí ag bearta a bhain le COVID-19 ar na cuntais**

XXVII. Chuir paindéim COVID-19 as go mór do gheilleagair agus cistí poiblí na mBallstát. Chuir an Coimisiún Eorpach lear mór tacaíochta airgeadais i gcúrsaíocht chun earnálacha sláinte poiblí na mBallstát a threisiú agus chun an tionchar socheacnamaíoch a bhí ag an bpaindéim san Aontas a mhaolú. I measc na nithe a bhí i gceist leis an ngníomhaíocht, bhí siad seo a leanas: soláthairtí práinneacha leighis a chistiú; níos mó solúbthachta a thabhairt isteach ó thaobh úsáid a bhaint as tacaíocht airgeadais ó Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa; agus iasachtaí a thabhairt ar théarmaí fabhracha do na Ballstáit. Bhí éifeacht shuntasach ag na tionscnaimh sin ar na ráitis airgeadais.

XXVIII. Mar chuid dár ngnáthnósanna imeachta iniúchóireachta, rinneamar iniúchóireacht ar na sócmhainní, dliteanais, ioncam agus speansais, lena n-áirítear iad sin a bhain le bearta a bhí déanta ag an gCoimisiún. Tháingamar ar an gconclúid go dtugtar léargas fíorcheart orthu sin sna cuntais bhliantúla chomhdhlúite.

### **Ábhair eile**

XXIX. Tá an bhainistíocht freagrach as “faisnéis eile” a sholáthar. Cuimsíonn an téarma sin “Buaicphointí airgeadais na bliana”, ach ní chuimsíonn sé na cuntais chomhdhlúite ná ár dtuarascáil orthu sin. Ní chlúdaíonn ár dtuairim ar na cuntais bhliantúla an fhaisnéis eile sin, agus ní thugaimid conclúid dearbhaithe de chineál ar bith ina leith. Is í an fhreagracht atá orainn i dtaca leis an iniúchóireacht ar na cuntais chomhdhlúite ná an fhaisnéis eile a léamh, agus a bhreithniú an bhfuil sí sin ar neamhréir go hábharthach leis na cuntais chomhdhlúite nó leis an eolas atá faighte againn le linn na hiniúchóireachta, nó an dealraitheach ar aon slí eile go bhfuil míráiteas ábharthach san fhaisnéis eile sin. Má thagaimid ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábharthach san fhaisnéis eile, tá orainn é sin a thuairisciú dá réir. Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith seo.

**Freagrachtaí na bainistíochta**

XXX. I gcomhréir le hAirteagail 310 go 325 CFAE agus leis an Rialachán Airgeadais, is í an bhainistíocht atá freagrach as cuntais chomhdhlúite an Aontais a ullmhú agus a chur i láthair bunaithe ar chaighdeán chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo, agus is iad atá freagrach as dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo. Airítear ar an bhfreagracht sin rialú inmheánach a cheapadh, a chur chun feidhme agus a chothabháil, ar córas rialaithe é a bhaineann le hullmhú agus le cur i láthair ráiteas airgeadais atá saor ó mhíríteas ábharthach, bídis sin ann mar gheall ar *chalois* nó mar gheall ar earráid. Tá an bhainistíocht freagrach freisin as a áirithiú go bhfuil na gníomhaíochtaí, na hidirbhearta airgeadais agus an fhaisnéis a léirítear sna ráitis airgeadais ag comhlíonadh na n-údarás (dlíthe, rialacháin, prionsabail, rialacha agus caighdeáin) a rialaíonn iad. Is é an Coimisiún atá freagrach ar deireadh as dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun le cuntais an Aontais (Airteagal 317 CFAE).

XXXI. Agus na cuntais chomhdhlúite á n-ullmhú, tá an bhainistíocht freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas an Aontais leanúint ar aghaidh mar ghnóthas reatha, aon ábhair ábhartha a fhoilsiú agus úsáid a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais reatha, ach amháin i gcás ina bhfuil sé i gceist aici an t-eintiteas a leachtú nó scor d'oibríochtaí, nó mura bhfuil aon rogha réalaíoch eile aici ach é sin a dhéanamh.

XXXII. Is é an Coimisiún atá freagrach as formhaoirseacht a dhéanamh ar phróiseas tuairiscithe airgeadais an Aontais.

XXXIII. Faoin Rialachán Airgeadais (Teideal XIII), ní foláir d'oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin cuntais chomhdhlúite an Aontais a thabhairt ar aird le haghaidh a n-iniúchta, mar chuntais shealadacha ar dtús faoin 31 Márta sa bhliain dar gcionn agus mar chuntais chríochnaitheacha faoin 31 Iúil. Ba cheart go dtabharfadh na cuntais shealadacha léargas fíorcheart ar staid airgeadais an Aontais. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go mbeadh gach mír de na cuntais shealadacha curtha i láthair mar ríomhanna chríochnaitheacha, le go mbeimis in ann ár dtasc a dhéanamh i gcomhréir le (Teideal XIII) den Rialachán Airgeadais faoi na sprioc-amanna atá tugtha. Is iondúil gur ag éirí as barúlacha sin againne amháin a dhéanfaí aon athruithe ar na cuntais shealadacha a bheadh le cur isteach sna cuntais chríochnaitheacha.

**Freagrachtaí an iniúcháir maidir leis an iniúchadh ar na cuntais chomhdhlúite agus na hidirbhearta is bun leo**

XXXIV. Is iad ár gcuspóirí ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil cuntais chomhdhlúite an Aontais saor ó mhíríteas ábharthach agus an bhfuil nó nach bhfuil na hidirbhearta is bun leo dlíthiúil agus rialta, agus, ar bhonn ár n-iniúchta, ráiteas dearbhaithe a sholáthar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le beachtas na gcuntas agus dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaítear leis go cinnte go bhfuil gach míráiteas nó neamhchomhlíonadh ábharthach a d'fhéadfadh a bheith ann braite san iniúchadh. D'fhéadfadh sé go n-eascróidís as calaois nó earráid agus meastar gur ábhar ábharthach iad más rud é, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnach go mbeadh tionchar acu ar aon chinneadh eacnamaíoch a dhéantar ar bhonn na gcuntas comhdhlúite sin.

XXXV. I gcás an ioncain, is é atá mar thúsphointe dár scrúdú ar CBL agus ar acmhainní dílse bunaithe ar OIN ná na comhiomláin mhaicreacnamaíochta ar a bhfuil siad ríofa, agus déantar measúnú ar chórais an Choimisiúin chun iad sin a phróiseáil suas go dtí an pointe ag a mbíonn ranníocaíochtaí na mBallstát faighte agus taifeadta sna cuntais chomhdhlúite. I gcás acmhainní dílse traidisiúnta, scrúdaímid cuntais na n-údarás custaim agus déanaimid anailís ar shreabh na ndleachtanna suas go dtí an pointe ag a bhfaigheann an Coimisiún iad agus a ndéanann sé iad a thaifeadadh. Tá an baol ann nach ndéanann allmhairí dleachtanna custaim a dhearbhu do na húdaráis chustaim náisiúnta, nó go ndéanann siad iad a dhearbhu go mícheart. Dá bhrí sin, beidh na dleachtanna allmhairithe a bhailítear go hiarbhír gann ar an méid ba cheart a bhailiú go teoiriciúil. Tugtar “an bhearna chustaim” ar an difríocht sin. Na méideanna sin a dhéantar a imghabháil amhlaidh, níl siad sin áirithe i gcórais chuntasaíochta ADT na mBallstát agus ní thagann siad faoin scóip dár dtuairim iniúcháireachta ar an ioncam.

XXXVI. I gcás an chaiteachais, scrúdaímid idirbhearta íocaíochta a luaithe atá caiteachas tabhaithe, taifeadta agus glactha. Clúdaíonn an scrúdú seo gach catagóir íocaíochtaí ag an bpointe a ndéantar iad, seachas airleacain. Scrúdaímid réamhíocaíochtaí a luaithe atá fianaise curtha ar fáil ag faighteoir na gcistí ar a gceartúsáid agus a luaithe atá an fhianaise sin glactha ag an institiúid nó ag an gcomhlacht tríd an réamhíocaíocht a imréiteach, rud a bhféadfadh sé nach dtarlódh sé go dtí bliain éigin ina dhiaidh sin.

XXXVII. I mbliana, den chéad uair, scrúdaíomar caiteachas RRF. Murab ionann agus an cás le caiteachas buiséadach eile, atá bunaithe ar athchistiú na gcostas agus/nó coinníollacha a chomhlíonadh, is é atá mar choinníoll don íocaíocht faoin RRF ná garspriocanna nó spriocanna réamhshainithe a bheith bainte amach go sásúil. Scrúdaíomar, dá bhrí sin, an raibh fianaise leordhóthanach agus iomchuí bailithe ag an gCoimisiún chun tacú lena mheasúnú ar an gcoinníoll sin. Ní cuid den mheasúnú seo é a sheiceáil an raibh rialacha eile AE agus náisiúnta á gcomhlíonadh.

XXXVIII. Feidhmímid ár mbreithiúnas gairmiúil agus bíonn aird chuí againn ar an sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Déanaimid an méid seo a leanas freisin:

- (a) Sainiúimid agus measúnaímid na rioscaí a ghabhann le míráiteas ábharthach a bheith sna cuntais chomhdhlúite agus na rioscaí go bhfuil neamh-chomhlíonadh ábharthach ó thaobh cheanglais dhlí an Aontais i gceist sna hidirbhearta is bun leis na cuntais, bídis sin ann mar gheall ar chalaíocht nó mar gheall ar earráid. Déanaimid nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh agus a chur i gcrích atá sofheagartha do na rioscaí sin agus faighimid fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí le bheith mar bhunús dár dtuairim. Tá cásanna de mhíráiteas ábharthach nó neamh-chomhlíonadh a éiríonn as calaíocht níos deacra le brath ná na cásanna sin a éiríonn as earráidí, mar go bhféadfadh camastaíl, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, nó dífheidhmiú an rialaithe inmheánaigh a bheith i gceist le calaíocht. Dá thoradh sin, is mó an baol atá ann nach féidir cásanna den sórt sin a bhrath.
- (b) Faighimid tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh, chun nósanna imeachta iniúchóireachta oiriúnacha a dhearadh, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh sin.
- (c) Déanaimid measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáíochta a úsáideann an bhainistíocht agus ar réasúnacht mheastacháin cuntasáíochta agus foilsithe gaolmhara eile na bainistíochta.
- (d) Tagaimid ar chonclúidí maidir lena oiriúnaí atá an úsáid a bhaineann an bhainistíocht as bonn cuntasáíochta an ghnóthais reatha agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear, an bhfuil éiginnteacht ábharthach ann mar gheall ar theagmhais nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an eintitis leanúint ar aghaidh mar ghnóthas reatha. Má thagaimid ar an gconclúid go bhfuil éiginnteacht ábharthach den chineál sin ann, ní mór dúinn aird a tharraingt inár dtuarascáil ar na foilsithe gaolmhara sna cuntais chomhdhlúite nó, mura leor na foilsithe sin, bíonn orainn ár dtuairim a mhodhnú. Tá ár gconclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas suas go dtí dáta na tuarascála uainn. D'fhéadfadh teagmhais nó dálaí amach anseo a bheith ina gcúis leis an eintiteas scor de bheith ina ghnóthas reatha, áfach.
- (e) Déanaimid meastóireacht ar léiriú, struchtúr agus inneachar foriomlán na gcuntas comhdhlúite, lena n-áirítear gach foilsíú, agus déanaimid measúnú féachaint an dtugann na cuntais chomhdhlúite léargas fíorcheart ar na hidirbhearta agus teagmhais is bun leo.
- (f) Faighimid fianaise iniúchóireachta, atá leordhóthanach agus iomchuí, i ndáil le faisnéis airgeadais i dtaobh na n-eintiteas atá clúdaithe ag raon feidhme comhdhlúthaithe an Aontais chun tuairim a thabhairt maidir leis na cuntais chomhdhlúite agus maidir leis na hidirbhearta is bun leo. Táimid freagrach as an iniúchadh a stiúradh, a mhaoirsiú agus a dhéanamh, agus is sinne amháin atá freagrach as ár dtuairim iniúchóireachta.

XXXIX. I measc nithe eile, cuirimid an bhainistíocht ar an eolas faoin scóip agus an sceideal ama atá beartaithe don iniúchadh agus faoi fhionnachtana iniúchóireachta suntasacha, lena n-áirítear fionnachtana i dtaobh aon easnamh suntasach sa rialú inmheánach.

XL. Maidir leis na hábhair a pléadh leis an gCoimisiún agus le heintitis eile faoi iniúchóireacht, déanaimid amach cad iad na cinn is suntasaí san iniúchadh ar na cuntais chomhdhlúite agus arb iad, dá bhrí sin, na príomhabhair iniúchóireachta don tréimhse reatha iad. Déanaimid cur síos ar na hábhair sin sa tuarascáil mura rud é go gcuireann dlí nó rialachán cosc ar fhoilsíú poiblí nó go ndéanaimid cinneadh, faoi mar a tharlaíonn i gcúinsí an-annamh, nár cheart ábhar a chur in iúl inár dtuarascáil toisc go bhféadfaí a bheith ag dréim go réasúnta leis gur mhó na hiarmhairtí díobhálacha a bheadh ann dá ndéanfaí amhlaidh ná aon tairbhe do leas an phobail a leanfadh as.

14 Iúil 2022

Klaus-Heiner LEHNE

*Uachtarán*

Cúirt Iniúchóirí na hEorpa  
12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Lucsamburg

---







ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)  
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)



Oifig Foilseachán  
an Aontais Eorpaigh  
L-2985 Lucsamburg  
LUCSAMBURG

GA